# TORTHAÍ NÍOS FEARR TODHCHAÍ NÍOS GILE

Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí & do dhaoine óga

2014 - 2020

# TORTHAÍ NÍOS FEARR TODHCHAÍ NÍOS GILE

Creatlach an pholasaí náisiúnta do leanaí & do dhaoine óga

2014 - 2020

Gníomhach & Sláintiúil

Ag Baint Amach

Sábháilte

Slándáil Eacnamaíoch

Ceangailte & Ardmheas orthu

# Ábhar


**Forbhreathnú na Creatlaí** vi

**Réamhrá leis an Taoiseach** vii

**Réamhrá leis an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige** viii

**Ceangaltas an Rialtais le Leanaí agus le Daoine Óga** xiv

**Téarmaíocht agus acrainmneacha** xvi

**Achoimriú Feidhmiúcháin** 1

**Cuid 1: Comhthéacs** **11**

Intreoir 12
An cás do thacú le leanaí agus le daoine óga 14
Ag déanamh dul chun cinn 18

**Cuid 2: Ag Baint Amach Torthaí Níos Fearr** **21**

Fís 22
Treoirphrionsabail 22
Na Cúig Thoradh Náisiúnta 23
Na Sé Sprioc Bunathraithe 25

**Fochuid 1: SPRIOCANNA BUNATHRAITHE** **27**

Sprioc 1: Tacú le tuismitheoirí 28
Sprioc 2: Idirghabháil níos luaithe agus cosc 31
Sprioc 3: Éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach 33
Sprioc 4: Seirbhísí d’ardchaighdeán a chinntiú 35
Sprioc 5: Tacú le haistrithe éifeachtacha 37
Sprioc 6: Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta 39

**Fochuid 2: NA CÚIG THORADH NÁISIÚNTA** **47**

Toradh 1: Gníomhach agus sláintiúil, leas fisiciúil agus intinne 49
Toradh 2: Ag baint amach lánphoitéinseal i réimsí na foghlama agus na forbartha 65
Toradh 3: Sábháilte agus cosanta ón dochar 79
Toradh 4: Slándáil agus deis eacnamaíocha 91
Toradh 5: Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan 103

**Cuid 3: Cur i bhFeidhm** **113**

Ag tomhas dul chun cinn 114
Ag spreagadh cur i bhfeidhm, ag cinntiú cuntasachta 117
Cuntasacht 119
Struchtúir Chur i bhFeidhm 120

**Aguisíní**

Aguisín 1: Na Torthaí Náisiúnta agus Coinbhinsiún na NA faoi Chearta an Linbh 126
Aguisín 2: Cinneadh an chomhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga 128
Aguisín 3: Cinneadh an chomhairliúcháin phoiblí 129
Aguisín 4: Tacar Táscairí do Chreatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 131
Aguisín 5: Ag Fás Aníos in Éirinn: Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha faoi Leanaí 132
Aguisín 6: Ceangaltais an Rialtais – Clár Achoimrithe 134
Aguisín 7: Iarnótaí 151

# FORBHREATHNÚ NA CREATLAÍ

## Creatlach Pholasaí do Thorthaí Feabhsaithe do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Is í an fhís atá againn ná go mbeadh ***Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar domhan le fás aníos agus le clann a thógáil***, *agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a n-éistear lena nglór agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.*

### SPRIOCANNA BUNATHRAITHE

- TACÚ LE TUISMITHEOIRÍ
- IDIRGHABHÁIL NÍOS LUAITHE & COSC
- ÉISTEACHT LE LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA AGUS IAD A DHÉANAMH PÁIRTEACH
- SEIRBHÍSÍ D'ARDCHAIGHDEÁN A CHINNTIÚ
- AISTRITHE A THREISIÚ
- COMHOIBRIÚ & COMHORDÚ TRAS-RIALTAIS AGUS IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

TRASGHEARRTHACH

TREISÍONN SÉ AN CÓRAS TACAÍOCHTA THART AR AN LEANBH AGUS AR AN DUINE ÓG

### TORTHAÍ NÍOS FEARR

- GNÍOMHACH & SLÁINTIÚIL
- AG DÉANAMH DUL CHUN CINN I nGACH RÉIMSE FOGHLAMA & FORBARTHA
- SÁBHÁILTE AGUS COSANTA ÓN DOCHAR
- SLÁNDÁIL AGUS DEIS EACNAMAÍOCHA
- CEANGAILTE, ARDMHEAS ORTHU AGUS AG CUR LEIS AN DOMHAN

TODHCHAÍ NÍOS GILE

### AG SPREAGADH CUR I bhFEIDHM, AG CINNTIÚ CUNTASACHTA

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| COISTE COMH-AIREACHTA UM PHOLASAÍ | CUIBHREANNAS UM PHOLASAÍ LEANAÍ IS ÓIGE | COMHAIRLE CHOMHAIRLEACH | FOIREANN CHUR I BHFEIDHM | STRAITÉISÍ NÁISIÚNTA DE RÉIR AOISE AGUS RÉIMSÍ TOSAÍOCHTA |

# RÉAMHRÁ LEIS AN TAOISEACH

Is príomhthosaíocht ag an Rialtas seo é cinnte a dhéanamh go ndéanann an Stát freastal ar agus go gcosnaíonn sé ár gcuid leanaí agus daoine óga. Den chéad uair riamh, tá Aire do Leanaí agus do Ghnóthaí Óige againn a dhéanfaidh maoirseacht ar athchóiriú ríthábhachtach na seirbhísí leanaí agus teaghlaigh agus a spreagfaidh ceangaltais Chlár an Rialtais do 2011.

Is é atá i gceist leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, a bunaíodh go foirmeálta i Mí Eanáir 2014, ná an t-athchóiriú is cuimsithí riamh ar sheirbhísí cosanta leanaí, luathidirghabhála agus tacaíochta teaghlaigh in Éirinn. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as feabhas a chur ar leas agus ar thorthaí do leanaí ar fud na tíre, agus soláthróidh sí seirbhís níos fearr, níos éifeachtaí; ceann atá trédhearcach ó thaobh a cuid oibriúchán de, freagrach ar riachtanais na ndaoine óga agus na dteaghlach a ndéanann sí freastal orthu agus atá cuntasach go polaitiúil, go poiblí agus go gairmiúil.

Leagann Creatlach an Pholasaí Náisiúnta seo amach conas is fearr is féidir linn torthaí optamacha agus todhchaí geala a bhaint amach do gach leanbh agus dá dteaghlach.

Is polasaí Rialtais iomláin é *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus ráiteas soiléir, cuimsitheach a leagann amach conas atá i gceist againn ár ndícheall a dhéanamh leas is fearr na leanaí, na ndaoine óga agus na dteaghlach a bhaint amach.

Ní hamháin go bhfeidhmeoidh an chreatlach seo trasna gach roinne agus gach gníomhaireachta Rialtais, ach leathnófar í freisin go heagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla a bhíonn ag obair le, agus do, leanaí agus daoine óga.

Téama lárnach de chuid na Creatlaí is ea an cur i bhfeidhm. Cuirfear na socruithe i bhfeidhm le comhoibriú Rialtais agus idirghníomhaireachta a chumasú, le hinfrastruchtúr a cheangal, le caighdeáin a ráthú agus leis an leas is fearr is féidir a bhaint as an airgead poiblí, i seirbhís an Stáit, a chuid leanaí agus a chuid teaghlach.



**Enda Kenny, TD**
*Taoiseach*

# RÉAMHRÁ LEIS AN AIRE LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE

Mar an tAire do Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá ríméad orm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* a chur i láthair.

Leagann an doiciméad seo amach príomhcheangaltais an Rialtais i dtaca le leanaí agus le daoine óga suas go haois 24. Tá sé fréamhaithe i gcinneadh áit mhaith a dhéanamh d'Éirinn le bheith i do leanbh.

An fhís atá againn ná go mbeadh ***Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr ar domhan le fás aníos agus le clann a thógáil***, *agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a n-éistear lena nglór agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.*

Tá dhá theachtaireacht láidre le fáil san fhís seo. Ar an gcéad dul síos, ár gceangaltas cearta na leanaí a chosaint agus éisteacht leo: ní mór teipeanna an ama atá thart a sheachaint. Ar an dara dul síos, is mór linn agus tacaímid lenár gcuid leanaí agus lenár gcuid daoine óga agus iad mar atá siad inniu, le cois a mbeidh siad sa todhchaí. Is í an fhís atá againn ná go mbainfeadh gach leanbh agus gach duine óg sult as fás aníos in Éirinn, go mbainfidís sult as an scoil, as an súgradh, as a dteaghlach agus as an bpobal.

*Rud luachmhar í an óige*

Is é an ceangaltas a dhéanaimid ná le gach uile dhuine de na leanaí agus de na daoine óga seo a mhuirniú. Is mian linn na torthaí is fearr is féidir anois agus an todhchaí is gile is féidir do gach duine óg. Mar thír, ní mór dúinn cinntiú go dtosaíonn siad amach mar dhaoine fásta agus iad lán muiníne agus réidh le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna an tsaoil.

*Is iad na leanaí agus na daoine óga todhchaí na hÉireann*

Cuireann ár gceangaltas i leith leanaí lenár leas eacnamaíoch agus sóisialta freisin. Is é daonra iomlán na leanaí agus na ndaoine óga (aois 0-24 bliain) in Éirinn ná 1.55 milliún, nó 34% den daonra iomlán. Is ionann sin agus méadú de 6% ó 2002, leis an bhfás ba mhó san aoisghrúpa 0-4, mar a raibh méadú de 32% thar an tréimhse chéanna le sonrú. Ag an am seo tá rátaí breithe i dtíortha eile de chuid Iarthar na hEorpa ag dul i laghad, ach tá daonra leanaí agus daoine óga na hÉireann ag dul i méid. Aithníonn *Straitéis Mheántéarmach Fháis an Rialtais*, le ceart, go bhfuil '*ár ndaonra méadaithe leanaí agus daoine óga ina acmhainn shuntasach d'ár dtír...*' agus go bhfuil '*cinntiú na dtorthaí is fearr is féidir don ghrúpa seo ina eilimint thábhachtach d'ár bpleanáil eacnamaíoch sa todhchaí*'.

*Is ionann tacú leis an óige agus todhchaí na hÉireann a thógáil*

## Tuilleadh fianaise i rith an ama

Le cinntiú nach mbíonn sa chur chuige do thodhchaí níos fearr do leanaí in Éirinn ach briathra gan bhearta, ní mór an infheistíocht a bhunú ar pholasaithe atá bunaithe ar fhianaise. Sin an fáth a bhfuil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tar éis €35 milliún a infheistiú sa staidéar fadaimseartha leanaí, *Ag Fás Aníos in Éirinn*, a cuireadh i gcrích ag ITES agus ag Coláiste na Tríonóide. Tá an staidéar seo ag seachadadh sonraí faoi na rudaí sin a mbíonn toradh orthu, agus tá sin mar threoir againn lena sheal i dtaca le cén áit a gcuirimid ár gcuid acmhainní.

Trí mheán ár n-infheistíochta sna Cláir Choisc agus Luathidirghabhála agus tionscnaimh eile, tá fianaise éiritheach Éireannach againn maidir le cad é a oibríonn i dtaca le tacú le leanaí agus le daoine óga agus a dtuismitheoirí le torthaí níos fearr a bhaint amach. Tá sin ag treorú socruithe maidir le cén áit a gcuirimid ár gcuid airgid. Is é a chuireann an fhianaise in iúl dúinn go mbíonn toradh an-dearfach ar an infheistíocht i gcúram agus in oideachas na luathbhlianta ar fud saol linbh agus chun leasa na sochaí de thairbhe torthaí níos fearr. Deimhníonn an fhianaise tábhacht na dtuismitheoirí, go háirithe i luathbhlianta shaol linbh agus tábhacht an chairdis agus leanaí ag fás aníos ina ndéagóirí.

*Tá ag éirí go maith le mórchuid ár gcuid leanaí go ginearálta agus tá siad sásta agus iad faoi bhláth*

Fuair an staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* amach go bhfuil mórchuid na leanaí 9 mbliana ag forbairt go sásúil, gan aon mhórfhadhbanna sóisialta, mothúchánacha nó iompair a bheith le sonrú. Tá sin dearfach – agus tá sé tábhachtach bheith ag díriú ar an méid a dhéanaimid a ghineann an suíomh dearfach sin.

Aicmíodh, áfach, mionlach suntasach de leanaí (15%-20%) mar dhaoine a léiríonn leibhéil shuntasacha fadhbanna mothúchánacha nó iompair. Ar an dóigh céanna, cé go bhfuil mórchuid na leanaí sláintiúil, tá 25% róthrom nó murtallach. Cé go gcríochnaíonn 92% de na leanaí an mheánscolaíocht, ní éiríonn ach le 13% de leanaí an Lucht Siúil sin a dhéanamh. Cé go mbíonn mórchuid na leanaí sábháilte agus tacaíocht á fáil acu, déantar breis is 21,000 atreorú leasa leanaí agus 19,000 atreorú drochíde leanaí go bliantúil le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

*Is mian linn go mbainfidh gach leanbh agus gach duine óg na torthaí náisiúnta amach, ní 80% acu*

Tá sé chomh tábhachtach céanna, mar sin de, mura bhfuil sé níos tábhachtaí arís, bheith ag díriú ar cad a fhágann nach dtugtar aire do chuid d'ár gcuid leanaí, go mbíonn siad faoi mhíbhuntáiste agus dochar a dhéanamh dóibh ar féidir leis cur isteach go mór ar a gcumas bheith ag foghlaim, ag fás, saol sláintiúil a bheith acu chomh maith le caidrimh tháirgiúla. Don 20% sin a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu, ní mór dúinn iad a aithint agus luathidirghabháil a dhéanamh. Éilíonn sin córais uilíocha d'ardchaighdeán atá ar fáil ag các, ar nós ár gcuid scoileanna agus ár gcuid seirbhísí cúraim shláinte phríomhúil, le tacaíocht ó sheirbhísí dírithe breise agus tacaí ioncaim leis an gcabhair bhreise sin a thabhairt do leanaí nó daoine óga 'i mbaol' nó leochaileacha a theastaíonn uathu le fanacht ag an leibhéal céanna lena gcuid comhaosach agus le níos mó leanaí a thabhairt amach as

an mbochtanas, ag iarraidh timthriall an mhíbhuntáiste idirghlúine a bhriseadh. Aithníonn an Chreatlach Pholasaí seo na fachtóirí atá taobh thiar dá leithéid de mhíbhuntáiste agus de dhochar, agus tugann sí leideanna maidir le réitigh.

### Dul chun cinn suntasach bainte amach

I gcomparáid lenár gcuid piaraí san Eoraip, tá ag éirí go maith le hÉirinn maidir le coimeád daltaí ar scoil, ós rud é gur fhág 9.7% de dhaoine óga an scoil go luath i gcomparáid le meánfhigiúr don AE de 12.7%. Táimid chun tosaigh ar an meánráta i réimsí na mata, na léitheoireachta agus na heolaíochta (de réir suirbhéanna PISA). Le deich mbliana anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le laghdú ráta an toirchis i measc déagóirí (laghdaithe faoi 36% idir 2007 agus 2011), maidir le méadú líon na ndaoine óga nár chaith tobac riamh (ó 50.8% i 1998 go 73.5% i 2010) agus maidir le méadú líon na ndaoine óga faoi 18 nár ól deoch meisciúil riamh (ó 40% i 2002 go 54.1% i 2010).

### Ag athrú ár gcur chuige

Tá tús curtha ag an Rialtas seo cheana le hathrú polasaí, ag cur na luathidirghabhála i bhfeidhm, trí na rudaí seo a leanas:

- athchóiriú ar na seirbhísí cosanta leanaí agus leasa mar fhreagra ar fhoghlaim ó thuarascálacha a bhí ann roimhe seo, trí bhunú Tusla, na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach agus trí mheán an reifrinn faoi Chearta na Leanaí;
- an infheistíocht i gcúram agus in oideachas na luathbhlianta, lena n-áirítear coimeád na bliana réamhscoile saor in aisce agus cur i bhfeidhm beart le tacú le feabhsuithe i gcaighdeán na seirbhísí Luathbhlianta agus cúraim leanaí agus le tacú leo;
- tabhairt isteach i 2014 an chúraim DT saor in aisce do leanaí 5 bliana d'aois agus faoina bhun;
- béim a chur ar an tsláinte agus ar an leas le seoladh *Éire Shláintiúil* agus cur i bhfeidhm beart agus feachtas leantach le béim ar an luathidirghabháil agus ar an gcosc i raon réimsí, lena n-áirítear dul i ngleic leis an murtall agus sláinte intinne na ndaoine óga;
- cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Litearthachta agus Uimhearthachta agus athchóiriú na Sraithe Sóisearaí;
- leathnú ar chur chuige bunaithe ar limistéir i dtaca le dul i ngleic le drochthorthaí do leanaí agus do dhaoine óga i 13 limistéar ardmhíbhuntáiste.

## Seo na tosaíochtaí do na seacht mbliana atá amach romhainn

### Tacaíocht níos fearr do thuismitheoirí agus do theaghlaigh

Ní raibh sé riamh éasca clann a thógáil. Ach tá tuismitheoirí an lae inniu ag tabhairt aghaidhe ar bhrúnna agus ar dhúshláin iomadúla, a théann ó bhainistiú cothromaíochta obair-saol go bheith ag iarraidh teacht ar fhaisnéis, agus í a thuiscint, faoi ghnéithe athraitheacha na luathóige agus faoi ábhair ar cúis imní thráthúil iad. Ina theannta sin, is cuspóirí iad cosaint na leanaí agus tacú le teaghlaigh nach mór iad a chur i gcrích ag an am céanna.

Níos mó ná riamh, tugann an taighde déanta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoi deara na tairbhí a bhaineann leis an tuismitheoireacht dhearfach agus le timpeallacht thacúil sa bhaile maidir le cabhrú le forbairt le linn na luathóige agus dul i bhfeidhm ar ionchais an linbh sa todhchaí agus a s(h)oghluaisteacht shóisialta.

Tá an Chreatlach seo ag iarraidh cinntiú go gcuirtear ar chumas na dtuismitheoirí in Éirinn a gclann a thógáil agus go dtacaítear leo leis sin a dhéanamh, lena ról a chur i gcrích mar phríomhchúramóirí a gcuid leanaí, leis na torthaí is fearr is féidir a chothú do na leanaí agus le freastal a dhéanamh ar aon dúshlán a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

Déanfar an tosaíocht seo a sheachadadh trí mheán ceangaltas a rinneadh le soláthar na dtacaí a mhéadú do gach tuismitheoir trí rochtain uilíoch ar chomhairle agus ar chláir thuismitheoireachta d'ardchaighdeán, chomh maith le tacaí dírithe, bunaithe ar an bhfianaise leis na tuismitheoirí sin a bhfuil na riachtanais is mó acu.

## Díriú tuilleadh ar luathbhlianta na leanaí

Níos mó ná riamh tugann an taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoi deara na torthaí is féidir a bheith ar infheistiú sna luathbhlianta – ó thacú le luathfhorbairt chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach na leanaí go feabhsú ullmhacht na scoileanna agus giniúint torthaí níos fadtéarmacha don Stát agus don tsochaí.

Tá an Chreatlach seo ag iarraidh athrú a chothú sa pholasaí i dtreo idirghabhála níos luaithe agus le soláthar seirbhísí agus idirghabhálacha Luathbhlianta d'ardchaighdeán a chinntiú, ar aidhm leo na torthaí is fearr a chothú do na leanaí agus cur isteach ar theacht chun cinn na ndrochthorthaí.

Bainfear sin amach trí cheangaltais a dhéantar le leanúint ar aghaidh le méadú chaighdeán chúram agus oideachas na luathbhlianta, an dara bliain réamhscoile a thabhairt isteach atá saor in aisce faoi réir ag soláthar na n-acmhainní agus soláthar cúram DT atá saor in aisce do leanaí 5 bliana d'aois agus faoina bhun.

Cuirfidh foilsiú chéad Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta na hÉireann treochlár mionsonraithe ar fáil d'fheabhsú agus do sholáthar comhordaithe na seirbhísí agus na dtacaí Luathbhlianta.

## Bheith ag obair le chéile le daoine i mbaol a chosaint

Bíonn ar roinnt daoine óga aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shuntasacha sa saol agus is féidir go mbeidh ar na seirbhísí Stáit éagsúla aird a thabhairt orthu, nó cúram a thabhairt dóibh, idir sheirbhísí cosanta leanaí, ceartais i leith na hóige agus sláinte intinne na ndéagóirí.

Bíonn an Chreatlach seo ag iarraidh cinntiú go mbíonn teacht ag daoine óga atá imeallaithe 'i mbaol' nó a léiríonn iompar dúshlánach nó ardriosca, go mbíonn teacht acu ar raon comhtháite tacaí agus seirbhísí le cabhrú leo na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach. Bíonn sí ag iarraidh cinntiú freisin nach gcailleann aon duine óg amach mar gheall ar sheirbhísí ilroinnte.

Bainfear sin amach trí cheangaltais a dhéantar le cinntiú go n-éiríonn le Tusla, an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus go gcuireann sí leanúntas tacaí agus idirghabhálacha cúraim ar fáil do leanaí agus daoine óga 'i mbaol' agus a dteaghlaigh, i gcomhar le seirbhísí reachtúla agus pobail eile. Beidh mar chuid de sin athbhreithniú ar scóip fheidhmeanna na Gníomhaireachta, ag cur san áireamh na moltaí atá i *dTuarascáil an Tascfhórsa faoin nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach* agus taithí oibriúcháin tosaigh na Gníomhaireachta.

Beidh forbairt Straitéise Óige nua i 2014 ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na riachtanais agus na dúshláin athraitheacha atá os comhair daoine óga go ginearálta agus sainghrúpaí ar leith, agus ag iarraidh cinntiú go bhfaightear freagra éifeachtach ar na riachtanais seo, trí mheán seirbhísí oibre óige d'ardchaighdeán san áireamh.

## Feabhas a chur ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine óga

Deimhníonn an Chreatlach cur chuige trasRialtais i dtaca le bheith ag iarraidh líon na ndeiseanna fostaíochta a mhéadú atá ar fáil in Éirinn do dhaoine óga agus iad ar lorg fostaíochta, agus cláir oideachais, oiliúna agus socrúcháin á gcur i bhfeidhm le feabhas a chur ar infhostaitheacht na ndaoine óga ar fad, iad siúd atá níos faide ar shiúl ó mhargadh an tsaothair san áireamh.

Bainfear sin amach trí mheán ceangaltas a dhéantar le Ráthaíocht na nDaoine Óga a chur i bhfeidhm, le feabhas a chur ar scileanna infhostaitheachta na ndaoine óga, le taithí oibre agus fiontraíocht a chothú, agus le líon na ndeiseanna fostaíochta d'ardchaighdeán a mhéadú.

## Dul i ngleic le bochtanas leanaí

Deimhníonn an Chreatlach seo cur chuige trasRialtais le bheith ag iarraidh glacadh le cur chuige ilghnéitheach i dtaca le dul i ngleic le bochtanas leanaí.

Socraíonn an Chreatlach seo sprioc de bheith ag tabhairt ar a laghad 70,000 leanaí amach as an mbochtanas faoi 2020.

Bainfear sin amach trí cheangaltais le feabhas a chur ar rátaí fostaíochta tuismitheora agus le líon na dteaghlach gan obair a laghdú, agus infheistíocht a mhéadú i seirbhísí fianaisebhunaithe, éifeachtacha, ar féidir leo feabhas a chur ar thorthaí bochtanais leanaí.

## Ag cothú tionchar dearfach don luathóige

Táthar ag éirí buartha go bhfuil 'spás' na luathóige ag crapadh, agus go bhfuil leanaí faoi ionsaí tuilleadh ag teachtaireachtaí diúltacha faoi noirm agus ionchais iompair. Ag an am céanna, tá meáin dhigiteacha a bhíonn ag forbairt go mear le sonrú níos mó i rith an ama i saol ár gcuid leanaí.

Déanann an Chreatlach seo iarracht an tionchar méadaithe a thuiscint agus freagra a thabhairt air i dtaca leis na nuatheicneolaíochtaí, na meáin dhigiteacha, gnéasú agus tráchtálú, le cinntiú go mbíonn leanaí, daoine óga, tuismitheoirí agus an tsochaí go ginearálta chomh hullmhaithe agus is féidir le freagra a thabhairt ar na tionchair seo; agus le cultúr a chothú a chothaíonn tionchair dhearfacha don luathóige.

Bainfear sin amach trí cheangaltais a dhéantar le litearthacht dhigiteach na dtuismitheoirí agus na ndaoine óga a mhéadú, lena gcuid scileanna agus tuisceana a thógáil maidir le bheith sábháilte ar líne, agus le leanúint ar aghaidh le haghaidh a thabhairt ar thráchtálú agus ar ghnéasú na luathóige le miondíoltóirí agus daoine eile.

### Ag feabhsú sláinte agus leas na luathóige

Deimhníonn an Chreatlach seo cur chuige tras-Rialtais, de réir cuspóirí an doiciméid *Éire Shláintiúil*, bheith ag iarraidh feabhas a chur ar gach gné den tsláinte agus den leas, agus leis an iompar dul i riosca a laghdú sna leanaí, le béim ar leith ar chothú an iompair shláintiúil agus na sláinte intinne dearfaí agus le cur isteach ar theacht chun cinn drochthorthaí, leithéidí galair neamhtheagmhálacha a bhaineann leis an réimeas bia is a eascraíonn as róthroime agus murtall na luathóige.

Bainfear sin amach trí mheán ceangaltas a dhéantar le stíl mhaireachtála níos sláintiúla a chothú, le feabhas a chur ar an litearthacht sláinte intinne agus ar na seirbhísí luathidirghabhála, agus le líon na leanaí agus na ndaoine óga a mhéadú le meáchan sláintiúil, ag mealladh an pobal ar fad le bheith páirteach i stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus níos gníomhaí.

## Mar fhocal scoir

Táimid os comhair ré ar leith i stair na luathóige in Éirinn. Táimid tar éis idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an t-am i láthair agus an t-am a chuaigh thart, nuair nár tugadh cosaint do leanaí is nár muirníodh iad. Ar ndóigh, tá dúshlán leanúnach os ár gcomhair i gcónaí agus ní féidir linn bheith bogásach faoi na contúirtí a mbíonn ar leanaí aghaidh a thabhairt orthu. Tá sé i bhfad níos éasca bheith ag tabhairt amach faoi theipeanna san am atá caite ná mar atá dul i ngleic leis an am i láthair agus leis an todhchaí agus iad a chur ag obair ar mhaithe leis na leanaí. Ach sin an tasc atá againn. Ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar a phráinní is atá an tasc sin, in ainneoin a mhéad is atá sé freisin. An t-aon rud nach féidir a shéanadh maidir leis an luathóige ná go mbíonn sí thart i bhfaiteadh na súl. Ní mór dúinn bheith ag iarraidh am sásta, táirgiúil agus saibhriúcháin a dhéanamh de do gach duine de leanaí an náisiúin. Is chéad chéim í an Chreatlach seo – céim nithiúil.

Leagann sí amach an méid atáimidne, mar Rialtas, ag iarraidh do leanaí agus do dhaoine óga. Mar chuid de sin tá sí ag iarraidh ceangaltas agus cuntasacht roinnte a sholáthar do thorthaí níos fearr agus do thodhchaí níos gile. Aithníonn sí príomhról na dtuismitheoirí agus na dteaghlach, agus tábhacht na rannpháirtíochta agus na tacaíochta pobail. Aithníonn sí nach bhfuil sa Rialtas ach ceann amháin i measc a lán páirtithe ach gur gá dó príomhról a bheith aige maidir leis na tacaí is na seirbhísí a thairiscíonn sé, sa tslí go dtugaimid an seans is fearr do ghlúine reatha agus do ghlúine an todhchaí a bpoitéinseal a bhaint amach, anois agus sa todhchaí.

Frances Fitzgerald

**Frances Fitzgerald, TD**
*An tAire do Leanaí agus do Ghnóthaí Óige*
Márta 2014

# CEANGALTAS AN RIALTAIS LE LEANAÍ AGUS LE DAOINE ÓGA

Is iad na cúig thoradh náisiúnta ar mian linn iad le haghaidh ár gcuid leanaí agus daoine óga ar fad ná:

1. Go bhfuil siad gníomhach agus sláintiúil, le leas dearfach fisiciúil agus intinne.
2. Go bhfuil siad ag baint amach a lánphoitéinsil i ngach réimse foghlama agus forbartha.
3. Go bhfuil siad sábháilte agus cosanta ón dochar.
4. Go bhfuil slándáil agus deis eacnamaíoch acu.
5. Go bhfuil siad ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan.

**Trí chur i bhfeidhm na Creatlaí seo agus trí straitéisí tacúla, tá sé d'aidhm ag an Rialtas na 'hathruithe' seo a leanas a bhaint amach le linn na tréimhse 2014-2020 le tacú le gnóthachtáil torthaí níos fearr do gach leanbh agus do dhaoine óga:**

## 1. Tacú le tuismitheoirí

- Beidh tacaíocht mhéadaithe ar fáil ag tuismitheoirí maidir le tasc tábhachtach na tuismitheoireachta, le go mothóidh siad níos muiníní, níos eolaí agus níos ábalta.

## 2. Idirghabháil níos luaithe agus cosc

- Breis is 70,000 leanbh a thabhairt amach as an mbochtanas leanúnach faoi 2020.
- Cabhrófar le torthaí foghlama agus forbartha na leanaí trí rochtain mhéadaithe ar oideachas luathbhlianta inacmhainne d'ardchaighdeán.
- Beidh fócas ar an tsláinte agus ar an leas tar éis leathadh ar fud na sochaí agus déanfar dul chun cinn dearfach, go háirithe maidir le murtall luathóige agus sláinte intinne daoine óga.
- Athdhíreofar béim agus acmhainní ó idirghabháil ghéarchéime i dtreo an choisc agus na hidirghabhála níos luaithe, ag cinntiú i gcónaí freagra éifeachtach idirghabhála géarchéime ag gach am.

## 3. Cultúr a éisteann le agus a dhéanann rannpháirteach leanaí agus daoine óga

- Beidh cultúr a léiríonn meas do chearta na leanaí agus na ndaoine óga, agus a chosnaíonn agus a chomhlíonann iad, le feiceáil go soiléir agus léireofar meas do thaithí, do chumas, d'aitheantas agus do chultúr éagsúla na leanaí.
- Lorgófar tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga agus rachaidh siad i bhfeidhm ar shocruithe faoina saol agus faoina leas féin, chomh maith le seachadadh seirbhíse agus tosaíochtaí polasaí.
- Beidh daonlathas na hÉireann ag lorg go gníomhach ionchur agus rannpháirtíocht na ndaoine óga.

## 4. Seirbhísí d'ardchaighdeán, atá spreagtha ag torthaí, éifeachtach, éifeachtúil agus iontaofa

- Spreagfar infheistíocht an Rialtais sna leanaí níos mó ag torthaí, agus rachaidh fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhfeidhm ar éifeachtúlacht an chaiteachais ar sheirbhísí a bhaineann le leanaí, agus é mar aidhm torthaí na leanaí a fheabhsú agus neamhchomhionannais a laghdú.
- Beidh leithdháileadh acmhainne laistigh de sheirbhísí bunaithe ar fhianaise an riachtanais agus na héifeachtúlachta araon, agus déanfar seirbhísí nach bhfuil ag éirí leo a dhíchoimisiúnú.
- Comhlíonfaidh oideachas na hÉireann tagarmhairc idirnáisiúnta agus fágfaidh ár gcuid daoine óga an scoil le scileanna saoil criticiúla, iad athléimneach, muiníneach agus in ann iad féin a chur in oiriúint do dhomhan athraitheach.
- Beidh na gníomhaireachtaí sin a bhfuil sé mar chúram acu leas na leanaí a chumhdach, beidh siad iontaofa agus tuigfear luach an méid a dhéanann siad le cur le feabhsú shaol na leanaí.

## 5. Aistrithe éifeachtacha

- Beidh aistrithe ag príomhchéimeanna forbartha agus idir sheirbhísí leanaí agus aosaigh treisithe.
- Beidh feabhas ar ionchais na ndaoine óga agus rachfar chun cinn in aghaidh threocht na himirce suntasaí thar lear trí mheán cláir chomhordaithe a thacaíonn le deiseanna fostaíochta do dhaoine óga.

## 6. Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta

- Beifear tar éis athchóiriú suntasach a dhéanamh ar an earnáil phoiblí, rud a mbeidh de thoradh air cur i bhfeidhm feabhsaithe, comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais níos mó, cuntasacht agus éifeachtacht acmhainne mhéadaithe.
- Beidh an Stát agus a chuid comhpháirtithe ag comhoibriú níos fearr agus déanfaidh siad soláthar seirbhíse a phleanáil ar bhealach atá dírithe ar an leanbh agus a bhaineann leas as feidhmiú idirghníomhaireachta agus ildhisciplíneach.

# TÉARMAÍOCHT AGUS ACRAINMNEACHA

Tá Creatlach an Pholasaí Náisiúnta seo tar éis glacadh leis na sainmhínithe a leagtar amach thíos le ciall agus scóip na bpríomhthéarmaí a shoiléiriú a úsáidtear ar fud an doiciméid seo:

**Leanbh:** Sainmhínítear 'leanbh' mar aon duine faoi bhun aois 18 bliana, de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

**Duine Óg:** Sainmhínítear 'duine óg' mar aon duine faoi bhun 25 bliana de réir thairseach uasteorainn aoise an Achta um Obair don Aos Óg 2001 agus de réir an tsainmhínithe a úsáidtear ag na Náisiúin Aontaithe.

**Tuismitheoirí:** Sainmhínítear 'tuismitheoir' nó 'tuismitheoirí' mar dhuine nó mar dhaoine le húdarás nó freagracht tuismitheora. Tagraíonn an tuismitheoireacht do gach ról a dtugtar faoi ag tuismitheoirí nó ag daoine eile a bhíonn ag gníomhú *in loco parentis* le leanaí a thógáil.

**Teaghlach:** Sainmhínítear 'teaghlach' chomh leathan agus is féidir, ag cur san áireamh tuismitheoirí, daoine a ghníomhaíonn *in loco parentis*, deartháireacha agus deirfiúracha, seantuismitheoirí agus baill an teaghlaigh shínithe. Aithníonn sé castacht na struchtúr comhaimseartha teaghlaigh.

**Scoil:** Do chuspóirí an doiciméid seo, ba chóir tagairtí don 'scoil' a thuiscint, nuair is cuí sin, mar thagairtí a chuimsíonn gach suíomh oideachasúil, lena n-áirítear suíomhanna réamhscolaíochta, luathbhlianta, bunscolaíocht, iarbhunscolaíocht agus lárionaid oideachais leithéidí lárionaid Youthreach.

## Acrainmneacha a úsáidtear

**Nóta:** Nuair a thugtar roinn nó gníomhaireacht Rialtais **i gcló trom**, léiríonn sin gurb í an **phríomhghníomhaireacht** don cheangaltas a sonraíodh.

| | |
|---|---|
| AGS | An Garda Síochána |
| CFPÁ | Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil |
| CNFC | An Chomhairle Náisiúnta um Féinmharú a Chosc |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| OCCS | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí |
| OOL | Oifig Ombudsman na Leanaí |
| POS | Príomhoifig Staidrimh |
| RA | An Roinn Airgeadais |
| RCFAN | An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha |
| RCPA | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RCPRÁ | An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil |
| RCS | An Roinn Coimirce Sóisialta |
| RDCC | An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais |
| REOG | An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| RITS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| RLGÓ | An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| RPFN | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta |
| RS | An Roinn Sláinte |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| ÚFCS | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte |

# ACHOIMRIÚ FEIDHMIÚCHÁIN

An fhís atá againn ná go mbeadh **Éire ar an tír bheag is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil** agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a n-éistear lena nglór agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.

Bíonn éifeacht dhíreach nó neamhdhíreach ag beagnach gach réimse polasaí ar shaol na leanaí agus na ndaoine óg. **Is í cuspóir na creatlaí seo** ná polasaí a chomhordú trasna an Rialtais leis na cúig thoradh náisiúnta agus le réimsí a aithint a bhfuil sé de chumas acu, le haird dhírithe, feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga (0-24 bliana) agus le héifeachtacht na bpolasaithe, na seirbhísí agus na n-acmhainní atá ann cheana a chlaochlú. Tarraingítear na ceangaltais sa doiciméad ón Rialtas ar fad: is ceangaltais reatha iad a lán acu, ach is cinn nua iad cuid eile acu. Soláthraíonn an Chreatlach bealach lena seachadadh éifeachtach agus comhordaithe a chinntiú. Aitheantas í an Chreatlach ag an Rialtas ar an ngá atá ann le '**ceangal**' go náisiúnta agus go háitiúil, má táimid le húsáid éifeachtach a bhaint as na hacmhainní ar fad atá ar fáil le tacú lenár bhfís do leanaí agus do dhaoine óga, agus aitheantas freisin nach mór dúinn tuilleadh a dhéanamh leis na hacmhainní sin atá againn.

## Creatlach an Pholasaí

1. Ailíníonn sí ceangaltais Rialtais do leanaí agus do dhaoine óga le hais na gcúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga.
2. Aithníonn sí 6 réimse a bhfuil sé de chumas acu feabhas a chur ar thorthaí agus éifeachtacht na bpolasaithe, na seirbhísí agus na n-acmhainní sin ar ann dóibh cheana a chlaochlú leis na torthaí náisiúnta seo a bhaint amach.
3. Déanann sé ceangaltas le dul chun cinn a thomhas ar fud na dtorthaí, le roinnt príomhtháscairí a roghnaítear le dul chun cinn a thagarmharcáil i dtaca le príomhréimsí polasaí.
4. Bunaíonn sí struchtúir nua tras-Rialtais le tacú le cur i bhfeidhm agus le monatóireacht na Creatlaí, agus dá thoradh sin, cuireann siad comhordú feabhsaithe polasaithe agus seirbhísí i gcrích do leanaí agus do dhaoine óga. Soláthraíonn na struchtúir seo fóram do chomhairle agus maoirseacht sheachtrach ó shaineolaithe sa réimse agus ó leanaí agus ó dhaoine óga iad féin.

**Treoraíodh forbairt na Creatlaí ag na príomhphrionsabail seo a leanas.** Lena sheal, treoróidh na prionsabail seo cur i bhfeidhm agus monatóireacht na Creatlaí.

**Cearta na Leanaí:** Aithnítear cearta na leanaí de réir mar a shracrianaítear iad ag Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL) agus glactar le cur chuige leanbhlárnach.

**Teaghlachdhírithe:** Aithnítear an teaghlach mar bhunghrúpa na sochaí agus mar an timpeallacht nádúrtha d'fhás agus do leas na leanaí.

**Comhionannas:** Aithnítear éagsúlacht taithí, chumais, aitheantais agus chultúir na leanaí, agus cothaítear laghdú na neamhchomhionannas ar fud na Creatlaí mar mheán le feabhas a chur ar thorthaí agus le cuimsitheacht shóisialta mhéadaithe a bhaint amach.

**Le tionchar fianaise agus toradhfhócasaithe:** Le bheith éifeachtach, ní mór go dtacófaí le polasaithe agus le seirbhísí ag fianaise agus iad fócasaithe ar bhaint amach torthaí comhaontaithe.

**Cuntasacht agus éifeachtacht acmhainne:** Tá meicníochtaí soiléire cur i bhfeidhm, monatóireachta agus cuntasachta agus línte freagrachta do sheachadadh i bhfeidhm le cur i bhfeidhm polasaí tráthúil agus éifeachtach a spreagadh.

## An cás don tacaíocht – Infheistíocht chaipitil sna leanaí agus sna daoine óga

Tá an tríú cuid d'ár ndaonra faoi bhun 25.[1] Tá an bonn fianaise do chur chuige shaolré láidir. Téann an méid a tharlaíonn go luath sa saol i bhfeidhm ar an tsláinte agus ar an leas níos faide anonn sa saol. Bíonn torthaí suntasacha suntasacha ann don tsochaí de thairbhe feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an leas, leibhéil oideachais a spreagadh agus neamhchomhionannas a laghdú.

Tá ag éirí go maith le mórchuid ár gcuid leanaí agus daoine óga, ach tá roinnt dúshlán suntasach os ár gcomhair mar shochaí. Mar shampla, tá 39% de dhaoine fásta róthrom, agus tá 25% díobh murtallach[2] (SLÁN, 2007), agus tá líon na leanaí atá cuid mhór róthrom tar éis dul i méid faoi thrí le deich mbliana anuas[3]. Measadh costais dhíreacha agus neamhdhíreacha na róthroime agus an mhurtaill i 2009 ag €1.13 billiún.[4] Cuirfidh fadhbanna sláinte intinne as do dhuine as gach 4 in Éirinn ag am éigin ina saol agus i 75% de chásanna tosaíonn an drochshláinte intinne faoi bhun 25. Measadh costas eacnamaíoch iomlán na bhfadhbanna sláinte intinne ag rud beag breis is €3 bhilliún i 2006.[5]

Is féidir fréamhacha a lán de na ceisteanna seo a chur siar chuig taithí a bhí acu agus iad ina leanaí nó ina ndaoine óga. Leis na treochtaí seo a athrú, teastaíonn fócas méadaithe ar infheistiú sna luathbhlianta agus in idirghabháil níos luaithe agus i gcosc ar fud an tsaolré. Tugann taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoi deara níos mó ná riamh an toradh ar féidir a bheith ann mar gheall ar an luathinfheistíocht. Sa Ríocht Aontaithe, mar shampla, fuair lucht taighde amach go ngintear, ar gach £1 a infheistítear in idirghabhálacha dírithe a dearadh le teacht suas le fadhbanna go luath agus le cosc a chur ar ath-tharlú fadhbanna, idir £7.60 agus £9.20 de luach sóisialta.[6]

Tugann taighde in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoi deara freisin na tairbhí a bhaineann le tuismitheoireacht dhearfach agus timpeallachtaí thacúla baile le cabhrú le forbairt le linn na luathóige agus le dul i bhfeidhm ar ionchais don todhchaí agus ar shoghluaisteacht shóisialta.

Is freagracht shóisialta í an infheistíocht sna leanaí agus sna daoine óga, agus tá ciall léi ó thaobh na heacnamaíochta de, ach ní mór í a threorú ag peirspictíocht mheántéarmach-fhadtéarmach. Sórt infheistithe chaipitil atá san infheistiú sna leanaí agus sna daoine óga, ceann óna bhfaightear toradh suntasach. Sin an fáth a bhfuil fócas i gCreatlach an Pholasaí seo ar thacar torthaí comhaontaithe agus marthanacha le socruithe a threorú agus le dul chun cinn a thomhas.

## Cúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga

Ghlac Creatlach an Pholasaí le cur chuige torthaí bunaithe ar chúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga. Tá na torthaí seo idircheangailte agus athneartaíonn siad a chéile. Aithníodh ceithre aidhm do gach toradh (*féach an léaráid thíos*).

### FÍS

Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.

### TORTHAÍ NÁISIÚNTA

1. Gníomhach agus sláintiúil, leas fisiciúil agus intinne
2. Ag baint amach lánphoitéinseal i réimsí na foghlama agus na forbartha
3. Sábháilte & cosanta ón dochar
4. Slándáil & deis eacnamaíoch
5. Ceangailte, ardmheas orthu & ag cur lena ndomhan

### AIDHMEANNA:

*Baineann na rudaí seo a leanas le leanaí agus le daoine óga ...*

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 Sláintiúil go fisiciúil agus ag déanamh roghanna sláintiúla dearfacha | 2.1 Ag foghlaim agus ag forbairt ón mbreith | 3.1 Timpeallacht shlán, sheasmhach, ghrámhar bhaile | 4.1 Cosanta ón mbochtanas agus ón gcuimsitheacht shóisialta | 5.1 Tuiscint ar a n-aitheantas féin, saor ó leatrom |
| 1.2 Sláinte mhaith intinne | 2.2 Leas sóisialta agus mothúchánach | 3.2 Slán ón drochíde, ón neamart agus ón dúshaothrú | 4.2 Ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/do dhaoine óga | 5.2 Cuid de líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail |
| 1.3 Cur chuige dearfach agus measúil i leith caidreamh agus sláinte gnéis | 2.3 Páirteach san fhoghlaim | 3.3 Cosanta ón mbulaíocht agus ón leatrom | 4.3 Deiseanna don oideachas agus don oiliúint leanúnach | 5.3 Rannpháirteach go sibhialta, comhfhiosach go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de |
| 1.4 Ag baint suilt as súgradh, áineas, spóirt, ealaíona, cultúr agus an nádúr | 2.4 Ag déanamh gnóthachtála san oideachas | 3.4 Sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta | 4.4 Conairí i dtreo na rannpháirtíochta eacnamaíche agus na maireachtála neamhspleáiche | 5.4 Feasach faoi chearta, freagrach agus meas ar an dlí |

**Bíonn glór agus tionchar ag Leanaí & ag Daoine Óga i ngach socrú a théann i bhfeidhm orthu**

## 1 Toradh 1: Gníomhach agus sláintiúil

Má bhíonn tú gníomhach agus sláintiúil cuireann sin go mór le do leas ginearálta. Bíonn sláinte mhaith ag mórchuid na leanaí agus na ndaoine óga in Éirinn. Tá roinnt dúshlán suntasach os ár gcomhair, áfach, lena n-áirítear murtall, mí-úsáid substaintí agus sláinte intinne:

- tá 6% de leanaí 13 bliana murtallach[7] agus tá 20% murtallach;
- bíonn 20% de leanaí 16 bliana ag ól ar bhonn seachtainiúil;[8]
- tagann 75% de ghalair shláinte intinne chun cinn roimh aois 25.[9]

Is iad na haidhmeanna ná go mbeadh gach leanbh agus gach duine óg sláintiúil go fisiciúil agus iad in ann roghanna dearfacha sláinte a dhéanamh, sláinte intinne mhaith a bheith acu, cur chuige dearfach agus measúil a bheith acu i dtaca le caidrimh agus sláinte ghnéis, agus go ndéantar a saol a shaibhriú trí shult a bhaint as súgradh, caitheamh aimsire, spóirt, ealaíona, cultúr agus nádúr.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an toradh seo i gCuid 2, Fochuid 2 faoi 'Thoradh 1' (*féach lgh. 60-63*).

## 2 Toradh 2: Ag baint lánphoitéinseal amach i ngach réimse foghlama agus forbartha

Baineann mórchuid na ndaoine óga in Éirinn sult as a bheith ag foghlaim; críochnaíonn 92% acu an t-oideachas dara leibhéal agus téann breis is 60% acu[10] ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal. Tá roinnt staitisticí ann freisin, áfach, ar ábhar buartha iad – ní bhaineann ach 13% de dhaoine óga i bpobal an Lucht Siúil an Ardteistiméireacht amach. Teastaíonn tacaí breise ó leanaí agus ó dhaoine óga le sainriachtanais, iad siúd nach bhfuil an Béarla mar mháthairtheanga acu, agus iad siúd a raibh orthu aghaidh a thabhairt ar an eisiamh sóisialta le go mbainfidís a gcumas foghlama amach. Tosaíonn an fhoghlaim ón mbreith ar aghaidh agus téann sí ar aghaidh tar éis na scolaíochta foirmeálta agus ba chóir go spreagfadh sí an chruthaíocht agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Is fachtóir suntasach cosanta í an rannpháirtíocht san oideachas in éadan torthaí diúltacha.

Is iad na haidhmeanna ná cinntiú go bhfaigheann gach leanbh an bonn is fearr is féidir don fhoghlaim agus don fhorbairt, go mbeadh leas sóisialta agus mothúchánach acu, agus go dtugann siad faoi chúrsaí oideachais agus iad ag déanamh dul chun cinn ann.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an toradh seo i gCuid 2, Fochuid 2 faoi 'Thoradh 2' (*féach lgh. 74-77*).

## 3 Toradh 3: Sábháilte agus cosanta ón dochar

Is í freagracht gach duine inár sochaí leanaí agus daoine óga a choimeád sábháilte agus cosanta ón dochar. Ní mór oideachas a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga agus iad a chur ar an eolas maidir le contúirtí agus maidir le conas iad féin a chosaint ó dhochar agus ó iompar dochrach nó rioscúil.

*lean de*

Is iad na haidhmeanna ná go mbeadh timpeallacht bhaile shábháilte, sheasmhach agus comhbhách ag gach leanbh agus ag gach duine óg, nach mbíonn siad i mbaol ó dhrochíde, neamart nó dúshaothrú; go bhfuil siad á gcosaint ón mbulaíocht agus ón leatrom; agus go bhfuil siad sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta.

Ní mór gach leanbh agus gach duine óg a chumhdach. Aithníonn an Rialtas, áfach, go bhfuil sainghrúpaí leanaí agus daoine óga i mbaol ar leith, agus go dteastaíonn tacaíocht agus cosaint bhreise uathu, mar sin de.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an toradh seo i gCuid 2, Fochuid 2 faoi 'Thoradh 3' (*féach lgh. 87-90*).

## 4 Toradh 4: Slándáil agus deis eacnamaíocha

Aithníonn an Rialtas gur mian le daoine óga bheith ag obair agus ag déanamh dul chun cinn sa saol, agus gur gá deiseanna a thabhairt dóibh leis sin a dhéanamh. Bíonn iarmhairt shuntasach ag bochtanas, tithíocht fhochaighdeánach agus eisiamh sóisialta ar thorthaí shaol duine agus ní mór iarrachtaí a dhéanamh an chuimsitheacht shóisialta a chothú agus le neamhchomhionannais a laghdú do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlach.

Is iad na haidhmeanna ná go mbeadh gach leanbh agus gach duine óg cosanta ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisialta, go mbíonn siad ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/do dhaoine óga; go mbíonn deiseanna acu don oideachas agus don oiliúint leanúnach; agus go mbíonn cosáin acu i dtreo na rannpháirtíochta eacnamaíche, fiontraíochta, fostaíochta comhlíontaí agus na maireachtála neamhspleáiche.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an toradh seo i gCuid 2, Fochuid 2 faoi 'Thoradh 4' (*féach lgh. 99-101*).

## 5 Toradh 5: Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan

Ba chóir tacú le leanaí agus le daoine óga agus iad a spreagadh le ról iomlán a chur i gcrích sa tsochaí, ag aithint gur féidir leo féin, trína gcuid roghanna agus trína gcinneadh féin, dul i bhfeidhm go mór ar a saol féin anois agus sa todhchaí. Teastaíonn bearta le sochaí a chruthú ina dtuigtear luach gach linbh agus gach duine óig agus meas léirithe dóibh mar gheall ar cé hiad féin, sa tslí gur féidir leo a n-ionannas a chur in iúl go héasca.


Is iad na haidhmeanna ná go mbeadh tuiscint ag gach leanbh agus ag gach duine óg ar a n-aitheantas féin, go mbeidís saor ó leatrom agus go bhfuil siad mar chuid de líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail; ina theannta sin, go mbeidís rannpháirteach go sibhialta, comhfhiosach go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de, agus go dtuigeann siad a gcearta chomh maith le bheith freagrach agus meas acu ar an dlí.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an toradh seo i gCuid 2, Fochuid 2 faoi 'Thoradh 5 (*féach lgh. 110-112*)' .

## 6 Sprioc Bunathraithe le torthaí níos fearr a bhaint amach

Le cinntiú go mbaineann níos mó leanaí agus daoine óga na torthaí seo amach, tá 6 sprioc bunathraithe aitheanta againn a dteastaíonn fócas uathu le linn na seacht mbliana atá amach romhainn. Aithníodh na spriocanna seo mar phríomhréimsí a bhfuil de chumas acu, le hiarracht fhócasaithe agus chomhchoiteann, éifeachtacht na bpolasaithe, na seirbhísí agus na n-acmhainní atá ann cheana a bhunathrú (*féach an léaráid thíos*).

**Na 6 sprioc bunathraithe leis na torthaí náisiúnta a bhaint amach**




## SPRIOC 1 Tacú le tuismitheoirí

Is iad na tuismitheoirí an bhunsraith do dhea-thorthaí linbh agus bíonn tionchar suntasach acu, go háirithe i luathbhlianta na leanaí. Is féidir le tacaíocht éifeachtach thuistithe feabhas a chur ar chuid d'iarmhairtí níos diúltaí an bhochtanais idirghlúine. Tá an Rialtas tiomanta do thacú le tuismitheoirí le tuistiú go muiníneach agus go dearfach, agus dar leis go bhfuil seo ar cheann de na tacaí príomhúla, uilíocha agus is éifeachtaí ar féidir leis an Stát a chur ar fáil mar chuid de leanúntas na tacaíochta teaghlaigh.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo i gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 1' (*féach lch. 28*).

## SPRIOC 2 Idirghabháil níos luaithe agus cosc

Ciallaíonn cosc agus idirghabháil luath idirghabháil a dhéanamh go hóg, nó go luath tar éis do na deacrachtaí tosú, nó ag pointí leochaileachta aitheanta, leithéidí aistrithe scoile, blianta an déagóra agus tuismíocht. Is iad na seirbhísí uilíocha príomhsholáthróirí an choisc agus na luathidirghabhála. Bíonn cosc agus luathidirghabháil costaséifeachtach. Tá an Rialtas tiomanta dĐathchothromú acmhainní le béim níos mó a chur ar an gcosc agus ar an luathidirghabháil, agus é mar aidhm acu acmhainní a aistriú le himeacht ama ó phointe na géarchéime go pointí níos luaithe na hidirghabhála.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 2' (*féach lch. 31*).

## SPRIOC 3 Éist le leanaí agus le daoine óga agus déan rannpháirteach iad

Tá sé de cheart ag leanaí agus ag daoine óga a dtuairim a chur in iúl maidir le socruithe a théann i bhfeidhm orthu, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann. Nuair nár éisteadh le leanaí agus le daoine óga san am a chuaigh thart bhí de thoradh air sin gur theip orainn leanaí agus daoine óga a chosaint ó dhrochíde agus ó neamart. Tá an Rialtas tiomanta do threisiú iarrachtaí le cinntiú go mbíonn an ceart seo ag leanaí agus ag daoine óga agus go dtacaítear leo lena gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le gach ceist a théann i bhfeidhm orthu agus go dtugtar aird chuí ar na tuairimí sin, tuairimí na leanaí sin nach n-éistear a nglór go minic san áireamh.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 3' (*féach lch. 33*).

## SPRIOC 4 Seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú

Ní mór go mbeadh an lámh in airde ag cur chuige d'ardchaighdeán i leith tacaí agus seirbhísí maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais leanaí agus daoine óga agus ní mór é a chur ar fáil i suíomhanna atá cairdiúil do leanaí/daoine óga agus a sheachadadh ar bhealaí atá inrochtana ag gach leanbh agus duine óg. Tá an Rialtas tiomanta d'fheabhsú caighdeán agus tráthúlacht na seirbhísí, ag cinntiú go mbíonn cláir agus seirbhísí Státmhaoinithe toradh-dhírithe agus gur féidir leo torthaí feabhsaithe a léiriú go soiléir le himeacht ama.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 4' (*féach lch. 35*).

## SPRIOC 5 Ag treisiú aistrithe

Tugann leanaí agus daoine óga aghaidh ar roinnt príomhaistrithe mar chuid dá n-aistear ón luathóige go dtí an aosacht. Cuimsíonn na haistrithe seo an t-aistriú ó réamhscoil go bunscoil; ón mbunscoil go dtí an mheánscoil; ó mhaireachtáil faoi chúram go maireachtáil neamhspleách, nó an t-aistriú ó sheirbhísí sláinte do leanaí go seirbhísí na n-aosach. I gcás cuid acu, is féidir leis na haistrithe seo an bonn a bhaint díobh, iad a choscairt, agus is féidir grúpaí leochaileacha a chur níos mó i mbaol. Is féidir le pleanáil agus soláthar tacaíochta comhordaithe ag príomhamanna aistrithe bheith ina gcabhair



*lean de*

le torthaí níos fearr a chinntiú, go háirithe do dhaoine le sainriachtanais nó dóibh siúd a bhí faoi chúram nó faoi choinneáil. Tá an Rialtas tiomanta do bheith ag fócasú níos mó ar aistrithe éifeachtacha, go háirithe i réimsí an oideachais, na sláinte, an leasa leanaí agus an cheartais i leith an aosa óig.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 5' (*féach lch. 37*).

## SPRIOC 6 Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta

Tá Creatlach an Pholasaí seo dírithe ar an Rialtas ar fad, agus bainfear a luach breise trí chomhoibriú agus comhordú níos mó ar fud rann agus gníomhaireachtaí Rialtais, ar bhonn náisiúnta agus áitiúil, le cur i bhfeidhm a spreagadh agus le torthaí níos fearr a bhaint amach. Téama lárnach do na seacht mbliana atá amach romhainn ná fócas ar an gcur i bhfeidhm. Éilíonn sin:

- ceannasaíocht, infheistíocht sna daoine, athrú sa chultúr agus forbairt an fhórsa shaothair;
- nascadh infrastruchtúir, eagraíochtaí agus córas trasna teorainneacha traidisiúnta;
- anailís fhianaise agus sonraí, roinnt fhaisnéise agus rianú náisiúnta torthaí;
- giaráil acmhainní atá ar fáil go héifeachtach i dtreo rudaí a n-éiríonn leo agus díriú ar riachtanas aitheanta.

Tá an Rialtas tiomanta d'fheabhsú comhordaithe tras-Ranna agus idirghníomhaireachta. Spreagfar sin ag an leibhéal is airde, ag an gComh-aireacht.

Sracrianaítear saincheangaltais Rialtais a bhaineann leis an sprioc seo gCuid 2, Fochuid 1 faoi 'Sprioc 6' (*féach lgh. 39, 41, 43 agus 45*).

## Tomhas an dul chun cinn

Déanfaidh an Rialtas measúnacht ar éifeachtacht an chur i bhfeidhm trí rianú agus trí thuairisciú an dul chun cinn le himeacht ama. Aithníodh líon beag príomhtháscairí, a úsáidfear le dul chun cinn a thomhas i roinnt príomhréimsí. Forbrófar tacar níos leitheadaí táscairí le linn 2014 (*féach Aguisín 4*).

## Ag cinntiú cuntasachta

Déantar cuntasacht do *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* i leith na Comh-Aireachta, an Oireachtais, agus sa deireadh thiar thall, i leith an phobail. Tá a chuid freagrachtaí sannta féin ag gach roinn Rialtais dá bhfuil sí cuntasach ar bhonn aonair. Trí bhunú 'Chuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga' bainfear amach ceangaltas agus cuntasacht tras-Rialtais. Beidh an Cuibhreannas chun tosaigh i dtaca le cur chuige na dtorthaí a léiriú agus a chur i bhfeidhm chomh maith le comhordú tras-Rialtais, ag cinntiú tuairisciú, pleanáil agus athbhreithnithe rialta le cinntiú go leanann an polasaí air de bheith ag déanamh dul chun cinn agus ag forbairt thar shaolré na Creatlaí.

# Cuid 1: COMHTHÉACS

## Intreoir

> 'Ní féidir anam sochaí a léiriú níos fearr ná sa bhealach ina bpléann sí lena cuid leanaí.'
>
> **Nelson Mandela**

Leagann *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga* amach clár oibre agus tosaíochtaí an Rialtais maidir le leanaí agus daoine óga faoi bhun 25 bliana do na 7 mbliana atá amach romhainn – suas go 2020. Tá i gceist leis iarracht ón Rialtas ar fad le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga, agus aithnítear ann an fhreagracht roinnte a bhaineann le baint amach na dtorthaí seo, agus an tábhacht a bhaineann lena leithéid a dhéanamh laistigh de na hacmhainní ar ann dóibh cheana. Tá sé fréamhaithe i gceangaltais an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

Ghlac Creatlach an Pholasaí seo le cur chuige torthaí, bunaithe ar chúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga. Seo a leanas na torthaí:

1. Go bhfuil siad gníomhach agus sláintiúil, le leas dearfach fisiciúil agus intinne.
2. Go bhfuil siad ag baint a lánphoitéinseal amach i ngach réimse foghlama agus forbartha.
3. Go bhfuil siad sábháilte agus cosanta ó dhochar.
4. Go bhfuil slándáil agus deis eacnamaíoch acu.
5. Go bhfuil siad ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan.

Buntacóidh an cur chuige torthaí ar glacadh leis anseo le gach straitéis idirghaolmhar ina dhiaidh sin.

Tógann Creatlach an Pholasaí seo ar Straitéis Náisiúnta na Leanaí, *Ár Leanaí – A Saol (2000-2010)*, arbh í an chéad ráiteas straitéiseach ag an Rialtas ag rá gur theastaigh cur chuige comhsheasmhach agus comhchoiteann ó shaol na leanaí ar fud réimsí polasaí. Ionchorpraíonn Creatlach an Pholasaí an fhoghlaim leitheadach ó na deich mbliana seo caite agus tugann sí freagra ar an gcomhairliúchán suntasach poiblí a tharla i 2012 le dul i bhfeidhm ar threoir an Rialtais ar feadh na 7 mbliana atá romhainn. Chuimsigh an comhairliúchán seo 66,705 freagra ó leanaí agus ó dhaoine óga, agus breis is 1,000 aighneacht ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal ginearálta. Fuarthas ionchur ón Rialtas ar fad, ón gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Leanaí agus ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Obair don Aos Óg (tá mar chuid den dá chomhlacht seo ionadaithe ó ranna Rialtais), comhlachtaí reachtúla agus eagraíochtaí neamh-Rialtais (ENR).

Is í aidhm na Creatlaí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ná forbairt pholasaí agus seachadadh seirbhíse a chur chun tosaigh thar an suíomh láithreach – mar a mbreathnaítear ar leanaí agus ar dhaoine óga go príomha laistigh de fhreagrachtaí cúnga eagraíochtúla – go freagra ón Rialtas ar fad agus pictiúr soiléir den riachtanas iomlán agus den dul chun cinn a theastaíonn le torthaí feabhsaithe a bhaint amach. Tá sé i gceist leis an athrú

smaointeoireachta seo ná cur chuige níos mó gan uaim a ghiniúint idir raon seirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus d'aosaigh, agus cuireann sé ar fáil fócas polasaí aontach ar leanaí agus ar dhaoine óga. Leanfaidh roinnt príomhdhoiciméad straitéiseacha an Chreatlach i 2014, doiciméid a leagfaidh amach ar bhealach níos mionsonraithe an clár oibre i réimsí áirithe. Áireofar orthu seo chéad Straitéis Luathbhlianta náisiúnta na hÉireann agus Straitéis Óige náisiúnta. Áireofar orthu freisin *Dul i nGleic le Coiriúlacht an Aosa Óige – Plean Gníomhaíochta don Cheartas i leith an Aosa Óig* agus polasaithe faoi *Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Phróiseas Cinnteoireachta* agus *Tuistiú agus Tacaíocht Teaghlaigh*.

Aithníonn *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* go mbíonn leanaí agus daoine óga ag maireachtáil agus ag idirghníomhú i réimsí iomadúla nasctha (comhthéacsanna neadaithe, leithéidí teaghlaigh, piarghrúpaí, scoileanna, clubanna, srl) agus go bhfuil leanúntas infheistíochta riachtanach ar fud an tsaolré do gach leanbh agus do gach duine óg, le tacaíocht bhreise do ghrúpaí 'leochaileacha', iad siúd atá ag maireachtáil i mbochtanas san áireamh. Aithníonn sé go mbeidh toradh dearfach breise ar infheistíocht sna luathbhlianta, agus i gcosc agus i luathidirghabháil ar fud an tsaolré do gach leanbh agus do gach duine óg, agus go bhfuil sin tábhachtach go háirithe le timthriaill idirghlúine a bhriseadh.

Bíonn Torthaí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ag iarraidh saol agus seansanna saoil na leanaí agus na ndaoine óga faoi bhun 25 a fheabhsú, ag tabhairt aghaidhe ar bhochtanas leanaí, ar eisiamh sóisialta, ar leas agus ar bhaint amach leasa. Cuireann sé chun tosaigh cur chuige comhtháite agus dearfach i dtaca le cruthú agus inbhuanú timpeallachta oiliúnaí a laghdaíonn an riosca agus a fheabhsaíonn fachtóirí cosanta, agus ceann mar a bhfuil róil agus freagrachtaí: do leanaí agus do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do theaghlaigh; do phobail agus do chomharsanachtaí; do sholáthróirí seirbhíse; do scoileanna; do lucht déanta polasaí; agus don tsochaí.

Bíonn Torthaí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ag obair ó bhonn fianaise a aithníonn cad iad na fachtóirí riosca agus cosanta seo, na róil eadránaithe ar féidir le páirtithe leasmhara éagsúla a chur i gcrích iontu seo agus na luamháin pholasaí a theastaíonn le hathrú a chruthú.

Tá i gceist le hinfheistiú i leanaí agus i ndaoine óga lena bpoitéinseal a bhaint amach ar fud na gcúig thoradh náisiúnta bheith ag tabhairt aghaidhe ar neamhchomhionannais laistigh den tsochaí, briseadh timthriall míbhuntáiste idirghlúine agus cinntiú go dtreisíonn tacaí, seirbhísí, agus ionchais sochaí na leanaí agus go gcuidíonn siad leo taithí shaoil lán a bhaint amach.

Tacaíonn Creatlach an Pholasaí seo go láidir le Straitéis 2020 an AE agus le Moladh an Choimisiúin maidir le 'hInfheistiú sna Leanaí: Ag Briseadh Timthriall an Mhíbhuntáiste', mar a n-aithnítear an 3 philéar infheistíochta: teacht ar acmhainní imleora, teacht ar sheirbhísí inacmhainne d'ardchaighdeán, agus cuimsitheacht leanaí agus daoine óga.

Tá *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ailínithe le *Straitéis Fháis an Rialtais, 2014-2020*[11], atá ag iarraidh dlús a chur le teacht chun cinn na tíre ón ngéarchéim eacnamaíoch is doimhne a bhí againn i stair ár dtíre, rud a chuimsíonn '*deiseanna a thabhairt d'ár gcuid leanaí bheith ag maireachtáil agus ag obair sa bhaile, iad siúd arbh éigean dóibh dul ar imirce san áireamh*'. Tá sé d'aidhm ag an straitéis eacnamaíoch slándáil eacnamaíoch na dteaghlach a chothú trí mhéadú líon na dtuismitheoirí atá fostaithe, agus aithníonn sí, le ceart, gur '*acmhainn shuntasach í ár ndaonra leanaí agus daoine óga d'ár dtír, daonra atá ag dul i méid …*' agus

go bhfuil '*cinntiú na dtorthaí is fearr is féidir don ghrúpa seo ina eilimint thábhachtach d'ár bpleanáil eacnamaíoch sa todhchaí*'. Is í an uaillmhian atá i gceist ná go mbeadh Éire ar an tír bheag is fearr ar domhan le leanaí a thógáil.

Is creatlacha polasaí comhlántacha iad *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus *Éire Shláintiúil*[12]. Cé go dtugann *Éire Shláintiúil* aghaidh ar chinntithigh na sláinte ar fud an daonra, léiríonn *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* é seo le béim laistigh agus ar fud an daonra de dhaoine 0-24 bliana. Is é *Éire Shláintiúil* an polasaí uileghabhálach don tsláinte agus don leas agus léirítear a chuid gníomhartha i dToradh 1 na Creatlaí seo ('Gníomhach agus sláintiúil') agus ar fud na creatlaí polasaí ar fad. Ar an dóigh céanna, tá an Chreatlach seo comhsheasmhach le straitéisí eile earnála faoi mar a bhaineann siad le leanaí agus le daoine óga.

Ní féidir leis an Stát amháin na torthaí náisiúnta a bhaint amach a leagtar amach anseo do leanaí agus do dhaoine óga. Ní mór do leanaí agus do dhaoine óga iad a bhaint amach dóibh féin. Beidh, áfach, iachall ar an Stát agus ar a lán páirtithe eile bheith ag obair le chéile le tacú le leanaí agus le daoine óga lena bpoitéinseal a bhaint amach. Bainfear é sin amach trí chinntiú go mbíonn comhordú agus comhoibriú níos fearr ann, tacaí níos fearr do thuismitheoirí, go gcuirtear an clár oibre athchóirithe i bhfeidhm, go ndéantar infheistíocht i gcúram agus in oideachas luathbhlianta atá d'ardchaighdeán, go ndéantar idirghabhálacha ag príomhamanna a thacaíonn le tógáil athléimneachta, ag tacú le gach leanbh agus le gach duine óg, le plé leis an méid a thugann an saol dóibh.

## An cás do thacú le leanaí agus le daoine óga

Baineann na cúig thoradh náisiúnta lena bhfuilimid ag iarraidh d'ár gcuid leanaí agus daoine óga anois agus iad ag dul in aibíocht le go mbeidís féin ina dtuismitheoirí. Is freagracht shóisialta í an infheistíocht sna leanaí agus sna daoine óga agus, cé go bhfuil ciall eacnamaíoch ag baint léi sin, teastaíonn peirspictíocht mheántéarmach/fhadtéarmach. Tá an infheistíocht sna leanaí agus sna daoine óga cosúil le hinfheistiú caipitil óna dtagann toradh suntasach.

Tá an tríú cuid d'ár ndaonra faoi bhun 25.[13] I 2011 bhí ráta breithe is airde an AE ag Éirinn (16.3%) agus an céatadán ba mhó de dhaoine óga idir aois 0-14 (21.6%).[14] Tá mórchuid na leanaí agus na ndaoine óga in Éirinn sláintiúil[15] agus iad sásta lena saol[16]. Teastaíonn, áfach, tacaí dírithe ó chéatadán beag, ach suntasach, de leanaí agus de dhaoine óga, le cinntiú go bhfaigheann siad an leas is fearr is féidir as a saol.

Tá Éire ag súil le sochaí a bhaint amach mar a bhfuil áit ar leith ag leanaí agus ag daoine óga. Mar náisiún, bímid ag iarraidh tacú lena leas, lena sástacht agus lena sláinte. Is mian linn go mbeadh an luathóige ina tréimhse luachmhar an taiscéalaithe, an scleondair, an ghliondair agus an iontais. Éilíonn sin bheith ag díriú ar rudaí ar féidir leo cuidiú le go n-éireodh 'go maith' lena saol chomh maith le freastal ar na rudaí sin is féidir dul amú. De réir mar a fhorbraíonn leanaí go déagóirí go haosaigh óga, is mian linn go mbeadh bonn láidir acu ónar féidir na scileanna sin a fhorbairt a dteastaíonn uathu le go dtiocfadh bláth orthu. Is féidir sin a bhaint amach trí sholáthar tacaí uilíocha do leanaí agus do dhaoine óga le scála agus le déine a bhíonn comhréireach le leibhéal an dúshláin atá os a gcomhair.

Is féidir le polasaí an Rialtais cabhrú leis an mbearna a dhúnadh idir an méid atá á bhaint amach againn faoi láthair agus an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach.

Tugann *Straitéis um Fhás,* 2014-2020 an Rialtais faoi deara gur acmhainn shuntasach é ár ndaonra méadaithe leanaí agus daoine óga d'ár dtír. Cuirtear béim ann freisin air go bhfuil fianaise shoiléir idirnáisiúnta ann a thugann le fios go mbíodh toradh dearfach suntasach ar an infheistíocht i leanaí le linn na luathbhlianta, do dhaoine aonair agus don tsochaí go ginearálta. Eilimint thábhachtach é inár gcuid pleanála eacnamaíche na torthaí is fearr is féidir a chinntiú do leanaí agus do dhaoine óga.

Beartaíonn *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* Éire mar a mbíonn ár gcuid daoine óga ar fad sásta, sláintiúil agus rannpháirteach. Bíonn sé ag iarraidh cinntiú go mbíonn deis ag gach leanbh agus ag gach duine óg forbairt le bheith ina ndaoine fásta a bhfuil na scileanna agus na dearcaí riachtanacha acu.

## Na luathbhlianta

Bíonn an inchinn ag forbairt ar ráta iontach le linn luathbhlianta an tsaoil. Cuirtear moill ar a cumas athrú agus forbairt de réir mar a théitear in aois. Fáth amháin é sin a mbíonn toradh níos mó ar an idirghabháil níos luaithe.[17] Cinneann taithí luath más amhlaidh go soláthraíonn 'ailtireacht' inchinne fhorbartha linbh bunús láidir nó lag don fhoghlaim, don iompar agus don tsláinte fhisiciúil agus intinne sa todhchaí. Bíonn an toradh is fearr ar an infheistíocht sna blianta is luaithe ar fad (0-3), agus faightear toradh suntasach le linn na luathóige agus le linn na luathaosachta.[18] Ar fud na dtíortha ECFE, is ionann an caiteachas ar an oideachas luathóige agus, sa mheán, 0.5% den OTI iomlán. In Éirinn, áfach, caitear níos lú ná 0.1% den OTI ar institiúidí oideachasúla luathóige.[19] Bainfidh gach leanbh leas as an infheistiú i gcúram agus in oideachas na luathbhlianta. Léirítear go mbíonn feidhmíocht níos fearr ag leanaí atá faoi chúram agus in oideachas na luathbhlianta ná mar a bhíonn acu sin nach mbíonn a leithéid acu, de réir mar a thugtar le fios i dtuarascáil PISA 2012 faoi ghnóthachtáil na ndaltaí 15 bliana, a thugann faoi deara an méid seo '*má rinneadh freastal ar réamhscoil ar feadh bliana amháin méadaítear go mór mhór an meánscór sa mhata in aois a cúig déag'; tá an cinneadh seo aige freisin 'tá sé doshéanta go mbíonn na daltaí sin nach bhfuair réamhscolaíocht faoi mhíbhuntáiste'*.[20] Lena chois sin, is iad na leanaí faoi mhíbhuntáiste is mó a bhfuil sé d'acmhainn acu leas a bhaint as an gcúram agus as an oideachas luathóige ós rud é nach mbíonn a gcuid cumas chomh forbartha céanna agus iad ag tosú ar scoil, agus mar sin de bíonn níos mó scóip acu le teacht suas le daltaí eile.[21] Príomham iad na luathbhlianta freisin le haithint agus luathidirghabháil a dhéanamh le tacú le leanaí le míchumais nó le sainriachtanais oideachasúla nó sláinte.

> 'Leagtar an bhunsraith do bheagnach gach gné den fhorbairt dhaonna – forbairt fhisiciúil, intleachtúil agus mhothúchánach, síos sa luathóige. Bíonn tionchar ar feadh an tsaoil ag an méid a tharlaíonn sna luathbhlianta seo (ag tosú sa bhroinn) ar a lán gnéithe den tsláinte agus den leas.'
>
> **Athbhreithniú Neamhchomhionannas Sláinte Marmot (2010)**

## Ag infheistiú le linn na luathóige agus na hógántachta

Tá cás láidir ann don infheistíocht ar fud an tsaolré, go háirithe le linn na luathóige agus na hógántachta. Bíonn impleachtaí tábhachtacha ag an taithí, ag an eolas agus ag na scileanna a fhaightear le linn na hógántachta d'ionchais duine aonair san aosacht. Is féidir le taithí dhearfach le linn na hógántachta cur in éadan, go pointe, taithí diúltaí nó easnamh le linn na luathóige, rud a threisíonn a tábhacht mar phríomhchéim d'idirghabhálacha de gach cineál, 'dara seansanna' san áireamh'[22].

Cé gur féidir go bhfuil fachtóirí le fáil i dtimpeallacht nó i gcúlra linbh nó duine óig a mhéadaíonn an baol go mbeidís i dtrioblóid, is ann d'fhachtóirí cosanta freisin ar féidir leo iad a chosaint ó thionchair dhochracha. Cothaíonn a leithéid d'fhachtóirí an athléimneacht, sin baint amach torthaí maithe in ainneoin bagairtí tromchúiseacha don oiriúnú nó don fhorbairt.[23]

Cuirtear an athléimneacht chun cinn sna daoine óga nuair a bhíonn féinmheas acu, caidrimh a thairiscíonn cúram, grá agus muinín laistigh den teaghlach agus lasmuigh de, agus nuair a fhásann siad agus nuair a fhorbraíonn siad i bpobail thacúla.[24] Cuirtear an athléimneacht chun cinn sna leanaí agus sna daoine óga nuair a bhíonn scileanna intleachtúla ar leith acu, scileanna féinrialaithe, smaointe dearfacha fúthu féin agus faoina gcuid cumas, agus nuair a bhíonn ciall lena saol. Cuirtear an athléimneacht chun cinn freisin trí mheán caidreamh dearfach a bhíonn ag leanaí agus ag daoine óga le daoine eile, go háirithe príomhchúramóirí agus aosaigh oiliúnacha eile, agus cairde a bhíonn tacúil agus sóisialta. Is féidir leis an gcomhthéacs sóisialta agus cultúrtha níos leithne an athléimneacht a chothú freisin trí bheith ag tairiscint seirbhísí agus tacaí do theaghlaigh agus do leanaí, agus ag cothú norm sóisialta dearfach.

## Toradh sóisialta agus airgeadais ar an infheistíocht

Tacaítear leis an gcás don infheistíocht sna leanaí agus sna daoine óga ar chúiseanna sóisialta agus eacnamaíocha ag fianaise idirnáisiúnta, trasna raon limistéar polasaí, ag úsáid modhanna measúnaithe éagsúla, agus ag cuimsiú idirghabhálacha polasaí éagsúla.[25] Déan breithniú faoin toradh sóisialta agus airgeadais ar an infheistíocht sna samplaí seo a leanas:

- Gineann gach euro (€1) a chaitear ar chláir réamhscolaíochta toradh níos airde ná an caiteachas céanna ar an scolaíocht.[26]
- Fuair Lárionaid Leanbh-Tuismitheoir Chicago amach go mbíonn an tsochaí ag sábháil $7 do gach $1 a infheistítear ar réamhscoil.[27]
- Ar fud na dtíortha ECFE, fuair na daltaí sin a d'fhreastail ar an réamhscoil ar feadh bliana ar a laghad, fuair siad scór níos mó 30 pointe níos airde sa léitheoireacht ná na daltaí sin nár fhreastail ar réamhscoil.[28]
- Léiríonn obair ECFE ar Thorthaí Sóisialta na Foghlama go dtugann oideachas agus cúram luathóige d'ardchaighdeán raon sochar sóisialta, lena n-áirítear sláinte níos fearr, baol laghdaithe go dtabharfaidh siad faoi iompar rioscúil agus rannpháirtíocht shibhialta agus shóisialta atá níos láidre.[29]
- Sa Ríocht Aontaithe, fuair lucht taighde amach, do gach £1 a infheistítear in idirghabhálacha dírithe ar aidhm leo fadhbanna a aimsiú go luath agus cosc a chur ar ath-tharlú fadhbanna, gintear idir £7.60 agus £9.20 de luach sóisialta.[30]
- De réir meastacháin amháin bíonn costas de bhreis is £1 milliún ag baint le fadhbanna iompair ar feadh a saolré do dhuine amháin.[31]

Léiríonn sonraí ó Éirinn freisin na leasanna eacnamaíocha a bhaineann le bheith ag infheistiú sna leanaí agus sna daoine óga:

- Toradh €2.20 ar gach €1 a infheistítear san obair óige.[32]
- Toradh €7 ar gach €1 a infheistítear a eascraíonn as soláthar bliana amháin, seirbhís réamhscoile uilíoch d'ardchaighdeán.[33]
- Toradh €3 do gach €1 a infheistítear i múnla Headstrong Jigsaw na seirbhísí Sláinte Intinne do Dhaoine Óga.[34]

Tá an-chiall le focail Frederick Douglass, leasaitheoir sóisialta Meiriceánach Afracach (1818-1895), sa chomhthéacs seo:

> 'Tá sé níos éasca leanaí láidre a thógáil ná fir bhriste a dheisiú.'

## An costas a bhaineann *le heaspa* infheistíochta sna leanaí agus sna daoine óga

Téann daoine atá níos sláintiúla go fisiciúil agus go mothúchánach chun leasa na sochaí trí chostais níos ísle ag baint le stíl mhaireachtála níos sláintiúla agus leibhéil níos ísle tobac, alcóil agus mí-úsáide drugaí. Luíonn sé le ciall, mar sin de, go mbíonn costas an-ard ann don tsochaí mar gheall ar an easpa gníomhaíochta le linn na luathóige agus na hógántachta. Mar shampla, fuair an staidéar náisiúnta fadaimseartha *Ag Fás Aníos in Éirinn* amach go bhfuil an ceathrú cuid de na leanaí róthrom nó murtallach. Mura gcuirtear deireadh leis an róthroime nó leis an murtall le linn na luathóige, is cinnte go mbeidh de thoradh air sin rátaí méadaithe galar neamhtheagmhálach a bhaineann leis an réimeas bia i measc leanaí agus daoine óga, agus go mbeidh na fadhbanna seo ag cur as dóibh agus iad ina n-aosaigh. An murtall is cúis le 5% de thaomanna croí agus de strócanna, 10% de chásanna oisté-airtrítis, 20% de chásanna hipirtheannais, 30% de chásanna ailse agus 80% de chásanna diaibéitis cineál 2.

In Éirinn:

- Measadh costais dhíreacha agus neamhdhíreacha na róthroime agus an mhurtaill i 2009 ag €1.13 billiún; costais dhíreacha a bhí i 35% acu (m.sh. othair chónaithe ospidéil, eisothair, costais DT agus druga).[35]
- Caitear 6%-15% den bhuiséad iomlán sláinte ar chóir leighis a thabhairt do chásanna galair a bhaineann leis an tobac.[36]
- Ba é costas measta iomlán na mí-úsáide alcóil don tsochaí ná €3.7 billiún i 2007, sin gan costais dhaonna nó mhothúchánacha na mí-úsáide alcóil a chur san áireamh.[37]
- Ba é an costas a bhain le duine óg a choimeád i 2012 ná €281,000 per annum, agus ba é an costas a bhain le coimeád príosúnaigh aosaigh ná €65,404 (gan caiteachas oideachasúil a chur san áireamh[38]), i gcomparáid leis an gcostas per duine de €2,200 i dtionscadal Athstiúrtha Óige de chuid an Gharda.[39]

Is féidir fréamhacha go leor de na ceisteanna seo a rianú siar go dtí an luathóige. Mar shampla, léiríodh gur táscairí móra iad an t-iompar frithshóisialta sa luathóige agus luathfhágáil na scoile don mhéid a chosnóidh duine don tsochaí, agus na costais le híoc ag a lán gníomhaireachtaí. Faoi aois 28 bhí an costas don tsochaí do dhaoine aonair a raibh

acu neamhoird iompair acu ag aois 10 mbliana 10 n-uaire níos mó ná na daoine sin gan fadhbanna iompair ar bith agus 3.5 uair níos airde ná na daoine sin a raibh roinnt fadhbanna iompair acu.[40]

Bímid ag infheistiú sna leanaí agus sna daoine óga ós rud é gur rud maith atá ann, ann féin. Tá ciall freisin leis ar mhaithe leis an tsochaí agus do leas fadtéarmach an gheilleagair.

## Ag déanamh dul chun cinn

Seoladh Straitéis Náisiúnta na Leanaí (2000-2010), *Ár Leanaí – A Saol*, i 2000.[41] Cuireadh fáilte roimpi agus chuir sí ar bhealach suaithinseach agus luachmhar le forbairt pholasaí sna blianta ina dhiaidh sin. Bhí sí ar cheann de na chéad straitéisí den chineál seo go hidirnáisiúnta agus chuir sí Éire i dtús cadhnaíochta maidir le cur chuige an Rialtais ar fad i leith na leanaí. Bhí an bhéim a cuireadh, le linn fhorbairt féin na straitéise san áireamh, ar an gcomhairliúchán le leanaí agus ar úsáid fhianaise taighde lárnach don chur chuige polasaí sna blianta ina dhiaidh sin.

Fuair athbhreithniú neamhspleách de Straitéis Náisiúnta na Leanaí ag an gComhghuaillíocht um Chearta Leanaí i 2011 amach go raibh dul chun cinn suntasach déanta maidir le dhá chinn de na trí sprioc náisiúnta, is é sin le rá 'Éistfear le glór na leanaí' agus 'Tuigfear saol na leanaí níos fearr'.[42] Áiríodh i measc na gnóthachtála sonraí i réimsí rannpháirtíocht agus taighde na leanaí bunú Dháil na nÓg agus Chomhairle na nÓg ag an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an chontae, agus tosú an staidéir náisiúnta fhadaimseartha faoi leanaí, *Ag Fás Aníos in Éirinn*. Le linn na tréimhse seo, rinneadh infheistíocht shuntasach i gcúrsaí sonraí agus taighde le go mbainfí amach tuiscint níos fearr ar shaol na leanaí, lena n-áirítear forbairt Tacar Náisiúnta Táscairí Leasa Linbh agus foilsiú débhliantúil na tuarascála *Staid Leanaí an Náisiúin*. Os a choinne sin, dar leis an gComhghuaillíocht um Chearta an Linbh go raibh dul chun cinn maidir leis an tríú sprioc, 'Gheobhaidh leanaí tacaí agus seirbhísí d'ardchaighdeán' níos teoranta. Chuaigh an mheasúnacht seo i bhfeidhm ar fhócas na Creatlaí Polasaí atá ann faoi láthair, *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*, le béim ar bhunathrú polasaithe agus seirbhísí trí mheán cur i bhfeidhm agus comhordaithe níos láidre ar fud an Rialtais.

Rinneadh mórathrú freisin maidir leis an struchtúr institiúideach a bhain le leanaí le linn saolré Straitéis Náisiúnta na Leanaí. Bhí i measc na bhforbairtí dearfacha bunú na hOifige Náisiúnta Leanaí, a ndearnadh Oifig an Aire do Leanaí di ina dhiaidh sin agus a bhfuil aithne uirthi ó bhí 2011 ann mar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Tugadh faoi phíolótú Choistí na Seirbhísí do Leanaí le comhordú feabhsaithe ag leibhéal áitiúil a bhaint amach. Tharla forbairtí eagraíochtúla níos leithne freisin le linn saolré 10 mbliana na Straitéise, forbairtí nárbh fhéidir iad a shamhlú nuair a forbraíodh í, mar shampla nuair a cuireadh Feidhmeannacht náisiúnta na Seirbhíse Sláinte (FSS) in áit na mbord sláinte réigiúnach.

Sholáthair foilsiú Straitéis Náisiúnta na Leanaí i 2000 spreagadh d'athrú dearcaí i leith na leanaí, agus aitheantas den tábhacht a bhaineann le cur chuige níos comhtháite timthriaill saoil i dtaca le forbairt pholasaí. Sholáthair a cur i bhfeidhm cuid mhór fhoghlama praiticiúla faoi chastacht na hoibre idirearnálaí ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Bhí dhá chéim ag baint leis an tréimhse ó bhí 2000 ann. Le linn na chéad chéime, suas go 2007, bhí borradh

mór eacnamaíoch faoi Éirinn. Gearradh siar cánacha agus tugadh isteach méaduithe suntasacha i réimse an chaiteachais phoiblí. Cruthaíodh breis is 40,000 áiteanna cúraim leanaí, ag úsáid cómhaoinithe Státchiste agus AE; chuaigh méid an tSochair Linbh i méid go mór; agus rinneadh athchóiriú ar an gCóras Oideachais agus ar an gCóras Ceartais i leith an Aosa Óig, ar aidhm leo feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga. Áiríodh i measc iarrachtaí an Rialtais le feabhas a chur ar obair idirghníomhaireachta sna seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga píolótú agus measúnú clár fianaisebhunaithe i limistéir faoi mhíbhuntáiste, le foghlaim cad iad na hidirghabhálacha arbh fhéidir leo feabhas a chur ar thorthaí linbh i gcomhthéacs na hÉireann.

Sa dara céim, ó 2007, bhí an cor chun donais eacnamaíoch an-tobann agus díríodh níos mó ar gach cineál caiteachais phoiblí mar gheall ar an ngá a bhí ann le coigilteas ollmhór a dhéanamh. Tugadh bliain réamhscoile saor in aisce isteach i gCúram agus Oideachas na Luathóige (COLO) i 2010, ag thart ar an tríú cuid de chostas den Fhordheontas Cúraim Leanaí Luath a bhí ann roimhe, agus mar a raibh airgead tirim i gceist. Cinntíonn an clár seo go mbíonn beagnach gach leanbh ag freastal ar an réamhscoil beag beann ar a gcúlra, agus cuireann sé ar chumas an Stáit caighdeáin níos airde a chothú san earnáil sin, chomh maith le cabhrú le tuismitheoirí le cúram leanaí ag príomhchéim i dtimthriall eacnamaíoch an teaghlaigh.

I 2011, bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le lánAire Rialtais den chéaduair i stair an Stáit. Faomhadh Reifreann na Leanaí ag mórchuid na vótálaithe i Mí na Samhna 2012, bunaithe ar fhoclaíocht a mhol ionchorprú ceart sonrach do leanaí i mBunreacht na hÉireann. Agus ó 1 Eanáir 2014, bunaíodh Gníomhaireacht nua um Leanaí agus an Teaghlach i bhfeidhm, a chuireann leas na leanaí ar fad i lár báire ina cuid oibre.

Cé go bhfuiltear ag súil leis go bhfuilimid ag tarraingt ar dheireadh na ndianchoigeartuithe fioscacha, beidh orainn leanúint ar aghaidh le rialú chaiteachas an Rialtais, teacht ar thuilleadh coigiltis, fiú mura mbíonn cor chun donais eacnamaíoch domhanda breise ann. Sin an fáth a bhfuil an Rialtas ag scrúdú conas athchóiriú a dhéanamh ar conas a théimid i mbun gnó mar Stát, conas a shocraímid tosaíochtaí agus conas a bhímid ag seachadadh seirbhísí le cinntiú go dtacaítear le muintir leochaileach ár sochaí agus muid ag freastal ar na dúshláin eacnamaíocha sin atá os ár gcomhair.

Leagann *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* amach an comhthéacs polasaí ina gcuirfimid feabhas ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga. Aithnítear ann na cineálacha cur chuige, na prionsabail agus na tosaíochtaí a chuirfidh ar ár gcumas na barrmhianta seo a sheachadadh.

# Cuid 2:
# AG BAINT AMACH TORTHAÍ NÍOS FEARR

# Fís

*An fhís atá againn ná go mbeadh* ***Éire ar an tír bheag is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar****, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a n-éistfear lena nglór agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.*

# Treoirphrionsabail

Treoraíodh forbairt *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ag na príomhphrionsabail seo a leanas. Lena sheal treoróidh na prionsabail seo cur i bhfeidhm agus monatóireacht na Creatlaí Polasaí. Cuimsíonn na sainmhínithe seo a leanas torthaí tipiciúla a bhaineann le cur i bhfeidhm gach prionsabail.

## Cearta na leanaí

**Prionsabal:** Aithnítear cearta na leanaí, faoi mar a shracrianaítear iad ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (NA, 1989)[43], agus glactar le cineálacha cur chuige leanbhlárnacha. Aithnítear go bhfuil riachtanais fhorbartha agus aoisoiriúnacha ag leanaí a athraíonn le himeacht ama, agus go mbíonn leanaí leochaileach uaireanta agus iad ag brath den chuid is mó ar dhaoine fásta le haghaidh a gcúraim agus a gcuid riachtanas.

**Toradh:** Cuireann forbairt na ndlíthe, na bpolasaithe agus na seirbhísí san áireamh riachtanais, cearta agus leasa is fearr na leanaí agus na ndaoine óga. Déantar iarrachtaí leanaí agus daoine óga a dhéanamh rannpháirteach i bpróisis pholasaí agus chinnteoireachta.

## Teaghlachdhírithe

**Prionsabal:** Aithnítear an teaghlach mar bhunghrúpa na sochaí agus mar an timpeallacht nádúrtha d'fhás agus do leas na leanaí. Aithnítear go mbíonn an phríomhfhreagracht ag tuismitheoirí do thógáil agus d'fhorbairt a linbh, agus go bhfuil sé de dhualgas ar an Stát cabhrú le tuismitheoirí lena gcuid freagrachtaí tógála linbh a chomhlíonadh.

**Toradh:** Tacaíonn idirghabhálacha seachtracha le teaghlaigh agus cumasaíonn siad iad laistigh den phobal. Ní chuirtear leanaí faoi chúram mar bheart gur rogha an díogha é, le sábháilteacht agus leas an linbh a chinntiú.

## Comhionannas

**Prionsabal:** Aithnítear éagsúlacht taithí, chumas, aitheantas agus chultúr na leanaí agus cothaítear laghdú na neamhchomhionannas ar fud T*orthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* mar mheán le feabhas a chur ar thorthaí agus le cuimsitheacht shóisialta mhéadaithe a bhaint amach.

**Toradh:** Tugtar aghaidh ar neamhchomhionannais ar fud gach earnála, sláinte, oideachas agus ceartas san áireamh. Ní bhíonn ar leanaí agus ar a dtuismitheoirí aghaidh a thabhairt ar aon chineál leatroim, beag beann ar iad a bheith ina mbaill de phobal an Lucht Siúil, beag beann ar a gcine, a ndath, a n-inscne, a dtreoshuíomh gnéis, a n-aitheantas inscne, a stádas sibhialta, a dteanga, a gcreideamh, a dtuairimí polaitiúla nó de chineál eile, a mbunús náisiúnta, eitneach nó sóisialta, stádas réadmhaoine, míchumais, breithe nó eile. Bíonn comhionannas rochtana agus rannpháirtíochta ag gach leanbh san anás i dtaca le raon de sheirbhísí poiblí d'ardchaighdeán.

### Le tionchar fianaise agus toradhfhócasaithe

**Prionsabal:** Le bheith éifeachtach, ní mór go mbeadh tionchar ag fianaise ar pholasaithe agus ar sheirbhísí agus iad toradhfhócasaithe.

**Toradh:** Cuirtear riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga i lár báire i dtaca le cinnteoireacht Rialtais. Bunaítear polasaithe agus seirbhísí do leanaí, do dhaoine óga agus dá muintir ar riachtanas aitheanta; téitear i bhfeidhm orthu ag fianaise ó eolas, cleachtas agus taighde; agus fócasaítear ar bhaint amach torthaí de réir caighdeán agus creat ama comhaontaithe ar bhealach dírithe agus costaséifeachtach. Bíonn an próiseas cinnteoireachta agus an bonn oibiachtúil do shocruithe soiléir.

### Cuntasacht agus éifeachtacht acmhainne

**Prionsabal:** Tá meicníochtaí soiléire cur i bhfeidhm, monatóireachta agus cuntasachta i bhfeidhm, chomh maith le línte soiléire freagrachta do sheachadadh, le cur i bhfeidhm polasaí a spreagadh atá tráthúil agus éifeachtach.

**Toradh:** Bíonn gach roinn Rialtais agus gach gníomhaireacht a mhaoinítear go poiblí cuntasach faoi shocruithe a bhaineann le polasaí agus le cleachtas a théann i bhfeidhm ar leanaí agus ar dhaoine óga. Glacann gach roinn Rialtais agus gach gníomhaireacht le freagracht do chinntiú na húsáide is éifeachtaí agus is costaséifeachtaí acmhainní le torthaí níos fearr a chinntiú agus le ceangaltas a léiriú i leith straitéisí fianaisebhunaithe don fheabhsú.

## Na Cúig Thoradh Náisiúnta

Aithníonn Creatlach an Pholasaí *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* cúig thoradh náisiúnta a theastaíonn lenár bhfís do leanaí agus do dhaoine óga a chur chun cinn. Tá ceithre aidhm ag baint le gach toradh (f*éach Figiúr 1*). Tá na torthaí agus na haidhmeanna gaolmhara idirnasctha agus ina lán cásanna treisíonn siad a chéile. Mar shampla, tacaítear go suntasach le Toradh 1 ('Gníomhach agus Sláintiúil') agus le Toradh 2 ('Foghlaim agus Forbairt') nuair a chosnaítear duine ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisialta. Ar an dóigh céanna, nuair a bhíonn timpeallacht bhaile sheasmhach agus ghrámhar ag duine is príomhbhonn é sin le Torthaí 1-5.

Glacann an Chreatlach le cur chuige uilíoch agus dírithe. Bíonn sí ag fócasú ar shuíomh gach linbh agus gach duine óig, agus ag aithint freisin agus ag déanamh tosaíochta de ghrúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste. Aithnítear ann, le comhionannas níos mó torthaí a chothú do chách, go dteastóidh tacaíocht bhreise ó roinnt leanaí agus daoine óga, agus go gcaithfear dul i ngleic le neamhchomhionannais nó dúshláin struchtúrtha áirithe.

I 2004 leag Coiste na NA um Chearta an Linbh amach liosta (neamhchuimsitheach) de ghrúpaí imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste leanaí, lena n-áirítear: '*... cailíní, leanaí atá ag maireachtáil i mbochtanas, leanaí le míchumais, leanaí a bhaineann le grúpaí dúchasacha nó mionlaigh, leanaí ó theaghlaigh imirceacha, leanaí gan chúram tuismitheora, leanaí atá ag maireachtáil in institiúidí, leanaí atá ag maireachtáil le máithreacha i bpríosúin, leanaí ar teifigh iad nó iad ag lorg tearmainn, leanaí atá infhabhtaithe le nó a dtéann VEID/SEIF i bhfeidhm orthu, agus leanaí le tuismitheoirí atá tugtha don ól nó do dhrugaí.*'[44]

Cuireann an Chreatlach san áireamh freisin cumas na leanaí a bhíonn ag forbairt, conas a chomhlíontar a gcuid ceart agus conas a dhéantar freastal ar a gcuid riachtanas. Scrúdaíonn an Chreatlach, mar sin de, ceisteanna a théann i bhfeidhm ar leanbh nó ar dhuine óg ag céimeanna éagsúla a saoil.

Figiúr 1: Creatlach na dTorthaí, le 5 thoradh náisiúnta agus 4 aidhm do gach ceann acu

## FÍS

Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.

## TORTHAÍ NÁISIÚNTA

1. Gníomhach agus sláintiúil, leas fisiciúil agus intinne
2. Ag baint amach lánphoitéinseal i réimsí na foghlama agus na forbartha
3. Sábháilte & cosanta ón dochar
4. Slándáil & deis eacnamaíoch
5. Ceangailte, ardmheas orthu & ag cur lena ndomhan

## AIDHMEANNA:

*Baineann na rudaí seo a leanas le leanaí agus le daoine óga ...*

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 Sláintiúil go fisiciúil agus ag déanamh roghanna sláintiúla dearfacha | 2.1 Ag foghlaim agus ag forbairt ón mbreith | 3.1 Timpeallacht shlán, sheasmhach, ghrámhar bhaile | 4.1 Cosanta ón mbochtanas agus ón gcuimsitheacht shóisialta | 5.1 Tuiscint ar a n-aitheantas féin, saor ó leatrom |
| 1.2 Sláinte mhaith intinne | 2.2 Leas sóisialta agus mothúchánach | 3.2 Slán ón drochíde, ón neamart agus ón dúshaothrú | 4.2 Ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/do dhaoine óga | 5.2 Cuid de líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail |
| 1.3 Cur chuige dearfach agus measúil i leith caidreamh agus sláinte gnéis | 2.3 Páirteach san fhoghlaim | 3.3 Cosanta ón mbulaíocht agus ón leatrom | 4.3 Deiseanna don oideachas agus don oiliúint leanúnach | 5.3 Rannpháirteach go sibhialta, comhfhiosach go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de |
| 1.4 Ag baint suilt as súgradh, áineas, spóirt, ealaíona, cultúr agus an nádúr | 2.4 Ag déanamh gnóthachtála san oideachas | 3.4 Sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta | 4.4 Conairí i dtreo na rannpháirtíochta eacnamaíche agus na maireachtála neamhspleáiche | 5.4 Feasach faoi chearta, freagrach agus meas ar an dlí |

**Bíonn glór agus tionchar ag Leanaí & ag Daoine Óga i ngach socrú a théann i bhfeidhm orthu**

**Scrúdaítear gach toradh tuilleadh i bhFochuid 2** den chuid seo, le príomhthiomantais Rialtais thar an tréimhse go 2020 aitheanta agus le freagrachtaí sannta.

## Na Sé Sprioc Bunathraithe


Le torthaí níos fearr a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga, le líon na leanaí agus na ndaoine óga a mhéadú a mbíonn gnóthachtáil acu ar fud na gcúig thoradh náisiúnta, aithníodh agus rinneadh tosaíocht de roinnt **téamaí leathana nach mór iad a threisiú**. Tugtar Spriocanna Bunathraithe orthu seo már tá siad bunriachtanach do chinntiú go ndéantar polasaithe agus seirbhísí níos éifeachtaí maidir le baint amach torthaí níos fearr. Croífhócas a bheas sna cuspóirí seo don aird chomhchoiteann agus don fheabhsú laistigh de shaolré na Creatlaí Polasaí seo.

Seo a leanas na 6 Sprioc Bhunathraithe aitheanta (*féach Figiúr 2*):

1. Tacú le tuismitheoirí.
2. Idirghabháil níos luaithe agus cosc.
3. Éist le leanaí agus daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach.
4. Seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú.
5. Aistrithe a threisiú.
6. Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta.

Má thugtar aird ar gach ceann de na spriocanna seo spreagfar feabhsú suntasach maidir le caighdeán agus tráthúlacht na tacaíochta a thugtar do leanaí agus do dhaoine óga, agus feabhsófar éifeachtacht agus freagrúlacht an tsoláthair pholasaí agus sheirbhíse. Éilíonn cuid de na cuspóirí athrú cultúrtha, éilíonn cuid eile acu athchothromú acmhainní agus éilíonn cuid eile acu aird ar phleanáil agus cumarsáid níos fearr. Bíonn gach ceann acu tábhachtach maidir le treisiú an chórais tacaí thart ar an leanbh agus an duine óg le torthaí níos fearr a bhaint amach anois agus sa todhchaí.

Figiúr 2: Na 6 sprioc bhunathraithe le cinntiú go mbaineann níos mó leanaí agus daoine óga na torthaí náisiúnta amach




**Scrúdaítear gach sprioc bhunathraithe le tuilleadh mionsonraí i gCuid 1** den chuid seo, le haithint an phríomhchinnidh ó staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* agus cheangaltas Rialtais thar an tréimhse go 2020 agus le sannadh freagrachtaí.

# Fochuid 1: SPRIOCANNA BUNATHRAITHE

1 TACÚ LE TUISMITHEOIRÍ

2 IDIRGHABHÁIL NÍOS LUAITHE AGUS COSC

3 ÉIST LE LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA AGUS IAD A DHÉANAMH

4 SEIRBHÍSÍ D'ARDCHAIGHDEÁN A CHINNTIÚ

5 AISTRITHE ÉIFEACHTACHA A THREISIÚ

6 COMHOIBRIÚ AGUS COMHORDÚ TRAS-RIALTAIS AGUS IDIR-GHNÍOMHAIREACHTA

# 1 Tacú le tuismitheoirí

Is iad na tuismitheoirí príomhchúramóirí na leanaí agus na ndaoine óga. Is féidir le tuistiú éifeachtach baile grámhar, sábháilte a sholáthar; foghlaim agus maireachtáil shláintiúil a spreagadh; forbairt líonraí sóisialta an linbh a chothú; agus tacú le daoine óga le céimeanna a thógáil i dtreo an neamhspleáchais agus na rannpháirtíochta níos mó sa domhan mórthimpeall orthu. Tá cinntiú go dtacaítear le gach tuismitheoir, agus go dtugtar acmhainní dóibh go cuí le cúram a thabhairt dá gcuid leanaí lárnach le cearta gach linbh agus gach duine óig a chur i gcrích, agus le drochíde agus neamart leanaí a chosc. Ceann de na tacaí príomhúla, uilíocha agus is éifeachtaí ar féidir leis an Stát a sholáthar mar chuid de leanúntas na tacaíochta teaghlaigh is ea tacú le tuismitheoirí le tuistiú a dhéanamh go muiníneach agus go dearfach.

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha na Leanaí**

- Ní raibh aon duine dá muintir ina gcónaí go háitiúil ag 35% de mháithreacha naíonán 9 mí d'aois (Tuarascáil Speisialta, 2013).
- Ní raibh aon chabhair, nó ní raibh a ndóthain cabhrach ag 15% de mháithreacha naíonán 9 mí d'aois ó chairde agus óna muintir, agus ní raibh aon mhuintir sa tír ag 6.5% acu (Tuarascáil Speisialta, 2013).
- Bhí sé de chlaonadh ag tuismitheoirí leanaí 3 bliana tuairim dhearfach a bheith acu díobh féin ina ról tuistithe. Dar le rud beag níos lú ná 40% de mháithreacha agus le 27% d'aithreacha gur 'mheántuismitheoirí' iad; mhothaigh mórchuid acu go raibh siad 'níos fearr ná an meántuismitheoir' nó 'an-mhaith' (2013).
- I measc aithreacha naíonán, ceanglaíodh sástacht níos mó ó thaobh an chaidrimh thuismitheora le leibhéil níos lú de strus tuistithe, agus lena sheal sin bhí éifeacht dhearfach aige sin ar a gcuid mothúchán i leith an naíonáin. Lena chois sin, i measc máithreacha agus aithreacha de naíonáin 9 mí d'aois, ceanglaíodh sástacht sa chaidreamh tuismitheora le leibhéil níos ísle coimhlinte agus le leibhéil níos airde dlúthchumainn ina gcaidreamh leis an naíonán (2012).
- Ag aois 3 bliana agus 5 bliana, chuir mórchuid na dtuismitheoirí leibhéil arda grá agus leibhéil ísle coimhlinte sa chaidreamh tuismitheoir-leanbh (2013).
- Tá thart ar 85% de naíonáin i nGrúpa na naíonán ag maireachtáil i dteaghlach le beirt tuismitheoirí, agus tá 78% de leanaí i nGrúpa na leanaí ag maireachtáil i dteaghlach beirt tuismitheoirí. I gcás an dá ghrúpa, athraíodh thart ar 4% de leanaí ó struchtúr tuismitheora amháin go struchtúr teaghlaigh le beirt tuismitheoirí, agus vice versa, le linn na bearna 4 bliana idir amanna bailithe na sonraí (2012).

**Cuireann Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh dualgas ar Stáit meas a léiriú do chearta agus d'fhreagrachtaí tuismitheoirí (Alt 5) agus le tacú leo lena gcuid freagrachtaí tógála linbh (Alt 18).**

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Beagnach gach gné den iarmhairt pholasaí phoiblí ar thoise éigin den toisiú, lena n-áirítear cúram sláinte, oideachas, soláthar tithíochta, dlí fhostaíochta agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
- Is iad na tuismitheoirí an bunús do dhea-thorthaí linbh agus bíonn tionchar suntasach acu orthu, go háirithe i luathbhlianta na leanaí.
- Tábhacht na saoire máithreachais, uchtaithe, tuistithe agus cúramóra maidir le cur ar chumas na dtuismitheoirí bheith in éineacht lena gcuid leanaí sa luath-thréimhse agus ag amanna criticiúla.
- Tá an méid *a dhéanann* tuismitheoirí níos tábhachtaí ná *cé hiad féin*.[45] Bíonn níos mó tionchair ag an tuistiú a chuirtear ar leanaí ar thodhchaí an linbh sin ná saibhreas, aicme shocheacnamaíoch, oideachas nó aon fhachtóir comhchoiteann sóisialta eile.[46]
- Téann fachtóirí maicreacnamaíocha* agus struchtúrtha i bhfeidhm ar chumas duine bheith ag tuistiú, rud a chruthaíonn strus tuismitheora. I measc na bhfachtóirí eile a théann i bhfeidhm ar an gcur chuige tuismitheora tá an tsláinte intinne, an cultúr agus an t-eisiamh sóisialta.
- Is príomhfhachtóirí iad neamart nó drochíde ag tuismitheoir, nó easpa cumais bheith ag tuistiú mar gheall ar mhí-úsáid nó andúil substaintí, míchumas, deacrachtaí sláinte intinne, easpa dídine nó foréigean teaghlaigh a fhágann go gcuirtear leanaí i mbaol, agus go mbíonn an baol ann go gcuirfear isteach sa chóras cúraim iad.
- Is féidir le tacaíocht thuistithe éifeachtach feabhas a chur ar chuid de na hiarmhairtí níos diúltaí den bhochtanas idirghlúine.[47].
- Nasctar timpeallacht thacúil fhoghlama baile go dearfach le luathghnóthachtáil agus le leas na leanaí, agus téann sin i bhfeidhm ar an tsoghluaisteacht shóisialta.
- Is príomheadránaithe iad na tuismitheoirí maidir le hiompair inmhianta sláinte a fhorbairt, agus tacú leo, i measc leanaí agus daoine óga, agus maidir le haghaidh a thabhairt ar iompair neamh-inmhianaithe.
- Teastaíonn tacaíocht ó thuismitheoirí ag gach céim d'fhorbairt linbh, ón tréimhse réamhbhreithe go dtí an luathóige agus ar aghaidh go dtí an ógántacht.

---

* Is ann freisin do bhacainní agus do chumasóirí struchtúrtha agus macraileibhéil (áirítear mar chuid de na cinn mhaicreanamaíocha ioncam, fostaíocht agus dinimic an mhargaidh shaothair, gnéithe déimeagrafacha, sóisialta, cultúrtha, polaitiúla, srl.) ar féidir leo cur isteach ar an leas agus ar an dul chun leasa nó iad a chothú. Tá sé criticiúil aghaidh a thabhairt ar na bacainní breise a mbíonn ar leanaí agus ar theaghlaigh aghaidh a thabhairt orthu atá ag maireachtáil faoi bhochtanas agus taithí an mhíbhuntáiste acu *chomh maith* le feabhas a chur ar chumasóirí do *gach leanbh*.

- Ba chóir go spreagfadh tacaí éifeachtacha tuistithe tuistiú agus cur chuige disciplíne dearfacha. Ba chóir go mbeadh sé cruthaithe go bhfuil na cláir agus na hidirghabhálacha atá in úsáid in ann scileanna, muinín agus cumas tuistithe a mhéadú; feabhas a chur ar leas agus ar iompar na leanaí; agus sult agus sástacht an tuistithe a mhéadú.
- Is féidir go dteastóidh tacaí breise ó roinnt leanaí, leithéidí cúram tuismitheora lánaimseartha, rud ar féidir leis ualach breise a chur ar an teaghlach.
- Bíonn daoine óga áirithe ina dtuismitheoirí iad féin agus is féidir go dteastóidh tacaí breise óna leithéid de 'thuismitheoirí ar déagóirí iad' le go mbeadh teacht acu ar an oideachas, ar an bhfostaíocht agus ar an tithíocht, agus le tacú lena gcuid tuistithe féin.
- Tá sé de fhreagracht ar an Stát, mar thuismitheoir corparáideach do leanaí faoi chúram, cinntiú go ndéantar tosaíocht de thacaí leis na leanaí agus na daoine óga seo a éascú lena lánphoitéinseal a bhaint amach ar fud na gcúig thoradh náisiúnta.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G1.** Ráiteas polasaí ardleibhéil a fhorbairt faoi Thacaíocht Tuistithe agus Teaghlaigh le soláthar na dtacaí tuistithe a ndeachaigh fianaise i bhfeidhm orthu a threorú. Ba chóir go dtabharfadh sé sin aghaidh ar fhachtóirí tuismitheora agus teaghlaigh (m.sh. sláinte intinne agus mí-úsáid substaintí) agus go n-aithneofaí na freagraí a theastaíonn do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail 'i mbaol'. (**RLGÓ**)

**G2.** Pleanáil agus comhordú tacaí tuistithe a chinntiú ag an leibhéal áitiúil trí Choistí Seirbhísí Leanaí. (**Tusla**, RLGÓ, RDCC, FSS, Rialtas Áitiúil)

**G3.** Leanúint air de bheith ag tacú le tuismitheoirí ó thaobh airgeadais de le costais tógála na leanaí trí sholáthar an tSochair Leanaí. (**RCS**)

**G4.** Measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí reatha maidir le saoire mháithreachais agus thuismitheora agus é i gceist breithniú a thabhairt do thabhairt isteach na saoire íoctha atharthachta. (**RDCC**, RLGÓ, RPFN, RCPA)

# 2 Idirghabháil níos luaithe agus cosc

Ciallaíonn cosc agus luathidirghabháil go ndéantar idirghabháil ag luathaois, nó go luath tar éis do na deacrachtaí tosú, nó ag pointí leochaileachta aithnide, leithéidí aistrithe scoile, ógántacht agus tuismitheoireacht.

**Cuireann Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh dualgas ar Stáit bheith ag obair i dtreo chosc an leatroim (Alt 2), drochíde leanaí (Alt 19) agus cineálacha eile dúshaothraithe (m.sh. Ailt 33 agus 34), agus conas oideachas agus seirbhísí cúraim shláinte choiscthigh a fhorbairt (Alt 24). Is minic gur fachtóir cinntitheach í an luathidirghabháil maidir le cur i gcrích chearta na leanaí. Mar shampla, cabhróidh luathidirghabháil rafar a choimeádann leanbh ar scoil lena gceart ar an oideachas a chomhlíonadh (Alt 28) agus is féidir go gcosnófar iad freisin ó mhí-úsáid drugaí (Alt 33) agus ó dhul isteach sa chóras dlí (Alt 40).**

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Bíonn sé d'aidhm ag tionscnaimh coisc agus luathidirghabhála aghaidh a thabhairt ar luath-tháscairí fhadhbanna atá ag teacht chun cinn agus tacú le conair i dtreo thorthaí níos dearfaí, le fócas ar bhriseadh míbhuntáiste idirghlúine.
- Is iad na seirbhísí uilíocha príomhsholáthróirí an choisc agus na luathidirghabhála, mar sin de ní mór go mbeadh seirbhísí Luathbhlianta, scoileanna, seirbhísí óige, pobail agus sláinte cuimsitheach agus inrochtana.
- Is féidir le seirbhísí éifeachtacha uilíocha boinn riachtanacha shóisialta agus mhothúchánacha a thógáil do leanaí atá sna luathbhlianta. Is féidir le hidirghabhálacha dírithe tacú le leanaí i mbaol lena gcuid inniúlachtaí a thógáil, rud a spreagann sláinte níos fearr, gnóthachtáil oideachasúil agus athléimneacht níos mó, rud a théann i bhfeidhm ar thorthaí sa todhchaí, leithéidí sláinte intinne níos fearr, scileanna tuistithe níos fearr agus coiriúlacht óige laghdaithe.
- Bíonn cosc agus luathidirghabháil costaséifeachtach. Iompraítear na costais saolré a bhaineann le deacrachtaí pearsanta, leithéidí luathfhágáil na scoile[48], agus fadhbanna iompair ag raon leathan gníomhaireachtaí, rud a chuireann béim ar an ngá atá ann le cur chuige comhpháirtíochta do phleanáil agus do mhaoiniú seirbhísí coisc agus luathidirghabhála.
- Ós rud é go gcuirtear cuid mhór den choigilteas a fhaightear ó ghníomhartha coisc agus luathidirghabhála i gcrích san fhadtéarma, teastaíonn ceangaltas don phleanáil sa todhchaí agus don anailís costais tairbhe.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G5.** Bheith ag obair i dtreo athchothromú a dhéanamh ar acmhainní le béim níos mó a chur ar an gcosc agus ar an luathidirghabháil. (**RLGÓ**, **RS**, ROS, RDCC, Tusla, FSS)

**G6.** Scrúdóidh an FSS agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach soláthar seirbhíse feabhsaithe réamhbhreithe máithreachais agus forbartha luathóige, ag tógáil ar athbhreithniú na Seirbhísí Altranais Phobail agus forbairtí gaolmhara i dtaca le soláthar tacaíochta teaghlaigh (cuartaíocht bhaile san áireamh[49]), ag ionchorprú na foghlama ó staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* agus ón gClár Coisc agus Luathidirghabhála. (**FSS**, Tusla, RS, RLGÓ)

**G7.** Tacaí tuistithe uilíocha agus dírithe a ndeachaigh fianaise i bhfeidhm orthu a sholáthar agus a choimisiúnú agus luathaithint leanaí agus teaghlach 'i mbaol' a chinntiú le teaghlaigh a threisiú agus le líon na gcásanna a laghdú mar a gcuirtear, agus mar a gcoimeádtar, leanaí faoi chúram. (**Tusla**)

**G8.** Leanúint ar aghaidh le méadú na hinfheistíochta i gcúram agus in oideachas Luathbhlianta d'ardchaighdeán do gach leanbh, ag déanamh tosaíochta de theaghlaigh a bhfuil ioncam íseal acu. An dara Bliain Réamhscoile saor in aisce a thabhairt isteach laistigh de shaolré na Creatlaí seo, nuair a bhaintear amach na caighdeáin cháilíochta a theastaíonn agus, faoi réir ag soláthar na n-acmhainní. (**RLGÓ**, ROS, Tusla, RCS)

**G9.** Seirbhísí uilíocha DT a thabhairt isteach agus leanúint ar aghaidh de bheith ag cur i bhfeidhm Foirne Cúraim Shláinte Phríomhúil, le luathdhiagnóis agus cóir leighis ar an drochshláinte a chothú. (**RS**, FSS)

**G10.** Tacú le hobair óige d'ardchaighdeán, mar fhachtóir cosanta a chuireann le forbairt iomlán an duine óig agus le teagmháil a dhéanamh le daoine óga atá i mbaol coiriúlachta nó iompair fhrithshóisialta. (**RLGÓ**)

**G11.** Oiliúint agus breisoiliúint ghairmeach trasna shuíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le bheith in inmhe ábhar ceisteanna leasa leanaí agus sláinte intinne a aithint, agus le tacaíocht choisctheach agus luathidirghabhála a sholáthar. (**RLGÓ**, RS, ROS, Tusla, FSS)

**G12.** Príomhfhachtóirí riosca a phróifíliú do dhrochthorthaí do leanaí agus do dhaoine óga agus uirlisí cleachtais a fhorbairt le cabhrú le gairmigh leis na rioscaí seo a aithint agus –ag obair i gcomhar leis na teaghlaigh – lena maolú. (**RLGÓ**, ROS, RS, Tusla, FSS)

**G13.** An Clár Luathóige Limistéarbhunaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar iarmhairt an bhochtanais leanaí agus le feabhas a chur ar thorthaí linbh i 10 gcinn nó níos mó de limistéir mhíbhuntáiste agus an fhoghlaim ón gclár a phríomhshruthú go seirbhísí ar fud na tíre. (**RLGÓ**, RSS, RS, CFPÁ)

# 3 Éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach

Is bunphróiseas cuimsitheachta sóisialta é éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach, próiseas trínar féidir le leanaí agus le daoine óga bheith cumasaithe le bheith ina bpáirtithe gníomhacha maidir leis na socruithe sin a théann i bhfeidhm ar a saol agus bheith ina saoránaigh gníomhacha is atá cuimsithe go sóisialta.

Prionsabal ginearálta de chuid Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh ná nach mór tuairim an linbh a chur san áireamh agus breithniú a dhéanamh air i ngach ceist a bhaineann leis nó léi, de réir a n-aoise nó a n-aibíochta (Alt 12). Éilíonn torthaí níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga go n-éistfí leo agus go mbeidís páirteach i ngach socrú a théann i bhfeidhm orthu.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá sé de cheart ag leanaí agus ag daoine óga go n-éistfí lena nglór maidir le socruithe a théann i bhfeidhm orthu, go haonánach agus go comhchoiteann.
- An tábhacht a bhaineann le leanaí agus le daoine óga bheith in ann cinntiú go n-éistear lena nglór maidir le socruithe a dhéantar ina bpobal áitiúil, ina gcuid scoileanna agus sa chóras oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta níos leithne.
- An tábhacht a bhaineann le leanaí agus le daoine óga bheith in ann cinntiú go n-éistear lena nglór maidir le socruithe a théann i bhfeidhm ar a saol maidir leis na seirbhísí sláinte agus sóisialta sin a sheachadtar dóibh, agus go n-éistfí lena nglór sna Cúirteanna agus sa chóras dlí.
- Ón mbreith ar aghaidh, bíonn cumas forbartha ag leanaí bheith rannpháirteach sna socruithe sin a théann i bhfeidhm orthu agus bíonn príomhról ag aosaigh maidir le cumasú agus le héascú éisteachta a nglóir.
- Is é atá i gceist le tacú le leanaí iad féin a chur in iúl ná forbairt, ó luathaois, chumas an linbh machnamh a dhéanamh, mar shaoránaigh criticiúla san am i láthair chomh maith leis an todhchaí.
- Mar gheall ar loiceadh i dtaca le héisteacht le leanaí agus le daoine óga san am atá thart d'eascair loiceadh maidir lena gcosaint ó dhrochíde agus ó neamart.
- Is próiseas í an rannpháirtíocht, bealach oibre a dhéanann leanaí agus daoine óga rannpháirteach i dtaca le ceisteanna a bhaineann leo, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann. Léiríonn an próiseas féin meas do dhínit na leanaí agus na ndaoine óga agus an méid is féidir leo a chur le rudaí, bunaithe ar a dtaithí agus ar a bpeirspictíocht shuaithinseach féin.

- Bíonn i gceist le cothú rannpháirtíocht na leanaí agus na ndaoine óga sa chinnteoireacht go bpléifí go dáiríre lena gcuid tuairimí agus barúlacha agus go dtabharfaí aitheantas agus freagra cuí orthu.
- Bíonn sé níos deacra teagmháil a dhéanamh le leanaí 'nach n-éistear leo ach go hannamh' (m. sh. leanaí le míchumais) agus éisteacht leo, ach bíonn a nglór siúd chomh tábhachtach céanna agus teastaíonn oiriúntais agus tacaí áirithe le cinntiú go n-éistear lena nglór.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G14.** Dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga maidir le polasaithe agus le ceisteanna a théann i bhfeidhm ar a saol. (**RLGÓ**, gach eagraíocht)

**G15.** Polasaí Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht le hiarrachtaí a threisiú le cinntiú go n-éistear le glór leanaí agus daoine óga, agus go dtacófaí leo chuige sin, maidir le gach ceist a théann i bhfeidhm orthu agus go dtabharfaí aird chuí ar a gcuid tuairimí, tuairimí na leanaí sin 'nach n-éistear leo ach go hannamh' san áireamh.[50] (**RLGÓ**, gach eagraíocht)

**G16.** Rannpháirtíocht a threisiú sa chinnteoireacht don tsláinte agus don leas ag leibhéal an phobail. (**FSS**, Tusla, Rialtas Áitiúil agus eagraíochtaí ábhartha eile) *Toradh 1*

**G17.** Meicníochtaí a chruthú le deis a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga go n-éistfí lena nglór i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus i lárionaid oideachais trí mheán Chomhairlí na Mac Léinn nó trí mheicníochtaí aoisoiriúnacha eile. (**ROS**, RLGÓ) *Toradh 2*

**G18.** Meicníochtaí a chruthú le deis a thabhairt do leanaí go n-éistfí lena nglór in imeachtaí dlí a théann i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear trí mheán ionadaithe neamhspleácha nuair is cuí sin.[51] (**RDCC**, RLGÓ) *Toradh 3*

**G19.** Leanaí agus daoine óga atá faoi chúram a éascú le rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu i bpleanáil agus i gcinnteoireacht a gcúraim, trí oiliúint agus tacaíocht na ngairmeach san áireamh. (**Tusla**, RLGÓ) *Toradh 3*

**G20.** Cinntiú go gcuirtear na tuairimí sin a thugann leanaí agus daoine óga i bhfóraim rannpháirtíochta agus i gcomhairliúcháin, go gcuirtear san áireamh iad ag an bpróiseas foirmeálta polaitiúil agus ceaptha pholasaí, agus go dtugtar aiseolas do na daoine óga i gcónaí lena seal. (**RLGÓ**)

**G21.** Mol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga a bhunú le tacú le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí Náisiúnta faoi Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht. (**RLGÓ**)

# 4 Seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú

Tugann tacaí agus seirbhísí éifeachtacha d'ardchaighdeán aghaidh ar raon iomlán riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga; soláthraítear iad i suíomhanna atá cairdiúil do leanaí/daoine óga agus seachadtar iad ar bhealaí a fhágann go mbíonn siad inrochtana ag gach leanbh agus duine óg.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Léiríonn an fhianaise, le go mbeadh seirbhísí d'ardchaighdeán agus éifeachtach, nach mór dóibh:
    - bheith dírithe ar thorthaí agus fianaise ag dul i bhfeidhm orthu;
    - aghaidh a thabhairt ar ghnéithe iomadúla riachtanais, bheith dian go leor le bheith éifeachtach agus bheith ag tógáil ar bhuanna agus iad ag cumasú teaghlach;
    - bheith ag obair leis an leanbh nó leis an duine óg mar dhuine aonair agus mar chuid de theaghlach agus de phobal;
    - bheith fréamhaithe sa phobal agus ag obair i gcomhar leis, agus ceangaltas láidir aige i leith na rannpháirtíochta agus bheith rannpháirteach go gníomhach le leanaí, le daoine óga, agus le teaghlaigh;
    - bheith seachadta ag foireann agus ag deonaigh atá dea-oilte agus tacaíocht á fáil acu;
    - córais dearbhaithe cáilíochta éifeachtacha a bheith i bhfeidhm;
    - ceannasaíocht láidir acu chomh maith le struchtúir agus cultúr eagraíochtúla chuí, agus treoir shoiléir straitéiseach;
    - feidhmiú agus comhoibriú gníomhach agus cumarsáid idirghníomhaireachta a bheith ann.
- An tábhacht a bhaineann le teacht thráthúil agus inacmhainne a bheith ag leanaí agus daoine óga ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus ag daoine le míchumas ar sheirbhísí agus ar thacaí cuimsitheacha d'ardchaighdeán.
- Is féidir go mbeidh deacrachtaí ar leith ag leanaí agus ag daoine óga i bpobail tuaithe agus i bpobail oileáin maidir le teacht a bheith acu ar sheirbhísí.
- An gá atá ann le freagracht chomhchoiteann agus roinnte do leas agus do chosaint leanaí ar fud na ngairmeacha ar fad a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga, agus go mbíonn iarmhairt shuntasach ag tiomantas gairmigh aonair don leanbh/duine óg maidir leis na torthaí a bhaintear amach, agus iad curtha in iúl trí chaighdeán a gcuid idirghníomhaíochtaí agus a gcuid gairmiúlachta.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G22.** Seirbhísí éifeachtacha tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a bhaint amach trí bhunú na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus cur i bhfeidhm na Creatlaí Náisiúnta Seachadta Seirbhíse do sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí, le tairseacha comhaontaithe agus bearta toraidh. (**RLGÓ**, Tusla) *Toradh 3*

**G23.** Athbhreithniú a dhéanamh ar scóip fheidhmeanna na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ag cur san áireamh moltaí Tuarascáil an Tascfhórsa um an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh[52] agus taithí ó oibriúcháin tosaigh na Gníomhaireachta. (**RLGÓ**, RS, Tusla, FSS)

**G24.** Oibriú i dtreo chur chuige measúnachta comhchoitinne laistigh de gach gníomhaireacht a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga agus cinntiú go dtugtar faoi, nuair a theastaíonn sin, gach socrú i dtaca le leanaí faoi chúram ar bhealach tráthúil agus cuimsitheach. (**Tusla**, FSS, ROS, RLGÓ, RS)

**G25.** Leanúint ar aghaidh le feabhsú chaighdeán agus thráthúlacht na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga, ag cinntiú go mbíonn cláir agus seirbhísí státmhaoinithe toradhfhócasaithe agus gur féidir leo léiriú go soiléir go bhfuil siad in ann torthaí a fheabhsú. (RLGÓ, RS, ROS, RCS, DECLG, HSE, Tusla)

**G26.** Cinntiú go ndéanann lucht pleanála, coimisinéirí agus cláir mhaoinithe sláinte agus sóisialta tosaíocht de chláir phobalbhunaithe do na daoine sin is mó atá i mbaol, a bhfuil na difríochtaí is mó ag cur as dóibh agus leis an deis is mó d'iarmhairt agus do phríomhshruthú.[53] (**RS**, RLGÓ agus eagraíochtaí ábhartha eile) *Toradh 1*

**G27.** Tacú le monatóireacht agus le lánchur i bhfeidhm Caighdeán Náisiúnta maidir le leanaí (seirbhísí leanaí agus teaghlaigh, seirbhísí sláinte agus míchumais, luathbhlianta, oideachas agus obair óige). (RLGÓ, RS, ROS, RDCC)

**G28.** Tacú le hiniúchadh neamhspleách agus tuairisciú poiblí ag comhlachtaí ar nós ÚFCS agus Tusla, ag cinntiú comhlíonta le Caighdeáin Náisiúnta i seirbhísí leanaí, leithéidí cosaint leanaí, cúram altrama, cúram cónaithe, míchumas, scoileanna coimeádta agus réamhscoileanna. (RLGÓ, Tusla, RS, FSS, ÚFCS).

**G29.** Caighdeáin agus oiliúint d'ardchaighdeán a fhorbairt do gach gairmeach a bhíonn ag obair go díreach le leanaí agus le daoine óga, ag cinntiú fórsa saothair atá ardoilte, tacaithe agus ailínithe go gairmiúil. (RLGÓ, RS, ROS, FSS, Tusla)

**G30.** Tacú le cleachtóirí luathóige, le múinteoirí agus le hoideachasóirí* trí sholáthar na forbartha leanúnaí gairmiúla, bunú líonraí piarfhoghlama agus forbairt ghníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht nua go héifeachtach. (**ROS**, RS, RLGÓ, FSS, Rialtas Áitiúil) *Toradh 2*

**G31.** Seirbhísí a athchumrú do leanaí le míchumais faoi 18 mbliana de réir clár náisiúnta na FSS faoi 'Chur chun Cinn na Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (0-18)'. (**RS**, FSS). *Toradh 1*

**G32.** Seirbhísí poiblí níos fearr agus níos costaséifeachtaí a sheachadadh trí úsáid níos mó de mhúnlaí comhroghnacha nó nuálaíocha seachadta sheirbhíse. (**RCPA**, gach eagraíocht)



* Tagraíonn oideoirí do na hearnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, Youthreach san áireamh.

# 5 Tacú le haistrithe éifeachtacha

Bíonn leanaí agus daoine óga ag tabhairt aghaidhe ar roinnt príomhaistrithe mar chuid dá n-aistear ón luathóige chuig an aosacht – ón bhaile go suíomh na luathbhlianta, ón réamhscoil chuig an mbunscoil[54], ón mbunscoil chuig an iarbhunscoil, ag fágáil na scoile agus ó mhaireachtáil laistigh de theach an teaghlaigh go maireachtáil leo féin nó le daoine eile. Is féidir go mbeidh roinnt leanaí ag aistriú ó mhaireachtáil sa bhaile go maireachtáil i suíomh cúraim agus iad ag imeacht ón suíomh cúraim sin ansin (lárionad míchumais, cúram altrama nó cónaithe nó coinneáil). Is féidir go mbeidh daoine eile ag aistriú ó sheirbhísí sláinte nó sláinte intinne do leanaí do na seirbhísí céanna do dhaoine fásta. Buntacaítear na haistrithe seo ag forbairt a n-ionannais féin, agus is féidir iad a threisiú ar an tslí sin freisin, (Toradh 5, Aidhm 5.1) agus tuiscint dhearfach ar leas an duine (Toradh 2, Aidhm 2.2).

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Bíonn taithí ag roinnt leanaí agus daoine óga de na haistrithe seo a bhíonn díchobhsaitheach agus a chuireann coscairt orthu.
- Is féidir grúpaí leochaileacha leanaí a chur níos mó i mbaol le linn amanna aistrithe.
- Is féidir le pleanáil do agus soláthar tacaíochta comhordaithe ag príomhamanna aistrithe cabhrú le torthaí níos fearr a chinntiú, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha leithéidí grúpaí le sainriachtanais, míchumas nó a bhí faoi chúram nó faoi choinneáil.
- Luach líonraí sóisialta láidre forbartha trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí óige, spóirt agus cultúrtha le cobhsaíocht a sholáthar in amanna aistrithe, rud atá tábhachtach go háirithe do dhaoine óga leochaileacha.
- Is am é an t-aistriú ón mbunscoil chuig an iarbhunscoil nuair a tharlaíonn trí chineál aistrithe55 –agus leanaí ag dul i ngleic leis an aistriú ón luathóige chuig an ógántacht, ó chomhthéacs institiúideach amháin go ceann eile le rialacháin éagsúla, le héilimh agus le hionchais mhúinteora, agus an t-aistear ó ghrúpaí sóisialta seanbhunaithe go caidrimh shóisialta nua.
- Tábhacht an aistrithe ón oideachas iarbhunscoile chuig an ardoideachas, an oiliúint nó an fhostaíocht.
- An dúshlán dá lán daoine óga le míchumas de bheith ag aistriú ón maireachtáil chuig an maireachtáil neamhspleách.
- Na dúshláin atá os comhair a lán daoine óga agus iad ag imeacht ón gcúram. Cheal dea-phleanála, is féidir leis an aistriú seo bheith dian agus tobann, le baol níos airde eisiaimh shóisialta agus ráta níos airde easpa dídine i measc daoine óga ná mar a tharlaíonn le comhaosaigh nach raibh faoi chúram. Bíonn aistrithe rafara ón gcúram ag brath ar thaithí réamhchúraim, caighdeán agus cobhsaíocht na taithí cúraim, agus caighdeán na dtacaí pleanála agus iarchúraim.[56]

- An dúshlán dá lán daoine óga agus iad ag aistriú ón gcoinneáil chuig an bpobal, ag cur san áireamh an baol méadaithe go mbeidh siad ag déanamh cionta arís agus go mbeidh siad gan dídean.
- Éilíonn aistrithe éifeachtacha níos mó pleanála chun tosaigh agus:
  - comhordú níos fearr na dtacaí agus na seirbhísí atá ar fáil;
  - comhoibriú níos fearr idir ghairmigh;
  - aistrithe céimnithe níos fearr, nuair is cuí sin.
- Tá sé costéifeachtach agus leasmhar do na daoine féin bheith ag tacú le haistrithe éifeachtacha.[57]

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G33.** Fócas níos láidre a thabhairt d'aistrithe éifeachtacha, go háirithe laistigh den oideachas, sláinte, leas leanaí agus seirbhísí ceartais i leith an aosa óig. (**RLGÓ**, ROS, RS, RDCC)

**G34.** Taighde a dhéanamh faoi agus glac le straitéisí le haistrithe a threisiú tríd an gcóras oideachasúil (chuig an leibhéal bunscoile, ón mbunscoil chuig an dara leibhéal, ón dara leibhéal chuig an ardoideachas nó an breisoideachas, fostaíocht nó i gcás lucht luathfhágála na scoile, chuig Youthreach), lena n-áirítear comhsheasmhacht an chur chuige churaclaim, naisc scoile agus cothú cleachtas in-scoile leithéidí bheith ag glacadh le cláir thacaíochta idir chomhaosaigh. (**ROS**) *Toradh 2*

**G35.** Deiseanna a mhéadú le go mbeadh daoine óga á bhfostú trí chothú dheiseanna taithí oibre ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal. (**ROS**, RCS) *Toradh 4*

**G36.** Na haistrithe idir sheirbhísí do leanaí agus d'ógánaigh agus na seirbhísí d'aosaigh i réimsí na seirbhísí sláinte fisiciúla agus intinne. (**RS**, FSS) *Toradh 1*

**G37.** Cinntiú go ndéantar gach duine óg atá ag imeacht ó shuíomhanna cúraim, coinneála nó míchumais chónaithe a ullmhú go sásúil agus go dtacaítear leo leis an gcóras a láimhseáil agus le haistriú go maireachtáil sheasmhach neamhspleách, breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht trí fhorbairt agus trí chur i bhfeidhm plean iarchúraim d'ardchaighdeán agus forbairt phrótacal maidir le teacht ar thithíocht, oideachas agus oiliúint.[58] (**RLGÓ**, Tusla, RS, FSS, RCPRÁ) *Toradh 4*

# 6 Comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta

Is creatlach í seo don Rialtas ar fad, agus bainfear a breisluach ó chomhoibriú agus ó chomhordú níos mó ar fud an Rialtais, go náisiúnta agus go háitiúil. Is téama lárnach do na chéad 7 mbliana eile é fócas ar chur i bhfeidhm. Is é an dúshlán atá ann ná cleachtas a dhéanamh den pholasaí agus dul i bhfeidhm ar an gcleachtas le fianaise an méid a n-éiríonn leis.

Tá torthaí níos fearr, úsáid níos éifeachtaí acmhainní agus sástacht fheabhsaithe i measc tuismitheoirí, leanaí, daoine óga agus gairmeach ar chuid de na leasanna a bhaineann le bheith ag obair le chéile agus bheith ag cur riachtanais an linbh nó an duine óig i lár báire.

Ceann de na heilimintí lárnacha do chumasú chur i bhfeidhm na Creatlaí seo ná comhoibriú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta, a théann go cothrománach ar fud na ndaoine, an infrastruchtúir, na fianaise agus na hanailíse sonraí, agus maoiniú agus airgeadas, chomh maith le dul go ceartingearach, ón leibhéal náisiúnta chuig an leibhéal áitiúil. Teastaíonn gníomhartha ar fud na dtoisí seo ar fad le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chur i bfeidhm.

| COMHOIBRIÚ AGUS COMHORDÚ TRAS-RIALTAIS AGUS IDIRGHNÍOMHAIREACHTA | | | |
|---|---|---|---|
| DAOINE | INFRASTRUCHTÚR | FIANAISE AGUS ANAILÍS SONRAÍ | MAOINIÚ AGUS AIRGEADAS |

Aithníonn an Rialtas go dteastaíonn na rudaí seo a leanas le comhordú agus comhoibriú tras-Roinne agus idir-ghníomhaireachta a sheachadadh:

- ceannasaíocht, infheistíocht i ndaoine, athrú cultúir agus forbairt an fhórsa shaothair;
- nascadh infrastruchtúir, eagraíochtaí agus córas ar fud teorainneacha traidisiúnta;
- fianaise agus anailís sonraí, roinnt fhaisnéise agus rianú náisiúnta torthaí;
- giaráil éifeachtach na n-acmhainní atá ar fáil i dtreo an méid a oibríonn agus i dtreo riachtanais aitheanta dhírithe.

## Daoine

Baineann athrú iompar le daoine. '*Is ionann cur i bhfeidhm agus athrú comhordaithe ag leibhéal an chórais, na heagraíochta, an chláir agus an chleachtais … Is é buneilimint an chur i bhfeidhm ná athrú iompair.*'[59] Éilíonn an t-athrú ceannasaíocht, cultúr athraithe agus forbairt an fhórsa shaothair.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Le hathrú a chur i gcrích teastaíonn ceannasaíocht shuntasach ag gach leibhéal den chóras, go háitiúil agus go náisiúnta, go polaitiúil agus go gairmiúil. Teastaíonn 'seaimpíní' inmheánacha agus seachtracha chomh maith le rólchuspaí. Ní mór go roinnfeadh na ceannairí seo fís den mhéid a bheas i gceist le fís do sheirbhísí agus tacaí feabhsaithe do leanaí agus do dhaoine óga.
- Tá rannpháirtíocht ghníomhach na ngairmeach féin, iad ag obair trasna teorainneacha gairmiúla, bunriachtanach le haghaidh a thabhairt ar fheabhsuithe sna córais, sna próisis agus sa chinnteoireacht.
- Ní mór do pholaiteoirí, lucht déanta polasaí, oideoirí, gairmigh sláinte, oibrithe óige, na Gardaí, na breithiúna agus na dlíodóirí, na hoibrithe sóisialta agus gach duine a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga, ní mór dóibh:
    - bheith ag comhoibriú trasna teorainneacha;
    - cultúr a chruthú a léiríonn meas do agus a chuireann chun cinn cearta an linbh;
    - leanaí agus daoine óga a dhéanamh páirteach agus dul i gcomhairle leo;
    - cultúr cuntasachta a fhorbairt le torthaí a bhaint amach.

  Éilíonn sin go mbeadh gach duine ag obair agus ag smaoineamh ar bhealach difriúil.
- Cuirtear torthaí níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga i gcrích trí chaighdeán na ndaoine a bhíonn thart timpeall ar an leanbh nó ar an duine óg. Leis an athrú cultúir a chur i gcrích a shracrianaítear thuas teastaíonn bealaí nua oibre, ní mór tacú le ceannairí ar fud an chórais agus cinntiú go mbíonn na gairmigh agus na deonaigh a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga oilte, spreagtha agus meas ag daoine ar a luach.
- Tábhacht fhórsa shaothair atá oiriúnach don fheidhm, le naisc láidre le coláistí cáilitheacha.
- Is cuid de chlár oibre iomlán athchóirithe do na seirbhísí poiblí agus do na seirbhísí sin a fhaigheann maoiniú poiblí é oibriú feabhsaithe tras-Rialtais do leanaí agus do dhaoine óga. Is príomhfhoinsí spreagtha iad Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí 2014-2016 agus Tionscnamh Athnuachana na Státseirbhíse den chlár athchóirithe iomlán Rialtais seo agus cuirfidh cur i bhfeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* leis an gclár athchóirithe níos leithne seo le go saothrófar é.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta:** Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G38.** Tacú le forbairt chlár oiliúna idirdhisciplíneacha agus idirghairmiúla a spreagann an cheannasaíocht agus comhoibriú do ghairmigh a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga ar fud raon an tseachadta sheirbhíse. (**RLGÓ**, Tusla, RS, FSS, ROS, RDCC)

**G39.** Plean forbartha ildhisciplíneach fórsa shaothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe do gach gairmeach a bhíonn ag obair le leanaí agus le teaghlaigh, foireann laistigh den Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus príomhghairmigh eile san áireamh, lena n-áirítear gairmigh Luathbhlianta agus gairmigh dlí.[60] (**RLGÓ**, Tusla, FSS, ROS, RDCC)

**G40.** Comhoibriú le hollscoileanna le cinntiú go mbíonn lánoilte le tabhairt faoin gcleachtas tar éis taithí a bheith acu ar shocrúcháin d'ardchaighdeán do mhic léinn iarchéime. (**Tusla**)

**G41.** An tionscadal riachtanach a thógáil agus cumais bhainistithe a athrú leis an gCreatlach seo a chur i bhfeidhm. (**RLGÓ**)

**G42.** Straitéis Fhorbartha Cheannasaíocht Shinsearach na Seirbhíse Poiblí, 2013-2015[61] a chur i bhfeidhm laistigh den státseirbhís agus na tionscnaimh seo a leathnú chuig leibhéil shinsearacha na seirbhíse poiblí níos leithne, ag tabhairt aird ar leith do na deiseanna is na dúshláin a bhaineann le hoibriú tras-Rialtais. (**RCPA**, gach eagraíocht)

**G43.** Cultúr na feidhmíochta a threisiú laistigh den tseirbhís phoiblí trí fheabhsú leanúnach na gcóras bainistithe fheidhmíochta agus bainistiú na tearcfheidhmíochta. (**RCPA**, gach eagraíocht)

**G44.** Soláthar oiliúna seirbhíse custaiméara a chothú do phríomhfhoireann líne tosaigh i ngach comhlacht poiblí. (**RCPA**, gach eagraíocht)

## 6.2 Infrastruchtúr

Ní féidir ligean do theorainneacha fisiciúla eagraíochtúla bheith ina gconstaicí cur i bhfeidhm. Cumasaítear comhordú agus comhtháthú níos fearr polasaí agus seirbhísí trí infrastruchtúr tacúil atá comhtháite nó a cheanglaíonn, sa tslí gur féidir leis cleachtas oibre a threisiú agus an leanbh nó an duine óg a chur i lár báire.

Tá a lán de na struchtúir a theastaíonn le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí á bhforbairt, á gcruthú nó á n-athchóiriú. Áirítear ann an Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, a bunaíodh go foirmeálta i Mí Eanáir 2014, agus Coistí Seirbhísí Leanaí (CSL), a bunaíodh i 16 limistéar Údaráis Áitiúil le príomhghníomhaireachtaí a thabhairt le chéile le bheith ag tabhairt faoi chomhphleanáil agus faoi chomhordú seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Cuirfidh na CSL leis an bpolasaí náisiúnta agus rachaidh siad i bhfeidhm air i dtaca le leanaí agus daoine óga, agus soláthróidh siad bealach scaipthe náisiúnta

don pholasaí, don chleachtas roinnte, do thacaí foghlama agus éifeachtacha. Tá forbairtí suntasacha ar siúl maidir le leas agus coimirce leanaí, lena n-áirítear cur i bhfeidhm threoir náisiúnta Leanaí ar dTús agus forbairt mhúnla seachadta sheirbhíse nua a bhfuil an Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i gceannas air. Tá sé ríthábhachtach le go mbeadh rath ar na struchtúir nua seo go ndéanfaí oibriú comhordaithe agus comhtháite a leabú. Ní mór do bhuiséid agus do chuntasachtaí iompar comhtháiteach, comhoibritheach a threisiú agus a chur chun cinn.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G45.** Acmhainní a thabhairt don Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le clár oibre na n-athruithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus le torthaí níos fearr a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga. (**RLGÓ**, RS, RCPA)

**G46.** Glacadh le cur chuige éifeachtach idirghníomhaireachta i dtaca le cásanna leas agus chosaint na leanaí, ag bunú prótacal faisnéise agus comhordaithe (prótacail Dochar faoi Cheilt san áireamh) idir na gníomhaireachtaí sin a bhíonn ag freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga agus seirbhísí dírithe ar aosaigh – le haghaidh andúile, foréigin teaghlaigh agus sláinte intinne. (**RLGÓ**, RS, ROS, FSS, Tusla, eagraíochtaí ábhartha eile) *Toradh 3*

**G47.** Cur i bhfeidhm náisiúnta Choistí Seirbhísí Leanaí (CSL) ar bhealach comhordaithe, á gceangal leis an Rialtas Áitiúil agus leis Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. (**RLGÓ**, Tusla, CFPÁ, Rialtas Áitiúil)

**G48.** Creatlach chomhaontaithe acmhainnithe a chur i bhfeidhm do na CSL, ag tarraingt ar thacaíocht airgeadais ar ann di cheana ón Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ón Rialtas Áitiúil agus ón RLGÓ. (**RLGÓ**, Tusla, Rialtas Áitiúil)

**G49.** Seirbhísí comhtháite nó 'molanna' a bhunú do leanaí agus do dhaoine óga ag leibhéal an phobail, (samplaí de seo ná Clinicí Cúraim Phríomhúil, Lárionaid Tacaíochta Teaghlaigh/Acmhainne agus Lárionaid Sláinte Intinne do Dhaoine Óga Jigsaw) agus, nuair is cuí sin, seirbhísí sláinte agus teiripeacha a thabhairt isteach sna scoileanna. (**RS**, RLGÓ, FSS, Tusla, Rialtas Áitiúil) *Toradh 1*

**G50.** Tógáil ar an dea-chleachtas ar ann dó cheana thart ar bhraisliú scoileanna le rochtain níos fearr ar thacaí oideachasúla a chumasú, go háirithe do leanaí a bhfuil sainriachtanais oideachasúla acu, agus scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal d'fhorbairt bhreise shocruithe braislithe, le naisc níos mó a spreagadh idir scoileanna agus seirbhísí pobail agus Stáit, infrastruchtúr roinnte san áireamh. (**ROS**, RS, FSS, Tusla, Rialtas Áitiúil) *Toradh 2*

**G51.** Bunú CFPÁ nua i ngach contae/cathair, rud a thugann cur chuige níos straitéisí, níos ceangailte i leith na forbartha áitiúla agus pobail. (**RCPRÁ**)

**G52.** Struchtúir phleanála agus chinnteoireachta a chuíchóiriú ag an leibhéal áitiúil, CSL san áireamh, le bheith comhsheasmhach le hathchóirithe earnála poiblí an Rialtais, agus go sonrach le hailíniú an Rialtais áitiúil agus na CFPÁ. (**RLGÓ**, Tusla, Rialtas áitiúil, RCPRÁ)

**G53.** Struchtúir a athbhreithniú do sheachadadh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta neamhghéara, ag cur san áireamh teorainneacha riaracháin Údaráis Áitiúil san áireamh. (**RS**, FSS) *Toradh 1*

## 6.3 Anailís fhianaise agus sonraí

Is ionchur criticiúil é taithí mhaireachtála na leanaí agus na ndaoine óg a thuiscint le dul i bhfeidhm ar pholasaí, ar chleachtas agus ar acmhainniú. Bealach tábhachtach é le héifeachtacht an pholasaí a sheiceáil is ea fios a bheith againn conas atá ár gcuid leanaí agus daoine óga ag forbairt (agus conas atá ag éirí leo i dtaca le comhaosaigh idirnáisiúnta). Rinneadh cuid mhór dul chun cinn le deich mbliana anuas le freastal a dhéanamh ar an mbearna fhaisnéise maidir le saol na leanaí agus na ndaoine óga in Éirinn, trí na rudaí seo a leanas:

- cur i bhfeidhm na *Straitéise Náisiúnta do Thaighde agus do Shonraí faoi Shaol na Leanaí, 2011-2016*;
- foilsiú dara gach bliain den tuarascáil *Staid Leanaí na Náisiún* faoi leas na leanaí;
- staidéar A*g Fás Aníos in Éirinn: Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha faoi Leana*í, a sholáthraíonn an dúrud faisnéise faoi thaithí mhaireachtála na leanaí;
- suirbhé bliantúil POS/AE *Suirbhé faoi Choinníollacha Ioncaim agus Maireachtála* (EU-SILC), go háirithe na modúil théamacha faoi dhíothacht a bhaineann go sonrach le leanaí;
- Ardán Infheistiú Leanaí na hEorpa (AILE).

Tá sé ríthábhachtach toilleadh anailíseach a thógáil agus sonraí a thuiscint. Is féidir lena lán páirtithe leasmhara, leanaí agus teaghlaigh san áireamh, cur le polasaí a dtéann fianaise i bhfeidhm air, rud a thacóidh le tacaíocht do spreagadh chur i bhfeidhm. Tá sé tábhachtach tuiscint ní hamháin an méid 'a oibríonn', ach cén fáth a n-oibríonn sé, cá huair, cá háit agus cé leis.

Is í an chéad chéim ríthábhachtach eile ná bailiú, comhordú agus úsáid níos fearr de shonraí fíorama le dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht, ar phleanáil, ar acmhainniú agus ar pholasaí. Le húsáid níos fearr sonraí, beimid in ann bheith níos freagrúla i dtaca le déimeagrafaic atá ag athrú agus i dtaca le riachtanais éiritheacha, agus beimid in ann cinntiú go mbíonn an chinnteoireacht bunaithe ar an bhfianaise. Má dhéantar foghlaim a chumasc ó staidéir thaighde a chuirtear i gcrích in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoin méid 'a oibríonn' (agus na tosca sin ina n-oibríonn) ba chóir go mbeifí in ann úsáid níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a dhéanamh d'acmhainní agus torthaí níos fearr a spreagadh do leanaí agus do dhaoine óga.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta**: Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G54.** Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna roinnte faisnéise ar fud earnálacha agus comhtháthú chóras sonraí a threisiú, lena n-áirítear, nuair is cuí sin, úsáid an aitheantais seirbhíse poiblí do leanaí le tacú le húsáid níos mó sonraí le dul i bhfeidhm ar pholasaí, pleanáil agus forbairt seirbhíse. (**RCPA**, RLGÓ, RS, ROS, RCS, FSS, Tusla)

**G55.** Prótacail fhaisnéise a fhorbairt le cabhrú le roinnt faisnéise, nuair is cuí sin, maidir le leanaí áirithe atá leochaileach agus i mbaol. (**RLGÓ**, ROS, RS, OCCS, RDCC, AGS, Tusla)

**G56.** Tacar cuimsitheach táscairí a fhorbairt le tacú leis an gCreatlach agus le dul chun cinn a rianú ar fud aidhmeanna gach cinn de na 5 réimse náisiúnta. (**RLGÓ**, RS, ROS, RCS, RCPRÁ)

**G57.** Sonraí agus táscairí a dhí-chomhbhailiú de réir tréithe tábhachtacha déimeagrafacha le ceapadh polasaí fianaisebhunaithe, cur i bhfeidhm agus monatóireacht fheabhsaithe a cheadú, agus i dtaca le seachadadh seirbhísí.[62] (**RLGÓ**, POS, RCPA)

**G58.** *Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí faoi Shaol na Leanaí, 2011-2016* a chur i bhfeidhm (**RLGÓ**, eagraíochtaí ábhartha eile)

**G59.** Ireland Stat a leathnú amach, is é sin an suíomh gréasáin faisnéise feidhmíochta seirbhíse poiblí dírithe ar an saoránach, chuig gach roinn Rialtais.[63] (**RCPA**, gach eagraíocht)

**G60.** Feabhas a chur ar thacaíocht reachtaíochta, polasaí agus teicneolaíochta d'úsáid agus do roinnt sonraí, sonraí oscailte do shaoránaigh san áireamh. (RCPA, gach eagraíocht)

**G61.** Córais roinnte a fhorbairt do chomhordú agus d'éascú anailíse staitisticiúla ó ar fud an Rialtais.[64] (**RLGÓ**, ROS, RS, POS agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**G62.** An Tionscnamh Anailíse Sonraí ag Leibhéal an Chontae a sheachadadh le tacú leis na CSL. (**RLGÓ**)

**G63.** Measúnuithe Iarmhairte Sóisialta a fhorbairt mar ghné d'anailís fhorbartha polasaí agus iarmhairte polasaí, ag cinntiú fócais ar iarmhairt an pholasaí ar na leanaí. (**RCS**, RS, RLGÓ, RCPA, RA)

**G64.** Gabháil sonraí a threisiú le feabhas a chur ar ár n-eolas agus tuiscint faoin drochíde agus faoi thaithí na leanaí de chóras na gCúirteanna, trí fhorbairt Chórais Náisiúnta um Fhaisnéis Cúraim Leanaí, agus Tionscadal Tuairiscithe Dlí an Chúraim Leanaí ag dul i bhfeidhm air. (**RLGÓ**) *Toradh 3*

## 6.4 Maoiniú agus airgeadas

Príomhluamhán do sheachadadh torthaí feabhsaithe do leanaí agus do dhaoine óga is ea an maoiniú – nuair a roghnaítear cad é a mhaoinítear, conas a mhaoinítear é agus cá mhéad maoinithe a thugtar dó. Tá sin níos dúshlánaí ná riamh ag am nuair a bhíonn méaduithe caiteachais teoranta ag coinníollacha fioscacha agus ag na rialacha fioscacha nua atá i bhfeidhm i gcomhthéacs an AE. Is é ról an Rialtais ná ailíniú a chinntiú ar fud na rann agus a chuid gníomhaireachtaí cur i bhfeidhm in úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní.

### Aithníonn an Rialtas an gá atá leis an méid seo a leanas:

- Ailíniú ar thosaíochtaí maoinithe do leanaí agus do dhaoine óga.
- Úsáid níos mó sonraí le leithdháileadh riachtanais agus acmhainne a fhionnadh ar bhealach trédhearcach.
- Níos mó úsáide taighde agus measúnaithe maidir leis na seirbhísí agus na tacaí ioncaim sin atá éifeachtach.
- Plean le haghaidh a thabhairt ar athchothromú acmhainní le himeacht ama, ón idirghabháil leigheasacháin go dtí an luathidirghabháil.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

### Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

[**Nóta:** Tugtar an Roinn Rialtais/an ghníomhaireacht atá freagrach as gníomh a dhéanamh idir lúibíní, agus an phríomhghníomhaireacht tugtha i **gcló trom**]

**G65.** Forbairt mheastachán tras-Rialtais a scrúdú i dtaca le caiteachas ar leanaí agus ar dhaoine óga, agus iad sin a nuashonrú go bliantúil ina dhiaidh sin. (**RLGÓ**, RCPA, RA)

**G66.** Cinntiú go mbíonn leithdháileadh acmhainne bunaithe ar fhianaise reatha riachtanais agus é dírithe ar na seirbhísí agus ar na cláir sin a bhfuil fianaise ann go bhfuil siad éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar thorthaí. (**RLGÓ**, Tusla)

**G67.** Feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais iomláin ar leanaí i dtaca le torthaí bochtanais leanaí níos fearr a bhaint amach.[65] (**RCPA**, RLGÓ, RS, ROS, RCS)

**G68.** An fhaisnéis a úsáid ó CSL i dtaca le riachtanas agus tosaíochtaí áitiúla le dul i bhfeidhm ar leithdháileadh sruthanna maoinithe náisiúnta agus áitiúla. (**RLGÓ**, RCPRÁ, RS, Tusla, FSS, AGS, Rialtas Áitiúil)

**G69.** Coimisiúnú seirbhísí ag an Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach[66] a thabhairt isteach, ag athrú ó chóras deontas go conarthaí atá bunaithe ar thorthaí, agus tacaíocht le tairiscint le bheith ag tógáil toillidh laistigh d'earnáil na leanaí agus na ndaoine óga le freagra a thabhairt ar an gcur chuige nua go héifeachtach. (**Tusla**, RLGÓ)

# Fochuid 2: NA CÚIG THORADH NÁISIÚNTA

I gCuid 1, thug an Chreatlach aghaidh ar 6 théama aitheanta trasghearrthacha, ar a dtugtar spriocanna bunathraithe, spriocanna a ndéantar tosaíocht díobh sna 7 mbliana atá amach romhainn le torthaí níos fearr a chumasú. I gCuid 2, díríonn an Chreatlach ar gach ceann de na 5 réimse Toraidh Náisiúnta agus gabhann sí ceangaltais reatha agus nua an Rialtais i dtaca le feabhas a chur pholasaí agus ar sheirbhísí i dtaca le gach ceann acu.

Gníomhach & Sláintiúil

Ag Baint Amach

Sábháilte

Slándáil Eacnamaíoch

Ceangailte & Ardmheas orthu

# Gníomhach & Sláintiúil

Toradh 1


# COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH

**Cuirfidh baint amach Thoradh 1 cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun tosaigh. Seo cuid de na hAilt ábhartha:**

- **Alt 6: Tá ceart bunúsach ag gach leanbh chun a bheatha agus tá sé de dhualgas ar an Stát cinntiú, chomh fada agus is féidir, go mairfidh agus go dtiocfaidh forbairt ar an leanbh.**
- **Alt 24: Tá ceart ag gach leanbh an caighdeán is airde sláinte is féidir a shroichint a bheith ar fáil dó nó di agus fáil acu ar sheirbhísí sláinte agus tá sé de dhualgas ar an Stát bearta a dhéanamh le dul i ngleic le galar agus le cúram sláinte coisctheach a fhorbairt.**
- **Alt 31: Tá sé de cheart ag leanaí scíth agus fóillíocht a bheith aige nó aici, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caitheamh aimsire agus a bheith rannpháirteach sa saol cultúrtha agus sna healaíona.**
- **Alt 33: Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a bheith acu ó úsáid mhídhleathach dhrugaí agus ó rannpháirtíocht i dtáirgeadh agus i mangaireacht drugaí.**
- **Alt 23: Tá sé de cheart ag leanaí le míchumas fisiciúil nó deacrachtaí foghlama sainchúram, sainoideachas agus sainoiliúint a fháil ar aidhm leo cabhrú leo an féinspleáchas is mó is féidir a bhaint amach agus saol iomlán agus gníomhach a bheith acu.**

# 1 Gníomhach & Sláintiúil leas fisiciúil agus intinne

## INTREOIR




Taispeánann an léaráid seo na príomhranna agus gníomhaireachtaí Rialtais aitheanta do sheachadadh an Toraidh seo. Luaitear príomhchomhpháirtithe rannpháirteacha eile Rialtais agus gníomhaireachta idir lúibíní tar éis gach ceangaltais.

### Seo a leanas na haidhmeanna do gach leanbh agus duine óg:

**1.1** Go mbíonn siad sláintiúil go fisiciúil agus roghanna sláinte dearfacha á ndéanamh acu.

**1.2** Go mbíonn sláinte intinne mhaith acu.

**1.3** Go mbíonn cur chuige dearfach agus measúil acu i dtaca le caidrimh agus sláinte ghnéis.

**1.4** Go mbíonn siad ag baint suilt as súgradh, caitheamh aimsire, spórt, ealaíona, cultúr agus nádúr.

Cuireann sé go mór le leas ginearálta an duine bheith gníomhach agus sláintiúil. Tá sláinte mhaith ag mórchuid na leanaí agus na ndaoine óga in Éirinn. Ní mór dúinn tógáil air seo trí mheán an oideachais, na litearthachta sláinte, trí thógáil na hathléimneachta pearsanta agus trí chothú fhachtóirí cosanta, chomh maith le daoine óga a chumasú le bheith freagrach as a ndea-shláinte féin. Mar gheall ar an gcomhairliúchán le leanaí agus le daoine óga tá a fhios againn gur cúis imní dóibh ragús óil, an brú i leith caitheamh tobac agus úsáid na ndrugaí.

Aithníonn an Rialtas nach mór tacú le leanaí a bheirtear le drochshláinte, nó a dtagann drochshláinte orthu níos déanaí, leis an gcaighdeán is airde sláinte a bhaint amach is féidir leo, agus gur féidir leis an mbochtanas, eisiamh sóisialta, tithíocht fhochaighdeánach agus ballraíocht ghrúpa mionlaigh cur isteach go mór ar thorthaí sláinte duine. Ina theannta sin, is féidir cosc a chur ar bhaint amach dea-shláinte ag taithí thrámach shaoil nó ag strus pearsanta.

## Príomhfhíricí

- Bhain 12.3% de scaoileadh abhaile othar cónaithe agus 4.4% de laethanta leapa othar cónaithe leis an aoisghrúpa 1-14.[67]
- Tá míchumas ag 6.26% de dhaoine óga idir 0-19.[68]
- I 2012, tharla 62 bhás trí féinmharú i gcás daoine óga in aois 24 nó faoina bhun[69], agus bhí 3,724 chás ann de féindochar ar pléadh leis san ospidéal ag daoine óga in aois 24 nó faoina bhun[70].
- I 2012, bhí 16,664 leanaí (1.45% den daonra faoi 18 bliana) ag baint leasa as Seirbhísí Sláinte Intinne Pobail, Leanaí agus Déagóirí.
- Bhí breis is leath de leanaí 16 bliana ar meisce agus bíonn 1 as gach 5 ag ól gach seachtain.
- Thug 27% de leanaí idir 15-17 le fios go raibh gnés acu.

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha Leanaí**

- Tá dea-shláinte ar mhórchuid na leanaí sa suirbhé ón mbreith go 9 mbliana. Meastar go bhfuil sláinte an-mhaith ag 73% de leanaí 9 mbliana, gan aon fhadhb shláinte ar bith acu. Do na daoine sin a bhfuil fadhbanna acu, ba iad na galair riospráide ba chúis le beagnach leath (46%) de na galair ainsealacha ar fad a bhí le sonrú i measc leanaí 9 mbliana,agus ba iad na fadhbanna sochmhothúchánacha, foghlama agus iompair ba chúis le 19% eile (2009/2013).
- Tá rátaí tionscnaimh chothú cíche i measc na rátaí is ísle ar domhan, ag 55%, i gcomparáid le 92% san Astráil agus 77% sa Bhreatain (2010).
- Bíonn rátaí cothaithe cíche go láidir i gcomhchoibhneas le hoideachas na máthar agus an aicme shóisialta, m.sh. bhíodh 79% de mhná le céim tríú leibhéal ag gabháil don chothú cíche i gcomparáid le 29% díobh siúd a d'fhág an scoil ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh (2010).
- Bhí a gcéad seiceáil 6 seachtaine ag 99% de naíonáin 9 mí agus na vacsaínithe ina dhiaidh sin faoi 2 mhí d'aois (99%) agus faoi 4 mhí d'aois (98%). Ag 6 mhí chuaigh sin i laghad, go 92% (2010).
- Tá beagnach an ceathrú cuid de leanaí 3 bliana róthrom agus tá 26% de leanaí idir 9 mbliana agus 13 bliana róthrom nó murtallach (2009/2012/2013).
- Déanann 25% de leanaí 9 mbliana an tréimhse 60 bomaite in aghaidh an lae de ghníomhaíocht fhisiciúil a mholtar (2009).
- Níor chaith 91% de leanaí 13 bliana tobac riamh (2012).



lean de

- Níor ól 15% de leanaí 13 bliana alcól riamh (2012).
- Bhain 1% de leanaí 13 bliana triail as cannabas, bhain 3% triail as tuaslagóirí nó ionanálaigh, agus bhain 0.4% úsáid as drugaí eile, leithéidí eacstais nó hearóin (2012).
- Bhí baint ag 47% de leanaí 9 mbliana le gníomhaíochtaí struchtúrtha cultúrtha, leithéidí damhsa, bailé, ealaíona agus dráma. Ghlac líon níos mó ná dhá uair níos mó cailíní (65%) ná buachaillí (31%) páirt sna gníomhaíochtaí seo. Bhain rannpháirtíocht cuid mhór freisin le hoideachas na máthar agus ioncam an teaghlaigh (2009).
- Dúirt 97% de na leanaí 9 mbliana gur imir siad spórt ar a laghad uair sa tseachtain. Bhí seans i bhfad níos mó ann go mbíodh buachaillí ag imirt spóirt gach lá (61%) i gcomparáid le cailíní (52%) (2009).
- Bhain rannpháirtíocht i spóirt struchtúrtha nó i ngníomhaíochtaí eagraithe leis an míbhuntáiste sóisialta ag 9 agus ag 13 bliana (2012).

# TOSAÍOCHTAÍ POLASAÍ

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar phríomhthosaíochtaí an Rialtais i dtaca le gach ceann de na ceithre aidhm do Thoradh 1 (Gníomhach agus sláintiúil, leas fisiciúil agus intinne). Tosaíocht pholasaí atá ann don Rialtas ná céatadán na ndaoine atá sláintiúil ag gach céim dá saol a mhéadú (*Éire Shláintiúil*, Sprioc 1). Tá i gceist leis sin aghaidh a thabhairt ar fhachtóirí riosca agus cothú fachtóirí riosca ag gach céim den saol – ón réamhbhreith chuig an luathóige, an ógántacht, an aosacht agus an tseanaois, le tacú le sláinte agus le leas ar feadh an tsaoil. Dlútheilimint de bhaint amach an toraidh seo ná ról na leanaí agus na ndaoine óga féin a aithint mar ghníomhaithe gníomhacha maidir lena sláinte agus lena leas féin a mhúnlú agus a chosaint, go dtacófaí leo agus go spreagfaí iad le beart a dhéanamh le feabhas a chur ar a sláinte féin.

## Aidhm 1.1: Sláintiúil go fisiciúil agus ag déanamh roghanna dearfacha sláinte[71]

Is dlúthchuid í an tsláinte fhisiciúil de shláinte is de leas iomlán duine aonair. Is féidir go mbreithfí duine le droch-shláinte agus le riochtaí a chiorraíonn saol duine, nó is féidir droch-shláinte nó míchumas a fháil trí ghalar, trí thimpiste nó trí ghortú. Is féidir sláinte duine a chosaint agus a fheabhsú trí mheán réimis mhaith bhia, neart aclaíochta agus stíl mhaireachtála atá sláintiúil. Tá sé ríthábhachtach ár sláinte fhisiciúil a chosaint, ag cosc galar agus ag fáil luathdhiagnóise ar dheacrachtaí sláinte.

I gcás líon méadaithe leanaí agus daoine óga, tá stíl mhaireachtála neamhshláintiúil ag déanamh dochair dá sláinte agus dá caighdeán iomlán maireachtála. Mar shampla, tá níos mó seans ann go bhfanfaidh leanaí róthroma agus murtallacha, go bhfanfaidh siad murtallach san aosacht, agus is dóichí go dtiocfaidh galair áirithe orthu, leithéidí diaibéiteas agus galair chardashoithíocha, ag aois níos lú. Léiríonn cinneadh ón staidéar le O'Shea

(2006), dar teideal *Dúshlán an Mhurtaill*, go bhfuil seans 25% ag leanaí atá murtallach idir aois 6 mhí agus 5 bliana bheith ina n-aosaigh murtallacha; má bhíonn siad murtallach agus iad thar 6 bliana, méadaítear an seans sin go 50% agus tá déagóirí murtallacha 80% níos dóichí bheith ina n-aosaigh murtallacha.[72] Tá an murtall, an easpa gníomhaíochta fisiciúla, caitheamh tobac, mí-úsáid alcóil agus substainte i measc leanaí agus daoine óga, a ngalair ghaolmhara agus a gcuid impleachtaí sláinte agus sábháilteachta, i measc dhúshláin sláinte poiblí is mó an chéid seo. Ardtosaíocht don Rialtas í, mar sin de, aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sláinte seo agus iad a chosc.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Ról tábhachtach na dtuismitheoirí agus na gcúramóirí maidir le cinntiú go bhfuil sláinte agus forbairt a linbh ag dul sa treo ceart, sa tslí go mbaineann an leanbh a c(h)uid garspriocanna forbartha amach, go bhfuil sé/sí lánimdhíonta agus go bhfuil grá agus cúram a thabhairt dó/di go ginearálta.
- Ról ríthábhachtach na Banaltra Sláinte Poiblí agus an Dochtúra Teaghlaigh (DT) maidir le cúram príomhúil a sholáthar agus tacú le tuismitheoirí le cinntiú go mbíonn a gcuid leanaí sláintiúil agus iad ag forbairt mar ba chóir, trí chláir imdhíonta agus scagadh sláinte agus forbartha san áireamh.
- An tábhacht a bhaineann le cosc agus le luathidirghabháil maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais sláinte na leanaí agus na ndaoine óga.
- Na leasanna do leanaí a bhaineann le feabhas a chur ar rátaí cothaithe chíche i measc máithreacha.
- Bíonn ról le cur i gcrích ag gach duine a bhíonn ag obair le nó ag tabhairt cúraim do leanaí maidir lena sláinte agus lena leas a chothú.
- Athraíonn riachtanais sláinte linbh de réir mar a théann siad in aois, agus mar sin de ní mór don pholasaí poiblí, don soláthar seirbhíse agus don chleachtas freastal a dhéanamh ar na haistrithe ó leanbh go déagóir go haosach óg leis an méadú gaolmhar féinriar pearsanta.
- An tábhacht a bhaineann le measúnacht thráthúil agus cothromas rochtana ar chóir leighis chuí ó sheirbhísí teiripeacha, sláinte intinne agus míchumais do leanaí agus do dhaoine óga le deacrachtaí iompair, le fadhbanna drugaí agus alcóil, agus dóibh siúd a bhfuil géarchéim acu.
- An tábhacht a bhaineann leis an oideachas mar fhachtóir cosanta in aghaidh na mí-úsáide substainte.[73]
- Bíonn dúshláin ar leith i gceist le grúpaí áirithe leanaí agus daoine óga, leithéidí lucht luathfhágáil na scoile,[74] an Lucht Siúil[75] agus daoine ó phobail imirceacha, i dtéarmaí sláinte agus ní mór breathnú orthu mar thosaíochtaí i dtéarmaí polasaí agus soláthair.
- Nuair a éiríonn leanaí agus daoine óga tinn, bíonn sé tábhachtach go mbeadh a muintir cóngarach dóibh agus go mbeadh sé de chumas ag a dtuismitheoirí fanacht cóngarach dóibh.

- Bíonn taithí dhifriúil ag cailíní agus ag buachaillí dá gcuid sláinte agus pléann siad léi ar bhealach difriúil; ba chóir, mar sin de, go léireodh na polasaithe agus na straitéisí an méid sin.
- Tá ról tábhachtach le cur i gcrích ag eagraíochtaí óige agus spóirt maidir le cumas agus leas fisiciúil na leanaí agus na ndaoine óga a fhorbairt.

**Do leanaí agus do dhaoine óga le hardriachtanais sláinte nó forbartha**, aithníonn an Rialtas an méid seo:

- Tá rochtain ar sheirbhísí d'ardchaighdeán, inacmhainne a thacaíonn le leanaí agus le daoine óga le saol iomlán éagsúil a bheith acu ríthábhachtach maidir leis an leas agus leis an bhforbairt iomlán.
- Ról maighdeogach na dtuismitheoirí agus na dteaghlach maidir leis an gcúram agus an tacaíocht bhreise a sholáthar ar féidir go mbeidh siad ag teastáil ó leanaí agus ó dhaoine óga le míchumas nó galar ainsealach.
- Is féidir go mbeidh ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil drochshláinte orthu, nó míchumas nó galar ainsealach, go mbeidh tacaíocht ag teastáil uathu leis na scileanna sin a fhorbairt a theastaíonn lena gcuid neamhspleáchais a uasmhéadú agus lena gcumas a fhorbairt le bheith ag cur go sóisialta, go heacnamaíoch agus go cultúrtha leis an tsochaí.
- Dóibh siúd a bhfuil míchumas nó galar fadtéarmach nó buan acu, ba chóir socruithe cuí tacaíochta a chur i bhfeidhm dóibh.
- Ba chóir tacú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais chúraim mhaolaithigh acu, agus ag a dteaghlaigh, sa tslí gur féidir leo an caighdeán maireachtála is airde is féidir a chothabháil, lena n-áirítear rochtain ar shainseirbhísí comhordaithe.

**Le stíl mhaireachtála shláintiúil a chothú i measc leanaí agus daoine óga**, aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Ról bunriachtanach na dtuismitheoirí agus na bpríomhchúramóirí maidir le cinntiú go mbíonn réimeas bia sláintiúil ag leanbh, agus dóthain aclaíochta agus iad in ann roghanna maithe a dhéanamh maidir leis an maireachtáil shláintiúil.
- Dúshlán an bhochtanais bhia, rud a thagraíonn d'easpa cumais bheith ag teacht ar réimeas bia atá cothaitheach a dhóthain mar gheall ar cheisteanna inacmhainne, bia agus a bhfuil iarmhairtí gaolmhara aige le rannpháirtíocht sláinte agus shóisialta. Is féidir go mbeidh 'rogha' na dtuismitheoirí teoranta freisin, ag buiséid shrianta agus ag easpa tairisceana bia inacmhainne d'ardchaighdeán a bheith ar fáil sna siopaí áitiúla.
- Ról na soláthróirí Luathbhlianta, na scoileanna agus na ngrúpaí pobail maidir le bia d'ardchaighdeán a sholáthar do leanaí gannchothaithe.
- Éifeacht dhíobhálach drochréimis bhia agus bhochtanais bhia ar spriocanna forbartha linbh, a sláinte anois agus mar aosaigh, agus a n-iarmhairt ar a gcuid torthaí oideachais – teastaíonn uathu seo ar fad cur chuige ceangailte Rialtais i dtaca le cothú roghanna sláintiúla agus aghaidh a thabhairt ar dhochar a bhaineann le mí-úsáid alcóil agus substaintí.[76]

- An gá atá ann le bearta a dhéanamh maidir le réimsí an lipéadaithe bhia, ag tabhairt aghaidhe ar sholáthar, ar phleanáil bhaile, ar fhógraíocht, ar mhargaíocht agus ar chaighdeáin mhiondíola.
- Cuireann scoileanna ról ríthábhachtach i gcrích maidir le tacú le leanaí agus le daoine óga le bheith sláintiúil go fisiciúil trí mheán an oideachais, cothú polasaithe itheacháin shláintiúil, trí fhorbairt scileanna agus comhtháthú spórt, aclaíochta agus gníomhaíochta fisiciúla sa lá scoile.
- Ról eagraíochtaí pobail, spóirt agus óige san oideachas sláinte agus san fhorbairt scileanna, ag soláthar deiseanna le bheith gníomhach agus le saol sláintiúil a bheith acu.
- An tábhacht a bhaineann leis an timpeallacht fhisiciúil, ag éascú agus ag cothú rochtana ar spás sábháilte glas, ar shráideanna atá cairdiúil do choisithe agus do rothaithe, ag méadú comhtháthú pobail agus ag feabhsú sábháilteacht phobail.

## Aidhm 1.2: Sláinte intinne mhaith

Sainmhínítear an tsláinte intinne mar staid leasa inar féidir le gach duine a p(h)oitéinseal a bhaint amach, inar féidir leis nó léi déileáil le gnáthstrusanna an tsaoil, inar féidir leis bheith ag obair go táirgiúil agus le dea-thoradh, agus é nó í in ann cur lena p(h)obal. Is í sláinte intinne na leanaí agus na ndaoine óga an ghné is tábhachtaí dá bhforbairt shóisialta agus chognaíoch. Is riachtanas í an dea-shláinte intinne má tá siad lena lánphoitéinseal a bhaint amach agus saol a mhaireachtáil atá lán le taithí dhearfacha. Is cúis shuntasach imní iad an méadú atá le sonrú le déanaí i dtaca leis an éileamh ar sheirbhísí sláinte intinne agus minicíocht an féindochair agus an féinmharaithe i measc leanaí agus daoine óga.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá sláinte intinne na dtuismitheoirí ríthábhachtach le tacú le luathfhorbairt shóisialta agus mhothúchánach linbh. Leagtar síos bunsraith na dea-shláinte agus an leasa intinne i mblianta is luaithe saoil linbh.
- Is iomaí fachtóir ar féidir leis dul i bhfeidhm ar shláinte intinne linbh nó duine óig, ar bhealach dearfach nó diúltach. Teastaíonn tacaíocht ó leanaí agus ó dhaoine óga le bheith ag tógáil agus ag forbairt fachtóirí cosanta, leithéidí athléimneacht mhothúchánach, tuiscint don féinmheas, líonraí maithe sóisialta agus rannpháirtíocht sa phobal, chomh maith le cumas le haghaidh a thabhairt ar fhachtóirí riosca leithéidí bheith ag dul i ngleic leis an mbulaíocht.
- Is tréimhse leochaileachta méadaithe iad blianta an déagóra. Tagann 75% de neamhoird sláinte intinne chun cinn roimh aois 25.[77]
- Bíonn daoine óga, go háirithe cailíní óga, an-leochaileach ar fad i dtaca le féiníomhá dhiúltach agus brú meáin maidir le híomhá choirp. Tá sé tábhachtach, mar sin de, íomhá choirp agus féinluach a chothú atá sábháilte agus sláintiúil.[78]

- Tá sé ríthábhachtach luathdhiagnóis a bheith ag duine chomh maith le teacht ar sheirbhísí tacaíochta ar bhealach tráthúil. Ní mór seirbhísí a chomhtháthú thart ar riachtanais an linbh nó an duine óig, agus ní mór aistrithe a threisiú idir seirbhísí do leanaí agus seirbhísí d'aosaigh.[79]
- Ardleibhéal lucht luathfhágála na scoile agus leanaí agus daoine óga atá faoi chúram agus faoi choinneáil is a bhfuil riachtanais sláinte intinne acu.[80]
- An tábhacht a bhaineann le 'haosach maith amháin' a bheith i saol an duine óig[81] agus go dteastaíonn rólchuspaí dearfacha ó leanaí agus ó dhaoine óga chomh maith le caidrimh dhearfacha le haosaigh níos sine. Tá sin fíorthábhachtach ar fad i gcás na leanaí agus na ndaoine óga atá faoi chúram.
- An tábhacht a bhaineann le tacú le leanaí agus le daoine óga lena gcuid scileanna litearthachta intinne a fhorbairt.

## Aidhm 1.3: Cur chuige dearfach agus measúil i leith caidreamh agus sláinte ghnéis

Is fachtóir tábhachtach cosanta é freisin cairde maithe agus caidrimh dhearfacha a bheith agat le haghaidh an leasa mhothúchánaigh ar fud na luathóige agus bhlianta an déagóra. Buntacóidh taithí an duine aonair le linn na luathóige agus le linn na hógántachta ar chaidrimh dhearfacha leis an teaghlach, le haosaigh tábhachtacha eile agus lena gcuid comhaosach a gcumas caidrimh rafara agus atá sásúil go mothúchánach a chruthú agus iad féin fásta, le páirtí nó le haon leanaí a bheadh acu, agus ag an obair agus sa phobal. Is cuid thábhachtach de bheith ag foghlaim conas cairdeas dearfach a fhorbairt agus a chothú é bheith ag fás aníos. Is féidir leis na scileanna sin cabhrú linn le déileáil le cruatan an tsaoil.

Is é atá i gceist le sláinte ghnéis ná staid leasa fhisiciúil, intinne agus shóisialta i dtaca le gnéasacht. Teastaíonn cur chuige dearfach agus measúil i dtaca leis an ngnéasacht agus le caidrimh ghnéis, chomh maith leis an bhféidearthacht, tar éis dul in aibíocht, de bheith ag fáil taithí ghnéis atá pléisiúrtha agus sábháilte, saor ó chomhéigniú, leatrom agus foréigean.[82]

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Is scil riachtanach don saol é bheith in ann idirghníomhú go dearfach le daoine eile.
- Roinneann teaghlaigh, scoileanna agus eagraíochtaí óige agus gach duine a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga, roinneann siad an fhreagracht do bheith ag cabhrú le leanaí agus le daoine óga le hiompar a fhoghlaim atá freagrach go sóisialta.
- Spreagann scoileanna agus eagraíochtaí óige feasacht na ndaoine óga maidir le ceisteanna ar féidir leo dul i bhfeidhm ar a gcuid forbartha agus leasa sóisialta agus mothúchánacha, agus cabhrú leo leis na scileanna sin a fhorbairt a dteastaíonn uathu le caidrimh dhearfacha a thógáil agus a chothabháil.
- Le linn na hógántachta, foghlaimíonn daoine óga conas caidrimh shábháilte agus shláintiúla a bheith acu le cairde, le tuismitheoirí, le múinteoirí agus le páirtithe rómánsúla. Cuireann comhaosaigh, go háirithe, ról mór i gcrích maidir le múnlú ionannais, ach tá caidrimh le haosaigh comhbhácha (lena n-áirítear tuismitheoirí, múinteoirí, oibrithe óige, meantóirí nó cóitseálaithe) tábhachtach freisin d'fhorbairt an déagóra.
- De réir mar a éiríonn daoine níos eolaí faoina ngnéasúlacht, éiríonn siad níos eolasaí freisin faoina dtreoshuíomh gnéis agus faoina n-ionannas inscne. Is féidir lena lán daoine óga bheith ag tabhairt aghaidhe ar imeallú, leithlisiú agus leatrom mar gheall ar a dtreoshuíomh gnéis nó a n-aitheantas inscne.
- An gá atá ann le feabhas a chur ar eolas agus ar fheasacht faoi shláinte agus faoi chaidrimh ghnéis trí mheán feachtas cumarsáide dírithe, trí fhaisnéis oiriúnaithe agus trí chláir oideachasúla agus tionscnaimh eile, ós rud é gur cuid ríthábhachtach é de bheith ag tabhairt aghaidhe ar na rátaí méadaithe ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (IGT) oideachas a chur ar dhaoine óga maidir lena sláinte ghnéis.
- Ní mór tacú le gach leanbh agus le gach duine óg maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna a théann i bhfeidhm ar an leas gnéis, leithéidí stiogma, homafóibe, inscne, cumas/míchumas, sláinte intinne, alcól agus drugaí.

## Aidhm 1.4: Ag baint suilt as súgradh, caitheamh aimsire, spórt, ealaíona, cultúr agus nádúr[83]

Tá súgradh, caitheamh aimsire, spórt, ealaíona, cultúr agus an timpeallacht nádúrtha bunriachtanach do shláinte agus do leas na leanaí agus na ndaoine óga, agus cothaíonn siad forbairt na cruthaíochta, na samhlaíochta, an féinmhuinín agus na féinéifeachtúlachta, chomh maith le buanna agus scileanna fisiciúla, sóisialta, cognaíocha agus mothúchánacha.[84]

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá sé tábhachtach go mbeadh leanaí i ngach aois ag súgradh.
- Is cuid fhíorthábhachtach de shaol na leanaí agus na ndaoine óga iad an súgradh, an spórt agus an caitheamh aimsire, agus is mór leo iad.*
- Tá an súgradh lárnach do spreagadh spontáineach i dtreo na forbartha, agus tá sé an-tábhachtach don fhorbairt inchinne, go háirithe sna luathbhlianta.
- Éascaíonn an súgradh agus an caitheamh aimsire cumais na leanaí bheith ag idirbheartú, cothromaíocht mhothúchánach a fháil, coimhlintí a réiteach agus socruithe a dhéanamh.
- Trí mheán a rannpháirtíochta sa súgradh, sa chaitheamh aimsire agus sna healaíona bíonn leanaí agus daoine óga ag foghlaim trí bheith ag déanamh rudaí, taiscéalaíonn siad agus faigheann siad taithí ar an domhan máguaird; bíonn siad ag baint triail as smaointe agus as taithí nua, agus nuair a bhíonn siad ag dul dó sin, foghlaimíonn siad conas a seasamh sóisialta laistigh den domhan a thuiscint agus a thógáil.[85]
- Trí mheán an tsúgartha agus an chaitheamh aimsire, bíonn leanaí ag taiscéaladh róil, gníomhaíochtaí agus réimsí nua ar féidir leo cabhrú le steireoitípeanna inscne agus roghanna inscnithe a shárú san oideachas agus ina ngairm bheatha.
- Tábhacht an spóirt do mhúnlú carachtair chomh maith leis an ngné shláinte de.
- Má nochtaítear ealaín agus cultúr go duine go luath agus go leanúnach cuirtear síos bunsraith dhearfach don chruthaíocht, ar eilimint bhunriachtanach í don smaointeoireacht chriticiúil agus don nuálaíocht.
- Ról tábhachtach na n-eagraíochtaí agus na ndeonach óige, pobail agus spóirt maidir le bheith rannpháirteach le daoine i dtaca lena bhforbairt shláintiúil agus lena leas iomlán.
- Bíonn leibhéil níos ísle rannpháirtíochta ag daoine óga ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, agus ag lucht luathfhágála na scoile go háirithe, i súgradh, i gcaitheamh aimsire, spórt, ealaíona agus cultúr, agus is tosaíocht iad siúd, mar sin de, i dtéarmaí polasaí agus soláthair.
- Ról na timpeallachta tógtha agus na pleanála maidir le bheith ag teacht ar an nádúr agus ar spásanna sábháilte glasa.

---

* Sa chomhairliúchán le leanaí agus le daoine óga, ba é an spórt an 2ú rud ab fhearr faoi mhaireachtáil in Éirinn. Is mian le leanaí agus le daoine óga níos mó clós súgartha a bheith ann, le clóis súgartha atá oiriúnach do leanaí níos sine; le trasnáin 'mhoncaí', luascáin agus sleamhnáin ar scoil; slándáil mhéadaithe sna clóis súgartha atá ann cheana leis an loitiméireacht a chosc; agus níos mó ama a bheith acu le haghaidh súgartha. Ba mhian le daoine óga níos mó áiteanna a bheith acu le bheith lena gcuid cairde i dtimpeallacht shábháilte; níos mó clubanna óige agus níos mó caifealann; níos mó páirceanna eachtraíochta agus cláir scátála; raoin bhogaeir agus áiseanna millín péinte; agus níos mó áiteanna le dul le craic a bheith acu.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas:

**1.1** Dul i ngleic le ceisteanna an mhurtaill luathóige agus timpeallachtaí murtailligineacha trí mheascán de ghníomhaíochtaí reachtaíochta, polasaí agus feasachta poiblí[86] agus déanfar breithniú gníomhach faoi thabhairt isteach beart fioscach le tacú le stíl mhaireachtála atá sláintiúil i gcomhthéacs an phróisis bhliantúil bhuiséadaigh. (**RS**, RA, ROS, RLGÓ, FSS, Tusla agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**1.2** Tacú le leanaí, le daoine óga agus lena dtuismitheoirí le roghanna níos sláintiúla a dhéanamh trí mheán an oideachais, trí aghaidh a thabhairt ar bhochtanas bia agus trí chinntiú go mbíonn polasaí Bia Sláintiúil ag gach institiúid oideachasúil agus Stáit a sholáthraíonn bia agus deoch do leanaí, bíodh sin go díreach nó trí sheirbhísí saincheadaithe tráchtála ar-an-láthair agus go soláthraíonn siad bia a dhéanann freastal ar bhunchaighdeáin chothaitheacha. (**ROS**, RLGÓ, RCS)

**1.3** Leanúint ar aghaidh de bheith ag iarraidh feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht Chlár na mBéilte Scoile agus breithniú a dhéanamh faoi chuimsiú scoileanna DEIS nach bhfuil ag baint tairbhe as an gclár faoi láthair, faoi réir ag soláthar na n-acmhainní. (**RCS**)

**1.4** Dul i ngleic le neamhchomhionannais i dtorthaí sláinte do ghrúpaí aitheanta leochaileacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, leanaí na dteifeach agus na n-iarrthóirí tearmainn, imircigh, daoine óga a aithníonn siad féin mar leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscne (LADT), daoine atá i mbochtanas agus leanaí agus daoine óga a bhfuil an Stát freagrach astu, agus iad cé acu faoi chúram nó faoi choinneáil.[87] (**RS**, RLGÓ, RDCC, FSS, CNFC, ROS)

**1.5** Múnla nua Náisiúnta Cúraim Péidiatraicigh a chur i bhfeidhm[88] agus tógáil an Ospidéil nua Náisiúnta do Leanaí a chur i gcrích[89]. (**RS**, FSS)

**1.6** Leanúint ar aghaidh de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí inrochtana agus inacmhainne óige agus spóirt, a spreagann forbairt iomlán phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga, lena n-áirítear iompair shláintiúla, agus déanann siad rannpháirteach daoine óga arbh fhéidir go mbeidís i mbaol luathfhágáil na scoile nó tabhairt faoi ghníomhaíocht choiriúil agus iompar frithshóisialta. (**RLGÓ**, RITS, RS, FSS, Tusla, AGS)

**1.7** Aghaidh a thabhairt ar an ardráta tomhaltais réamhaibí agus rioscúil alcóil, úsáid na ndrugaí neamhdhleathacha[90] agus minicíocht chaitheamh tobac[91] i measc daoine óga trí mheascán de mheicníochtaí reachtaíochta, rialála agus polasaí[92]. (**DH**, RLGÓ, ROS, RDCC, Rialtas Áitiúil)

**1.8** Fís don Athrú a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann sí le leanaí agus le daoine óga, go háirithe le feabhas a chur ar rochtain na seirbhísí sláinte intinne óige luathidirghabhála agus ar chomhordú na dtacaí seirbhíse, le fócas ar fheabhsú na litearthachta sláinte intinne agus laghdú cásanna féindochair agus féinmharaithe. (**RS**, FSS, CNFC, RLGÓ, ROS, Rialtas Áitiúil)

**1.9** Cinntiú go bhfuil cothroime rochtana ar sheirbhísí sláinte intinne do leanaí agus do dhéagóirí i gcás gach linbh, go háirithe iad siúd atá idir 16 agus 17 mbliana.[93] (**RS**, FSS, ROS)

**1.10** Cláir chothaithe shláinte intinne a mheascadh le hidirghabhálacha a thugann aghaidh ar chinntithigh agus ar fhadhbanna sóisialta níos leithne mar chuid de chur chuige ilghníomhaireachta, go háirithe i limistéir ina bhfuil ardleibhéil díothachta agus bloghadh socheacnamaíoch le sonrú.[94] (**RS**, FSS, CNFC, RLGÓ, Tusla, ROS agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**1.11** Straitéis Náisiúnta Sláinte Ghnéis a chomhlánú agus a chur i bhfeidhm mar chreatlach straitéiseach do shláinte agus do leas gnéis an daonra, ag cinntiú rochtana ag daoine óga ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí atá oiriúnach dá n-aois faoi chaidrimh agus faoin tsláinte ghnéis.[95] (**RS**, ROS, RLGÓ)

**1.12** An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm, tacú le lánchur i bhfeidhm Chlár Oideachais Fhisiciúil na scoileanna agus Tionscnamh Brataí na Scoileanna Gníomhacha a spreagadh. (**RS**, ROS agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**1.13** Grúpaí nach bhfuil so-inrochtana a chumasú le teacht a bheith acu ar sheirbhísí trí sheirbhísí sláinte a chur ar fáil (seirbhísí sláinte intinne san áireamh) i dtimpeallachtaí atá inrochtana, cuimsitheach agus cairdiúil do dhaoine óga. (**FSS**, Rialtas Áitiúil, RLGÓ, RS, ROS)

**1.14** Rochtain níos mó a chumasú ar spóirt, ar ealaíona agus ar spóirt do gach leanbh agus do gach duine óg, lena n-áirítear trí éascú comhoibrithe idir eagraíochtaí spóirt, óige, ealaíon agus cultúrtha agus scoileanna agus réamhscoileanna le taithí oideachasúil gach duine a shaibhriú. (**ROS**, RLGÓ, REOG, RITS, An Chomhairle Ealaíon)

**1.15** Leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt spásanna súgartha agus caitheamh aimsire do leanaí agus do dhaoine óga araon, ó chlóis súgartha (le haghaidh aoisraon éagsúil) go caifealanna do dhaoine óga, lárionaid spóirt agus só, agus nuair is féidir sin na spásanna seo a shíondíonú.[96] (**RLGÓ**, RCPRÁ, RS)

## Ceangaltais faoi na Spriocanna Bunathraithe – Na cinn atá lárnach do Thoradh 1

### Idirghabháil níos luaithe agus cosc

- Fócas a chur ar an luathfhorbairt shláintiúil, ag déanamh tosaíochta de leanaí faoi bhun 2 bhliain, ag treisiú tacaí réamhbhreithe thart ar an máthair, ag tabhairt aghaidhe ar shláinte agus ar leas na máthar, agus ag ardú rátaí cothaithe chíche agus vacsaínithe de réir na norm idirnáisiúnta. (**RS**, FSS, RLGÓ, Tusla).
- Déanfaidh an FSS, i gcomhar leis an Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar sholáthar seirbhíse réamhbhreithe comhtháite do mháithreacha agus seirbhíse forbartha luathóige, ag tógáil ar an athbhreithniú ar na Seirbhísí Altranais Phobail. (**FSS**, Tusla, RS, RLGÓ)

### Éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach

- Rannpháirtíocht sa chinnteoireacht a threisiú don tsláinte agus don leas ag leibhéal an phobail. (**FSS**, Tusla, Rialtas Áitiúil agus eagraíochtaí ábhartha eile)

### Aistrithe a threisiú

- Na haistrithe idir seirbhísí do leanaí agus do dhéagóirí agus na seirbhísí d'aosaigh a threisiú i réimsí na seirbhísí sláinte fisiciúla agus intinne. (**RS,** FSS)

### Seirbhísí d'ardchaighdeán a chinntiú

- Seirbhísí a athchumrú do leanaí a bhfuil míchumais acu is atá faoi bhun 18 mbliana de réir chlár náisiúnta na FSS faoi 'Chur chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga' (0-18)'. (**RS**, FSS)

## Príomhpholasaithe tacaíochta

- *Éire Shláintiúil: Creatlach don tSláinte agus don Leas feabhsaithe, 2013-2025 (An Roinn Sláinte, 2013)*
- *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta don Chothú Cíche (An Roinn Sláinte, 2013)*
- *Éire atá Saor ó Thobac (An Roinn Sláinte, 2013)*
- *Sláinte an Todhchaí. Creatlach Straitéiseach d'Athchóiriú na Seirbhíse Sláinte, 2012-2015 (An Roinn Sláinte, 2012)*
- *Clár Chur Chun Cinn Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (0-18), a forbraíodh as Tuarascáil an Ghrúpa Náisiúnta Thagartha faoi Sheirbhísí Ildhisciplíneacha do Leanaí in aois 5-18 mbliana (FSS, 2009)*
- *Tuarascáil Ghrúpa Stiúrtha faoi Straitéis Náisiúnta Mhí-úsáide Substaintí (An Roinn Sláinte, 2012)*



*lean de*

- *Straitéis Chomhairle Spóirt na hÉireann, 2012-2014 (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, 2012)*
- *Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus do Leas na Leanaí (RLGÓ, 2011)*
- *Cúram Maolaitheach do Leanaí le Riochtaí a Chiorraíonn a Saol in Éirinn – Polasaí Náisiúnta (RS, 2010)*
- *Staidéar Uile-Éireann faoi Shláinte an Lucht Siúil (RS, 2010)*
- *An Straitéis Náisiúnta Fhrithdhrugaí, 2009-2016 (RS, 2009)*
- *Creatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta (2009) (RITS, 2012)*
- *Déagspás: Polasaí Náisiúnta Áineasa do Dhaoine Óga (OMC, 2007)*
- *Fís don Athrú: Tuarascáil an Ghrúpa Shaineolaigh faoin bPolasaí Sláinte Intinne (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006)*
- *Murtall: Na Dúshláin Pholasaí – Tuarascáil an Tascfhórsa Náisiúnta faoin Murtall (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2005)*
- *Athchuairt ar 'Sláinte is Fearr do Leanaí': Tuarascáil ón gCroíghrúpa Náisiúnta Sláinte Linbh. Grúpa Athbhreithnithe Chláir chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS, 2005)*
- *Ready, Steady, Play! Polasaí Náisiúnta Súgartha, 2004-2008 (NCO, 2004)*

# Ag baint amach

Toradh 2

# COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH

**Cuirfidh baint amach Thoradh 2 cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun tosaigh. Seo cuid de na hAilt ábhartha:**

- **Alt 28: An ceart ar oideachas mar cheart forásach agus comhionann; tá de dhualgas ar an Stát an bunoideachas a dhéanamh éigeantach agus saor in aisce do chách; le cineálacha éagsúla méanoideachais a fhorbairt agus í a chur ar fáil agus inrochtana ag cách; an t-ardoideachas a dhéanann inrochtana ag cách bunaithe ar chumas; bearta a dhéanamh le freastal rialta ar an scoil a spreagadh agus le rátaí fágála scoile a laghdú; agus le cinntiú go gcuirtear disciplín scoile i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le dínit an linbh.**


- **Alt 29: Ba chóir an t-oideachas a dhíriú ar fhorbairt phearsantacht agus tallann an linbh; ag cothú measa do chearta daonna; a gcuid luachanna cultúrtha náisiúnta féin; agus an timpeallacht.**

- **Alt 14: Tá ceart ag leanaí ar shaoirse machnaimh, coinsiasa agus creidimh, faoi réir ag treoir chuí ó na tuismitheoirí agus ag dlíthe na tíre.**

- **Alt 23: Tá sé de cheart ag leanaí le míchumas fisiciúil nó deacrachtaí foghlama sainchúram, sainoideachas agus sainoiliúint a fháil ar aidhm leo cabhrú leo an féinspleáchas is mó is féidir a bhaint amach agus saol iomlán agus gníomhach a bheith acu.**

# 2 Ag baint amach lánphoitéinseal i réimsí na foghlama agus na forbartha

## INTREOIR




Taispeánann an léaráid seo na príomhranna agus gníomhaireachtaí Rialtais aitheanta do sheachadadh an Toraidh seo. Luaitear príomhchomhpháirtithe rannpháirteacha eile Rialtais agus gníomhaireachta idir lúibíní tar éis gach ceangaltais.

### Seo a leanas na haidhmeanna do gach leanbh agus duine óg:

**2.1** Go bhfuil siad ag foghlaim agus ag forbairt ón mbreith.

**2.2** Go bhfuil leas sóisialta agus mothúchánach acu.

**2.3** Go bhfuil siad rannpháirteach san fhoghlaim.

**2.4** Go bhfuil gnóthachtáil á baint amach acu san oideachas.

Baineann mórchuid mhór de dhaoine óga na hÉireann sult as an bhfoghlaim; cuireann 92% acu an t-oideachas dara leibhéal i gcrích agus téann breis is 30% ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal. Sna comhairliúcháin le leanaí agus le daoine óga, ainmníodh 'an t-oideachas' mar an rud is fearr faoi bheith i do chónaí in Éirinn. Ag cur san áireamh a thábhachtaí is atá an réimse ina saol ba é ba mhó freisin a bhí le feabhsú – rinneadh trácht ar líon na ndaltaí sna ranganna agus níos mó áiseanna.

Aithníonn an Rialtas go dteastóidh tacaí breise ó leanaí le sainriachtanais, uathu sin nach bhfuil an Béarla mar theanga dhúchais acu agus iad siúd a raibh taithí acu ar an mbochtanas agus ar an eisiamh sóisialta, lena bpoitéinseal foghlama a bhaint amach. Fachtóirí eile ar féidir go mbeidh ról le cur i gcrích acu sa ghnóthachtáil oideachasúil ná inscne, neamhláithreacht ón scoil mar gheall ar dhrochshláinte, nó taithí ar na córais chúraim nó cheartais.

## Príomhfhíricí

- Baineann 95% de leanaí incháilithe leas as an mbliain réamhscolaíochta saor in aisce.
- 3,300 bunscoil le 526,422 dalta (2012/13).
- 723 meánscoil le 362,847 dalta (2012/13).
- Fágann 9.8% de dhaoine an scoil go luath.[97]
- Rugadh 12% de dhaoine faoi bhun aois 24 i dtír eile seachas Éire (Daonáireamh 2011).
- Cuireann 13% den Lucht Siúil an t-oideachas dara leibhéal i gcrích i gcomparáid le 90% go ginearálta.[98]
- Tá sainriachtanais oideachasúla ag thart ar 25% de leanaí.

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha Leanaí**

- Bhí 27% de leanaí 3 bliana faoi chúram leanaí lonnaithe i lárionaid (2013).
- Bhí meánscór ag leanaí 3 bliana a bhí ina gcónaí i dtithe mar a mbíodh duine éigin ag léamh leabhair dóibh gach lá sa scrúdú 'Ag Ainmniú Foclóra' a bhí 17 bpointe níos airde ná na leanaí sin i dtithe nach raibh léitheoireacht rialta ar siúl (2013).
- Bhain 95% de na leanaí a thosaigh scoil i Mí Mheán Fómhair 2012 leas as an mbliain réamhscoile saor in aisce (2013).
- Dúirt 39% de theaghlaigh sa chúigil ab ísle ioncaim nach mbeidís in ann a leanbh a chur chuig réamhscoil murach an bhliain réamhscoile saor in aisce (2013).
- Dúirt 79% de leanaí in aois 5 bliana rudaí maithe faoin scoil níos mó ná uair sa tseachtain. Rinne 5% gearán faoin scoil níos mó ná uair amháin sa tseachtain (2013).
- Bhí dearcadh dearfach ag mórchuid na leanaí 13 bliana i leith na scoile: dúirt 29% gur thaitin sí 'go mór' leo agus dúirt 32% gur thaitin sí 'roinnt' leo. Bhí dearcadh dearfach ag mórchuid na leanaí 13 bliana i leith na scoile: thaitin sí 'go mór' le 29% acu agus thaithin sí 'roinnt' le 32% acu (2012).
- Dá airde leibhéal oideachasúil mháthair an linbh, is amhlaidh is fearr a d'éirigh leis an leanbh sna scrúduithe Foclóra agus Mata ag aois 9: scóráil leanaí máithreacha ar chéimithe iad 63% sa Mhata agus 78% san Fhoclóir, i gcomparáid le leanaí a raibh oideachas meánscolaíochta nó níos lú acu, scóráil siad siúd 45% sa Mhata agus 59% san Fhoclóir (2009).
- Ní raibh daoine óga ina ndara bliain oideachais mheánleibhéil chomh dearfach céanna is a bhí daltaí na chéad bhliana: thaitin an scoil go mór le 25% de dhaltaí dara bliain, i gcomparáid le 36% de dhaltaí chéad bhliana (2012).
- Thug déagóirí mná níos mó idirghníomhaíochtaí dearfacha le fios, agus níos lú idirghníomhaíochtaí diúltacha lena gcuid múinteoirí ná mar a thug na buachaillí le fios. Thug 30% de na cailíní le fios gur moladh 'go han-mhinic' iad ag a gcuid múinteoirí i gcomparáid le 22% de na buachaillí. Cáineadh 64% de na buachaillí as mí-iompar i gcomparáid le 46% de na cailíní (2012).



*lean de*

- Bhí caidreamh an-láidir agus dearfach le sonrú idir ionchas máthar i dtaca le dul chun cinn a linbh sa chóras oideachais agus a leibhéal féin gnóthachtála. Dúirt 39% de mháithreacha leanaí 9 mbliana a d'fhág an scoil iad féin le Teastas Sóisearach nó níos lú go raibh siad
- ag súil leis go mbronnfaí céim ar a Leanbh, i gcomparáid le 57% de na máithreacha sin ar bronnadh céim orthu féin agus a raibh siad ag súil leis go mbronnfaí céim ar a leanbh fosta (Saintuarascáil 2013).
- In aois 9, bhí 98% de thuismitheoirí tar éis freastal ar chruinniú foirmeálta le múinteoir a linbh le linn na scoilbhliana. Chuaigh sin i laghad, go 88%, faoi aois 13 (2009).

# TOSAÍOCHTAÍ POLASAÍ

Téann an fhoghlaim i bhfad thar an scolaíocht fhoirmeálta, le go gcuimseodh sí raon leathan na gcineálacha taithí saoil agus na bpróiseas foghlama a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga, ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann, a gcuid pearsantachtaí, tallann agus cumas a fhorbairt, agus le saol iomlán agus sásúil a bheith acu sa tsochaí.

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar phríomhthosaíochtaí an Rialtais i dtaca le gach ceann de na ceithre aidhm faoi Thoradh 2 (Ag baint amach lánphoitéinsil i réimsí na foghlama agus na forbartha). Tá baint amach an toraidh seo nasctha go láidir le gach toradh eile, go háirithe Aidhmeanna 1.1 agus 1.2 de Thoradh 1 i dtaca le sláinte mhaith fhisiciúil agus intinne; baineann Toradh 3 (Sábháilte agus cosanta ón dochar); agus Aidhm 4.1 de Thoradh 4 maidir le bheith cosanta ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisialta. Tacaíonn Toradh 5 (Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan) go láidir le hAidhmeanna 2.3 agus 2.4 de Thoradh 2 maidir le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim agus i ngnóthachtáil san oideachas.

Gabhtar ceangaltais maidir le breisoideachas agus breisoiliúint faoi Thoradh 4, Aidhm 4.3 (*féach lch. 91*).

## Aidhm 2.1: Ag foghlaim agus ag forbairt ón mbreith

Bíonn leanaí ag foghlaim ón mbreith. Múnlaítear agus feabhsaítear a gcuid seansanna saoil trí thacaíocht dá luathfhoghlaim agus dá luathfhorbairt. Leagann a dtaithí luath ar an ngrá agus ar an aird thuismitheora síos an bonn dá bhforbairt sa todhchaí. Bíonn cumas na leanaí bheith ag foghlaim ag brath ar dhaoine fásta comhbhácha a bheith acu a thuigeann conas is féidir leo tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Oibreoidh leathnú an tsoláthair uilíoch réamhscolaíochta agus na hinfheistíochta i gcúram agus in oideachas na luathbhlianta le linn na chéad 6 bliana le tacú le tuismitheoirí (ar chéad mhúinteoir an linbh iad), agus cuirfidh sin ar chumas na leanaí bheith ag fás, ag forbairt agus ag ullmhú do shaol foghlama.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann leis an tús is fearr is féidir a thabhairt do gach leanbh agus aithníonn sé go mbíonn bunsraith shóisialta agus mhothúchánach linbh leagtha síos don tsaol sna luathbhlianta.[99] Tá gá ann le sainfhócas ar an tréimhse a théann ón tréimhse réamhbhreithe go 2 bhliain d'aois, tréimhse ina múnlaítear ailtireacht shóisialta agus mhothúchánach na hinchinne.
- Tá sé ríthábhachtach tuiscint na dtuismitheoirí a threisiú i dtaca leis an tréimhse réamhbhreithe, agus an iarmhairt a bhaineann le halcól, drugaí, caitheamh tobac agus drochréimas bia le linn an toirchis.
- An tábhacht a bhaineann le bearta a théann i ngleic le coinníollacha an bhochtanais, na mí-úsáide substaintí agus strus tuismitheoirí, ar féidir go n-eascróidh taithí dhíobhálach astu do roinnt leanaí le linn na luathbhlianta.[100]
- An tábhacht a bhaineann le straitéisí luathidirghabhála ar fud an timthriaill shaoil agus trí oideachas an dara seans le cur ar chumas leanaí gnóthachtáil a bhaint amach ar fud na gcúig thoradh náisiúnta.
- An gá atá ann le tacú le tuismitheoirí leanaí óga go luath le cinntiú go mbunaítear caidrimh tuismitheoir-leanbh atá d'ardchaighdeán. Cuimsíonn sin bheith ag tacú le tuismitheoirí lena gcuid sláinte intinne féin.
- An luach a bhaineann le cúram luathóige d'ardchaighdeán le tacú le luathfhorbairt chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach na leanaí, cumais atá ríthábhachtach don fhoghlaim éifeachtach, agus ceadú go dtugtar aghaidh ar neamhchomhionannais go luath le cinntiú go mbíonn na leanaí réidh don scoil.
- An tábhacht a bhaineann le grá, aird, comhsheasmhacht agus cothú bia maith do luathfhorbairt an linbh agus na buanna a bhaineann le 'tuistiú dearfach' le cumais shóisialta agus mhothúchánacha linbh a thógáil, rudaí atá fíorbhunúsach d'fhorbairt na hathléimneachta níos faide anonn.
- Is féidir le cleachtais tuistithe dhearfaigh tacú go suntasach le leanbh agus iad a chosaint ó fhachtóirí díobhálacha timpeallachta agus comhthéacs, leithéidí an bochtanas agus drochthithíocht.

## Aidhm 2.2: Leas sóisialta agus mothúchánach

- Bíonn leas linbh nó duine óig bunúsach i dtaca lena gcumas bheith ag feidhmiú sa tsochaí agus bheith ag freastal ar éilimh an tsaoil laethúil. Is rud tábhachtach é tuiscint go spreagann leas an duine gnóthachtáil fhoghlama níos fearr. Cuimsíonn leas sóisialta agus mothúchánach an cumas féinrialáil a dhéanamh, comhbhá agus athléimneacht mhothúchánach a bheith agat.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Leagtar síos bunsraith an leasa agus na hathléimneachta sóisialta agus mothúchánaí le linn na naíonachta agus is féidir iad a threisiú agus a fhorbairt ar fud an tsaoil.
- Is féidir dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar leas an duine óig ag imeachtaí agus taithí shaoil, lena n-áirítear caighdeán na gcaidreamh teaghlaigh agus fachtóirí laistigh den bhaile.[101]
- Cuireann suíomhanna Luathbhlianta, scoileanna, eagraíochtaí óige agus spóirt ról ríthábhachtach i gcrích i dtaca le cothú na sláinte intinne agus an leasa, agus is féidir leo timpeallacht shábháilte agus thacúil a sholáthar do thógáil na scileanna saoil, na hathléimneachta mothúchánaí agus tuiscint láidir ceangaltais leis an scoil agus leis an bpobal.

## Aidhm 2.3: Rannpháirteach san fhoghlaim

- Le ceangaltas agus grá a chothú don fhoghlaim, ní mór go mbeadh daltaí rannpháirteach go gníomhach san fhoghlaim féindírithe agus comhoibríoch. Is é atá i gceist le scoil an 21ú haois ná daoine óga a mhealladh le bheith rannpháirteach go gníomhach ina gcuid foghlama, ag baint amach torthaí níos fearr agus ag fanacht tiomanta don fhoghlaim tar éis na scoile. Tá tús curtha ag an Rialtas le claochlú oideachasúil suntasach, lena n-áirítear seoladh Chreatlach na Sraithe Sóisearaí (ROS, 2012) agus cur i bhfeidhm ceangal Idirlín ardluais i ngach iarbhunscoil.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a dhéanamh rannpháirteach agus a spreagadh le bheith ag foghlaim go luath, agus le go mbeadh an scoil féin ag cothú grá don fhoghlaim, le torthaí maithe oideachasúla a bhaint amach.
- Ról forbartha an mhúinteora, ó 'sholáthróir gach cineáil eolais' go héascóir foghlama agus foghlaimeoir iad féin.[102]
- Léiríodh gur féidir le fíor-rannpháirteachas an mhic léinn, agus fíorthionchar acu ar an gcinnteoireacht straitéiseach, gur féidir leis feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus ar ghnóthachtáil, agus ag cothú freisin tréithe tábhachtacha leithéidí an fhreagracht shóisialta, an mhothálacht thraschultúrtha agus an éirim mhothúchánach.[103]

- Nasctar an cur chuige foghlaimeoirdhírithe le forbairt na féinrialála, ar cumas tábhachtach é ag gach céim den fhoghlaim agus a spreagann an ghnóthachtáil oideachasúil ag dul i bhfeidhm ar an smacht mothúchánach,[104] críochnú scoile [105] agus mí-úsáid drugaí[106]. Trí mheán na hoibre bunaithe ar thionscadail, faigheann na daltaí scileanna bunriachtanacha, leithéidí an smaointeoireacht neamhspleách agus scileanna fadhbréiteacha, obair chomhoibritheach agus cumarsáid éifeachtach.
- Le treisiú na gcaidreamh idir scoileanna, tuismitheoirí agus pobail cuirtear feabhas ar rannpháirtíocht na ndaltaí, a gcuid iompair agus a gcuid gnóthachtála, chomh maith le bheith ag tógáil caipiteal sóisialta sna pobail.
- Cineál réabhlóide atá sa luas ag a bhí an teicneolaíocht ag forbairt le fiche nó tríocha bliain anuas. Tá teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) bunúsach le foghlaim níos rannpháirtí a chumasú, rud a bhunathraíonn an teagasc, an fhoghlaim agus an mheasúnacht.
- An gá atá ann le tacú le agus le feabhas a chur ar aitheantas ról na foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla, go háirithe an méid cabhrach atá i gceist leis an obair óige.

## Aidhm 2.4: Gnóthachtáil san oideachas

Is príomhchinntitheoir é don rath a bheas acu sa todhchaí conas a éiríonn le leanaí ar scoil[107] Is bealach é an t-oideachas a bhfuil sé léirithe go dtógann sé daoine amach as an mbochtanas agus tá sé ríthábhachtach maidir le feabhas a chur ar sheansanna saoil na leanaí. Cuireann caighdeán an teagaisc go suntasach le torthaí foghlama níos fearr. Cuimsíonn ardchaighdeán an cheannasaíocht, cultúr scoile atá dearfach, cur i bhfeidhm modhanna foghlama gníomhacha,[108] agus comhtháthú na teicneolaíochta agus na foghlama. Is iad na tosaíochtaí sa réimse seo ná an infheistíocht in oideachas na múinteoirí, an fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus bheith ag tacú le príomhoidí scoile le feidhmíocht a bhainistiú agus le bheith i gceannas ar bhunathrú scoile.

Cuireann an tAcht Oideachais (Leasa) (2000) béim ar chothú an fhreastail, na rannpháirtíochta agus na coinneála scoile: '*Beifear ag súil leis go seachadfaidh scoileanna clár a chuirfidh ar chumas na ndaltaí raon leathan scileanna a fhorbairt, lena n-áirítear scileanna smaointeoireachta criticiúla agus bunscileanna ar nós na huimhearthachta agus na litearthachta.*'

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Ról na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a gcuid leanaí, an nasc idir an fhoghlaim sa bhaile agus an fhoghlaim ar scoil, agus an ceangal láidir idir rannpháirtíocht an teaghlaigh agus gnóthachtáil oideachasúil na ndaltaí.
- Leagtar síos luathbhunsraith na gnóthachtála acadúla ag cúram d'ardchaighdeán agus ag rochtain oideachasúil sna luathbhlianta.
- An gá atá ann le naisc a threisiú idir scoileanna agus seirbhísí eile ag príomhphointí aistrithe le torthaí oideachasúla níos fearr a chinntiú.
- An luach ar féidir a bheith ag baint le seirbhísí tacaíochta, leithéidí clubanna bricfeasta agus iarscoile, maidir le tacú le gnóthachtáil oideachasúil.
- Ní bhaineann oideachas le sealbhú eolais amháin; baineann sé freisin le foghlaim scileanna criticiúla ar féidir iad a chur i bhfeidhm ar fud réimsí ar fad an tsaoil agus na gairmré.
- Tá sé bunriachtanach scileanna maithe litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt, scileanna litearthachta digití san áireamh, i measc na leanaí agus na ndaoine óga ar fad, le cabhrú le seansanna saoil gach duine aonair; tá a leithéid ríthábhachtach do chaighdeán agus do chothromas na sochaí. Is tosaíocht phráinneach náisiúnta é feabhas a chur ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta.
- Ní mór aird ar leith a dhíriú ar fhorbairt scileanna litearthachta na mbuachaillí agus scileanna mata agus eolaíochta na gcailíní le roghanna gairme a optamú, go háirithe sna hearnálacha sin a bhfuil ardéileamh orthu: ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata) agus TEC (Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide).
- Is luamhán suntasach é bheith ag infheistiú i bhforbairt ghairmiúil chleachtóirí agus mhúinteoirí Luathbhlianta le feabhas a chur ar chaighdeán na dtorthaí oideachasúla.
- An tábhacht a bhaineann leis go mothódh leanbh nó duine óg go mbaineann siad leis an scoil agus leis an bpobal, agus go bhfuil ról fíorluachmhar le cur i gcrích ag scoileanna agus ag eagraíochtaí óige maidir le cuimsitheacht a thógáil, ag tacú leo le go mothóidís mar chuid dá bpobal[109] agus cruthú cobhsaíochta ina saol.
- An méid a chuireann idir fhoghlaim neamhfhoirmeálta agus fhoghlaim neamhfhoirmiúil le bheith ag tacú le hoideachas acadúil, forbairt scileanna agus ullmhacht oibre na ndaoine óga.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas do na rudaí seo a leanas :

**2.1** Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach leanbh idir aois 0-6 bliana, ag clúdach gach gné de thaithí na leanaí sna luathbhlianta agus a gcuimsiú i seirbhísí cúraim agus oideachais na Luathbhlianta. (**RLGÓ**, ROS)

**2.2** Na naisc a threisiú idir ranganna réamhscolaíochta agus ranganna naíonáin ag an mbunleibhéal, cur i bhfeidhm Aistear agus Síolta san áireamh. (**ROS**, RLGÓ, Tusla)

**2.3** Litearthacht mhothúchánach[110] na leanaí a thógáil sa réamhscoil agus sa bhunscoil mar chroíbhunsraith don ghnóthachtáil oideachasúil. (**ROS**, RLGÓ)

**2.4** Straitéisí a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar rannpháirtíocht scoile agus cásanna cur ar fionraí agus díbeartha agus luathfhágála scoile a laghdú trí na tuismitheoirí a dhéanamh rannpháirteach sa scolaíocht, treisiú na n-aistrithe, cothú stíleanna éagsúla foghlama le buachaillí a dhéanamh níos rannpháirtí, agus cothú timpeallachtaí scoile atá cuimsitheach, mar a mbíonn bláth ar gach dalta, beag beann ar a gcúlra sóisialta nó eitneach, nó beag beann ar mhíchumas. (**ROS**, RLGÓ, Tusla)

**2.5** An Straitéis um Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol a chur i bhfeidhm. (**ROS**, RLGÓ)

**2.6** Leanúint ar aghaidh de bheith ag cur i bhfeidhm an creatlach nua don tSraith Shóisearach atá struchtúrtha thart ar thacar príomhphrionsabal agus ráiteas foghlama a chuirfidh ar chumas na ndaltaí príomhscileanna a fhorbairt, leithéidí cumarsáid éifeachtach, oibriú comhoibritheach, smaointeoireacht neamhspleách, réiteach fadhbanna agus scileanna anailíseacha. (**ROS**)

**2.7** Leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt agus ag cur curaclam i bhfeidhm sa chóras oideachais agus tacú le tionscnaimh i suíomhanna lasmuigh den scoil, le heolas agus le scileanna a theagasc do leanaí i dtaca le bainistiú eolais, teicneolaíochtaí nua, códú agus litearthacht dhigiteach. (**ROS**, RLGÓ, RCFAN)

**2.8** Dul i ngleic le steiréitíopáil inscne i dtaca le roghanna ábhair agus roghnú méadaithe na n-ábhar ETIM a chothú i measc na mban óga, ar scoil agus san ardoideachas araon. (**ROS**)

**2.9** Cur chuige scoile iomláine a chur i bhfeidhm i dtaca le sláinte agus leas[111] le fócas cultúrtha a chur ar an leas mar bhonn don fhoghlaim éifeachtach, ag treisiú comhoibrithe idir na hearnálacha oideachais, sláinte, óige agus sóisialta le tacaí ildhisciplíneacha a sholáthar nuair a eascraíonn fadhbanna. (**ROS**, RS, RLGÓ, FSS, Tusla)

**2.10** Cinntiú go ndéantar caitheamh cothrom agus comhionannas a leabú i bPróiseas Forbartha Pleanála na Scoile Iomláine, mar shampla, sa mhisean agus san éiteas, i gcuraclam, cúram agus bainistiú na ndaltaí agus eagraíocht na foirne, agus forbairt na foirne.[112] (**ROS**)

**2.11** Tacú le comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh reatha, agus iad a nascadh, ar aidhm leo feabhas a chur ar chumas cinnteoireachta na leanaí agus na ndaoine óga trí threisiú a féinmheasa, a n-athléimneachta, freagraí ar bhrú sóisialta agus idirphearsanta, sláinte agus litearthacht mheáin chumarsáide (litearthacht mheán sóisialta san áireamh).[113] (**RS**, ROS, RLGÓ, RCFAN, FSS agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**2.12** Tacú le cleachtóirí Luathbhlianta, múinteoirí agus oideachasóirí* trí sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí, bunú líonraí foghlama comhaosach agus forbairt gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnachta a bhaineann úsáid as teicneolaíocht nua go héifeachtach. (**ROS**, RS, RLGÓ, FSS, Rialtas Áitiúil)

**2.13** Leanúint ar aghaidh de bheith ag leathnú sholáthar na scoileanna il-sainchreidmheach cibé áit a bhfuil éileamh ann ó thuismitheoirí dá leithéid.[114] (ROS)

**2.14** Tógáil ar chórais bhailithe shonraí ar ann dóibh cheana agus, ag úsáid aitheantas na seirbhíse poiblí, bailiú sonraí agus eolais a threisiú faoi dhaltaí bunscoile agus iarbhunscoile le dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht sa todhchaí. (**ROS**)

**2.15** Timpeallachtaí foghlama d'ardchaighdeán a chinntiú do chách trí mheán Chlár Tógála na Scoileanna agus rochtain fheabhsaithe ar theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide.[115] (**ROS**)

## Aithníonn an Rialtas an gá atá ann le tacaí breise a sholáthar do roinnt leanaí agus daoine óga le tacú lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt, agus déanann sé ceangaltas maidir leis seo a leanas:

**2.16** Breithniú a dhéanamh ar mholtaí athbhreithniú Chlár DEIS[116] agus é a úsáid mar ardán do na tionscnaimh nua le torthaí níos fearr a sheachadadh do dhaltaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste.[117](**ROS**)

**2.17** Deiseanna a sholáthar do lucht luathfhágála na scoile le bheith rannpháirteach i mbreisoideachas agus i mbreisoiliúint laistigh de chreatlach na seirbhísí óige agus leasa oideachasúil, Boird Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS. (**ROS**, RLGÓ)

**2.18** Tógáil ar na socruithe trasghearrthacha atá i bhfeidhm idir an RS, ROS, agus RLGÓ le feabhas a chur ar chomhoibriú ar fud na dtrí earnáil i dtaca le ceisteanna míchumais leanaí. (**RS**, ROS, CNOS, RLGÓ agus FSS).

**2.19** I gcomhthéacs Straitéis na Luathbhlianta, plean a fhorbairt do chuimsiú leanaí le míchumas i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha agus Luathbhlianta. (**RLGÓ**, RS, ROS agus FSS).

**2.20** Leanúint orainn de bheith ag soláthar rochtain thráthúil ar thacaí oideachasúla agus teiripeacha do leanaí a aithnítear mar leanaí le sainriachtanais.[118] (**FSS**, Tusla, RS, ROS agus RLGÓ)

---

* Tagraíonn oideachasóirí d'oideachasóirí sna hearnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, Youthreach san áireamh.

**2.21** Plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, á threorú ag comhairle pholasaí CNOS, faoi conas is féidir gnéithe de ODSRO (Oideachas do Dhaoine le Sainriachtanais Oideachais) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear beartú tosaíochta maidir le rochtain ar phlean oideachais aonair agus cur i bhfeidhm mholtaí Ghrúpa Oibre CNOS faoi mhúnla nua leithdháilte acmhainne do scoileanna. (**ROS**, CNOS, RS)

**2.22** Bearta cuimsitheachta sóisialta a threisiú agus iarrachtaí a athspreagadh le feabhas a chur ar thorthaí oideachasúla[119] i measc na ndreamanna seo a leanas chomh maith lena gcomhtháthú: an Lucht Siúil, leanaí Romacha agus leanaí imirceacha agus daoine óga, agus gach duine le sainriachtanais, daltaí tréitheacha san áireamh, ag aithint ról feabhsaithe don oideachas Luathbhlianta maidir le díriú ar na grúpaí seo. (**ROS**, RLGÓ, RDCC, RCPRÁ, Rialtas Áitiúil)

**2.23** Cinntiú go mbíonn oideachas d'ardchaighdeán ar fáil do gach leanbh agus gach duine óg atá faoi choinneáil nó i suíomhanna ospidéil agus faoisimh, agus go bhfuil tacaí breise ar fáil acu le cabhrú leo bearnaí a shárú ina gcuid scolaíochta. (**ROS**, RS, RLGÓ)

## Ceangaltais faoi Chuspóirí Bunathraithe – Na Cinn atá lárnach do Thoradh 2

### Idirghabháil níos luaithe

- Leanúint de bheith ag méadú infheistíochta i gcúram agus in oideachas luathbhlianta atá d'ardchaighdeán do gach leanbh, ag déanamh tosaíochta de theaghlaigh atá ar ioncam íseal. An dara bliain réamhscolaíochta a thabhairt isteach atá saor in aisce laistigh de shaolré na Creatlaí seo, a luaithe is a bhainfear amach na caighdeáin cháilíochta riachtanacha agus faoi réir ag soláthar na n-acmhainní. (**RLGÓ**, ROS, Tusla, RCS)

### Éisteacht le leanaí agus daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach

- Meicníochtaí a chruthú le deis a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga le go n-éistfí lena nglór i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus i lárionaid oideachais trí mheán Chomhairlí na Mac Léinn nó meicníochtaí eile atá aoisoiriúnach. (**ROS**, RLGÓ)

### Aistrithe a threisiú

- Déan taighde ar agus glacadh le straitéisí le haistrithe a threisiú ar fud an chórais oideachais (go dtí an bunleibhéal, ón mbunleibhéal go dtí an dara leibhéal, ón dara leibhéal go dtí an t-ard-oideachas nó an breisoideachas, fostaíocht, nó i gcás lucht luathfhágála na scoile, go Youthreach). ag cur san áireamh comhsheasmhacht an chur chuige churaclaim, naisc scoile agus cothú cleachtas in-scoile, leithéidí glacadh le cláir thacaíochta piara-piara. (**ROS**)



*lean de*

**Comhoibriú agus comhordú**

- Tógáil ar an dea-chleachtas ar ann dó cheana thart ar bhraisliú scoileanna le rochtain níos fearr a chumasú ar thacaí oideachasúla, go háirithe do leanaí le sainriachtanais oideachasúla, agus scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal d'fhorbairt bhreise shocruithe braisle le naisc níos mó a spreagadh idir scoileanna agus seirbhísí pobail agus Stáit, roinnt infrastruchtúir san áireamh. (**ROS**, RS, FSS, Tusla, Rialtas Áitiúil)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir do sheachadadh seirbhísí cúraim shláinte agus cúraim shóisialta neamhghéara, ag cur san áireamh teorainneacha riaracháin na nÚdarás Áitiúil nuair is cuí sin. (**RS**, FSS)

## Príomhpholasaithe tacaíochta

- *Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna, 2011-2014 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011)*
- *Plean Gníomhaíochta Bulaíochta, agus Gnáthaimh Fhrithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013)*
- *Leas sna hIarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Sláinte Intinne agus do Chosc an Féinmharaithe (An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Sláinte, 2013)*
- *Plean Gníomhaíochta SOLAS (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012)*
- *Creatlach don tSraith Shóisearach (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012)*
- *An Litearthacht agus an Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta le Feabhas a chur ar Litearthacht agus ar Uimhearthacht i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011)*
- *Éire Shláintiúil: Creatlach don tSláinte agus don Leas Feabhsaithe, 2013-2025 (an Roinn Sláinte, 2013)*
- *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta don Eisiamh Sóisialta, 2007-2016 (An Roinn Coimirce Sóisialta, 2007)*
- *Plean Cur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, 2013)*
- *Straitéis Oideachais Idirchultúrtha, 2010-2015 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2010)*
- *Tuarascáil agus Moltaí do Straitéis Oideachais don Lucht Siúil (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2006)*
- *Treoirlínte Éagsúlachta agus Cothromais do sholáthróirí Cúraim Leanaí (OMC, 2006)*
- *Ag Seachadadh Comhionannais Deiseanna sna Scoileanna (SCDS): An Plean Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Oideachasúil sna Scoileanna (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005)*

# Sábháilte

Toradh 3

# COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH


**Cuirfidh baint amach Thoradh 3 cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun tosaigh. Seo cuid de na hAilt ábhartha:**

- Tá sé de cheart ag leanaí gan a bheith scartha óna dtuismitheoirí ach amháin má tá a leithéid ar a leas féin. Agus iad scartha óna dtuismitheoirí, tá sé de cheart acu fanacht i dteagmháil leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta ach amháin mura bhfuil a leithéid ar a leas féin. (Alt 9). Tá dualgas ar an Stát athaontú an teaghlaigh a chothú agus a chumasú (Alt 10).
- Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ó gach cineál drochíde (Alt 19) agus dúshaothraithe (Alt 36),lena n-áirítear dúshaothrú gnéis agus drochíde ghnéis (Alt 34) agus coimhlint armtha (Alt 38).
- Tá sé de dhualgas ar an Stát téarnamh íobartaigh drochíde ar leanaí iad a chothú (Alt 39) agus gníomhú le fuadach leanaí a chosc (Alt 11), chomh maith le díolachán agus /nó gáinneáil leanaí (Alt 35).
- Tá sé de dhualgas ar an Stát cabhrú le leanbh gan teaghlach (Alt 20); tá ceart ag leanaí ar athbhreithniú tréimhsiúil a socrúcháin chúraim (Alt 25); agus níor chóir uchtuithe a chur i gcrích ach chun leasa an linbh (Alt 21).
- Tá sé de dhualgas ar an Stát cosaintí cuí a sholáthar do leanaí teifeach (Alt 22).
- Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ón gcéasadh, ó íde nó pionós tháireacha; gabháil mhídhleathach nó cailleadh saoirse (Alt 37). Ba chóir leanaí atá faoi choinneáil a choimeád scartha amach ó phríosúnaigh aosacha agus tá sé de cheart acu teagmháil a bheith acu lena dteaghlach (Alt 37). Tá sé de dhualgas ar an Stát roghanna a chothú maidir le héisteachtaí Cúirte agus coinneáil (Alt 40).
- Tá sé de dhualgas ar an Stát rochtain ar fhaisnéis ó raon éagsúil foinsí meán cumarsáide a chinntiú agus bearta a dhéanamh le leanaí a chosaint ó ábhair dhochracha (Alt 17).

3

# Sábháilte agus cosanta ón dochar

## INTREOIR




Taispeánann an léaráid seo na príomhranna agus gníomhaireachtaí Rialtais aitheanta do sheachadadh an Toraidh seo. Luaitear príomhchomhpháirtithe rannpháirteacha eile Rialtais agus gníomhaireachta idir lúibíní tar éis gach ceangaltais.

### Seo a leanas na haidhmeanna do gach leanbh agus duine óg:

- **3.1** Timpeallacht shábháilte, sheasmhach agus chomhbhách a bheith acu.
- **3.2** Iad a bheith sábháilte ón drochíde, ón neamart agus ón dúshaothrú.
- **3.3** Cosaint acu ón mbulaíocht agus ón leatrom.
- **3.4** Iad sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta.

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa tsochaí leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte agus cosanta ón dochar. Ní mór oideachas a chur ar leanaí agus ar dhaoine óga iad féin agus iad curtha ar an eolas faoi chontúirtí agus faoi conas iad féin a chosaint ón dochar agus ó iompar dochrach nó rioscúil.

Sa chomhairliúchán le leanaí agus le daoine óga, measadh gurbh iad an t-iompar frithshóisialta, an choiriúlacht, an bhulaíocht agus an piarbhrú na tréithe ba mheasa a bhain leis an saol in Éirinn.

Ní mór gach leanbh agus gach duine óg a chumhdach. Aithníonn an Rialtas, áfach, go bhfuil sainghrúpaí leanaí agus daoine óga i mbaol níos mó arís, agus go dteastaíonn tacaí agus cosaintí breise uathu, mar sin de. Áirítear ar na leanaí leochaileacha seo íobartaigh gáinneála ar leanaí iad; leanaí atá faoi chúram agus nach bhfuil a dteaghlach in ann

aire a thabhairt dóibh; an Lucht Siúil, leanaí Romacha, leanaí imirceacha agus iarrtha tearmainn; agus leanaí a bhfuil sainriachtanais acu. Ar na grúpaí ar féidir go bhfuil siad fíorleochaileach i dtaca leis an mbulaíocht agus leis an leatrom tá daoine óga leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscne (LADT), iad siúd atá faoi choinneáil agus leanaí agus daoine óga ó mhionlaigh.

## Príomhfhíricí

- scaoileadh amach 15,383 faoi bhun 15 bliana tar éis dóibh bheith glactha isteach san ospidéal do ghortú, nimhiú nó cúis sheachtrach eile.[120]
- I 2012 agus 2013, rinneadh níos mó ná 40,000 aistriú go seirbhísí leasa leanaí agus cosanta in Éirinn.[121]
- Faoi láthair tá 6,400 leanaí faoi chúram an Stáit. Bhí 90% de na leanaí faoi chúram an Stáit i 2011, agus 32% acu á n-altramú le gaolta.[122]
- Ligeadh 62% de na leanaí sin a cuireadh faoi chúram i 2011 isteach ar bhonn deonach.[123]
- Atreoraíodh 12,246 leanaí (i 24,069 cás) chuig Clár Athstiúrtha an Gharda i 2011.124
- Bhí 26% den daonra gan dídean i 2011 faoi bhun 25 bliana. As na 980 duine faoi 25 a bhí gan dídean, bhí 20% acu (199) idir 0-4.[125]
- Fuair an tIniúchadh Náisiúnta Cásanna Neamairt amach go raibh mí-úsáid alcóil ag na tuismitheoirí ina fhachtóir i 62% de na cásanna neamairt agus go raibh foréigean teaghlaigh le fáil i mbeagnach dhá thrian de n cásanna samplacha.

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha Leanaí**

- Dúirt mórchuid mhór na leanaí níos sine gur réitigh siad 'go han-mhaith' nó 'go maith' lena máthair is lena n-athair, agus bhí sin fíor in aois 9 mbliana agus in aois 13 bliana. Dúirt idir aithreacha agus mháithreacha go raibh leibhéil an-arda taobhaithe acu lena naíonán ag aois 9 mí. Ar an dóigh céanna, ag aois 3 bliana agus 5 bliana, dúirt mórchuid na dtuismitheoirí go raibh ardleibhéil cairdis agus leibhéil ísle coimhlinte le sonrú sa chaidreamh tuismitheoir-leanbh (2009, 2012, 2013).
- Dúirt 24% de mháithreacha go ndearnadh bulaíocht ar a leanbh 9 mbliana le bliain anuas, ach dúirt céatadán níos airde leanaí (40%) go raibh daoine 'ag gabháil dóibh' sa tréimhse chéanna (2009).
- Bhaineadh 1% nó níos lú de mháithreacha úsáid as buillí a thabhairt 'go rialta' nó 'i gcónaí' le smacht a chur ar a gcuid leanaí. Ní dúirt ach leath acu nár thug siad buille 'riamh' dá gcuid leanaí (2009, 2013).
- Is gnách go nasctar stíl 'údarásach' thuistithe, mar a ndéantar cothromaíocht idir iompar rialaithe agus ardleibhéil chairdis, le torthaí níos fearr do leanaí. I measc leanaí 9 mbliana, bhíodh claonadh ag mórchuid na máithreacha (77%) agus na n-aithreacha (68%) i dtreo an chur chuige seo (2009, 2013).



*lean de*

- Mhothaigh beagnach an tríú cuid de mháithreacha leanaí 9 mbliana nach raibh sé sábháilte bheith ag siúl leo féin ina gceantar áitiúil tar éis dul faoi na gréine; mhothaigh 9% nach raibh sé sábháilte bheith ag súgradh lasmuigh ina gceantar áitiúil i rith an lae; agus mhothaigh 42% nárbh ann do pháirceanna, clóis súgartha agus spásanna súgartha sábháilte ina gceantar áitiúil (Saintuarascáil, 2013).

# TOSAÍOCHTAÍ POLASAÍ

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na príomhthosaíochtaí Rialtais i dtaca le gach ceann de na ceithre aidhm faoi Thoradh 3 (Sábháilte agus cosanta ó dhochar). Leagann Aidhm 3.1 amach an fachtóir cosanta bunúsach seo a leanas, 'timpeallacht bhaile shábháilte, sheasmhach agus chomhbhách a bheith agat', rud atá riachtanach do thorthaí rafara ar fud na 5 réimse náisiúnta toraidh. Is iad na timpistí inchoiscthe an chúis is mó ghortaithe agus bháis sna leanaí agus sna daoine óga. Is réimse í an teicneolaíocht atá ag méadú ó thaobh tábhachta de i saol na leanaí agus na ndaoine óga, rud a thugann deiseanna iontacha chomh maith le bagairtí don tsábháilteacht agus don leas; áis nua don bhulaíocht atá ann freisin.

## Aidhm 3.1: Timpeallacht bhaile shábháilte, sheasmhach agus chomhbhách a bheith agat

Cuireann an leanúnachas agus an chobhsaíocht i gcaidrimh theaghlaigh go mór le leas agus le cobhsaíocht shóisialta duine aonair, agus bíonn siad níos tábhachtaí arís i gcás na leanaí. Ceadaíonn timpeallacht chomhbhách bhaile riachtanais mhothúchánacha an linbh i dtaca le sásamh na slándála, an mhuintearais, na tacaíochta agus an dlúthchaidrimh. Téann nádúr agus caighdeán saol an teaghlaigh i bhfeidhm ní hamháin ar an tslí a mbíonn leanbh in ann déileáil leis an saol agus é/í ag fás aníos, ach cabhraíonn sin freisin le caighdeán a gcuid caidreamh, tuistithe agus sláinte intinne a chinneadh agus iad ina n-aosaigh. Tógtar athléimneacht trí mheán caidreamh comhbhách agus taithí ar ghrá agus ar mhuinín – agus is fachtóir cosanta suntasach í an athléimneacht i dtaca le cur ar chumas na leanaí agus na ndaoine óga deacrachtaí a shárú.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le tacú le tuismitheoirí[126] le timpeallacht bhaile a sholáthar atá sábháilte agus slán, seasmhach agus comhbhách dá gcuid leanaí.
- Is timpistí inseachanta iad mórchuid na gcásanna gortaithe agus báis le leanaí agus le daoine óga a tharlaíonn sa bhaile, ar an bhfeirm nó ar na bóithre.
- Ag cur san áireamh ról méadaithe na teicneolaíochta i saol na leanaí agus na ndaoine óga, teastaíonn comhairle agus faisnéis ó thuismitheoirí faoi conas is fearr is féidir leo a gcuid leanaí a chosaint ón dochar ar líne agus maidir leis na meáin shóisialta agus

leis an téacsáil. Ar an dóigh céanna, teastaíonn treoir mhúinteoirí agus thuismitheoirí ó leanaí agus ó dhaoine óga le foghlaim conas déileáil leis an toise bhreise seo a bhaineann le saol an lae inniu.

- An tábhacht a bhaineann le haithint iarmhairtí saoil tráma a mbíonn ar leanaí aghaidh a thabhairt air, mar shampla nuair a bhriseann caidreamh a dtuismitheoirí síos, nuair a bhíonn orthu aghaidh a thabhairt ar mhéala nó i dtosca nuair a chuirtear drochíde ar na leanaí, nó bíonn siad thíos leis ag foréigean teaghlaigh nó iad curtha faoi chúram.
- An tábhacht a bhaineann leis an tslándáil do gach leanbh, agus go bhfuil caidreamh soiléir dlíthiúil idir an leanbh agus an t-aosach/na haosaigh ina saol atá ag cur i gcrích an ról tuistithe.[127]
- Tá mórchuid na leanaí atá faoi chúram i socrúcháin sheasmhacha, chomhbhácha le teaghlaigh comhbhácha altrama nó i dtithe cónaithe.
- Ar bhaint amach 18 mbliana dóibh, ní mór tacú le daoine óga atá ag imeacht ó shuíomhanna cúraim agus iad ag aistriú go maireachtáil neamhspleách.

## Aidhm 3.2: Sábháilte ó dhrochíde, ó neamart agus ó dhúshaothrú[128]

Is tréimhse fhorbartha an-luachmhar iad tréimhsí na luathóige agus na hógántachta. Is féidir go mbeidh iarmhairt dhíobhálach shuntasach agus bhuan ar dhuine mar gheall ar thráma an neamairt, na drochíde nó an dúshaothraithe. Is féidir go n-athrófar treo a saoil féin agus shaol a dteaghlaigh mar gheall air. Is féidir go bhfuil i gceist le drochíde (bíodh sí beartaithe nó neamhbheartaithe), nó drochíde ghnéis, fhisiciúil nó mhothúchánach). Is féidir go n-eascródh drochíde ó mhí-úsáid substainte sa teaghlach, nó ó bheith ina fhinné ag mí-úsáid substainte na dtuismitheoirí nó foréigean teaghlaigh, nochtadh (fiú nochtadh gan chuimhneamh) ar ábhar atá dochrach nó nach bhfuil oiriúnach dá n-aois (go háirithe ar an Idirlíon) nó bheith faoi réir ag pionós fisiciúil nó milleadh ginitiúil mná. Bíonn leanaí agus daoine óga i mbaol freisin an dúshaothraithe trí mheán na pornagrafaíochta, an striapachais, na gáinneála daonna, an dúshaothraithe shaothair, an phósta éigeantais agus na daoirse teaghlaigh.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá gach cineál neamairt, drochíde, dúshaothraithe nó foréigin i leith linbh doghlactha agus tá sé de dhualgas ar an Stát gníomhú leis an leanbh a chosaint agus le tacú leo.
- Cuireann an méid atá foghlamtha ó athbhreithnithe agus ó fhiosrúcháin ar chásanna a raibh deireadh tragóideach leo, cuireann sé béim ar an ngá atá ann le measúnacht chaighdeánaithe, dea-chumarsáid idir seirbhísí agus cinnteoireacht thráthúil le cinntiú nach bhfágtar aon leanbh i dtimpeallacht drochíde.
- Le leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte teastaíonn freagra ón tsochaí ar fad. Tá freagracht ar gach duine, go háirithe iad siúd a bhíonn ag obair go díreach le leanaí nó a bhfuil post údaráis acu, leanaí a chosaint ón drochíde.

- An tábhacht a bhaineann le haithint 'an dochair faoi cheilt'[129] agus cinntiú go n-aithnítear na leanaí sin atá ag maireachtáil le tuismitheoirí le fadhb mhí-úsáide substainte agus go dtacaítear leo laistigh de Sheirbhísí Andúilíochta na FSS agus ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.
- An gá atá ann le cinntiú go mbíonn na córais aimsithe, mheasúnachta, teiripe agus imscrúdaithe choiriúil agus oibre ionchúisimh ag obair ar bhealach comhordaithe agus iad ag cur san áireamh an tráma a mbíonn íobartaigh drochíde agus coiriúlachta ag tabhairt aghaidhe air, agus é i gceist athíospairt an linbh a chosc.
- Tá i gceist le mórchuid na gcásanna drochíde linbh ball teaghlaigh nó duine a bhfuil aithne ag an leanbh nó ag an duine óg air nó uirthi.
- Tá 37% de mhí-úsáideoirí leanaí faoi bhun 18 mbliana iad féin[130] agus tá gá, mar sin de, le freagra cuí teiripeach do leanaí agus do dhaoine óga a dhéanann drochíde.
- Le forbairt na teicneolaíochta is ann d'fheithicil nua do chruthú agus do dháileadh pornagrafaíochta leanaí, rud a ghin bagairtí nua do leanaí, mealltóireacht ar líne san áireamh.
- Is as limistéar an Aontais Eorpaigh iad mórchuid na leanaí agus na ndaoine óga ar íobartaigh na gáinneála daonna iad.

## Aidhm 3.3: Cosanta ón mbulaíocht agus ón leatrom

Tá an bhulaíocht agus an piarbhrú aitheanta ag leanaí agus ag daoine óga mar chuid de na rudaí is measa a bhaineann le bheith i do leanbh in Éirinn. Is féidir leis an mbulaíocht agus leis an leatrom dianiarmhairt dhiúltach a bheith acu ar shláinte intinne duine agus is féidir go gcuirfidh siad cosc ar a rochtain ar an oideachas, ar shláinte mhaith agus ar dheiseanna eile saoil. Aithníonn an 'bhulaíocht aitheantasbhunaithe' nó an 'bhulaíocht réamhchlaonadhbhunaithe' gur minic gur bunchúiseanna bulaíochta iad an ciníochas, an homafóibe, an gnéasachas agus an claonadh in aghaidh daoine le míchumas. Príomhghné den ghleic in aghaidh na bulaíochta go ginearálta is ea bheith ag obair le cultúir a chruthú mar nach nglactar leis na réamhchlaontaí seo.[131] Is féidir leis an mbulaíocht agus leis an leatrom tuairimí míchuí, cibearbhulaíocht agus ciníochas institiúideach a chuimsiú. (*féach lch. 100*). Tá an aidhm seo nasctha le hAidhm 5.1 de Thoradh 55: 'Tuiscint do d'aitheantas féin, saor ó leatrom'.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá gach cineál bulaíochta agus leatroim[132] doghlactha agus ní mór a dúshlán a thabhairt i scoileanna, in eagraíochtaí óige, i bpobail ag an obair agus ar líne, agus tá sé de dhualgas ar an Stát cinntiú nach ndéanann a chuid dlíthe, polasaithe agus cleachtas leatrom.
- Is fadhb iompair í an bhulaíocht a chuireann isteach ar shaol na mílte leanaí scoile agus a dteaghlaigh. Bíonn de thoradh ar an náiriú, an eagla, an frustrachas, an leithlisiú sóisialta agus an caillteanas féinmheasa a bhíonn ar leanaí de dheasca bulaíochta na rudaí seo a leanas: an neamhláithreacht ón scoil, obair scoile atá go holc nó ag dul in olcas, athruithe pearsantachta, galar, dúlagar agus uaireanta féinmharú.[133]

- Is bunchúis bhulaíochta i measc na ndéagóirí é an réamhchlaonadh, lena n-áirítear an homafóibe agus an trasfóibe.
- An tábhacht a bhaineann le ról na dtuismitheoirí, na n-aosach tábhachtach agus an phobail i gcoitinne maidir le timpeallacht a chruthú nach nglacann le agus nach gcothaíonn an bhulaíocht (cibearbhulaíocht san áireamh) ná leis an éadulaingt.
- Is féidir le scoileanna, eagraíochtaí óige agus pobail ról tábhachtach a chur i gcrích maidir le cultúr dearfach an chomhionannais, na cuimsitheachta, an chumasaithe agus na gnóthachtála do gach leanbh agus duine óg.
- Nádúr casta agus ilghnéitheach na cibearbhulaíochta.
- An gá atá ann le tacú le leanaí agus le daoine óga a bhíonn ag gabháil d'iompar bulaíochta agus le hiarmhairt a n-iompair a thuiscint, le go mbeadh athrú béasaí orthu.

## Aidhm 3.4: Sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta

Ba chóir go mothódh leanaí agus daoine óga sábháilte laistigh dá bpobal féin agus iad cosanta agus athstiúrtha ó bheith tarraingthe isteach sa ghníomhaíocht fhrithshóisialta agus choiriúil. Ba chóir na rioscaí agus na contúirtí a aithint a bhaineann le daoine a bheith ag déanamh teagmhála le leanaí agus le daoine óga ar líne. Is féidir go mbeidh de thoradh ar a leithéid d'iarrachtaí teagmhála sealbhú nó táirgeadh íomhánna neamhdhleathacha. Tá Toradh 5 (Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan) an-tábhachtach mar fhachtóir cosanta maidir le coiriúlacht agus le hiompar frithshóisialta. Is féidir go mbeidh éifeacht an-díobhálach ag rannpháirtíocht na ndaoine óga san iompar coiriúil ar a dtorthaí saoil, rud a fhágann iad i ngleic leis an dlí nó iad ag cur a sláinte nó a saol i mbaol mar gheall ar fhoréigean.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le spásanna sábháilte, cairdiúla áineasa a sholáthar do leanaí níos sine agus do dhaoine óga.
- An ról bunriachtanach a chuireann tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail i gcrích maidir le cosc agus laghdú na coiriúlachta (coiriúlacht ar líne san áireamh) agus an iompair fhrithshóisialta.
- An ról suntasach a chuireann eagraíochtaí óige, pobail agus spóirt i gcrích maidir le tógáil rannpháirtíocht na ndaoine óga ina bpobal fein agus maidir lena féinmheas agus fachtóirí cosantacha eile a thógáil, lena n-áirítear feasacht i dtaca lena sábháilteacht fein.
- Tá dlúthbhaint ann idir mí-úsáid alcóil agus substainte agus iompar frithshóisialta agus coiriúil. Cuireann an obair óige ról tábhachtach i gcrích maidir le cosc a chur ar dhaoine óga bheith ag mí-úsáid substaintí agus bheith ag gabháil d'iompar coiriúil agus frithshóisialta, agus maidir lena n-athstiúradh óna leithéid d'iompar.

- Is cúis riosca do dhaoine óga é bheith nochtaithe don chearrbhachas agus is féidir le soláthar méadaithe an chearrbhachais ar líne na rioscaí sin a mhéadú.
- Rath Thionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Shíochána i dtaca le daoine óga 'i mbaol' a athstiúradh ón gcoiriúlacht agus ó thaifead coiriúil agus i dtaca lena spreagadh le creidbheáil ina gcumas féin arís.
- Is féidir go bhfuil riachtanas cúraim mar bhunchúis ag iompar frithshóisialta agus ag gníomhaíocht choiriúil ag leanbh nó duine óg, riachtanas a bhaineann le handúil, míchumas, deacracht sláinte intinne nó deacracht phearsanta mhothúchánach, agus is feidir gur chuir tráma éigin as don duine aonair.
- An stiogma agus an cur isteach ar an saol a bhíonn ag a lán leanaí agus daoine óga tar éis do thuismitheoir dá gcuid a bheith curtha sa phríosún. Léiríonn taighde ó dhlínsí eile ardleibhéil chiontaithe idirghlúine don ghrúpa seo.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas don mhéid seo a leanas:

**3.1** Foghlaim ó imscrúduithe agus ó athbhreithnithe faoin gcosaint leanaí*, moltaí ábhartha a chur i bhfeidhm agus polasaithe agus dlíthe a chur in oiriúint ar bhonn leanúnach le cinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha chosanta leanaí. (**RLGÓ**)

**3.2** Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an Acht um Chúram Leanaí 1991. (**RLGÓ**)

**3.3** Gabháil sonraí a threisiú le feabhas a chur ar ár n-eolas faoi agus tuiscint ar an mí-úsáid agus ar thaithí na leanaí i dtaca leis an gCóras Cúirte trí fhorbairt an Chórais Náisiúnta Fhaisnéise Cúraim Leanaí agus an Tionscadail um Thuairisciú Dhlí an Chúraim Leanaí. (**RLGÓ**)

**3.4** Feabhas a chur ar nádúr na n-imeachtaí Cúirte, ag laghdú na hiarmhairte diúltaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar leanaí trí mheán athchóiriú na gCúirteanna agus laghdú a nádúir sháraíochta trí thabhairt isteach cleachtais Chúirte atá cairdiúil do leanaí agus trí spreagadh níos mó úsáide eadrána.[134] (**RDCC**)

**3.5** Beartú tosaíochta a dhéanamh i dtaca le seirbhísí sláinte, oideachais agus teiripeacha do leanaí faoi chúram. (**Tusla**, FSS, RLGÓ, RS, ROS)

**3.6** Treoir náisiúnta Leanaí ar dTús a chur i bhfeidhm ina hiomláine, lena n-áirítear stádas reachtúil a bhronnadh ar eilimintí di, cur i bhfeidhm pleananna earnála agus na hoiliúna gaolmhaire agus cinntiú go gcomhlíontar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin.[135] (**RLGÓ**, Gach eagraíocht)

---

* Áirítear orthu seo na Tuarascálacha faoi Bhásanna Leanaí, tuarascálacha an Rapóirtéara Speisialta faoi chosaint leanaí agus athbhreithnithe cáis, leithéidí tuarascáil Chiorrú Coil Chúraim Leanaí Ros Comáin.

**3.7** An Bille Inimirce, Cónaithe agus Cosanta a thabhairt isteach agus a achtú, Bille a thabharfaidh aghaidh ar bhealach cuimsitheach ar idirghníomhú na leanaí imirceacha leis an gcóras inimirceach, agus ar chóir go ndéanfadh sé soláthar do chóras cinnte cosanta níos tapúla agus níos éifeachtaí a ghiorróidh an tréimhse a chaitheann teaghlaigh agus go háirithe leanaí sa chóras Soláthair Dhírigh.[136] (**RDCC**)

**3.8** Tacú le hiarrachtaí le nochtadh na leanaí d'ábhar nach bhfuil aoisoiriúnach a theorannú (lena n-áirítear ábhar a bhfuil nádúr gnéis nó foréigin ag baint leis, cearrbhachas ar líne, srl) ar an Idirlíon, trí mheán fón cliste san áireamh. (**RCFAN**, RDCC)

**3.9** Leanúint de bheith ag cothú an chleachtais is fearr i measc miondíoltóirí, na meán cumarsáide agus an tionscail siamsaíochta agus é i gceist cur isteach ar ghnéasú agus ar thráchtálú na luathóige; nuair is cuí sin, reachtaíocht a thabhairt isteach agus/nó rialú le cleachtais mhíchuí a rialú nó a shrianú. (**RLGÓ**, RDCC, RPFN, RCFAN)

**3.10** Cosaint éifeachtach agus thráthúil a sholáthar chomh maith le seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí teiripeacha d'íobartaigh drochíde agus coiriúlachta.[137] (**RLGÓ**, RDCC, RS, FSS, Tusla)

**3.11** Cinntiú go bhfaigheann déantóirí drochíde, iad siúd atá faoi bhun 18 san áireamh, tacaíocht éifeachtach theiripeach agus é mar aidhm acu atitimeachas a laghdú. (**Tusla**, FSS, an tSeirbhís Phromhaidh, RLGÓ, RS, RDCC )

**3.12** Reachtaíocht chomhdhlúite agus athchóirithe faoi fhoréigean teaghlaigh a thabhairt isteach le haghaidh a thabhairt ar gach gné den fhoréigean teaghlaigh, de bhagairtí foréigin agus den imeaglú ar bhealach a sholáthraíonn cosaint do gach íobartach. (**RDCC**)

**3.13** Tacú le gach iarracht, iarrachtaí AE agus iarrachtaí idirnáisiúnta san áireamh, le dul i ngleic le drochíde ghnéis, dúshaothrú agus gáinneáil leanaí i ngach comhthéacs, lena n-áirítear tacaíocht do chóras scagtha ar líne i dtaca le blocáil ábhar drochíde líne ar líne agus bearta a dhíríonn ar laghdú drochíde agus dhúshaothrú leanaí agus daoine óga trí mheán an striapachais agus an dúshaothraithe shaothair. (**RDCC**, RPFN, RCFAN, RLGÓ, AGS)

**3.14** Cinntiú go mbíonn creatlach dhlí agus pholasaí chuí i bhfeidhm i dtaca le híobartaigh gáinneála ar leanaí iad, ag leagan síos cearta agus teidlíochtaí na leanaí a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear forálacha faoi chúrsaí cúraim, lóistín agus cumhdaigh.[138] (**RDCC**)

**3.15** Meicníochtaí cuí a bheith i bhfeidhm le haithint gach íobartaigh linbh a chinntiú a ndearnadh gáinneáil air nó uirthi. Tá i gceist lena leithéid de mheicníochtaí gníomhaireachtaí/comhlachtaí, cleachtóirí sláinte agus oibrithe sóisialta inniúla reachtúla agus neamhreachtúla. (**RDCC**, RS, RLGÓ, AGS, FSS, Tusla)

**3.16** Freagra seirbhíse comhtháite agus cuimsitheach a thabhairt ar 'leanaí faoi 18 atá ar shiúl ón mbaile (is amhlaidh do gach leanbh faoi chúram) de réir chinneadh agus mholtaí *Athbhreithniú Chur i bhFeidhm na Straitéise faoi Easpa Dídine na nDaoine Óga*.[139] (**RLGÓ**, RS, RCPRÁ, ROS, RCS, RDCC, FSS, Tusla, AGS)

**3.17** Gnéithe den dlí teaghlaigh a athchóiriú, an dlí faoi chaomhnóireacht san áireamh, le struchtúr dlíthiúil a chruthú le buntacú le suíomhanna éagsúla tuistithe agus le soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar faoi chearta agus dualgais na dtuismitheoirí i bhfoirmeacha éagsúla teaghlaigh.[140] (**RDCC**)

**3.18** Creatlach Náisiúnta don Fhrithbhulaíocht a fhorbairt, a thógann cur chuige ar fud an phobail i dtaca le dul i ngleic leis an mbulaíocht, ón luathóige go dtí an aosacht. (**RLGÓ**, gach eagraíocht)

**3.19** Leanúint de bheith ag cothú an chleachtais is fearr ag soláthróirí meán sóisialta i dtaca le rialuithe príobháideachais agus meicníochtaí tuairiscithe don mhí-úsáid/don bhulaíocht le leanaí a chosaint níos fearr ar líne. (**RCFAN**, RDCC)

**3.20** Dul i ngleic leis an gcoiriúlacht óige agus leanaí agus daoine óga a athstiúradh ón gcoiriúlacht agus ó iompar frithshóisialta trí bheith i dteagmháil le daoine óga sa phobal agus trí mheán idirghabhálacha eile a bhfuil sé léirithe go bhfuil siad éifeachtach, agus é i gceist patrúin iompair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha an chiontaithe óige a athrú.[141] Raon comhsheasmhach pionós pobail agus coiriúil a úsáid leis an gciontú a laghdú.[142] (RDCC, RLGÓ, AGS, an tSeirbhís Phromhaidh)

**3.21** Áis nua Náisiúnta Choinneála Leanaí a thógáil agus a oscailt agus deireadh a chur leis an gcleachtas seo, bheith ag cur buachaillí 17 mbliana in áiseanna príosúin d'aosaigh. Athchóirithe na Scoileanna Coinneála Leanaí a thabhairt chun críche, monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí do leanaí faoi choinneáil agus tar éis a gcoinneála, agus cinntiú go mbíonn córas láidir neamhspleách iniúchta, gearán agus imscrúdaithe ag feidhmiú laistigh de na Scoileanna Coinneála Leanaí. (**RLGÓ**)

**3.22** Rochtain shásúil ag leanaí ar thuismitheoir atá sa phríosún a chinntiú, agus sin i suíomh atá cairdiúil do leanaí. (**RDCC**)

**3.23** Ionchorpróidh gach straitéis násiúnta feasachta poiblí faoin tsábháilteacht agus faoi chosc timpistí agus gortuithe, lena n-áirítear sábháilteacht bhóthair, uisce agus fheirme, leanaí agus daoine óga, agus díreoidh siad orthu. (**RLGÓ**, gach eagraíocht ábhartha)

**3.24** Bearta cuí a dhéanamh le daoine óga a chosaint ó rioscaí a bhaineann leis an gcearrbhachas. (**RDCC**, RITS, RPFN, RCFAN, Rialtas Áitiúil)

## Ceangaltais faoi Spriocanna Bunathraithe – Lárnach do Thoradh 3

### Idirghabháil níos luaithe

- Tacaí tuistithe uilíocha a sholáthar a ndeachaigh fianaise i bhfeidhm orthu agus luathaitheantas leanaí, teaghlach agus pobal 'i mbaol' a chinntiú do thacaí sonracha atá oiriúnach le teaghlaigh a threisiú agus le líon na gcásanna a laghdú mar a gcuirtear leanaí faoi chúram, agus mar a bhfanann siad faoi chúram. (**RLGÓ**, Tusla)
- Tacú le hobair óige d'ardchaighdeán, mar fhachtóir cosanta a chuireann le forbairt iomlán an duine óig agus le teagmháil a dhéanamh le daoine óga atá i mbaol coiriúlachta nó iompair fhrithshóisialta. (**RLGÓ**)

### Éisteacht le leanaí agus daoine óga agus iad a dhéanamh rannpháirteach

- Leanaí agus daoine óga atá faoi chúram a éascú le go mbeidís páirteach ar bhealach bríoch ina bpleanáil agus ina gcinnteoireacht chúraim, trí oiliúint agus trí thacaíocht na ngairmithe san áireamh. (**Tusla**, RLGÓ)
- Meicníochtaí a chruthú le deis a sholáthar do leanaí go n-éistfí lena nglór sna himeachtaí breithiúnacha sin a théann i bhfeidhm orthu, trí mheán ionadaithe neamhspleácha san áireamh, nuair is cuí sin. (**RDCC**, RLGÓ)

### Seirbhísí d'ardchaighdeán

- Seirbhísí éifeachtacha tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a bhaint amach trí bhunú Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus trí chur i bhfeidhm na Creatlaí Náisiúnta do Sheachadadh Seirbhíse do sheirbhísí leasa leanaí agus cosanta, le tairseacha agus bearta toraidh comhaontaithe. (**RLGÓ**, Tusla)

### Comhordú agus comhoibriú

- Glacadh le cur chuige éifeachtach idirghníomhaireachta maidir le cásanna cosanta agus leasa leanaí, ag bunú prótacal faisnéise agus comhordaithe (prótacail 'Dochar faoi Cheilt' san áireamh) idir gníomhaireachtaí a bhíonn ag freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga agus seirbhísí aosachdhírithe le haghaidh andúile, foréigin teaghlaigh agus sláinte intinne. (**RLGÓ**, RS, ROS, FSS, Tusla, agus eagraíochtaí ábhartha eile)

## Príomhpholasaithe tacaíochta

- *Plean Gníomhaíochta faoin mBulaíocht: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre Fhrithbhulaíochta don Aire Oideachais agus Scileanna (ROS, 2013)*
- *Ag dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige – Plean Gníomhaíochta Ceartais i leith an Aosa Óig, 2014-2018 (RLGÓ, 2014)*
- *Straitéis Leanaí agus Óige An Gharda Síochána, 2012-2014 (An Garda Síochána, 2012)*
- *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta le Dul i nGleic agus le Cosc a chur ar an nGáinneáil Dhaonna in Éirinn, 2009-2012 (RDCC, 2009)*
- *Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus do Leas na Leanaí (RLGÓ, 2011)*
- *An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí: Lámhleabhar Polasaí (OMC, 2007)*
- *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Shóisialta, 2007-2016 (RCS, 2007)*
- *Plean Chur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (RDCC, 2013)*
- *Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Bhainistiú Thionscadail na FSS um Dhochar faoi Cheilt (2013) Ag tabhairt aghaidhe ar an dochar faoi cheilt: conas an bhearna a líonadh idir córais mí-úsáide substaintí agus córas an chúraim leanaí, aighneacht faoi bhráid an Aire Stáit le freagracht do Dhrugaí, Alex White, TD (gan fhoilsiú).*

# Slándáil

Toradh 4

# COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH

**Cuirfidh baint amach Thoradh 4 cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun tosaigh. Seo cuid de na hAilt ábhartha:**

- **Alt 27: Tá sé de cheart ag leanaí caighdeán maireachtála a bheith acu atá 'sásúil d'fhorbairt fhisiciúil, intinne, spioradálta, mhórálta agus shóisialta'. Tá príomhfhreagracht ar na tuismitheoirí sin a sholáthar, agus tá dualgas ar an Stát cabhrú le tuismitheoirí, nuair is gá sin, leis an gceart seo a chomhlíonadh.**

- **Alt 18: Tá sé de dhualgas ar an Stát an prionsabal a aithint agus a chothú go bhfuil freagrachtaí roinnte ag an dá thuismitheoir nó ag caomhnóirí dlíthiúla maidir le tógáil agus le forbairt an linbh; tacóidh an Stát le tuismitheoirí nó le caomhnóirí dlíthiúla sa tasc seo trí sholáthar na cabhrach cuí.**

- **Alt 26: Tá sé de cheart ag leanaí leas a bhaint as an tslándáil shóisialta.**

- **Alt 32: Tá sé de cheart ag leanaí bheith cosanta ón dúshaothrú saothair dochrach.**

# 4 Slándáil agus deis eacnamaíocha

## INTREOIR




Taispeánann an léaráid seo na príomhranna agus gníomhaireachtaí Rialtais aitheanta do sheachadadh an Toraidh seo. Luaitear príomhchomhpháirtithe rannpháirteacha eile Rialtais agus gníomhaireachta idir lúibíní tar éis gach ceangaltais.

### Seo a leanas na haidhmeanna do gach leanbh agus duine óg:

- **4.1** Go bhfuil siad cosanta ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisalta.
- **4.2** Go bhfuil siad ina gcónaí i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/daoine óga.
- **4.3** Go bhfuil deiseanna acu don oideachas agus don oiliúint leanúnacha.
- **4.4** Go bhfuil conairí acu ar an rannpháirtíocht eacnamaíoch agus ar an maireachtáil neamhspleách.

Is mian le daoine óga bheith ag obair agus ag déanamh dul chun cinn sa saol. Ní mór leas a bhaint as a gcuid tallann, fiontraíochta agus cruthaíochta nádúrtha agus ní mór deiseanna a thabhairt dóibh cáilíochtaí úsáideacha agus taithí oibre luachmhar a fháil. Bhí an geilleagar, imní faoi easpa post agus easpa deiseanna post, agus an iarmhairt ar a dtuismitheoirí i dtéarmaí imní agus struis ar chuid de na téamaí láidre a tháinig chun cinn ó chomhairliúchán 2012 le leanaí agus le daoine óga. D'aithin 24% de leanaí agus 19% de dhaoine óga an cúlú eacnamaíochta reatha mar an ghné is measa den saol in Éirinn.

Aithníonn an Rialtas go mbíonn iarmhairt shuntasach ag bochtanas, tithíocht fhochaighdeánach agus eisiamh sóisialta ar thorthaí saoil duine agus nach mór iarrachtaí a dhéanamh na neamhchomhionannais atá ag teacht chun cinn a laghdú. Tá teaghlaigh áirithe

i mbaol méadaithe bochtanais, go háirithe teaghlaigh aon tuismitheora agus teaghlaigh gan aon duine fostaithe. Nuair a fhásann leanbh nó duine óg aníos i bpobal imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste, agus taithí acu ar thimtriaill idirghlúine bhochtanais, mhíbhuntáiste oideachasúil agus dífhostaíochta, cuireann sin bac tromchúiseach ar a gcuid deiseanna.

## Príomhfhíricí

- I 2011, bhí 9.3% de leanaí ag maireachtáil i mbochtanas leanúnach – sin méadú ó 6.3% i 2008. Tá 63% de na leanaí atá i mbochtanas leanúnach i dteaghlaigh gan aon duine fostaithe. [144]
- Maireann 26% de leanaí i dteaghlaigh gan aon duine fostaithe.[145]
- Bhí taithí ag 32.1% de leanaí ar an díothacht bhunúsach i 2011.[146]
- Laghdaíodh an ráta baoil bhochtanais do leanaí ó 49.8% go 18.8% tar éis aistrithe sóisialta i 2011.[147]
- Maireann 18% de leanaí i dteaghlaigh aontuiste.[148]
- Sa tréimhse 2008-2012, chuaigh líon na ndaoine in aois 15-24 a bhí fostaithe i laghad faoi bheagnach 60%, sin níos mó ná 210,000 den laghdú iomlán de 340,000.[149]
- Chuaigh an dífhostaíocht óige i méid ó 10% i 2007 go 30.4% i 2012, ach chuaigh sé i laghad arís ansin rud beag go meánráta de 26.5% i gcéad 9 mí 2013.[150]
- Bhí an ráta dífhostaíochta do dhaoine in aois 20-24 nach raibh ach bunoideachas meánscolaíochta acu ag breis is 50%, i gcomparáid le thart ar 30% do dhaoine le hoideachas meánscolaíochta níos airde agus 20% do dhaoine ar céimithe tríú leibhéal iad. [151]
- Tá 40% de dhaoine óga in aois 16-24 i mbaol an bhochtanais nó an eisiaimh shóisialta.[152]
- Níl 18% de dhaoine óga ag fáil oideachais, fostaíochta nó oiliúna.[153]

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha Leanaí**

- Is beag éagsúlachta a bhí le sonrú sa mhéid a bhí máithreacha leanaí 9 mí (57%) agus máithreacha leanaí 5 bliana (55%) fostaithe taobh amuigh den bhaile seachas bheith gafa go príomha d'aire a thabhairt don bhaile/don teaghlach (36% sa dá chás) (2010, 2013).
- Ag 9 mí, 3 bliana agus 5 bliana, ba iad na máithreacha a raibh an leibhéal ab ísle oideachais acu ar dhóichí iad a bheith 'ag tabhairt aire don bhaile/don teaghlach' agus ar lú an seans go raibh siad fostaithe (2013).
- Bhí gaol láidir ann idir ioncam an teaghlaigh agus oideachas na máthar. Nuair a d'fhág an mháthair an scoil leis an Teastas Sóisearach nó níos lú, bhí 45% de na teaghlaigh sa ghrúpa ioncaim ab ísle agus ní raibh ach 5% de na teaghlaigh seo sa ghrúpa ioncaim ab airde (2012).
- Dúirt 25% de thuismitheoirí leanaí 5 bliana d'aois gur rith sé 'deacair' nó 'an-deacair' leo a gcuid billí ar fad a íoc. Is é an figiúr comparáideach a bhí ann i 2008/09, nuair a bhí a leanbh 9 mí d'aois, ná 12% (2013).

- Dúirt 55% de theaghlaigh aontuismitheora go raibh deacrachtaí acu a gcuid billí ar fad a íoc ag an 3 aois, i gcomparáid le 29% de theaghlaigh aontuismitheora (2013).
- Nuair a chuirtear i gcomparáid na sonraí ó bhí an leanbh 3 bliana d'aois agus nuair a bhí sé/sí 5 bliana d'aois, chuaigh an céatadán de theaghlaigh 'nach raibh in acmhainn' íoc ar bhunriachtanais nó 'a ghearr siar orthu', chuaigh an líon i méid ó 32% go 43%. Chuaigh an céatadán a raibh 'riaráistí acu i dtaca le billí fóntais' i méid ó 14% go 17% agus chuaigh céatadán na ndaoine 'le riaráistí cíosa/morgáiste' i méid ó 9% go 14% (2012, 2013).

# TOSAÍOCHTAÍ POLASAÍ

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar na príomhthosaíochtaí Rialtais maidir le gach ceann de na ceithre aidhm faoi Thoradh 4 (Slándáil agus deis eacnamaíocha). Múnlaíonn dul chun cinn eacnamaíoch na hÉireann an comhthéacs ónar féidir slándáil agus deis eacnamaíocha a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Sainmhínítear an tslándáil eacnamaíoch mar riocht ina bhfuil ioncam seasmhach nó acmhainní eile le tacú le caighdeán maireachtála anois agus go ceann i bhfad. Is deitéarmanacht an-tábhachtach na dtorthaí dearfacha leanaí í slándáil eacnamaíoch an teaghlaigh. Tá sé d'aidhm ag Straitéis Fháis an Rialtais slándáil eacnamaíoch na dteaghlach a chothú trí mhéadú líon na dtuismitheoirí atá fostaithe. Is cuid bhunriachtanach de sheachadadh na slándála eacnamaíche iad na tacaí ioncaim, chomh maith le deiseanna don bhreisoideachas agus don fhostaíocht, leis an tslándáil eacnamaíoch a sheachadadh. Tosaíocht de chuid an Rialtais is ea gníomhachtú fostaíochta.

Chuaigh an dífhostaíocht óige i méid go 30.4% i 2012, ag dul i laghad go 26.5%[154] i 2013, ráta atá fós níos airde ná ráta an daonra i gcoitinne. Laghdaíodh na figiúirí seo ag éifeachtaí na himirce. Caillteanas mór don tsochaí atá sa dífhostaíocht óige; tá i gceist léi freisin caillteanas suntasach, láithreach agus fadtéarmach i dtéarmaí sláinte, cánacha caillte agus eisiaimh shóisialta. Beidh éifeacht ghlúine ag taithí na ndaoine óga anois, agus a gcumas fostaíocht chobhsaíoch a fháil, ar sheansanna agus ar ionchas saoil a gcuid leanaí nár rugadh fós.

Bhí iarmhairt shuntasach athruithe sa mhargadh saothair le tríocha bliain anuas ar na cineálacha scileanna (go háirithe scileanna boga) agus cumais a theastaíonn ó dhaoine óga le bheith fostaithe. Tá níos mó brú ar dhaoine óga freisin bheith postréidh agus in ann feidhmiú i bpost ón gcéad lá.

Ní mór daoine óga a spreagadh lena bpost féin a fháil nó a chruthú, le cur go gníomhach leis an tsochaí agus le freagraí an Rialtais agus an tionscail a mhúnlú i dtaca leis an dífhostaíocht óige.

## Aidhm 4.1: Cosaint ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisialta

Is é an rud atá i gceist le cosaint leanaí agus daoine óga ón mbochtanas agus ón eisiamh sóisialta[155] ná cinntiú go mbíonn ioncam agus acmhainní imleora acu, iad ina gcónaí i dtithe réasúnta, teacht acu ar bhia inacmhainne d'ardchaighdeán, ar oideachas agus ar chúram leanaí d'ardchaighdeán, agus go mbíonn na deiseanna acu a theastaíonn le bheith ag forbairt agus ag glacadh páirte sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Ba chóir do gach leanbh fás aníos i dteaghlach a bhfuil teacht aige ar dhóthain acmhainní, tacaíochtaí agus seirbhísí leis an leanbh a chothú agus le haire a thabhairt dó, agus le forbairt an linbh agus lánrannpháirtíocht chomhionann sa tsochaí a chothú.
- Chuaigh an cúlú eacnamaíochta i bhfeidhm go háirithe ar leanaí agus ar dhaoine óga faoi mar atá le feiceáil sa mhéadú i dtaca le rátaí bochtanais leanaí, go bhfuil sé níos deacra ag teaghlaigh a gcuid billí ar fad a íoc,[156] deiseanna laghdaithe fostaíochta* agus ráta ard eisimirce.
- Baineann an bochtanas agus an t-eisiamh sóisialta an bonn de dheiseanna d'fhorbairt mhothúchánach, shóisialta agus intleachtúil na leanaí. Is amhlaidh gur mó an iarmhairt ar an tsláinte agus ar an bhforbairt chognaíoch dá óige is atá an leanbh, agus bíonn éifeachtaí fadtéarmacha i gceist ar leas agus ar ionchais fhostaíochta an linbh sa todhchaí.
- Is baol níos mó é an bochtanas do leanaí agus do dhaoine óga ná don daonra go ginearálta, agus níos mó seans ann go mbeidh bochtanas buan mar thaithí ag leanaí.[157]
- Bíonn claonadh ann go mbíonn éifeachtaí na ndeitéarmanant sóisialta sin, sláinte agus neamhchomhionannais sláinte, ag braisliú i measc daoine atá ina gcónaí i gcoinníollacha faoi mhíbhuntáiste, rud a chuireann iachall méadaithe ar na daoine sin.
- Tá deacrachtaí sonracha os comhair leanaí agus daoine óga atá ag maireachtáil i Soláthar Díreach.[158]
- Is fachtóir tábhachtach riosca é easpa post ag teaghlach i dtaca le bochtanas leanaí. Tá ráta na dtithe gan phost in Éirinn dhá uair níos airde ná an meánráta Eorpach (22%). Tá an ceathrú cuid de na leanaí ag maireachtáil i dteaghlaigh gan phost. Tá baol ann mar gheall air sin ar sheachadadh idirghlúine dífhostaíochta agus bochtanais.
- Tá nasc láidir le sonrú idir rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sa mhargadh saothair, gnóthachtáil oideachasúil na máthar agus coinníollacha maireachtála na leanaí. Bíonn sé níos éifeachtaí dul i ngleic leis an míbhuntáiste trí mheán straitéisí cuimsitheachta

* Dearbhaíonn OECD Education At a Glance, Nóta Tíre (2013) an méid seo: 'Idir 2008 agus 2011, chuaigh an dífhostaíocht i measc daoine 25-34 bliana nach bhfuair oideachas méanscolaíochta uachtaraí i méid faoi 21.5 %, suas go 37%. I measc daoine óga le hoideachas tríú leibhéal, ba é an méadú a bhí le sonrú ná 5.2 %, suas go 8.7%. Arís, tá na rátaí dífhostaíochta seo níos airde ná meánrátaí an ECFE, atá ag 18.1% agus 6.8% faoi seach.'

gníomhaí a chumascann tacaí do thuismitheoirí le rochtain a bheith acu ar oideachas, oiliúint agus fostaíocht, le tacaíocht imleor ioncaim agus rochtain ar na seirbhísí bunriachtanacha, leithéidí cúram leanaí d'ardchaighdeán, inacmhainne, oideachas réamhscolaíochta d'ardchaighdeán, seirbhísí iarscoile, sláinte, tithíocht agus seirbhísí sóisialta. Tá sin tábhachtach go háirithe le tacú le rannpháirtíocht eacnamaíoch na mban ar fad agus le cabhrú le tuismitheoirí aonair an t-aistriú a dhéanamh ón spleáchas leasa shóisialaigh go neamhspleáchas eacnamaíoch.

- Tá ceann de na héifeachtaí laghdaithe bhochtanais ó aistrithe sóisialta is fearr ag Éirinn i measc Bhallstáit ar fad an AE[159] (laghdú 87% sa bhearna bhochtanais) agus tá ráta riosca bochtanais leanaí na hÉireann níos ísle ná meánráta an AE (17% i gcomparáid le 21%), í rangaithe mar 10ú is fearr na 28 Ballstát.
- In ainneoin éifeacht dhearfach na n-aistrithe sóisialta i dtaca le laghdú bhearna bhochtanais na leanaí (*féach thuas*), níl torthaí bochtanais leanaí na hÉireann[*]chomh maith sin le hais tíortha Eorpacha eile a chaitheann an méid céanna nó níos lú.[160]
- Is iad na straitéisí is éifeachtaí maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbochtanas leanaí ná na cinn sin a mbuntacaítear leo ag polasaithe a dhíríonn ar an gcosc agus ar fheabhsú na leanaí agus na ndaoine óga ar fad, agus iad ag tabhairt tacaíochta dírithe do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais bhreise.[161]

## Aidhm 4.2: Maireachtáil i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/ daoine óga[162]

Ba chóir go mbeadh caighdeán sásúil maireachtála ag leanaí agus ag daoine óga, atá comhoiriúnach le saol dínite. Ba chóir go mbeidís in ann maireachtáil agus fás aníos i dtimpeallacht atá sábháilte, sláintiúil, inbhuanaithe agus cairdiúil do leanaí, a thacaíonn lena gcuid riachtanas forbartha agus foghlama. Clúdaíonn pobail atá cairdiúil do leanaí ceisteanna faoi rochtain ar sheirbhísí áitiúla, ar áiseanna, ar scoileanna agus ar iompar poiblí d'ardchaighdeán, sráideanna agus ceantair chónaithe atá sábháilte do bheith ag siúl agus ag rothaíocht, agus soláthar spásanna glasa lasmuigh don súgradh, don chaitheamh aimsire agus don spórt.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Na hiarmhairtí diúltacha ar fud an tsaoil do leanbh má bhíonn a t(h)eaghlach gan dídean nó i dtithíocht nó i lóistín fochaighdeánach, agus an gá atá ann le tithíocht inacmhainne, d'ardchaighdeán do gach leanbh agus do gach duine óg.
- An iarmhairt dhiúltach a bhaineann le bheith ag fás aníos i gceantar faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear timthriaill luathfhágála scoile agus bochtanas idirghlúine, nochtadh do chultúir mhí-úsáid drugaí agus alcóil, gníomhaíocht choiriúil nó iompar frithshóisialta.

---

* Fuair Richardson (2013) amach gur chaith na tíortha sin leis na torthaí is fearr i dtéarmaí bochtanais agus leasa teaghlaigh níos mó ar sheirbhísí ná ar aistrithe airgid thirim – Richardson, D. (2013) *Social spending across the child's life cycle: International variation and its consequences.* Baile Átha Cliath:an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

- Ról an Rialtais Áitiúil maidir le forbairt phobal inbhuanaithe atá sábháilte go fisiciúil, ag cinntiú áiteanna sábháilte le bheith ag súgradh, ag siúl agus ag rothaíocht, cothabháil na mbóithre agus na dtithe[163], agus ag cinntiú go ndéantar machnamh ceart faoi bheith ag pleanáil bealaí bóthair agus iompair[164].
- An nasc láidir idir cáilíocht tithíocht linbh agus a gcuid torthaí foghlama.

## Aidhm 4.3: Deiseanna don oideachas agus don oiliúint leanúnacha

Cuid de cheangaltas i leith na foghlama ar feadh an tsaoil atá sna deiseanna don oideachas agus don oiliúint leanúnacha. Bíonn an rochtain ríthábhachtach don dá thuismitheoir agus do dhaoine óga iad féin, lena rannpháirtíocht ghníomhach a éascú sa gheilleagar chomh maith lena gcumas saol atá sábháilte go heacnamaíoch a thógáil dóibh féin agus dá gcuid leanaí.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá comhghaol láidir le sonrú idir gnóthachtáil oideachasúil, fostaíocht agus tuilleamh sa todhchaí.
- Tugann an fhianaise le fios go bhfuil comhghaol láidir ann idir gnóthachtáil oideachasúil na máithreacha agus ionchais fhostaíochta, chomh maith le raon torthaí do leanaí, lena n-áirítear riosca bochtanais agus díothacht. Beidh, mar sin de, éifeacht ag bearta ar aidhm leo feabhas a chur ar ghnóthachtáil oideachasúil na máthar agus ar rochtain fhostaíochta ar an mbochtanas leanaí. Baineann sin le hábhar go háirithe i gcás na dteaghlach aontuiste a bhfuil bean i gceannas orthu.
- An tábhacht a bhaineann le soláthar deiseanna solúbtha le leanúint ar aghaidh leis an oideachas foirmeálta, go háirithe i gcás lucht luathfhágála na scoile, tuismitheoirí aonair, máithreacha ar déagóirí iad agus daoine óga a bhfuil poist ar bheagán oiliúna acu.
- An tábhacht a bhaineann le deiseanna neamhfhoirmeálta oideachasúla agus foghlama, mar rudaí a chomhlánaíonn an t-oideachas foirmeálta agus mar rud a sholáthraíonn cur chuige comhroghnach agus timpeallacht fhoghlama, do chuid mhór lucht luathfhágála na scoile.
- An tábhacht a bhaineann le tacú lena lán daoine óga ar ioncam íseal le teacht a bheith acu ar an oideachas tríú leibhéal agus le cloí leis.

## Aidhm 4.4: Conairí i dtreo na rannpháirtíochta agus na maireachtála neamhspleáiche a bheith ann

- Is mian le daoine óga bheith ag obair agus fostaíocht a bhaint amach, dul i mbun gairmré agus cur leis an tsochaí. Is é an rud is mó a ráthaíonn an tslándáil eacnamaíoch ná post sábháilte le tuarastal maith; má theipeann ar dhuine fostaíocht a fháil méadaítear go mór baol an bhochtanais agus an eisiaimh shóisialta. Cabhraíonn na rudaí seo ar fad le hinfhostaitheacht an duine a mhéadú: oiliúint, obair dheonach, socrúcháin phoist, intéirneachtaí agus tacaíocht don fhiontraíocht.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le hardionchais d'ár gcuid daoine óga, ag déanamh ár ndíchill a gcuid neamhspleáchais a uasmhéadú, ag díriú ar an gcumas, agus é i gceist leis sin ar fad cur ar chumas na ndéagóirí, chomh fada agus is féidir, an aosacht a thosú agus post acu, iad neamhspleách go heacnamaíoch, iad muiníneach agus ábalta.
- Bíonn iarmhairt dhiúltach ag an dífhostaíocht, go háirithe ag an dífhostaíocht fhadtéarmach, ar dhaoine óga, ní hamháin i dtéarmaí neamhspleáchais eacnamaíoch, ach freisin i dtéarmaí a gcuid féinmhuiníne agus a gcuid sláinte intinne.
- D'athraigh dinimicíocht an mhargadh shaothair go suntasach le deich mbliana anuas, agus an dífhostaíocht tar éis dul i méid (go háirithe an dífhostaíocht óige, 30.4% i 2012, agus sa dífhostaíocht fhadtéarmach), tuarastail níos ísle, níos lú slándála poist, níos mó deighilte margaidh shaothair, tearcfhostaíocht atá ag dul i méid, agus fás suntasach patrún oibre neamhthipiciúla, pá agus coinníollacha difreálacha san áireamh d'iontrálaithe nua.
- Is dócha go spreagfar cruthú poist agus deiseanna fostaíochta sa todhchaí go mór ag teicneolaíochtaí nua agus ag nuálaíochtaí eile, a éilíonn athchóirithe suntasacha i leith an oideachais agus na hoiliúna ar fud an timthriaill saoil, leis na deiseanna seo a mheaitseáil le scileanna agus le tréithe oiriúnacha.
- Éilíonn neamhspleáchas agus maireachtáil neamhspleách an acmhainn ábhartha agus na scileanna saoil le bheith in ann aire a thabhairt duit féin go neamhspleách, bheith ag cócaireacht, ag buiséadú airgid agus roghanna maithe a dhéanamh, agus aitheantas ann gur féidir go mbeidh tacaíocht ag teastáil ó dhaoine áirithe leis an neamhspleáchas seo a bhaint amach.
- Ról earnáil na hoibre sóisialta maidir le tacú leis na daoine óga sin is faide ar shiúl ón margadh saothair le dul isteach sa bhreisoideachas, an oiliúint agus an fhostaíocht.
- Cuireann an t-oideachas pobail ról suntasach i gcrích maidir le tacú le haosaigh, máithreacha san áireamh, agus iad ag filleadh ar an oideachas, go háirithe do na daoine is imeallaithe, is deacra teagmháil a dhéanamh leo, agus is faide ar shiúl ó oiliúint chreidiúnaithe agus ón margadh saothair.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltais don mhéid seo a leanas:

4.1 Glacadh le cur chuige iltoiseach maidir le dul i ngleic leis an mbochtanas leanaí, ag tógáil ar chur chuige an timthriaill saoil sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Shóisialta, 2007-2016 le tionchar ó Mholadh an Choimisiúin Eorpaigh faoi 'Infheistiú i Leanaí: Timthriall an Mhíbhuntáiste a bhriseadh, mar chuid den Phacáiste Infheistíocha Sóisialta'. (**RCS**, RA, RCPA, RS, ROS, RLGÓ, Tusla, FSS)

**4.2** Sprioc náisiúnta sóisialta leanbhshonrach a shocrú le breis is 70,000 leanbh a thabhairt amach as an mbochtanas leanúnach faoi 2020, sin laghdú de dhá thrian ar a laghad i dtaca le leibhéal 2011. Cuimseoidh an sprioc seo laghdú an ráta bhochtanais leanúnaigh níos airde do theaghlaigh le leanaí i gcomparáid le teaghlaigh gan leanaí (8.8% i gcomparáid le 4.2%) agus do leanaí i gcomparáid le haosaigh (9.3% i gcomparáid le 6%). (**ROS**, RLGÓ, RS, ROS, Tusla, FSS)

**4.3** Dearadh optamach a chinneadh do thacaí ioncaim leanaí agus teaghlaigh lena gcuid éifeachtachta agus éifeachtúlachta a uasmhéadú i dtaca le bochtanas leanaí a laghdú, ag cur feabhais ar dhreasachtaí fostaíochta.[165] (**RCS**)

**4.4** Athchóiriú a dhéanamh ar Scéim Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, sa tslí go mbíonn teacht ag tuismitheoirí aonair ar raon tacaí agus seirbhísí atá deartha le conairí a sholáthar dóibh i dtreo na hoibre, agus ag aithint a gcuid freagrachtaí cúraim. (**RCS**)

**4.5** Athchóiriú a dhéanamh ar thionscnaimh ghníomhachaithe mhargaidh shaothair sa tslí go gcothaíonn siad go gníomhach dul chun cinn chuig an margadh saothair. (**RCS**, RCPRÁ, Rialtas Áitiúil)

**4.6** Constaicí don fhostaíocht a bhaint trí mhéadú inacmhainne an chúraim leanaí d'ardchaighdeán agus inrochtana chomh maith le seirbhísí iarscoile, ag comhlíonadh spriocanna cúraim leanaí an AE agus ag spreagadh socruithe solúbtha oibre.[166] (**RLGÓ**, RCS, RPFN, RCPA)

**4.7** An tionscadal píolótach Infheistíochta Iarmhairte Sóisialta a chur chun cinn do theaghlaigh gan dídean le leanaí i réigiún Bhaile Átha Cliath agus breithniú a dhéanamh faoina chur i bhfeidhm go náisiúnta mar chuid de chur i bhfeidhm cur chuige le deireadh a chur leis an easpa dídine do gach teaghlach gan dídean le leanaí, cur chuige a bhfuil cúrsaí tithíochta chun tosaigh ann. (**RCPRÁ**)

**4.8** Cosaint agus leas leanaí a chothú do gach leanbh sa chóras tearmainn. (**RDCC**, RLGÓ, Tusla)

**4.9** An Straitéis Náisiúnta d'imeascadh an Lucht Siúil/ Daoine Romacha a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, le béim ar leith ar lóistín don lucht siúl agus ar rannpháirtíocht na ndaoine Romacha san oideachas. (**RDCC**, RS, ROS, RLGÓ, Rialtas Áitiúil)

**4.10** Pobail a fhorbairt atá cairdiúil do leanaí agus do dhaoine óga ar an tslí seo: glacann an Rialtas Áitiúil le polasaithe agus le cuspóirí cuí i bPleananna Forbartha Contae/ Cathrach, a dtacaítear leo tuilleadh ag ullmhú agus ag eisiúint Treoirlínte Náisiúnta um Pleanáil do Phobail atá cairdiúil le Leanaí. (**RCPRÁ**, RITS, Rialtas Áitiúil)

**4.11** Gairmoideachas agus gairmoiliúint a chothú trí mheán na mBord Oideachais agus Oiliúna, ag spreagadh fhorbairt scileanna fiontraíochta i measc daoine óga, ag cothú fhorbairt chlár intéirneachta in-scoile agus ag treisiú na nasc idir gnólachtaí áitiúla, scoileanna agus eagraíochtaí óige. (**ROS**, RLGÓ, Rialtas Áitiúil)

**4.12** Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le tacú leis an bhfostaíocht óige, Ráthaíocht d'Aos Óg an AE san áireamh, agus ag cur san áireamh forbairt na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine le Míchumais agus an tslí a dtéann sin i bhfeidhm ar dhaoine óga faoi bhun 25 bliana. (**RCS**, RLGÓ, ROS, RCPRÁ, RPFN)

**4.13** Tarraingt ar bhuanna agus ar réim na seirbhísí oibre óige agus na gcomhlachtaí forbartha áitiúla agus iad ag obair le gníomhaireachtaí poiblí agus le fostóirí le hoiliúint, fostaíocht agus fiontraíocht na ndaoine óga a chothú. (**RLGÓ**, RCS, ROS, RCPRÁ, Rialtas Áitiúil)

**4.14** Tacú le daoine óga agus iad ag tógáil gnólachtaí agus slí bheatha sa gheilleagar tuaithe, i réimsí den chineál seo: feirmeoireacht, iascaireacht, foraoiseacht, bia, fáilteachas agus turasóireacht. (**RTFM**, RCPRÁ, RPFN, RITS)

## Ceangaltais faoi Spriocanna Bunathraithe – Lárnach do Thoradh 4

### Aistrithe éifeachtacha

- Cinntiú go mbíonn gach duine óg atá ag imeacht ó shuíomhanna cúraim, coinneála nó cónaithe ullmhaithe go sásúil agus tacaíocht shásúil á fáil acu, le déileáil leis an gcóras agus le haistriú go dtí an mhaireachtáil sheasmhach neamhspleách, breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht trí fhorbairt agus trí chur i bhfeidhm plean iarchúraim d'ardchaighdeán agus forbairt phrótacal maidir le teacht a bheith acu ar thithíocht, ar oideachas agus ar oiliúint. (**RLGÓ**, Tusla, RS, FSS, RCPRÁ)
- Deiseanna a mhéadú do dhaoine óga fostaíocht a fháil trí chothú deiseanna taithí oibre ag an dara agus ag an tríú leibhéal. (**ROS**, RCS)

### Comhordú agus comhoibriú

- Feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais iomláin ar leanaí i dtaca le torthaí níos fearr bochtanais leanaí a bhaint amach. (**RCPA**, RLGÓ, RS, ROS, RCS)
- Bunú CFPÁ nua i ngach contae/cathair, le cur chuige níos straitéisí is níos ceangailte i leith na forbartha áitiúla agus pobail a thabhairt. (**RCPRÁ**)

## Príomhpholasaithe tacaíochta

- *Straitéis don Fhás: Straitéis Eacnamaíoch Mheántéarmach, 2014-2020 (RA, 2014)*
- *Cosáin chuig an obair – Cur i bhFeidhm Mholadh Chomhairle an AE do Bharántas Óige (Rialtas na hÉireann, 2014)*
- *An Plean Gníomhaíochta do Phoist (RPFN, 2013)*
- *Coimisiún an AE: Pacáiste Infheistíochta Sóisialta – Moladh an Choimisiúin faoi infheistiú sna leanaí: Timthriall an mhíbhuntáiste a bhriseadh (An Coimisiún Eorpach, 2013)*
- *Clár Luathóige de réir Ceantair (RLGÓ, 2013)*
- *Cosáin chuig an obair – Ráiteas Polasaí an Rialtais faoi Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair (Rialtas na hÉireann, 2012)*
- *Clár Náisiúnta Athchóirithe d'Éirinn faoi Straitéis 2020 na hEorpa (Rialtas na hÉireann, 2011)*
- *An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta um Chuimsitheacht Shóisialta, 2007-2016 (RCS, 2007)*
- *Straitéis an AE don Aos Óg, 2010-2018 (An Coimisiún Eorpach, 2010)*

# Ceangailte Ardmheas

Toradh 5

# COINBHINSIÚN NA NÁISIÚN AONTAITHE UM CHEARTA AN LINBH

**Cuirfidh baint amach Thoradh 5 cur i bhfeidhm na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh chun tosaigh. Seo cuid de na hAilt ábhartha:**

- **Alt 2: Ní mór go mbeadh na cearta ar fad a urraítear ag CNACL ar fáil ag gach leanbh gan aon chineál leatroim agus tá sé de dhualgas ar an Stát leanaí a chosaint ón leatrom.**

- **Alt 12: Ní mór tuairim an linbh a chur san áireamh agus breithniú a dhéanamh faoi i dtaca le gach ceist a bhaineann leis nó léi, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta.**

- **Alt 7 agus 8: Tá sé de cheart ag leanaí a (h)ionannas féin a bheith aige/aici, ionannas a bhfuil sé de dhualgas ar an Stát cosaint, agus más gá sin, é a athbhunú.**

- **Alt 16: Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ó chur isteach ar a gcuid príobháideachais, ar a dteaghlach, a mbaile agus a gcomhfhreagras, agus ó leabhal agus ó bhéadchaint.**

- **Alt 30: Tá sé de cheart ag leanaí ó phobail mhionlaigh agus ó phobail dhúchasacha sult a bhaint as a gcultúr féin, a gcreideamh féin a chleachtadh agus a dteanga féin a úsáid.**


- **Alt 13: Tá sé de cheart ag leanaí faisnéis a fháil agus a gcuid tuairimí féin a chur in iúl, ach amháin sa chás go sárófaí cearta daoine eile.**

- **Alt 15: Tá sé de cheart ag leanaí bualadh le daoine eile agus bheith ina mbaill de chumainn nó iad a bhunú, ach amháin sa chás go sárófaí cearta daoine eile.**

- **Alt 42: Tá sé de dhualgas ar an Stát na cearta sin atá le fáil i CNACL a chur ar an eolas go forleathan d'aosaigh agus do leanaí.**

# 5 Ceangailte Ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan

## INTREOIR




Taispeánann an léaráid seo na príomhranna agus gníomhaireachtaí Rialtais aitheanta do sheachadadh an Toraidh seo. Luaitear príomhchomhpháirtithe rannpháirteacha eile Rialtais agus gníomhaireachta idir lúibíní tar éis gach ceangaltais.

### Seo a leanas na haidhmeanna do gach leanbh agus duine óg:

**5.1** Go bhfuil tuiscint acu dá n-ionannas féin, saor ó leatrom.

**5.2** Go bhfuil líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail acu.

**5.3** Go bhfuil siad rannpháirteach go sibhialta, agus feasacht shóisialta agus timpeallachta acu.

**5.4** Go bhfuil siad ar an eolas faoina gcuid ceart, freagrach agus meas acu ar an dlí.

Ba chóir tacú le leanaí agus le daoine óga agus ba chóir iad a spreagadh le bheith páirteach sa chinnteoireacht agus ról iomlán a chur i gcrích sa tsochaí, ag aithint gur féidir leo féin, trína gcuid roghanna agus trína ndiongbháilteacht féin, dul i bhfeidhm go mór ar a saol féin agus ar an bpobal, anois agus sa todhchaí.

Aithníonn an Rialtas go bhfuil dúshláin agus leatrom os comhair roinnt leanaí agus daoine óga, ar féidir go mbeidís leithlisithe óna gcuid comhaosach agus óna bpobal dá ndeasca, agus ar féidir go mbeadh iarmhairt mhór acu ar a saol. Is féidir go mbeidh ceisteanna ann a bhaineann le hionannas pearsanta, le hinscne, le haicme shóisialta, le heaspa dídine an teaghlaigh, le handúilíocht tuismitheora, le deacrachtaí sláinte intinne nó le príosúnacht.

Teastaíonn bearta le sochaí a chruthú ina dtuigtear luach gach linbh agus gach duine óig, agus meas orthu as *cé* hiad féin, sa tslí gur féidir leo a n-ionannas a chur in iúl agus bheith rannpháirteach sa tsochaí.

## Príomhfhíricí

- Léirigh an staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* (2009) go raibh 75% de leanaí 9 mbliana páirteach i gcineál éigin club nó eagraíochta spóirt eagraithe.
- Glacann 380,000 leanaí páirt in obair óige.[167]
- Baineann idir 5% agus 10% den daonra leis an aicme LADT.[168]
- Baineann 1.2% de dhaoine 0-24 bliana leis an Lucht Siúil agus tá 42% den Lucht Siúil faoi bhun 15 bliana.[169]
- Tharla 36% de bhreitheanna i 2012 lamuigh den phósadh.[170]

**Cinneadh ó *Ag Fás Aníos in Éirinn*, Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha Leanaí**

- Cuireadh síos ar mhórchuid na mbuachaillí 9 mbliana (breis is 90%) ag a dtuismitheoirí mar dhaoine a raibh 'ar a laghad beirt nó triúr de dhlúthchairde acu' (2009).
- Tá 75% de leanaí 9 mbliana páirteach i spóirt eagraithe/clubanna aclaíochta (2009).
- In aois 13 bliana, bhí scór iomlán níos airde ag buachaillí i gcomparáid le cailíní i dtaca le 'féinchoincheap iomlán', agus freisin i dtaca le 'cumas fisiciúil', 'easpa bhuartha' agus 'sástacht' (2012).
- Os a choinne sin, ba mhinic a bhí scór níos airde ag cailíní ná ag buachaillí i dtaca le 'hiompar ginearálta', rud a léiríonn go raibh iompair fhaidhbe á léiriú ag níos lú cailíní 13 bliana (2012).
- Dúirt mórchuid mhór na leanaí níos sine gur réitigh siad 'go han-mhaith' nó 'go maith' lena máthair agus lena n-athair, agus bhí sin fíor i gcás leanaí 9 mbliana agus leanaí 13 bliana (2009, 2012).

# TOSAÍOCHTAÍ POLASAÍ

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar phríomhthosaíochtaí an Rialtais i dtaca le gach ceann de na ceithre aidhm faoi Thoradh 5 (Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan). Tagraíonn an toradh seo don chairdeas agus don mhuintearas, seilbh féinmheasa dhearfaigh agus athléimneachta pearsanta, neamhspleáchas méadaithe agus gníomhú pearsanta, go n-éistfí le do ghlór, bheith ag idirghníomhú le cairde, pobal, sochaí agus leis an bpróiseas daonlathach. Tá an réimse toraidh seo an-tábhachtach maidir le cur le forbairt na hathléimneachta aonair. Baineann príomhghníomhaíochtaí Rialtais sa réimse seo le cothú ionannais, dúshlán a thabhairt ar an leatrom agus cinntiú go dtuigeann leanaí agus daoine óga a gcearta agus go bhfuil siad gníomhach ina bpobal.

## Aidhm 5.1: Tuiscint do d'ionannas féin, saor ó leatrom

- Tosaíonn leanaí ar thuiscint a fhorbairt dá n-ionannas féin ag tús na luathóige agus leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo ar fud na luathóige, na hógántachta agus ag tosú ar an aosacht. Is croíriachtanais dhaonna iad tuiscint dhearfach ionannais agus mhuintearais. Tá sé fíorthábhachtach do leanaí a dteaghlach, a mbunús agus a n-ionannas cultúrtha a thuiscint, go háirithe agus iad ina ndéagóirí, agus is féidir leis seo iarmhairt dhomhain a bheith aige ar a bhforbairt agus ar a gcobhsaíocht shíceolaíoch.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An luach don tsochaí a bhaineann le cothú comhionannais agus léiriú measa don éagsúlacht.
- An tábhacht a bhaineann le tacú le leanaí agus le daoine óga le go mbeadh a fhios acu faoina n-ionannas féin agus go bhforbróidís é, agus deiseanna acu an saol a thaiscéadaladh agus taithí éagsúla a thógáil.
- Nuair a bhíonn taithí dhearfach ag leanaí agus ag daoine óga, forbraíonn siad tuiscint díobh féin mar neacha tábhachtacha agus a bhfuil meas orthu, agus mothaíonn siad muintearas atá bunriachtanach dá leas féin agus dá rannpháirtíocht sa tsochaí.
- Tábhacht na Gaeilge don ionannas, don chultúr agus don oidhreacht náisiúnta.
- An tábhacht a bhaineann le polasaithe a chomhtháthaíonn grúpaí eitneacha mionlaigh go dlúth sa tsochaí.[171]
- An tábhacht a bhaineann le leanaí agus le daoine óga a bheith in ann teacht a bheith acu ar gach seirbhís gan leatrom.

## Aidhm 5.2: Líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail

Is féidir go gcuimseodh na líonraí sóisialta i saol na leanaí agus na ndaoine óga an teaghlach, cairde, comharsana agus an pobal i gcoitinne. Is cum leathan é an 'Pobal' agus cuireann sé san áireamh na pobail iomadúla ar féidir go bhfuil leanaí agus daoine óga mar chuid díobh, bíodh pobail fhisiciúla nó dhigiteacha i gceist. Tá sé d'acmhainn ag na líonraí sin ar fad saol na leanaí agus na ndaoine óga a shaibhriú agus sraitheanna iomadúla tacaíochta a sholáthar nuair a bhíonn gá ann le haghaidh a thabhairt ar fhadhb nó ar dheacracht ina saol.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- An tábhacht a bhaineann le cairdeas do leanaí agus do dhaoine óga.[172] Cuireann cairdeas le sláinte agus le leas feabhsaithe agus cabhraíonn siad maidir le tuiscint ar mhuintearas agus ar chuspóir.

- Bíonn cairdeas bunriachtanach d'fhorbairt shíceolaíoch, mhothúchánach agus shóisialta na leanaí agus na ndaoine óga, ag cur ar a gcumas foghlaim conas iad féin a iompar in éineacht le daoine eile agus foghlaim freisin faoi chómhalartacht, seasamh sóisialta agus cumhacht.
- Is féidir le cumas cairdeas a fhorbairt agus a chothabháil tacú le torthaí sláinte intinne agus oideachasúla atá dearfach do leanaí agus do dhaoine óga.
- Is féidir go mbeidh deacrachtaí ag leanaí agus ag daoine óga maidir le cairdeas a chothabháil mar gheall ar eisiamh sóisialta, leithlisiú tuaithe agus/nó an gá atá ann dóibh glacadh le freagrachtaí cúraim laistigh dá dteaghlach féin.
- Is minic, nuair a tharraingíonn leanbh nó duine óg siar óna líonra sóisialta, gur comhartha é seo d'fhadhb níos doimhne, chomh maith lena leithlisiú ó chórais tacaíochta le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo.
- De réir mar a théann leanaí in aibíocht bíonn siad ag brath níos lú ar a dtuismitheoirí le haghaidh treorach, agus iad á dtreorú tuilleadh ag a gcuid comhaosach.
- Ról suntasach na teicneolaíochta i saol na leanaí agus na ndaoine óga. Is é an tIdirlíon an 3ú bealach is mó a bhfuil éileamh air le teacht ar fhaisnéis i measc daoine óga,[173] agus tá ról méadaithe aige maidir le cairdeas a chruthú agus a chothabháil.

## Aidhm 5.3: Rannpháirteach go sibhialta, le feasacht shóisialta agus timpeallachta

Maireann leanaí agus daoine óga mar chuid de theaghlaigh agus de phobail. Is iomaí leanbh agus duine óg a chuireann go suntasach lena bpobal féin. Is minic a bhíonn an-spéis ar fad acu i gceisteanna sóisialta, polaitiúla agus timpeallachta, iad ag beartú an cineál domhain ar mhaith leo a bheith ina gcuid de, agus iad ag dul i mbun gnímh lena leithéid de dhomhan a chruthú. Tá modhanna nua rannpháirtíochta agus gníomhaíochais cruthaithe ag forbairt na dteicneolaíochtaí nua, go háirithe na meáin shóisialta, agus tá seo ina chabhair le líonraí áitiúla agus domhanda a nascadh.

Toradh amháin a bhíonn ar an rannpháirtíocht shibhialta ná sochaí ina léirítear meas ar chearta an duine, mar a n-aithnítear dínit agus fiúntas an duine, mar a gcloítear leis an dlí, mar a gcomhlíonann daoine a gcuid freagrachtaí go toilteanach agus mar a mbíonn gach duine ag smaoineamh faoin leas coiteann.

### Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Teastaíonn deis ó gach leanbh agus duine óg difríocht a dhéanamh, agus tá an deis sin tuillte acu freisin – difríocht ina dteaghlach, i scoileanna, i bpobail, sa náisiún agus sa domhan. Tarlaíonn sin trí nochtadh do mhúnlaí iompair atá comhbhách, feasacht a bheith acu faoi riachtanais daoine eile, tuiscint don fhreagracht phearsanta maidir le cur leis an tsochaí i gcoitinne agus deiseanna oibre deonaí, ceannasaíochta agus seirbhíse.

- An luach a bhaineann le rannpháirtíocht ghníomhach na leanaí agus na ndaoine óga a éascú i socruithe a théann i bhfeidhm ar a saol, ar bhonn aonair agus comhchoiteann.[174] Nuair a dhéantar leanaí agus daoine óga páirteach i gcinnteoireacht spreagtar iad le bheith ina rannpháirtigh gníomhacha i sochaí dhaonlathach agus cuirtear freisin lena dtuiscint ghnóthachtála.
- An ról ar féidir leis an earnáil oideachais cur i gcrích le rannpháirtíocht agus saoránacht a chur chun cinn chomh maith le tuiscint ar an bhforbairt inbhuanaithe, an daonlathas agus cearta daonna.
- Teastaíonn deiseanna ó dhaoine bheith rannpháirteach i ndioscúrsa bríoch sibhialta a chuireann leis an gcinnteoireacht. Éilíonn sin bealaí éifeachtacha le bheith ag tarraingt ar thuairimí na leanai, go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Ní mór rath na bpolasaithe a thástáil i dtéarmaí an méid a bhíonn leanaí agus daoine óga ag smaoineamh agus i dtéarmaí taithí.
- An tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht níos mó a spreagadh, go háirithe i gcás na mban óg, sa saol poiblí agus i róil chinnteoireachta.[175]
- Ba chóir go mbeadh leanaí agus daoine óga ar an eolas maidir lena gceangal leis an saol nádúrtha agus maidir leis an idirspleáchas idir daoine, plandaí, ainmhithe agus an talamh, agus iad spreagtha le bheith ag maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe. Ba chóir go mbeadh spásanna foghlama lasmuigh mar chuid de shaol na leanaí agus na ndaoine óga lena bhfeasacht timpeallachta a spreagadh.
- Ba chóir go léireodh leanaí agus daoine óga inniúlacht chultúrtha agus meas idirchultúrtha, le bheith ag déanamh ceiliúrtha ar bhuanna na héagsúlachta agus le go mbeadh cumas acu difríochtaí a thuiscint agus urraim a léiriú dóibh.

## Aidhm 5.4: Feasach faoi chearta, freagrach agus meas acu ar an dlí

Ba chóir go mbeadh leanaí agus daoine óga feasach faoi agus ar an eolas faoina gcuid ceart, chomh maith le muinín a bheith acu as, agus bheith in ann, na cearta sin a fhógairt. Tá cearta ag leanaí agus ag daoine óga mar dhaoine aonair faoi mar atá siad leagtha amach i mBunreacht na hÉireann agus i gCoinbhinsiú na NA um Chearta an Linbh, a daingníodh ag Éirinn i 1992. Ceanglaíonn Coinbhinsiún NA Stát na hÉireann do chothú, cosaint agus comhlíonadh chearta daonna gach linbh agus gach duine óig. Cuireann cearta na leanaí san áireamh suíomh leochaileach na leanaí, sa mhéid go mbíonn siad spleách, den chuid is mó, ar aosaigh as a gcuid cúraim agus iad gan chumhacht, go minic, lena gcearta féin a chosaint. Aithníonn cearta do leanaí freisin go mbíonn cumas forbartha ag an leanbh ar fud a n-óige.

De réir mar a fhásann leanaí aníos, éiríonn siad níos freagraí as a gcuid gníomhartha féin. Mar bhaill dá bpobal, bíonn sé de fhreagracht orthu meas a léiriú don dlí, bheith rannpháirteach i bpróisis dhaonlathacha agus meas a bheith acu ar dhaoine eile, ar a maoin siúd agus ar an timpeallacht.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas:

- Tá sé de dhualgas ar an Stát cearta na leanaí a chosaint agus a chothú, agus le comhlíonadh na gceart sin a chinntiú. Ní mór leanbh nó duine óg a chur ar an eolas maidir lena gcearta agus ní mór meicníochtaí a bheith ann trínar féidir leo na cearta sin a dhearbhú.
- Ní mór do leanaí agus do dhaoine óga na scileanna sin a fhoghlaim atá riachtanach le haire a thabhairt dóibh féin, le déileáil le maistíní, le haithint nuair atá bréaga á n-úsáid le daoine eile a ghortú agus le seasamh suas don mhéid a gcreideann siad ann. Ní mór do leanaí foghlaim conas straitéisí a fhorbairt le roghanna ar an eolas a dhéanamh faoina gcuid iompair idirphearsanta agus foghlaim conas a gcuid ceart a idirbheartú maidir le cearta na ndaoine eile.

## Aithníonn an Rialtas an méid seo a leanas i dtaca le daoine óga atá i gcoimhlint leis an dlí:

- Léiríonn an fhianaise in Éirinn treocht dhearfach – rátaí coiriúlachta óige aimsithe atá ag dul i laghad, agus fágann mórchuid mhór na ndaoine óga a raibh fadhbanna acu leis an dlí, fágann siad an choiriúlacht taobh thiar díobh.[176]
- Teastaíonn tacaí dírithe ó shainghrúpa daoine óga gach bliain ós rud é go raibh siad rannpháirteach sa chóras ceartais i leith an aosa óig mar gheall ar a gcuid iompair.
- Is í an aois nuair a bhíonn an méid is mó ciontaithe le sonrú ná idir 17 agus 19 bliana,[177] díreach ag an bpointe sin nuair a bhíonn daoine óga ag imeacht ón gcóras ceartais i leith an aosa óige, agus níos mó seans ann, mar sin de, go bhfaighidís taifead coiriúil don chéad chion, rud a chuireann isteach go suntasach ar an gconair a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena saol.

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas maidir leis an méid seo a leanas:

**5.1** Tacú le heagraíochtaí óige le deiseanna sábháilte, tacúla agus forbartha a sholáthar do dhaoine óga, agus le faisnéis agus tacaíocht ar cháilíocht dhearbhaithe a sholáthar a thugann freagra ar riachtanais na ndaoine óga, ar líne agus laistigh den phobal, maidir le ceisteanna sláinte intinne, mí-úsáide substaintí, caidrimh, sláinte ghnéis, oideachas agus fostaíocht. (**RLGÓ**)

**5.2** Saoránacht ghníomhach na ndaoine óga a chothú agus a aithint chomh maith lena rannpháirtíocht i bpróisis dhaonlathacha, rannpháirtíocht sa ghníomhaíochas agus sa nuálaíocht shóisialta agus timpeallachta, san obair dheonach agus san fhiontraíocht shóisialta, lena n-áirítear cothú chlárú na vótálaithe i dtoghcháin ag gach vótálaí atá incháilithe le déanaí. (**RLGÓ**, RPFN, RCPRÁ)

**5.3** Cinntiú go gcuirtear san áireamh na tuairimí a chuirtear i láthair ag leanaí agus ag daoine óga i bhfóraim rannpháirtíochta agus i gcomhairliúchán ag an bpróiseas foirmeálta polaitiúil agus cinnteoireachta, agus go soláthraítear aiseolas do na daoine óga mar mhalairt air sin. (**RLGÓ**)

**5.4** Reifreann a eagrú roimh dheireadh 2015 faoi thogra leis an mBunreacht a leasú leis an aois vótála a laghdú go 16.[178] (RCPRÁ)

**5.5** Straitéis Náisiúnta faoi Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus teagasc na saoránaíochta agus na gceart daonna a dhoimhniú agus a threisiú. (**ROS**)

**5.6** Leatrom agus éadulaingt de gach cineál a laghdú a bhíonn mar thaithí ag grúpaí imeallaithe (.i. an Lucht Siúil, daoine Romacha, imircigh agus iarrthóirí tearmainn, leanaí agus daoine óga le míchumas; iad siúd atá faoi chúram agus faoi choinneáil; daoine óga LADT; agus iad siúd ar ó mhionlaigh eitneacha nó creidimh iad). (**RDCC**, ROS, RS, RCS, RLGÓ, FSS, Tusla, Rialtas áitiúil agus eagraíochtaí ábhartha eile)

**5.7** Cinntiú go gcothaíonn éiteas, polasaithe agus cleachtais na n-institiúidí Rialtais agus na seirbhísí Státmhaoinithe (scoileanna san áireamh), go gcothaíonn siad ionramháil chomhionann agus idirchultúrachas, agus go mbíonn bearta acu le cosaint a fháil in aghaidh gach cineáil leatroim agus an leatrom céanna a réiteach. (**RDCC**, gach eagraíocht)

**5.8** Cinntiú go gcomhlíonann dlíthe, polasaithe agus cleachtas na hÉireann prionsabail agus forálacha Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus a chuid Prótacal Roghnach, Coinbhinsiún atá daingnithe ag Éirinn.[179] (**RLGÓ**, OOL, gach eagraíocht)

**5.9** Soláthar a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga do rochtain ar réiteach má sháraítear a gcuid ceart agus eolas a chothú faoi Oifig Ombudsman na Leanaí agus faoin mBinse Comhionannais. (**RLGÓ**, RDCC, ROS, RS)

**5.10** An dlí a shoiléiriú maidir le ceart linbh agus duine óig fáil amach faoina (h)ionannas (m.sh. cén áit ar uchtaíodh nó ar rugadh é nó í) trí úsáid Theicneolaíochtaí an Atáirgthe Chuidithe agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm le faisnéis a bhailiú agus a choinneáil atá riachtanach le cur ar chumas linbh a gceart a chleachtadh ar ionannas agus rochtain teaghlaigh rialta a éascú do leanaí faoi chúram.[180] (**RDCC**, RPFN)

**5.11** Na prionsabail a chur i bhfeidhm a bhuntacaíonn le forálacha 31ú Leasú Bhunreacht na Leanaí trí mheán an athchóirithe reachtaíochta, tacaíocht do staidéir bhreithiúnacha agus oiliúint agus forbairt fhoirne. (**RLGÓ**, RDCC, Tusla)

**5.12** Athchóiriú a spreagadh i limistéar an cheartais i leith an aosa óig trí chur i bhfeidhm *Dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige– Plean Gníomhaíochta um Cheartas i Leith an Aosa Óig, 2014-2018*, ag díriú ar athstiúradh agus ar athshlánú, lena n-áirítear úsáid níos mó idirghabhálacha pobalbhunaithe, ag cothú tionscnamh le plé le daoine óga a dhéanann cion, ag soláthar timpeallacht shábháilte agus shlán do dhaoine óga faoi choinneáil agus ag tacú lena n-athchomhtháthú luath sa phobal.[181] (**RLGÓ**, RDCC)

**5.13** Bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga le cabhrú leo cur lena bpobal agus lena sábháilteacht fein, ag cinntiú caidreamh dearfach idir an nGarda Síochána agus leanaí agus daoine.[182] (**AGS**)

## Ceangaltais faoi Spriocanna Bunathraithe – Lárnach don Toradh 5

### Idirghabháil níos luaithe agus cosc

- Tacú leis an obair óige d'ardchaighdeán, mar fhachtóir cosanta a chuireann le forbairt iomlán an duine óig agus le teagmháil a dhéanamh leis na daoine óga atá i mbaol coir a dhéanamh nó i mbaol iompair fhrithshóisialta. (**RLGÓ**)

### Éist le agus leanaí agus daoine óga a dhéanamh rannpháirteach

- Dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga maidir le polasaithe agus le ceisteanna a théann i bhfeidhm ar a saol. (**RLGÓ**, gach eagraíocht)
- Polasaí Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i dtaca le Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht le hiarrachtaí a threisiú le cinntiú go dtacaítear le leanaí agus le daoine óga chun a gcuid tuairimí a chur in iúl i ngach ceist a bhaineann leo agus aird chuí á tabhairt ar na tuairimí céanna, tuairimí na leanaí 'nach n-éistear leo ach go hannamh' san áireamh. (**RLGÓ**, Gach eagraíocht)
- Cinntiú go gcuirtear san áireamh na tuairimí a chuirtear i láthair ag leanaí agus ag daoine óga i bhfóraim agus i gcomhairliúcháin rannpháirteacha ag an bpróiseas foirmeálta polaitiúil agus ceaptha pholasaí, agus go soláthraítear aiseolas do na daoine óga i gcónaí mar mhalairt air sin. (**RLGÓ**)

## Príomhpholasaithe tacaíochta

- *Plean Náisiúnta Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Shóisialta, 2007-2016 (RCS, 2007)*
- *Domhan Amháin, Todhchaí Amháin: Polasaí na hÉireann don Fhorbairt Idirnáisiúnta (an Roinn Gnóthaí Eachtracha, 2013)*
- *Straitéis Idirchultúrtha don Oideachas, 2010-2015 (ROS, 2010)*
- *Plean Cur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta Míchumais (RDCC, 2013)*

# Cuid 3:
# CUR I BHFEIDHM

## Ag tomhas dul chun cinn

Déanfaidh an Rialtas measúnacht ar éifeachtacht chur i bhfeidhm na gceangaltas sa Chreatlach do Pholasaí Náisiúnta seo maidir le torthaí níos fearr a chur i gcrích do leanaí agus do dhaoine óga trí rianú an dul chun cinn le himeacht ama. Chomh maith le rianú agus tuairisciú faoi na ceangaltais ar leith a leagtar amach sa chreatlach seo, déanfar monatóireacht freisin ar fheabhsúcháin sna cúig thoradh náisiúnta. Aithníodh líon beag príomhtháscairí, mórchuid acu le sonraí comparáideacha idirnáisiúnta. Déantar roinnt táscairí a thomhas go bliantúil, ach is iomaí ceann acu nach ndéantar tuairisciú fúthu ach uair amháin gach 3-4 bliana. Aithnítear nach soláthraíonn na táscairí i gClár 1 pictiúr iomlánaíoch de shaol na leanaí agus na ndaoine óga suas go haois 24 bliana. Is é an rud go gcuirfidh na príomhtháscairí seo ar ár gcumas dul chun cinn a thomhas i roinnt príomhréimsí ar fud na dtorthaí thar 7 mbliana na Creatlaí.

Tarraingítear na táscairí a aithníodh go mór mhór ó Thacar Náisiúnta na dTáscairí Leasa Leanaí, a fhoilsítear ar bhonn débhliantúil i dtuarascálacha bliantúla RLGÓ, *Staid Leanaí an Náisiúin*, agus i *Suirbhé Ioncaim agus Coinníollacha Maireachtála* POS (EU-SILC).

Déanfar tacar táscairí níos leitheadaí a fhorbairt le linn 2014, iad á gcomhordú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, a chuirfidh ar ár gcumas dul chun cinn a rianú níos fearr i dtéarmaí feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga ar fud aidhmeanna gach cinn de na cúig réimse náisiúnta toraidh le léiriú níos saibhre agus níos leitheadaí a thabhairt maidir le torthaí leanaí agus daoine óga.

**Clár 1: Príomhtháscairí don Chreatlach do Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020**

| Réimse toraidh náisiúnta | Príomhtháscairí | Éire | | Go hIdirnáisiúnta | | Foinse |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bonn | 2020 | Meán | Rangú | |
| 1. Gníomhach agus sláintiúil | Rátaí tosaithe do chothú cíche | 55% | ↑ | 86% | 30/30 | OECD[1] |
| | % na leanaí 11 bliana atá catagóirithe mar róthrom nó murtallach | 30% | ↓ | 23% | 35/39 | ISLAS[2] |
| | Rátaí báis iomlána féinmharaithe agus féindochair toiliúil per 100,000 do dhaoine 15-29 mbliana | 13.5 | ↓ | 7.4 | 23/28 | Eurostat[3] |
| | Cásanna tuairiscithe GGT 15-24 mbliana | 4,505 | ↓ | | | CTGR[4] |
| | Líon na leanaí faoi 18 ar liostaí feithimh ospidéil | 3,065 | ↓ | | | PTR[5] |
| | Méid alcóil (cl 100%) a óladh ar an lá deireanach ólacháin i measc tomhaltóirí alcóil in aois 15-16 | 6.7cl | ↓ | 5.1cl | 29/34 | TSEAD[6] |
| | Úsáid toitíní le 30 lá anuas | 21% | ↓ | 28% | 8/36 | TSEAD |
| | % leanaí 15-16 bliana a d'úsáid cannabas riamh | 18% | ↓ | 17% | 16/36 | TSEAD |

| Réimse toraidh náisiúnta | Príomhtháscairí | Éire | | Go hIdirnáisiúnta | | Foinse |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Sprioc | 2020 | Meán | Rangú | |
| 2. Ag baint amach lánphoitéinseal i bhfoghlaim agus i bhforbairt | Rannpháirtíocht san oideachas luathóige in aois 4 bliana agus aois tosaigh an oideachais éigeantaigh | 96.1% | No change | 93.2 | 12/36 | Eurostat[7] |
| | % na leanaí 2ú Rang ag feidhmiú ag Leibhéal 3+ sa Mhatamaitic | 35% | ↑ | n/a | n/a | ROS[8] |
| | Mata PISA | 502 | ↑ | 494 | 13/34 | ECFE[9] |
| | % de na leanaí 2ú Rang ag feidhmiú ag Leibhéal 3+ i léitheoireacht an Bhéarla | 35% | ↑ | | n/a | ROS |
| | Léitheoireacht PISA | 523 | ↑ | 497 | 4/34 | ECFE |
| | % na ndaltaí a roghnaíonn Ardleibhéal sa Mhata don Ardteistiméireacht | 24.7% | ↑ | | n/a | DES[10] |
| | Eolaíocht PISA | 522 | ↑ | 501 | 9/34 | OECD |
| | Líon na leanaí 11 bliana a deir go mothaíonn siad in ísle brí níos mó ná uair sa tseachtain | 11% | ↓ | 13% | 13/39 | ISLAS |
| | Ráta luathfhágála scoile | 9.7% | ↓ | 12.7% | 13/28 | Eurostat[11] |
| 3. Sábháilte agus cosanta ón dochar | Leanaí 15 bliana a dúirt go raibh bulaíocht á déanamh orthu ar scoil | 25% | ↓ | 24% | 22/39 | ISLAS |
| | Leanaí 15 bliana a bhí i dtroid fhisiciúil ar a laghad uair amháin le 12 mhí anuas | 36% | ↓ | 32% | 30/37 | ISLAS |
| | Leanaí 15 bliana a dúirt go raibh siad ólta ar a laghad uair amháin le 30 lá anuas | 26.4% | ↓ | 24.1% | 26/37 | ISLAS |
| | Leanaí faoi chúram in aois 16 agus 17 mbliana atá in oideachas lánaimseartha | 85% | ↑ | n/a | n/a | Tusla |
| 4. Slándáil agus deis eacnamaíocha | % de leanaí faoi 18 i mbochtanas leanúnach[12] | 9.3% | ↓ | n/a | n/a | SILC |
| | % de leanaí faoi 18 i mbaol bochtanais roimh aistrithe sóisialta | 49.8%[13] | ↓ | 37.2% | 28/28 | EU-SILC |
| | % de leanaí faoi 18 i mbaol bochtanais | 18.8%[14] | ↓ | 20.8% | 10/28 | EU-SILC |
| | % de leanaí faoi 18 agus díothacht ag cur as dóibh[15] | 32.1% | ↓ | n/a | n/a | SILC |
| | % de leanaí faoi 17 i dteaghlaigh gan phost[15] | 26% | ↓ | 9.2% | 28/28 | SILC[16] |
| | % de dhaoine 15-24 bliana nach bhfuil in oideachas, i bhfostaíocht ná in oiliúint | 18.7% | ↓ | 13.2% | 23/28 | Eurostat LFS[17] |
| 5. Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan | Líon na ndaoine óga atá páirteach i gclubanna agus i dtionscadail óige | 383,000 | ↑ | n/a | n/a | RLGÓ |
| | Líon na ndaoine óga faoi 18 atá sa phríosún/ i scoileanna coinneála | 51 | ↓ | n/a | n/a | IYJS[18] |
| | % na ndaltaí a dúirt go bhfuil 'spéis acu' nó 'an-spéis acu' i gceisteanna polaitiúla laistigh dá bpobal áitiúil | 42% | ↑ | 40% | 10/23 | ICCS[19] |

## NÓTAÍ do Chlár 1

*n/a* = ní bhaineann le hábhar

1 ECFE (2009) *Doing Better for Children*. Sáraíonn rátaí tionscanta chothaithe chíche níos mó ná 90% do níos mó ná leath de ECFE. Ag am na tuarascála bhí ráta na hÉireann ag 41%. Tá na rátaí feabhsaithe go 55% (Perinatal Statistics Report Ireland, 2012). De réir Staitisticí Sláinte Domhanda EDS 2013, ní dhéantar ach 15% de leanaí na hÉireann a chothú le cíoch amháin don chéad 6 mhí, i gcomparáid leis an meán domhanda, 38%, agus le meán Eorpach EDS, 25%.

2 Suirbhé Iompair Shláinte na Leanaí in Aois Scoile (ISLAS) 2010 (ar fáil ag: http://www.nuigalway.ie/hbsc/), foilsithe i *State of the Nation's Children: Ireland 2012* (RLGÓ, 2012). Ar fáil ag: www.dcya.ie

3 Sonraí Eurostat (2010). Tharla 3,724 eachtra féindochair ar cuireadh cóir leighis orthu san ospidéal (10-25 bliana) de réir Chlár Náisiúnta an Féindochair de bhun Tola.

4 Líon na bhfógraí ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha de réir inscne agus aoisghrúpa i 2013, ó shonraí Chórais Thuairiscithe Ríomhairithe Ghalair Ionfhabhtaigh (CIDR) na FSS, úsctha ar 12 Feabhra 2012.

5 Sonraí Mheán Fómhair 2012 ón gClár do Chóireáil Othar (*State of the Nation's Children: Ireland 2012*, RLGÓ, 2012). Chuaigh líon na bpáistí ar liosta feithimh ospidéil a bhí ag fanacht le cóir leighis i laghad faoi 45.1% idir 2009 agus 2012.

6 Suirbhé Thionscadal Scoileanna na hEorpa faoi Alcól agus Drugaí (TSEAD) 2010. Ar fáil ag: www.espad.org

7 Sonraí Eurostat, 2011. Ar fáil ag: http://epp.eurostat.ec.europa.eu/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&pcode=tps00179&plugin=1

8 ROS (2010) 2009 *National Assessments of English, Reading and Mathematics*.

9 ECFE (2013) *PISA 2012 Results in Focus. What 15-year-olds know and what they can do with what they know.* Ar fáil ag: http://www.oecd.org/pisa/keyfindings/pisa-2012-results-overview.pdf

10 Sonraí ó ROS (2013). Is é an cuspóir atá ag *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta le Feabhas a chur ar Litearthacht agus ar Uimhearthacht i measc Leanaí agus Daoine Óga, 2011-2020* (ROS, 2011) ná céatadán na mac léinn a mhéadú a dhéanann an scrúdú mata ag an Ardleibhéal san Ardteistiméireacht go 30 faoin gcéad faoi 2020.

11 Eurostat 2013, Ar fáil ag: http://epp.eurostat.ec.europa.eu/tgm/table.do?tab=table&init=1&plugin=0&language=en&pcode=t2020_40&tableSelection=1

12 Scrúdaíonn an beart bochtanais chomhsheasmhaigh na daoine sin a shainmhínítear mar dhaoine i mbaol bochtanais agus taithí acu ar an díothacht fhorfheidhmithe (agus taithí acu ar dhá chineál díothachta nó níos mó). Sainmhínítear duine mar dhuine atá 'i mbochtanas leanúnach' má aithnítear iad mar dhaoine atá i mbaol bochtanais agus iad ag maireachtáil i dteaghlach atá díothach i dtaca le dhá chinn nó níos mó den 11 bhunrud díothachta. (2013) *Survey on Income and Living Conditions POS (SILC) 2011* agus torthaí athbhreithnithe 2010. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/silc/2011/silc_2011.pdf

13 I mbaol bochtanais *roimh* aistrithe sóisialta. Tá figiúr Eurostat EU-SILC d'Éirinn ag 49.1% i dtéarmaí comparáide le meánráta an AE. Neamhréiteach mar gheall ar úsáid sainmhínithe éagsúla d'ioncam indiúscartha agus scálaí coibhéisithe idir Éirinn agus Eurostat.

14 Tá figiúr Eurostat EU-SILC d'Éirinn ag 17.1% i dtéarmaí comparáide le meánráta an AE. Neamhréiteach mar gheall ar úsáid sainmhínithe éagsúla d'ioncam indiúscartha agus scálaí coibhéisithe idir Éirinn agus Eurostat.

15 Tá an ráta seo ag úsáid tomhas na hÉireann don díothacht bhunúsach, a thomhaiseann an uair a bhíonn daoine díothach – de dheasca easpa ioncaim – i dtaca le 2 rud as 11, ar a laghad, atá luaite ar innéacs na hÉireann don díothacht bhunúsach. Tá seo difriúil ó bheart an AE den díothacht ábhartha, a thomhaiseann an chuid sin den daonra a dteastaíonn 3 cinn nó níos mó as liosta de 9 rud uathu. Níl ach 2 chinn de na rudaí seo cosúil leis na cinn sin atá le fáil ar liosta na hÉireann. Le tuilleadh eolais a fháil faoi thomhais díothachta (agus bochtanais) na hÉireann agus an AE, féach Watson, D. agus Maître, B. (2012) *Technical Paper on Poverty Indicators – Appendix C: Report of the Review of the National Poverty Target*, Páipéar Teicniúil faoin gCuimsitheacht Shóisialta, Uimh. 2. Baile Átha Cliath: RCS.

16 Watson, D., Maître, B., Whelan, C.T. (2012) *Work and Poverty in Ireland: An Analysis of the CSO Survey on Income and Living Conditions 2004-2010* Baile Átha Cliath: RCS agus ECFE.

17 Suirbhé Fórsa Shaothair Eurostat (2012). Ar fáil ag: http://epp.eurostat.ec.europa.eu/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&pcode=tipslm90&plugin=0

18 Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Óg ag 26 Feabhra 2014 bhí 16 daoine óga 17 mbliana d'aois i bpríosúin d'aosaigh, 5 acu faoi choimeád agus 11 acu a raibh pianbhreith á cur i gcrích acu. Ag 26 Feabhra 2014 bhí 33 buachaill agus 2 chailín i mBaile an Oibricigh, 13 acu faoi choimeád agus 22 acu a raibh pianbhreith á cur i gcrích acu. Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig(2014)

19 ICCS (2009) *International Report: Civic knowledge, attitudes, and engagement among lower-secondary school students in 38 countries*. Fuair Éire scór cuid mhór níos airde ná meánscór CIEC i dtaca le spéis na ndaoine i gceisteanna polaitiúla ina dtír féin (56% vs. 49%), an pholaitíocht i dtíortha eile (30% vs. 26%), an pholaitíocht inmheánach (37% vs. 33%). Fuair Éire scór cuid mhór níos ísle ná an meánráta CIEC i dtaca le spéis i bpolaitíocht na hEorpa (35% vs. 38%).


## Ag spreagadh cur i bhfeidhm, ag cinntiú cuntasachta

Is é an dúshlán is suntasaí do thréimhse na 7 mbliana atá romhainn (2014-2020) ná an cur i bhfeidhm, ag cur i gcrích na huaillmhéine atá laistiar d'ár bhfís do leanaí agus do dhaoine óga. Is ann do chomhthoil shuntasach maidir leis na constaicí córais, na fadhbanna atá os comhair leanaí agus teaghlach agus tuiscint fheabhsaithe ar 'an méid a oibríonn' (.i. réitigh éifeachtacha) i dtéarmaí torthaí níos fearr a bhaint amach. Leis an mbearna chur i bhfeidhm a líonadh ní mór cinntiú go gcuirtear polasaí, taighde agus straitéis á gcur i gcleachtas ar bhealach bríoch. Is é an dúshlán atá ann ná atreoshuíomh an chórais agus cur i bhfeidhm athruithe ar na seirbhísí agus *conas a oibrímid* le torthaí agus seirbhísí feabhsaithe a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga. Éilíonn sin comhoibriú agus comhordú tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Éilíonn sé:

- ceannasaíocht;
- daoine ag oibriú ar bhealaí difriúla;
- athrú sa tslí a leithdháiltear acmhainní is a mhaoinítear seirbhísí;
- athchumrú seirbhísí, le díchoimisiúnú chuid acu agus coimisiúnú roinnt seirbhísí eile.

Le dornán blianta anuas, cuireadh tús le próiseas athchóirithe struchtúr, cur i bhfeidhm córas nua agus bealaí oibrithe. Tá comhthéacs an athchóirithe tar éis éirí níos dúshlánaí, le buiséid laghdaithe, éileamh méadaithe ar sheirbhísí agus ionchais phoiblí atá ag dul in airde. Os a choinne sin, tugadh spreagadh láidir don athchóiriú le ceapachán an chéad Aire Comhaireachta do Leanaí agus do Ghnóthaí Óige, agus bunú na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Teastóidh ceannasaíocht leanúnach ar fud na n-earnálacha ar fad le go ndéanfaí na hathchóirithe a sheachadadh. Is é atá i gceist le bunú na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach i 2014 ná cloch mhíle bhreise in athchóiriú na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Ag leibhéal níos leithne ar fud an Rialtais, tá clár suntasach athchóirithe ar siúl a théann i bhfeidhm ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar a dteaghlach. (*féach Figiúr 3*).

**Figiúr 3: Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2014-2026**



Dúshlán a bheas ann le go n-éireodh le cur i bhfeidhm na Creatlaí seo. Tarraingíodh an cur chuige i leith cur i bhfeidhm, go háirithe an cur chuige Rialtais Iomláin, as taithí agus as fianaise ó Éirinn agus go hidirnáisiúnta maidir leis 'an méid a oibríonn'. Tá le fáil sa Chreatlach líon mór ceangaltas, idir chinn reatha agus chinn nua, a bhfuil leibhéil éagsúla castachta, gníomhaíochta agus rúin i gceist leo. Beidh an fócas gníomhach cur i bhfeidhm ar chur chun cinn na gceangaltas casta, iltaobhach le ranna Rialtais, iad ag cur chun cinn a gceangaltas féin mar is dual dóibh, ach ag tuairisciú go bliantúil maidir le dul chun cinn nó mar a bhfuil gá le ceisteanna a fhormhéadú. Bainfear úsáid as plean gníomhaíochta rollach ar fud an phróisis le ceisteanna tosaíochta a stiúradh agus le dul chun cinn a thuairisciú. Mionsonróidh an chéad Phlean Gníomhaíochta a fhorbrófar gníomhaíochtaí do chéad 18 mí na Creatlaí.

Tá dhá fheidhm scartha ach ceangailte ag spreagadh cur i bhfeidhm agus ag cinntiú monatóireachta agus cuntasachta. Is ann don tríú feidhm freisin – feidhm rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, a thacaíonn le feidhmeanna cur i bhfeidhm agus cuntasachta. Agus meicníochtaí agus struchtúir thacaíochta na Creatlaí do Pholasaí Náisiúnta á ndearadh, rinneamar iarracht cinntiú go ndéantar freastal ar an trí fheidhm.

Tá an cheannasaíocht ríthábhachtach maidir le spreagadh chur i bhfeidhm na Creatlaí Polasaí. Éileoidh cur i bhfeidhm éifeachtach comhoibriú agus comhordú suntasacha ar fud an Rialtais agus idir ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile. Leis an gceannasaíocht agus an treoir sin a sholáthar, bunófar Cuibhreannas ardleibhéil um Pholasaí Leanaí agus Daoine Óga*, é ag tuairisciú go díreach chuig an gCoiste Comh-aireachta um Pholasaí Sóisialta, ag cuimsiú oifigeach sinsearacha ó ranna Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí agus ionadaithe ó fhóraim chomhairleacha agus ó fhóraim áitiúla oibríochtúla. Beidh Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige ina Chathaoirleach ar an gCuibhreannas Polasaí, agus beidh ionadaí ó Roinn an Taoisigh ina leaschathaoirleach (*féach Figiúr 4*).

# CEANGALTAIS AN RIALTAIS

## Déanann an Rialtas ceangaltas don mhéid seo a leanas:

**1.** Struchtúir chuntasachta a chuíchóiriú do leanaí agus do dhaoine óga, ag cruthú na rudaí seo a leanas:

   (a) Cuibhreannas Polasaí Leanaí agus Daoine Óga, le foghrúpa (Grúpa Urraitheoirí) a cheanglóidh le struchtúir chuntasacha tras-Rialtais eile ar bhealach straitéiseach agus comhoibritheach (m.sh. Éire Shláintiúil). (RLGÓ, gach eagraíocht)

   (b) Comhairle Chomhairleach, le dhá chrann taca – ceann do na Luathbhlianta agus ceann do Leanaí agus Daoine Óga. (RLGÓ)

**2.** Cinntiú go n-éistear le glór na leanaí agus na ndaoine óga sna meicníochtaí cuntasachta trí nascadh a dhéanamh le struchtúir Dháil na nÓg agus Próiseas Dialóig Struchtúrtha an AE le daoine óga. (RLGÓ)

* Sainmhínítear cuibhreannas mar chumann de ar a laghad beirt duine nó dhá aonán a bhfuil sé mar chuspóir acu bheith páirteach i ngníomhaíocht chomhchoiteann nó a gcuid acmhainní a chomhthiomsú le sprioc comhchoiteann a bhaint amach.

3. Cur i bhfeidhm agus monatóireacht áitiúil a chinntiú ag leibhéal an chontae trí na CSL, a nascfar go foirmeálta leis na CFPÁ nua atá á mbunú i ngach limistéar Údaráis Áitiúil faoi thionscnamh de chuid RCPRÁ . (RLGÓ, Rialtas Áitiúil)
4. Foireann Chur i bhFeidhm a bhunú laistigh den RLGÓ le tacú le forbairt Chuibhreannais Pholasaí agus Ghrúpa Urraitheoirí atá láidir. Spreagfaidh an Fhoireann Chur i bhFeidhm an chuntasacht agus seachadadh an chomhordaithe agus an chomhoibrithe tras-Rialtais le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Cuimseoidh baill na Foirne Cur i bhFeidhm meascán scileanna agus tarraingeoidh siad ar chabhair agus ar chruthaitheacht na ndaoine óga. (RLGÓ)
5. Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus a chuid straitéisí tacaíochta, ag úsáid struchtúr náisiúnta agus áitiúil mar bhealaí cumarsáide. (RLGÓ, gach eagraíocht ábhartha)

## Cuntasacht

**Creat Ama:** Is é an creat ama a bheas ag *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ná ó 2014 go 2020. Tiocfaidh roinnt príomhdhoiciméad straitéiseacha tar éis na Creatlaí i 2014 a leagfaidh amach le tuilleadh mionsonraí an clár oibre i réimsí áirithe. Cuimseoidh siad seo chéad *Straitéis Luathbhlianta* náisiúnta na hÉireann agus *Straitéis Óige* náisiúnta. Beidh san áireamh freisin *Dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige– Plean Gníomhaíochta um Cheartas i leith an Aosa Óig* agus plean agus polasaithe i dtaca le *Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht agus sa Tuistiú agus sa Tacaíocht Teaghlaigh.*

Bainfear **cuntasacht pholaitiúil** amach tríd an gCoiste Comh-aireachta faoi Pholasaí Sóisialta.

Bainfear amach **Cuntasacht idir-roinne agus neamhRialtasach** trí ionadaíocht ar Chuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga agus trí rannpháirtíocht sa Chomhairle Chomhairleach.

Bainfear amach **cuntasacht do leanaí agus do dhaoine óga** trí chruthú nasc foirmeálta idir Cuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga agus dhá struchtúr rannpháirtíochta ar ann dóibh cheana – Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg agus próiseas Dialóig Struchtúrtha Eorpaigh.

Scrúdófar meicníochtaí **cuntasachta airgeadais** i gcomhairle le RCPA, lena n-áirítear forbairt mheicníochta le caiteachas a rianú agus a anailísiú ar leanaí agus ar dhaoine óga ar fud rann, gníomhaireachtaí agus ENR.

Bainfear **cuntasacht phoiblí** amach trí fhoilsiú ar líne thuarascálacha bliantúla dul chun cinn. Beidh Creatlach *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* ina dhoiciméad beo, ar fáil ar líne trí mheán shuíomh gréasáin RLGÓ (www.dcya.ie).

## Struchtúir Chur i bhFeidhm

Tá i gceist le cur i bhfeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* bunú struchtúr soiléir agus éifeachtach le cuntasacht a chinntiú, le cur i bhfeidhm a spreagadh agus le fóram a sholáthar do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Dearadh na struchtúir seo le héifeachtacht agus éifeachtúlacht a chinntiú. Comhdhlúthóidh RLGÓ a cuid comhlachtaí comhairliúcháin agus a cuid próiseas idir-roinne ar ann dóibh cheana mar chuid den Chuibhreannas, de mheicníochtaí na nUrraitheoirí agus mar chuid den Chomhairle Chomhairleach. Cuirfear a n struchtúr nua seo in áit chuid mhór de na fóraim chomhairleacha agus chomhairliúcháin a bhaineann le leanaí agus le daoine óga, agus é i gceist feabhas a chur ar sheasamh na ngrúpaí seo laistigh d'infrastruchtúr comhsheasmhach agus comhordaithe amháin (*féach Figiúr 7*).

Beidh feidhm shoiléir ag gach ceann den raon grúpaí a shracrianaítear san infrastruchtúr seo chomh maith le Téarmaí Tagartha sonracha i dtaca leis an gCreatlach. Lena chois sin, déanfaidh na grúpaí seo comhchaidreamh ar bhealach struchtúrtha agus córasach le cinntiú go bhfuil raon leathan na gcomhchomhlachtaí ag obair ar chlár oibre atá dírithe ar thorthaí roinnte do leanaí agus do dhaoine óga. Beidh mar chuid de na struchtúir do chur i bhfeidhm na Creatlaí:

### An Coiste Comh-Aireachta um Pholasaí Sóisialta

- **Cathaoirleach:** An Taoiseach
- **Baill:** Airí Ábhartha
- **Feidhm:** Tugann an coiste seo treoir iomlán straitéiseach d'fhorbairt pholasaithe le dul i ngleic leis an mbochtanas agus leis an eisiamh sóisialta, agus cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht rialta ar a gcur i bhfeidhm agus é sin cothaithe ag an leibhéal is airde. Tacaítear lena chuid oibre sa réimse seo ag Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Pholasaí Sóisialta.
- Gabhfaidh an coiste mar chúram air féin aghaidh a thabhairt ar, monatóireacht a dhéanamh ar agus maoirseacht a dhéanamh ar pholasaithe, spriocanna agus pleananna gníomhaíochta comhchoiteanna Rialtais le feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus do dhaoine óga.

## STRUCHTÚIR NUA

Déanfaidh na struchtúir nua seo a leanas seachadadh ar na trí fheidhm seo a leanas: cuntasacht a chinntiú, cur i bhfeidhm a spreagadh agus fóram a chur ar fáil do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara.

### Cuibhreannas Polasaí Leanaí agus Daoine Óga

- **Cathaoirleach:** An tArd-Rúnaí, RLGÓ
- **Leaschathaoirleach:** Roinn an Taoisigh
- **Baill:** Rúnaithe Cúnta ó RI, RCPA, RA, RS, ROS, RCS, RCPRÁ, RDCC, RITS, RPFN, REOG agus RCFAN; ionadaithe sinsearacha ó Tusla, FSS, An Garda Síochána, Bainisteoir Contae/ Cathrach ainmnithe ag CCMA; Cathaoirleach agus triúr ball na Comhairle Comhairlí; agus Cathaoirleach Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta CSL.

- **Feidhm:** Maoirseacht a bheith acu ar chur i bhfeidhm tras-Rialtais *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus é a spreagadh, agus tuairisc bhliantúil a thabhairt don Rialtas faoin dul chun cinn a baineadh amach.

## Grúpa na nUrraithe (foghrúpa den Chuibhreannas Polasaí)

- **Urraitheoirí:**
  - An Roinn Sláinte (Toradh 1)
  - An Roinn Oideachais agus Scileanna (Toradh 2)
  - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (Toradh 3)
  - An Roinn Coimirce Sóisialta (Toradh 4)
  - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Toradh 5)
  - An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (Spriocanna Bunathraithe).
- **Feidhm:** Is foghrúpa den Chuibhreannas Polasaí é Grúpa na nUrraitheoirí, a bhfuil mar chuid de baill chúig phríomhroinn. Beidh príomhfhreagracht ag gach duine acu do réimse Toraidh Náisiúnta, le tacaíocht ón bhFoireann Chur i bhFeidhm (féach thíos). Is é cuspóir Ghrúpa na nUrraitheoirí ná cur i bhfeidhm a spreagadh go gníomhach agus fóram a sholáthar do réiteach na bhfadhbanna.
- **Modh:** Cinnteoidh gach urraitheoir an mheicníocht/na meicníochtaí is oiriúnaí dá réimse Toraidh; is féidir go mbeidh i gceist leis na meicníochtaí seo Coiste/Coistí ar ann dóibh cheana, bunú Coiste/Coistí nua agus/nó bheith ag obair go díreach le príomhoifigigh.

## An Chomhairle Chomhairleach

- **Ballraíocht:** Is é a bheas ag an gComhairle Chomhairleach ná thart ar 16 ball faoi réir ag Cathaoirleach neamhspleách. Tarraingeofar baill na Comhairle ó chrainn taca a dhéanann ionadaíocht ar earnálacha na Luathbhlianta agus Leanaí agus Daoine Óga agus saineolaithe neamhspleácha freisin.
- **Feidhm:** Comhairle a thabhairt don Chuibhreannas Polasaí agus don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi chur i bhfeidhm na Creatlaí do Pholasaí Náisiúnta agus a cuid straitéisí tacaíochta.
- Beidh nasc foirmeálta ag an gComhairle Chomhairleach le Cuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óg.

## Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Choistí na Seirbhísí Leanaí

- **Baill:** Áirítear ar na baill reatha Cathaoirligh na CSL áitiúla, ionadaithe ó Údaráis Áitiúla, RLGÓ agus Lárionad na Seirbhísí Éifeachtacha (LSÉ).
- **Feidhm:** Is struchtúr iad na CSL le grúpa éagsúil gníomhaireachtaí a thabhairt le chéile i limistéir áitiúla chontae le bheith páirteach i gcomhphleanáil seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Tá an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta ina ionadaí air sin ag an leibhéal áitiúil. Spreagfar cur i bhfeidhm na Creatlaí ag an leibhéal áitiúil ag na CSL. Gníomhóidh an Grúpa Stiúrtha Náisiúnta mar fheithicil le cur i bhfeidhm a nascadh ag an leibhéal áitiúil le maoirseacht ag an gCuibhreannas Polasaí.
- Beidh nasc foirmeálta ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta CSL le Cuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga.

### Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg

- **Baill:** Is é Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg an struchtúr náisiúnta rannpháirtíochta do dhaoine óga in aois 12-18 bliana. Tá mar bhallraíocht aige 34 ionadaithe a thoghtar ag gach ceann de Chomhairlí na nÓg atá lonnaithe i ngach limistéar Údaráis Áitiúil.
- **Feidhm:** Beidh Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg páirteach ar bhealach díreach agus struchtúrtha leis an gCuibhreannas Polasaí faoi dhul chun cinn i dtaca le cur i bhfeidhm na Creatlaí. Forbrófar an socrú rannpháirtíochta agus tuairiscithe seo bunaithe ar an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta maidir le leanaí agus daoine óga a dhéanamh páirteach sa phróiseas cinnteoireachta.
- Beidh nasc foirmeálta ag Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg le Cuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga.

### An Grúpa Oibre um Dhialóg Struchtúrtha


- **Baill:** Daoine óga agus eagraíochtaí óige, saineolaithe faoi cheisteanna óige agus cinnteoirí poiblí.
- **Feidhm:** Soláthraíonn an Grúpa Oibre um Dhialóg Struchtúrtha struchtúr náisiúnta rannpháirtíochta agus comhairliúcháin do dhaoine óga idir aois 15-30 le dul i bhfeidhm ar pholasaí Eorpach i leith daoine óga faoi cheisteanna ábhartha. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an bpróiseas Dialóig Struchtúrtha ag an gCoimisiún Eorpach. Nuair a bheas an t-athbhreithniú curtha i gcrích, déanfar meicníocht do rannpháirtíocht na ndaoine óga sin a ghlacann páirt i nDialóg Struchtúrtha leis an gCuibhreannas Polasaí, déanfar í a bheachtú.
- Beidh nasc foirmeálta ag an nGrúpa Oibre um Dhialóg Struchtúrtha le Cuibhreannas Polasaí na Leanaí agus na nDaoine Óga.

### An Fhoireann Chur i bhFeidhm

Cé go n-aithnítear go gcuirfear mórchuid na gceangaltas a shracrianaítear sa Chreatlach i bhfeidhm ag a gcuid rann Rialtais faoi seach, bunófar Foireann Chur i bhFeidhm laistigh de RLGÓ leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- bainistiú tionscadail a dhéanamh ar chur i bhfeidhm. Gníomhaíochtaí agus obair a chomhordú a bhaineann le cur i bhfeidhm na Creatlaí agus a cuid straitéisí tacaíochta;
- cumas anailíseach, bainistithe athraithe agus cumarsáide a sholáthar le haghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm thiomantas casta tosaíochta agus spriocanna bunathraithe;
- pleanáil agus tuairisciú a chomhordú agus tacú leo sin, agus plean gníomhaíochta agus tuairiscí dul chun cinn a fhorbairt le hurraitheoirí agus ranna;
- tacú le rannpháirtíocht agus le cumarsáidí páirtithe leasmhara d'ardchaighdeán;
- feidhmiú éifeachtach na struchtúr cur i bhfeidhm a chinntiú trí chomhordú agus trí thacaíocht lárnacha, lena n-áirítear dréachtú clár oibre, sainscagadh tuairiscí, soláthar anailíse agus bainistiú cruinnithe.

Figiúr 4: Struchtúir Chur i bhfeidhm agus Chuntasachta na Creatlaí Náisiúnta Polasaí um Leanaí agus Daoine Óga



# Aguisíní

# AGUISÍN 1: NA TORTHAÍ NÁISIÚNTA AGUS COINBHINSIÚN NA NA FAOI CHEARTA AN LINBH

Leagann Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine amach cearta daonna gach duine – leanaí, daoine óga, aosaigh agus daoine scothaosta. Ag eascairt as an Dearbhú Uilechoiteann, forbraíodh 9 gconradh le díriú ar théamaí sonracha – tá an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (CNACL) ar cheann de na conarthaí seo, díríonn cinn eile ar na mná, ar an míchumas agus ar chúrsaí ciníochais. Cuireann CNACL in iúl cearta an Dearbhaithe Uilechoitinn le friotal atá oiriúnach do leanaí; soláthraíonn sé cosaintí breise do leanaí, ag cur san áireamh a leochaileacht ar leith; agus cuireann sé san áireamh gur minic a bhíonn comhlíonadh a gcuid ceart spleách ar ghníomhartha daoine eile, leithéidí tuismitheoirí. Sainmhíníonn CNACL 'leanbh' mar aon duine faoi bhun 18 mbliana. Ní hann d'aon Choinbhinsiún NA coibhéiseach faoi 'Dhaoine Óga'. Ghlac an Creatlach an Pholasaí seo, mar sin de, le CNACL mar threoir, ach nuair a bhaineann a leithéid le hábhar tarraingítear ó Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.

## Ailt CNACL a bhaineann le hábhar i gcás na gcúig thoradh náisiúnta ar fad

- **Alt 1: Sainmhíniú ar leanbh: Sainmhínítear leanaí mar gach duine faoi bhun 18 mbliana.**
- **Alt 2: Neamhleatrom: Baineann cearta ar fad an Choinbhinsiúin le gach leanbh gan aon eisceacht, agus tá sé de dhualgas ar an Stát leanaí a chosaint ón leatrom.**
- **Alt 3: Leas is fearr an linbh: Ba chóir go gcuirfeadh gach gníomh a bhaineann leis an leanbh a c(h)uid leasanna is fearr san áireamh.**
- **Alt 4: Cur i bhFeidhm na gCeart: Tá sé de dhualgas ar an Stát cearta an Choinbhinsiún a chur i gcrích san fhíorsaol.**
- **Alt 5: Treoir thuismitheora agus cumas forbartha an linbh: Tá sé de dhualgas ar an Stát meas a léiriú ar chearta agus ar fhreagrachtaí na dtuismitheoirí agus an teaghlaigh níos leithne le treoir a sholáthar atá iomchuí do chumas forbartha an linbh.**
- **Alt 6: Saol, marthanas agus forbairt: Tá ceart bunúsach ag gach leanbh ar a bheatha, agus tá sé de dhualgas ar an Stát cinntiú chomh fada agus is féidir go mairfidh agus go dtiocfaidh forbairt ar an leanbh.**
- **Alt 12: Tuairim an linbh: Tá sé de cheart ag leanaí tuairim a chur in iúl, agus go gcuirfí an tuairim sin in iúl, in aon cheist a bhaineann leo, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht.**

# Ailt CNACL a bhaineann le hábhar do thorthaí sonracha náisiúnta

| Gníomhach agus sláintiúil | Ag baint amach lánphoitéinseal san fhoghlaim agus san oideachas | Sábháilte agus cosanta ón dochar | Slándáil agus deis eacnamaíocha | Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan |
|---|---|---|---|---|
| • An ceart ar oideachas mar cheart forásach agus comhionann; tá de dhualgas ar an Stát an bunoideachas a dhéanamh éigeantach agus saor in aisce do chách; le cineálacha agsúla méanoideachais a fhorbairt agus í a chur ar fáil agus inrochtana ag cách; an t-ardoideachas a dhéanann inrochtana ag cách bunaithe ar chumas; bearta a dhéanamh le freastal rialta ar an scoil a spreagadh agus le rátaí fágála scoile a laghdú; agus le cinntiú go gcuirtear disciplín scoile i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le dínit an linbh (Alt 28).<br>• Ba chóir an t-oideachas a dhíriú ar fhorbairt phearsantacht agus tallann an linbh; ag cothú measa do chearta daonna; a gcuid luachanna cultúrtha náisiúnta féin; agus an timpeallacht (Alt 29).<br>• Tá ceart ag leanaí ar shaoirse machnaimh, coinsiasa agus creidimh, faoi réir ag treoir chuí ó na tuismitheoirí agus ag dlíthe na tíre (Alt 14).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí le míchumas fisiciúil nó deacrachtaí foghlama sainchúram, sainoideachas agus sainoiliúint a fháil ar aidhm leo cabhrú leo an féinspleáchas is mó is féidir a bhaint amach agus saol iomlán agus gníomhach a bheith acu (Alt 23). | • An ceart ar oideachas mar cheart forásach agus comhionann; tá de dhualgas ar an Stát an bunoideachas a dhéanamh éigeantach agus saor in aisce do chách; le cineálacha agsúla méanoideachais a fhorbairt agus í a chur ar fáil agus inrochtana ag cách; an t-ardoideachas a dhéanann inrochtana ag cách bunaithe ar chumas; bearta a dhéanamh le freastal rialta ar an scoil a spreagadh agus le rátaí fágála scoile a laghdú; agus le cinntiú go gcuirtear disciplín scoile i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le dínit an linbh (Alt 28).<br>• Ba chóir an t-oideachas a dhíriú ar fhorbairt phearsantacht agus tallann an linbh; ag cothú measa do chearta daonna; a gcuid luachanna cultúrtha náisiúnta féin; agus an timpeallacht (Alt 29).<br>• Tá ceart ag leanaí ar shaoirse machnaimh, coinsiasa agus creidimh, faoi réir ag treoir chuí ó na tuismitheoirí agus ag dlíthe na tíre (Alt 14).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí le míchumas fisiciúil nó deacrachtaí foghlama sainchúram, sainoideachas agus sainoiliúint a fháil ar aidhm leo cabhrú leo an féinspleáchas is mó is féidir a bhaint amach agus saol iomlán agus gníomhach a bheith acu (Alt 23). | • Tá sé de cheart acu cónaí/fanacht i dteagmháil leis an mbeirt tuismitheoirí ar bhonn rialta ach amháin mura bhfuil a leithéid ar a leas féin (Alt 9). Tá dualgas ar an Stát athaontú an teaghlaigh a chothú agus a chumasú (Alt 10).<br>• Tá sé de cheart acu cosaint a fháil ó gach cineál drochíde (Alt 19), agus dúshaothraithe (Alt 36),lena n-áirítear dúshaothrú gnéis agus drochíde ghnéis (Alt 34) agus coimhlint armtha (Alt 38).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát téarnamh íobairtaigh drochíde ar leanaí iad a chothú (Alt 39) agus gníomhú le fuadach leanaí a chosc (Alt 11), chomh maith le díolachán agus / nó gáinneáil leanaí (Alt 35).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát cabhrú le leanbh gan teaghlach (Alt 20); tá ceart ag leanaí ar athbhreithniú tréimhsiúil a socrúcháin chúraim (Alt 25); agus níor chóir uchtuithe a chur i gcrích ach chun leasa an linbh (Alt 21).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát cosaintí cuí a sholáthar do leanaí teifeach (Alt 22).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ón gcéasadh, ó íde nó pionós tháireacha; gabháil mhídhleathach nó cailleadh saoirse (Alt 37). Ba chóir leanaí atá faoi choinneáil a choimeád scartha amach ó phríosúnaigh aosacha agus tá sé de cheart acu teagmháil a bheith acu lena dteaghlach (Alt 37). Tá sé de dhualgas ar an Stát roghanna a chothú maidir le héisteachtaí Cúirte agus coinneáil (Alt 40).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát rochtain ar fhaisnéis ó raon éagsúil foinsí meán cumarsáide a chinntiú agus bearta a dhéanamh le leanaí a chosaint ó ábhair dhochracha (Alt 17). | • Tá sé de cheart ag leanaí caighdeán maireachtála a bheith acu atá 'sásúil d'fhorbairt fhisiciúil, intinne, spioradálta, mhórálta agus shóisialta'. Tá príomhfhreagracht ar na tuismitheoirí sin a sholáthar, agus tá dualgas ar an Stát cabhrú le tuismitheoirí, nuair is gá sin, leis an gceart seo a chomhlíonadh (Alt 27).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát an prionsabal a aithint agus a chothú go bhfuil freagrachtaí roinnte ag an dá thuismitheoir nó ag caomhnóirí dlíthiúla maidir le tógáil agus le forbairt an linbh; tacóidh an Stát le tuismitheoirí nó le caomhnóirí dlíthiúla sa tasc seo trí sholáthar na cabhrach cuí (Alt 18).<br>• Tá sé de cheart acu leas a bhaint as an tslándáil shóisialta (Alt 26).<br>• Tá sé de cheart acu bheith cosanta ón dúshaothrú saothair dochrach (Alt 32). | • Ní mór go mbeadh na cearta ar fad a urraítear ag CNACL ar fáil ag gach leanbh gan aon chineál leatroim agus tá sé de dhualgas ar an Stát leanaí a chosaint ón leatrom (Alt 2).<br>• Ní mór tuairim an linbh a chur san áireamh agus breithniú a dhéanamh faoi i dtaca le gach ceist a bhaineann leis nó léi, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta (Alt 12).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí a (h)ionannas féin a bheith aige/aici, ionannas a bhfuil sé de dhualgas ar an Stát cosaint, agus más gá sin, é a athbhunú (Ailt 7 agus 8).<br>• Tá sé de cheart acu cosaint a fháil ó chur isteach ar a gcuid príobháideachais, ar a dteaghlachm a mbaile agus a gcomhfhreagras, agus ó leabhal agus ó bhéadchaint (Alt 16).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí ó phobail mhionlaigh agus ó phobail dhúchasacha sult a bhaint as a gcultúr féin, a gcreideamh féin a chleachtadh agus a dteanga féin a úsáid (Alt 30).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí faisnéis a fháil agus a gcuid tuairimí féin a chur in iúl, ach amháin sa chás go sárófaí cearta daoine eile (Alt 13).<br>• Tá sé de cheart ag leanaí bualadh le daoine eile agus bheith ina mbaill de chumainn nó iad a bhunú, ach amháin sa chás go sárófaí cearta daoine eile (Alt 15).<br>• Tá sé de dhualgas ar an Stát na cearta sin atá le fáil i CNACL a chur ar an eolas go forleathan d'aosaigh agus do leanaí (Alt 42). |

# AGUISÍN 2: CINNEADH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE LEANAÍ AGUS LE DAOINE ÓGA

Bailíodh tuairimí 66,705 leanaí agus daoine óga i 2011 le dul i bhfeidhm ar fhorbairt na Creatlaí Polasaí seo agus a cuid straitéisí gaolmhara aoisghrúpa. Tugadh cuireadh do leanaí agus do dhaoine óga i ngach scoil agus i ngach lárionad Youthreach sa Stát ceistneoirí gearra a chomhlánú.

Ba iad seo a leanas na ceisteanna a cuireadh ar leanaí in aois bunscolaíochta:

1. Cad é an rud is fearr faoi bheith i do leanbh in Éirinn?
2. Cad é an rud is measa faoi bheith i do leanbh in Éirinn?
3. Ainmnigh rud amháin a d'athrófá in Éirinn le go mbeadh leanaí sásta.

Ba iad seo a leanas na ceisteanna a cuireadh ar dhaoine óga in aois meánscolaíochta:

1. Cad é atá maith faoi bheith i do dhuine óg atá maireachtáil in Éirinn?
2. Cad é nach maith leat faoi bheith i do dhuine óg atá maireachtáil in Éirinn?
3. Da mba cheannaire na tíre thú, ainmnigh rud amháin a d'athrófá ar mhaithe le daoine óga?

San iomlán thug 66,705 leanaí agus daoine óga (38%) freagra ar an gceistneoir. Tháinig 81% ón mbunleibhéal agus tháinig 19% ón leibhéal iarbhunscolaíochta, cailíní a bhí i 52% acu agus buachaillí a bhí i 48% acu. Chuimsigh na freagróirí aoisraon 4 go 23 bliana, agus mórchuid acu (50%) san aoisraon 10 go 12 bliana.

## Príomhtheachtaireachtaí ó leanaí agus ó dhaoine óga

Dúirt leanaí agus daoine óga gurbh é **an t-oideachas an rud ab fhearr** faoi mhaireachtáil in Éirinn. Thug leanaí faoi deara go raibh scoileanna maithe ann, tá an scolaíocht saor in aisce agus tá gach duine in ann freastal ar scoil. Thug daoine óga faoi deara gur ceart é an t-oideachas, go bhfuil sé saor in aisce agus go bhfuil an caighdeán fíormhaith.

Dúirt leanaí agus daoine óga gurbh é **an cúlú eacnamaíochta agus an suíomh reatha airgeadais an rud ba mheasa** faoi chónaí in Éirinn. Thug leanaí faoi deara nach bhfuil airgead ar bith sa tír, nach bhfuil daoine sásta, go gcaithfidh na leanaí na bainc a íoc nuair a fhásann siad aníos, go bhfuil a dtuismitheoirí buartha faoina bpost a chailleadh agus níos lú airgid a bheith acu, go bhfuil gach rud níos daoire, agus gur féidir nach mbeidh siad in ann post a fháil agus airgead a shaothrú nuair a fhágann siad an scoil. Ar an dóigh céanna, thug daoine óga faoi deara go bhfuil cúlú eacnamaíochta ag cur as don tír, go bhfuil an geilleagar ag dul in olcas, nach bhfuil aon phoist le fáil, agus go bhfuil an costas maireachtála ard. Bhí cuid mhór acu buartha faoi éifeacht an chúlaithe eacnamaíochta ar shuíomh airgeadais a dteaghlaigh agus ar a n-ionchais phoist sa todhchaí.

Dúirt leanaí agus daoine óga gurbh é **an rud ba mhó a d'athróidís ná gnéithe den chóras oideachais**. Mhol leanaí athruithe den chineál seo: níos lú oibre baile; laethanta scoile níos giorra agus laethanta saoire níos faide; níos lú daltaí a bheith sa seomra ranga; níos mó trealaimh a bheith ann do spóirt agus do chúrsaí ealaíona;níos mó airgid a infheistiú i múineadh na heolaíochta agus saotharlanna eolaíochta a bheith ann; agus níos mó ríomhairí a bheith ann ar scoil. Mhol daoine óga athruithe den chineál seo: áiseanna agus acmhainne scoile níos fearr a bheith ann; seomraí ranga níos mó a bheith ann; córas na bpointí agus na scrúduithe a athrú; níos mó úsáide a bhaint as an measúnú leanúnach; costais arda na leabhar agus na n-éidí scoile a laghdú; agus níos lú ama a chaitheamh ar scoil.

# AGUISÍN 3: CINNEADH AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí, a raibh tuismitheoirí agus daoine a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga páirteach ann, i 2012. San iomlán, rinneadh anailís agus tuairisciú ar 1,081 aighneacht ar líne agus scríofa ag Lárionad EOECNA um Thaighde Leanaí agus Teaghlaigh ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Iarradh ar na freagróirí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- moltaí a dhéanamh do ghníomhartha ag an teaghlach, ag an bpobal agus ag an Rialtas i dtreo bhaint amach gach cinn de na torthaí náisiúnta;
- na trí rudaí is fearr agus na trí rudaí is measa a aithint faoin saol do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn;
- a rá conas is féidir tacú le hiompar dearfach agus le saoránacht dhearfach;
- a rá cad iad na gníomhartha a theastaíonn ón teaghlach, ón bpobal agus ón Rialtas le tacú le daoine óga le tús muiníneach a chur leis an aosacht.

## Achoimriú – Téamaí athfhillteacha

1. Tuistiú dearfach.
2. Spreagadh dearcaí níos dearfaí i leith leanaí agus daoine óga, ag éisteacht leo.
3. Tábhacht na gclubanna óige, na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, an oideachais neamhacadúil.
4. Gurbh é a bhí i gceist leis an bpobal ná deiseanna a sholáthar le bheith páirteach ann.
5. Cuimsitheacht shóisialta.
6. Tacaíocht teaghlaigh dóibh siúd a dteastaíonn sin uathu le cabhrú lena ról mar thuismitheoir a chomhlíonadh.

Baineann an méid **is féidir leis an Teaghlach a dhéanamh** go mór leis an gcleachtas tuistithe mhaith chomh maith le slándáil eacnamaíoch a sholáthar.

Baineann an méid **is féidir leis an bPobal a dhéanamh** go mór le gníomhaíochtaí agus le háiseanna sóisialta agus pobail, ag cur béime ar an ngá atá ann le leanaí agus daoine óga a aithint, a dhéanamh páirteach, a spreagadh agus meas a léiriú dóibh.

Baineann an méid **is féidir leis an Rialtas a dhéanamh** go mór le tacú agus le cumasú an teaghlaigh agus an phobail, ag forbairt polasaí agus reachtaíochta tacúla, chomh maith le feabhas a chur ar an ngeilleagar agus ar chruthaíocht phost. Ba é an t-aiseolas a fuarthas ná gur féidir leis an Rialtas:

1. Ceannasaíocht a léiriú trí shampla a thabhairt.
2. feabhas a chur ar an ngeilleagar trí chruthaíocht phost.
3. Soláthar cúraim leanaí inacmhainne a mhéadú.
4. Cúrsaí oideachais a nuachóiriú.
5. An córas cosanta leanaí a threisiú.

6. Feabhas a chur ar an gcóras sláinte.
7. Reachtaíocht agus polasaí a thabhairt isteach faoi na rudaí seo a leanas:
    - rialú earnálacha an bhia agus an áineasa le roghanna sláintiúla a dhreasú;
    - lipéadú bia;
    - fógraíocht do leanaí;
    - díolachán an tobac agus an alcóil;
    - murtall luathóige;
    - mí-úsáid alcóil;
    - cearta na leanaí.

# AGUISÍN 4: TACAR TÁSCAIRÍ DO CHREATLACH AN PHOLASAÍ NÁISIÚNTA DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

**Forbrófar tacar cuimsitheach táscairí le tacú le tomhas na gcúig thoradh náisiúnta i 2014, ag tógáil ar Thacar Náisiúnta na dTáscairí Leasa Leanaí.**

Cuimsíonn Cuid 3, 'Ag tomhas an dul chun cinn', den chreatlach seo clár táscairí (*féach Clár 1*). Tarraingítear iad seo go mór mhór ó *Suirbhé faoi Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála* POS (EU-SILC) agus *Tacar Náisiúnta Táscairí Leas Leanaí* RLGÓ, a forbraíodh an chéad uair ag an Oifig Náisiúnta Leanaí i 2005[183] agus a mbítear ag cur leis dara gach bliain do thuarascáil *Staid Leanaí an Náisiúin*. Ní dhéanann na táscairí iarracht pictiúr iomlánaíoch de shaol gach linbh agus gach duine óig a sholáthar suas go 25 bliana. Roghnaíodh iad le 'léargas' a thabhairt dúinn faoin áit ina bhfuilimid faoi láthair, ag díriú ar réimsí tosaíochta do pholasaí ar feadh na 7 mbliana atá romhainn le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Seo a leanas na príomhchritéir a úsáidtear le dul i bhfeidhm ar roghnú tháscairí na Creatlaí:

- táscairí bunaithe;
- monatóireacht ar siúl faoi láthair ag ranna/gníomhaireachtaí Rialtais;
- bailítear go rialta iad;
- gur féidir dul i bhfeidhm orthu laistigh de thréimhse 7 mbliana;
- gur féidir tagarmharcáil a dhéanamh orthu go hidirnáisiúnta (ag an AE, ECFE agus CÉINAL).

Mar chéad chéim i dtreo táscairí a roghnú le tacú leis an gCreatlach, rinneadh Tacar Náisiúnta na dTáscairí Leasa Leanaí a mheaitseáil do na cúig thoradh náisiúnta sa Chreatlach. Bhí an próiseas meaitseála seo ina chabhair le bearnaí agus le réimsí a aithint mar nach raibh dóthain ionadaíochta á déanamh ar na réimsí toraidh ar leith sna táscairí ar ann dóibh cheana. Mar chuid de phróiseas comhairliúcháin na Creatlaí, scaipeadh tacar na dtáscairí meaitseáilte agus na mbearnaí aitheanta ar gach Roinn Rialtais le hathbhreithniú a dhéanamh orthu. Tar éis an phróisis chomhairliúcháin seo, aithníodh dréacht-thacar táscairí atá oiriúnach do thorthaí na Creatlaí.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara gur léargas atá sna táscairí. Ní dhéanann táscairí maithe ach léiriú beag a thabhairt maidir leis an gceist an bhfuil na torthaí ionchais á mbaint amach. Ní fhreagraíonn siad ceisteanna den chineál seo: cén fáth a bhfuil nó nach bhfuil torthaí á mbaint amach, ceisteanna faoi thorthaí neamhbheartaithe, na naisc idir idirghabhálacha agus torthaí, nó gníomhartha arbh fhéidir tabhairt fúthu le feabhas a chur ar thorthaí. Dá bharr sin, ní mór sonraí faoi tháscairí a mhíniú go cúramach. Is fearr úsáid a bhaint astu le torthaí a chur in iúl nach mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu, seachas mar mheasúnacht dheifnídeach ratha nó teipe.

# AGUISÍN 5: AG FÁS ANÍOS IN ÉIRINN: STAIDÉAR NÁISIÚNTA FADAIMSEARTHA FAOI LEANAÍ

Tá *Ag Fás Aníos in Éirinn: Staidéar Náisiúnta Fadaimseartha faoi Leanaí* ag rianú fhorbairt dhá ghrúpa leanaí atá ionadaíoch go náisiúnta: Grúpa na Leanaí (iad earcaithe agus na leanaí 9 mbliana d'aois) agus Grúpa na Naíonán (iad earcaithe agus na leanaí 9 mí d'aois). Tá an staidéar á mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcomhar le RCS agus POS.

Cuirtear an staidéar seo i gcrích faoin Acht Staidrimh 1993 agus tá sé faoi réir i ngach céim ag dianathbhreithniú eiticiúil ag Coiste Eitice Taighde, chomh maith le monatóireacht leanúnach ag saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta i roinnt coistí maoirseachta agus stiúrtha.

Tá *Ag Fás Aníos in Éirinn* (FAÉ) á chur i gcrích ag cuibhreannas taighdeoirí a bhfuil ITES agus Coláiste na Tríonóide i gceannas orthu.

## Cuimsiú agus Obair Allamuigh

Grúpaí na Leanaí: San iomlán cuireadh agallamh ar 8,568 leanaí 9 mbliana agus a dteaghlach, a gcuid múinteoirí agus príomhchúramóirí eile idir Meán Fómhair 2007 agus Márta 2008. Tharla dara babhta agallamh leis an ngrúpa daoine óga seo (agus lena dteaghlach) agus iad 13 bliana d'aois. Tharla an dara babhta agallamh seo idir Mí Lúnasa 2011 agus Mí Feabhra 2012.

Grúpa na Naíonán: San iomlán earcaíodh 11,134 naíonán 9 mí agus a dteaghlach agus príomhchúramóirí eile don staidéar gur cuireadh agallamh orthu den chéaduair idir Mí Mhéan Fómhair 2008 agus Mí Mhárta 2009. Tharla dara babhta agallamh idir Mí Eanáir agus Mí Lúnasa 2011, nuair a bhí na leanaí 3 bliana d'aois. Cuireadh tríú babhta agallamh i gcrích idir Mí Mhárta agus Mí Mheán Fómhair 2013, nuair a bhí na leanaí 5 bliana d'aois.

## Tuarascálacha FAÉ agus tagairtí gaolmhara

**Grúpa na Naíonán**

Príomhchinneadh Uimh. 1: Grúpa na Naíonán ag cúig bliana (2013) *Transition to School Among Five-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5year_KFs/GUI_KF_1_School.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 2 Grúpa na Naíonán ag cúig bliana (2013) *Socio-Emotional Wellbeing of Five-Year-Olds*. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5-year_KFs/GUI_KF_2_Socio.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 3: Grúpa na Naíonán ag cúig bliana (2013) Wellbeing, Play and Diet among Five-Year-Olds. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5year_KFs/GUI_KF_3_Wellbeing.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 4: Grúpa na Naíonán ag cúig bliana (2013) *The Family Circumstances of Five-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5year_KFs/GUI_KF_4_Financial.pdf

**Grúpa na Leanaí**

Príomhchinneadh Uimh. 1: Grúpa na leanaí ag naoi mbliana (2009) *Being Nine Years Old.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/Update_Key_Findings/Key_Findings_1.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 1: Grúpa na leanaí ag trí bliana déag (2012), *School Experiences among 13-Year-Olds*. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/Conference_2012/GUI_KF_A4_1_School__2_.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 2: Grúpa na leanaí ag naoi mbliana (2009) *The Families of Nine-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/Update_Key_Findings/Key_Findings_2.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 2: Grúpa na leanaí ag trí bliana déag (2012) *Physical Activity and Obesity among 13-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/Conference_2012/GUI_KF_A4_2_obesity.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 3: Grúpa na leanaí ag trí bliana déag (2012) *The Family and Financial Circumstances of 13-year-olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/Conference_2012/GUI_KF_A4_3_Family.pdf

Príomhchinneadh Uimh. 4: Grúpa na leanaí ag trí bliana déag (2012) *The Lives of 13-Year-Olds: Their Relationships, Feelings and Behaviours*. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/Conference_2012/GUI_KF_A4_4_Relationships.pdf

Ag Fás Aníos in Éirinn, Saintuarascáil (2013) 9-year and 9-month cohorts. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

Williams, J., Greene, S., Doyle, E., Harris, E., Layte, R., McCoy, S. agus Thornton, M. (2011) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children. The lives of Nine-Year-Olds*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/1st_Report/Barcode_Growing_Up_in_Ireland_-_The_Lives_of_9-Year-Olds_Main_Report.pdf

Williams, J., Greene, S., McNally, S., Murray, A. agus Quail, A. (2010) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children. The Infants and Their Families.* Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

Williams, J., Murray, A., McCrory, C. agus McNally, S. (2013) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children. Development from Birth to Three Years*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

# AGUISÍN 6: CEANGALTAIS AN RIALTAIS – CLÁR ACHOIMRITHE

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sprioc 1: Ag Tacú le Tuismitheoirí** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G1** Ráiteas polasaí ardleibhéil a fhorbairt faoi Thacaíocht Tuistithe agus Teaghlaigh le soláthar na dtacaí tuistithe a ndeachaigh fianaise i bhfeidhm orthu a threorú. Ba chóir go dtabharfadh sé sin aghaidh ar fhachtóirí tuismitheora agus teaghlaigh (m.sh. sláinte intinne agus mí-úsáid substaintí) agus go n-aithneofaí na freagraí a theastaíonn do leanaí, do theaghlaigh agus do phobail 'i mbaol'. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G2** Pleanáil agus comhordú tacaí tuistithe a chinntiú ag an leibhéal áitiúil trí Choistí Seirbhísí Leanaí. | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | **✔** | ✓ | | | |
| **G3** Leanúint air de bheith ag tacú le tuismitheoirí ó thaobh airgeadais de le costais tógála na leanaí trí sholáthar an tSochair Leanaí. | | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | |
| **G4** Measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí reatha maidir le saoire mháithreachais agus thuismitheora agus é i gceist breithniú a thabhairt do thabhairt isteach na saoire íoctha atharthachta. | ✓ | | | **✔** | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | |
| **Sprioc 2: Idirghabháil Níos Luaithe agus Cosc** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G5** Bheith ag obair i dtreo athchothromú a dhéanamh ar acmhainní le béim níos mó a chur ar an gcosc agus ar an luathidirghabháil. | **✔** | ✓ | **✔** | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G6** Scrúdóidh an FSS agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach soláthar seirbhíse feabhsaithe réamhbhreithe máithreachais agus forbartha luathóige, ag tógáil ar athbhreithniú na Seirbhísí Altranais Phobail agus forbairtí gaolmhara i dtaca le soláthar tacaíochta teaghlaigh, (cuartaíocht bhaile san áireamh) ag ionchorprú na foghlama ó staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* agus ón gClár Coisc agus Luathidirghabhála. | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | **✔** | ✓ | | | | |
| **G7** Tacaí tuistithe uilíocha agus dírithe a ndeachaigh fianaise i bhfeidhm orthu a sholáthar agus a choimisiúnú agus luathaithint leanaí agus teaghlach 'i mbaol' a chinntiú le teaghlaigh a threisiú agus le líon na gcásanna a laghdú mar a gcuirtear, agus mar a gcoimeádtar, leanaí faoi chúram. | | | | | | | | | | | | | | | **✔** | | | | |
| **G8** Leanúint ar aghaidh le méadú na hinfheistíochta i gcúram agus in oideachas Luathbhlianta d'ardchaighdeán do gach leanbh, ag déanamh tosaíochta de theaghlaigh a bhfuil ioncam íseal acu. An dara Bliain Réamhscoile saor in aisce a thabhairt isteach laistigh de shaolré na Creatlaí seo, nuair a bhaintear amach na caighdeáin cháilíochta a theastaíonn, agus faoi réir ag soláthar na n-acmhainní. | **✔** | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | | | | |



Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G9** Seirbhísí uilíocha DT a thabhairt isteach agus leanúint ar aghaidh de bheith ag cur i bhfeidhm Foirne Cúraim Shláinte Phríomhúil, le luathdhiagnóis agus cóir leighis ar an drochshláinte a chothú. | | | **✔** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **G10** Tacú le hobair óige d'ardchaighdeán, mar fhachtóir cosanta a chuireann le forbairt iomlán an duine óig agus le teagmháil a dhéanamh le daoine óga atá i mbaol coiriúlachta nó iompair fhrithshóisialta. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G11** Oiliúint agus breisoiliúint ghairmeach trasna shuíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le bheith in inmhe ábhar ceisteanna leasa leanaí agus sláinte intinne a aithint, agus le tacaíocht choisctheach agus luathidirghabhála a sholáthar. | **✔** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G12** Príomhfhachtóirí riosca a phróifíliú do dhrochthorthaí do leanaí agus do dhaoine óga agus uirlisí cleachtais a fhorbairt le cabhrú le gairmigh leis na rioscaí seo a aithint agus –ag obair i gcomhar leis na teaghlaigh – lena maolú. | **✔** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G13** An Clár Luathóige Limistéarbhunaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar iarmhairt an bhochtanais leanaí agus le feabhas a chur ar thorthaí linbh i 10 gcinn nó níos mó de limistéir mhíbhuntáiste agus an fhoghlaim ón gclár a bpríomhshruthú go seirbhísí ar fud na tíre. | **✔** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | |
| **Sprioc 3: Éist le leanaí agus daoine óga agus iad a dhéanamh páirteach** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G14** Dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga maidir le polasaithe agus le ceisteanna a théann i bhfeidhm ar a saol. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G15** Polasaí Náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm faoi Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht le hiarrachtaí a threisiú le cinntiú go mbíonn sé de cheart ag leanaí agus ag daoine óga go n-éistfí lena nglór, agus go dtacófaí leo chuige sin, maidir le gach ceist a théann i bhfeidhm orthu agus go dtabharfaí aird chuí ar a gcuid tuairimí, tuairimí na leanaí sin 'nach n-éistear leo ach go hannamh' san áireamh. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G16** Rannpháirtíocht a threisiú sa chinnteoireacht don tsláinte agus don leas ag leibhéal an phobail. | | | | | | | | | | | | | | **✔** | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| **G17** Meicníochtaí a chruthú le deis a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga go n-éistfí lena nglór i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna agus i lárionaid oideachais trí mheán Chomhairlí na Mac Léinn nó trí mheicníochtaí aoisoiriúnacha eile. | ✓ | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G18** Meicníochtaí a chruthú le deis a thabhairt do leanaí go n-éistfí lena nglór in imeachtaí dlí a théann i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear trí mheán ionadaithe neamhspleácha nuair is cuí sin. | ✓ | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G19** Leanaí agus daoine óga atá faoi chúram a éascú le rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu i bpleanáil agus i gcinnteoireacht a gcúraim, trí oiliúint agus tacaíocht na ngairmeach san áireamh. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | **✔** | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais**<br>(léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G20** Cinntiú go gcuirtear na tuairimí sin a thugann leanaí agus daoine óga i bhfóraim rannpháirtíochta agus i gcomhairliúcháin, go gcuirtear san áireamh iad ag an bpróiseas foirmeálta polaitiúil agus ceaptha pholasaí, agus go dtugtar aiseolas do na daoine óga i gcónaí lena seal. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G21** Mol Rannpháirtíochta Leanaí agus Daoine Óga a bhunú le tacú le ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí Náisiúnta faoi Rannpháirtíocht na Leanaí agus na nDaoine Óga sa Chinnteoireacht. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Sprioc 4: Seirbhísí d'Ardchaighdeán a Chinntiú** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G22** Seirbhísí éifeachtacha tacaíochta leanaí agus teaghlaigh a bhaint amach trí bhunú na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus cur i bhfeidhm na Creatlaí Náisiúnta Seachadta Seirbhíse do sheirbhísí leasa agus cosanta leanaí, le tairseacha comhaontaithe agus bearta toraidh. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |
| **G23** Athbhreithniú a dhéanamh ar scóip fheidhmeanna na Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ag cur san áireamh moltaí *Tuarascáil an Tascfhórsa um an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh* agus taithí ó oibriúcháin tosaigh na Gníomhaireachta. | **✓** | | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G24** Oibriú i dtreo chur chuige measúnachta comhchoitinne laistigh de gach gníomhaireacht a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga agus cinntiú go gcuirtear san áireamh nuair a theastaíonn sin, gach socrú i dtaca le leanaí faoi chúram ar bhealach tráthúil agus cuimsitheach. | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | **✓** | | | | |
| **G25** Leanúint ar aghaidh le feabhsú chaighdeán agus thráthúlacht na seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga, ag cinntiú go mbíonn cláir agus seirbhísí státmhaoinithe toradhfhócasaithe agus gur féidir leo léiriú go soiléir go bhfuil siad in ann torthaí a fheabhsú. | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G26** Cinntiú go ndéanann lucht pleanála, coimisinéirí agus cláir mhaoinithe sláinte agus sóisialta tosaíocht de chláir phobalbhunaithe do na daoine sin is mó atá i mbaol, a bhfuil na difríochtaí is mó ag cur as dóibh agus leis an deis is mó d'iarmhairt agus do phríomhshruthú. | ✓ | | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | |
| **G27** Tacú le monatóireacht agus le lánchur i bhfeidhm Caighdeán Náisiúnta maidir le leanaí (seirbhísí leanaí agus teaghlaigh, seirbhísí sláinte agus míchumais, luathbhlianta, oideachas agus obair óige). | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G28** Tacú le hiniúchadh neamhspleách agus tuairisciú poiblí ag comhlachtaí ar nós ÚFCS agus Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ag cinntiú comhlíonta le Caighdeáin Náisiúnta i seirbhísí leanaí, leithéidí cosaint leanaí, cúram altrama, cúram cónaithe, míchumas, scoileanna coimeádta agus réamhscoileanna. | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais**<br>(léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G29** Caighdeáin agus oiliúint d'ardchaighdeán a fhorbairt do gach gairmeach a bhíonn ag obair go díreach le leanaí agus le daoine óga, ag cinntiú fórsa saothair atá ardoilte, tacaithe agus ailínithe go gairmiúil. | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G30** Tacú le cleachtóirí luathóige, le múinteoirí agus le hoideachasóirí* trí sholáthar na forbartha leanúnaí gairmiúla, bunú líonraí piarfhoghlama agus forbairt ghníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a bhaineann úsáid as an teicneolaíocht nua go héifeachtach. | ✓ | **✔** | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | |
| **G31** Seirbhísí a athchumrú do leanaí le míchumais faoi 18 mbliana de réir clár náisiúnta na FSS fapo 'Chur chun Cinn na Seirbhísí Míchumais do Leanaí agus do Dhaoine Óga (0-18)'. | | | **✔** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **G32** Seirbhísí poiblí níos fearr agus níos costaséifeachtaí a sheachadadh trí úsáid níos mó de mhúnlaí comhroghnacha nó nuálaíocha seachadta sheirbhíse. (RCPA, gach eagraíocht). | | | | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **Sprioc 5: Tacú le hAistrithe Éifeachtacha** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G33** Fócas níos láidre a thabhairt d'aistrithe éifeachtacha, go háirithe laistigh den oideachas, sláinte, leas leanaí agus seirbhísí ceartais i leith an aosa óig. | **✔** | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G34** Taighde a dhéanamh faoi agus glac le straitéisí le haistrithe a threisiú tríd an gcóras oideachasúil (chuig an leibhéal bunscoile, ón mbunscoil chuig an dara leibhéal, ón dara leibhéal chuig an ardoideachas nó an breisoideachas, fostaíocht nó i gcás lucht luathfhágála na scoile, chuig Youthreach), lena n-áirítear comhsheasmhacht an chur chuige churaclaim, naisc scoile agus cothú cleachtas in-scoile leithéidí bheith ag glacadh le cláir thacaíochta idir chomhaosaigh. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G35** Deiseanna a mhéadú le go mbeadh daoine óga á bhfostú trí chothú dheiseanna taithí oibre ag an dara leibhéal agus ag an tríú leibhéal. | | **✔** | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | |
| **G36** Na haistrithe idir sheirbhísí do leanaí agus d'ógánaigh agus na seirbhísí d'aosaigh i réimsí na seirbhísí sláinte fisiciúla agus intinne. | | | **✔** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **G37** Cinntiú go ndéantar gach duine óg atá ag imeacht ó shuíomhanna cúraim, coinneála nó míchumais chónaithe a ullmhú go sásúil agus go dtacaítear leo leis an gcóras a láimhseáil agus le haistriú go maireachtáil sheasmhach neamhspleách, breisoideachas, oiliúint nó fostaíocht trí fhorbairt agus trí chur i bhfeidhm plean iarchúraim d'ardchaighdeán agus forbairt phrótacal maidir le teacht ar thithíocht, oideachas agus oiliúint. | **✔** | | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **Sprioc 6: Comhordú agus comhoibriú Tras-Rialtais agus idirghníomhaireachta** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **6.1 Daoine** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G38** Tacú le forbairt chlár oiliúna idirdhisciplíneacha agus idirghairmiúla a spreagann an cheannasaíocht agus comhoibriú do ghairmigh a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine óga ar fud raon an tseachadta sheirbhíse. | **✔** | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa — Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) — Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G39** Plean forbartha ildhisciplíneach fórsa shaothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe do gach gairmeach a bhíonn ag obair le leanaí agus le teaghlaigh, foireann laistigh den Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus príomhghairmigh eile san áireamh, lena n-áirítear gairmigh Luathbhlianta agus gairmigh dlí. | **✔** | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G40** Comhoibriú le hollscoileanna le cinntiú go mbíonn lánoilte le tabhairt faoin gcleachtas tar éis taithí a bheith acu ar shocrúcháin d'ardchaighdeán do mhic léinn iarchéime. | | | | | | | | | | | | | | | **✔** | | | | |
| **G41** An tionscadal riachtanach a thógáil agus cumais bhainistithe a athrú leis an gCreatlach seo a chur i bhfeidhm. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G42** Straitéis Fhorbartha Cheannasaíocht Shinsearach na Seirbhíse Poiblí, 2013-2015 a chur i bhfeidhm laistigh den státseirbhís agus na tionscnaimh seo a leathnú chuig leibhéil shinsearacha na seirbhíse poiblí níos leithne, ag tabhairt aird ar leith do na deiseanna is na dúshláin a bhaineann le hoibriú tras-Rialtais. | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G43** Cultúr na feidhmíochta a threisiú laistigh den tseirbhís phoiblí trí fheabhsú leanúnach na gcóras bainistithe fheidhmíochta agus bainistiú na tearcfheidhmíochta. | | | | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G44** Soláthar oiliúna seirbhíse custaiméara a chothú do phríomhfhoireann líne tosaigh i ngach comhlacht poiblí. | | | | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **6.2 Infrastruchtúr** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G45** Acmhainní a thabhairt don Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach le clár oibre na n-athruithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus le torthaí níos fearr a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga. | **✔** | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | |
| **G46** Glacadh le cur chuige éifeachtach idirghníomhaireachta i dtaca le cásanna leas agus chosaint na leanaí, ag bunú prótacal faisnéise agus comhordaithe (prótacail Dochar faoi Cheilt san áireamh) idir na gníomhaireachtaí sin a bhíonn ag freastal ar leanaí agus ar dhaoine óga agus seirbhísí dírithe ar aosaigh, faoi andúil, faoi fhoréigean teaghlaigh agus sláinte intinne. | **✔** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | |
| **G47** Cur i bhfeidhm náisiúnta Choistí Seirbhísí Leanaí (CSL) ar bhealach comhordaithe, á gceangal leis an Rialtas Áitiúil agus leis an Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| **G48** Creatlach chomhaontaithe acmhainnithe a chur i bhfeidhm do na CSL, ag tarraingt ar thacaíocht airgeadais ar ann di cheana ón Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, ón Rialtas Áitiúil agus ón RLGÓ. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | |
| **G49** Seirbhísí comhtháite nó 'molanna' a bhunú do leanaí agus do dhaoine óga ag leibhéal an phobail, (samplaí de seo ná Clinicí Cúraim Phríomhúil, Lárionaid Tacaíochta Teaghlaigh/ Acmhainne agus Lárionaid Sláinte Intinne do Dhaoine Óga Jigsaw) agus, nuair is cuí sin, seirbhísí sláinte agus teiripeacha a thabhairt isteach sna scoileanna. | ✓ | | **✔** | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G50** Tógáil ar an dea-chleachtas ar ann dó cheana thart ar bhraisliú scoileanna le rochtain níos fearr ar thacaí oideachasúla a chumasú, go háirithe do leanaí a bhfuil sainriachtanais oideachasúla acu, agus scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal d'fhorbairt bhreise shocruithe braislithe, le naisc níos mó a spreagadh idir scoileanna agus seirbhísí pobail agus Stáit, infrastruchtúr roinnte san áireamh. | | **✓** | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| **G51** Bunú CFPÁ nua i ngach contae/cathair, rud a thugann cur chuige níos straitéisí, níos ceangailte i leith na forbartha áitiúla agus pobail. | | | | | | **✓** | | | | | | | | | | | | | |
| **G52** Struchtúir phleanála agus chinnteoireachta a chuíchóiriú ag an leibhéal áitiúil, CSL san áireamh, le bheith comhsheasmhach le hathchóirithe earnála poiblí an Rialtais, agus go sonrach le hailíniú an Rialtais áitiúil agus na CFPÁ. | **✓** | | | | | ✓ | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | |
| **G53** Struchtúir a athbhreithniú do sheachadadh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta neamhghéara, ag cur san áireamh teorainneacha riaracháin Údaráis Áitiúil san áireamh. | | | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **6.3 Fianaise agus Anailís Sonraí** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G54** Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna roinnte faisnéise ar fud earnálacha agus comhtháthú chóras sonraí a threisiú, lena n-áirítear, nuair is cuí sin, úsáid an aitheantais seirbhíse poiblí do leanaí le tacú le húsáid níos mó sonraí le dul i bhfeidhm ar pholasaí, pleanáil agus forbairt seirbhíse. | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | **✓** | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **G55** Prótacail fhaisnéise a fhorbairt le cabhrú le roinnt faisnéise, nuair is cuí sin, maidir le leanaí áirithe atá leochaileach agus i mbaol. | **✓** | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | |
| **G56** Tacar cuimsitheach táscairí a fhorbairt le tacú leis an gCreatlach agus le dul chun cinn a rianú ar fud aidhmeanna gach cinn de na 5 réimse náisiúnta. | **✓** | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | |
| **G57** Sonraí agus táscairí a dhí-chomhbhailiú de réir tréithe tábhachtacha déimeagrafacha le ceapadh polasaí fianaisebhunaithe, cur i bhfeidhm agus monatóireacht fheabhsaithe a cheadú, agus i dtaca le seachadadh seirbhísí. | **✓** | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | |
| **G58** *Straitéis Náisiúnta um Thaighde agus Sonraí faoi Shaol na Leanaí, 2011-2016* a chur i bhfeidhm. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G59** Ireland Stat a leathnú amach, is é sin an suíomh gréasáin faisnéise feidhmíochta seirbhíse poiblí dírithe ar an saoránach, chuig gach roinn Rialtais. | | | | | | | **✓** | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G60** Feabhas a chur ar thacaíocht reachtaíochta, polasaí agus teicneolaíochta d'úsáid agus do roinnt sonraí, sonraí oscailte do shaoránaigh san áireamh. | | | | | | | **✓** | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **G61** Córais roinnte a fhorbairt do chomhordú agus d'éascú anailíse staitisticiúla ó ar fud an Rialtais. | **✓** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | |
| **G62** An Tionscnamh Anailíse Sonraí ag Leibhéal an Chontae a sheachadadh le tacú leis na CSL. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa   Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta)   Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **G63** Measúnuithe Iarmhairte Sóisialta a fhorbairt mar ghné d'anailís fhorbartha polasaí agus iarmhairte polasaí, ag cinntiú fócais ar iarmhairt an pholasaí ar na leanaí. | ✓ | | ✓ | | **✔** | | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | |
| **G64** Gabháil sonraí a threisiú le feabhas a chur ar ár n-eolas agus tuiscint faoin drochíde agus faoi thaithí na leanaí de chóras na gCúirteanna, trí fhorbairt Chórais Náisiúnta um Fhaisnéis Cúraim Leanaí, agus Tionscadal Tuairiscithe Dlí an Chúraim Leanaí ag dul i bhfeidhm air. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **6.4 Maoiniú & Airgeadas** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **G65** Forbairt mheastachán tras-Rialtais a scrúdú i dtaca le caiteachas ar leanaí agus ar dhaoine óga, agus iad sin a nuashonrú go bliantúil ina dhiaidh sin. | **✔** | | | | | | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | |
| **G66** Cinntiú go mbíonn leithdháileadh acmhainne bunaithe ar fhianaise reatha riachtanais agus é dírithe ar na seirbhísí agus ar na cláir sin a bhfuil fianaise ann go bhfuil siad éifeachtach ó thaobh feabhas a chur ar thorthaí. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |
| **G67** Feabhas a chur ar éifeachtacht an chaiteachais iomláin ar leanaí i dtaca le torthaí bochtanais leanaí níos fearr a bhaint amach. | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | | **✔** | | | | | | | | | | | | |
| **G68** An fhaisnéis a úsáid ó CSL i dtaca le riachtanas agus tosaíochtaí áitiúla le dul i bhfeidhm ar leithdháileadh sruthanna maoinithe náisiúnta agus áitiúla. | **✔** | | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| **G69** Coimisiúnú seirbhísí ag an Tusla a thabhairt isteach, ag athrú ó chóras deontas go conarthaí atá bunaithe ar thorthaí, agus tacaíocht le tairiscint le bheith ag tógáil toillidh laistigh d'earnáil na leanaí agus na ndaoine óga le freagra a thabhairt ar an gcur chuige nua go héifeachtach. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | **✔** | | | | |
| **Toradh 1 Gníomhach agus Sláintiúil** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **1.1** Dul i ngleic le ceisteanna an mhurtaill luathóige agus timpeallachtaí murtailligineacha trí mheascán de ghníomhaíochtaí reachtaíochta, polasaí agus feasachta poiblí agus déanfar breithniú gníomhach faoi thabhairt isteach beart fioscach le tacú le stíl mhaireachtála atá sláintiúil i gcomhthéacs an phróisis bhliantúil bhuiséadaigh. | ✓ | ✓ | **✔** | | | | | | | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | |
| **1.2** Tacú le leanaí, le daoine óga agus lena dtuismitheoirí le roghanna níos sláintiúla a dhéanamh trí mheán an oideachais, trí aghaidh a thabhairt ar bhochtanas bia agus trí chinntiú go mbíonn polasaí Bia Sláintiúil ag gach institiúid oideachasúil agus Stáit a sholáthraíonn bia agus deoch do leanaí, bíodh sin go díreach nó trí sheirbhísí saincheadaithe tráchtála ar-an-láthair agus go soláthraíonn siad bia a dhéanann freastal ar bhunchaighdeáin chothaitheacha. | ✓ | **✔** | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | |
| **1.3** Leanúint ar aghaidh de bheith ag iarraidh feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht Chlár na mBéilte Scoile agus breithniú a dhéanamh faoi chuimsiú scoileanna DEIS nach bhfuil ag baint tairbhe as an gclár faoi láthair., faoi réir ag soláthar acmhainní | | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.4** Dul i ngleic le neamhchomhionannais i dtorthaí sláinte do ghrúpaí aitheanta leochaileacha, lena n-áirítear an Lucht Siúil, na Romaigh, leanaí na dteifeach agus na n-iarrthóirí tearmainn, imircigh, daoine óga a aithníonn siad féin mar leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscne (LADT), daoine atá i mbochtanas agus leanaí agus daoine óga a bhfuil an Stát freagrach astu, agus iad cé acu faoi chúram nó faoi choinneáil. | ✓ | ✓ | **✓** | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | | | | ✓ | |
| **1.5** Múnla nua Náisiúnta Cúraim Péidiatraicigh a chur i bhfeidhm agus tógáil an Ospidéil nua Náisiúnta do Leanaí a chur i gcrích. | | | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **1.6** Leanúint ar aghaidh de bheith ag tacú le gníomhaíochtaí inrochtana agus inacmhainne óige agus spóirt, a spreagann forbairt iomlán phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga, lena n-áirítear iompair shláintiúla, agus déanann siad rannpháirteach daoine óga arbh fhéidir go mbeidís i mbaol luathfhágáil na scoile nó tabhairt faoi ghníomhaíocht choiriúil agus iompar frithshóisialta. | **✓** | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | | ✓ | | |
| **1.7** Aghaidh a thabhairt ar an ardráta tomhaltais réamhaibí agus rioscúil alcóil, úsáid na ndrugaí neamhdhleathacha agus minicíocht chaitheamh tobac i measc daoine óga trí mheascán de mheicníochtaí reachtaíochta, rialála agus polasaí. | ✓ | ✓ | **✓** | ✓ | | | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **1.8** Fís don Athrú a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann sí le leanaí agus le daoine óga, go háirithe le feabhas a chur ar rochtain na seirbhísí sláinte intinne óige luathidirghabhála agus ar chomhordú na dtacaí seirbhíse, le fócas ar fheabhsú na litearthachta sláinte intinne agus laghdú cásanna féindochair agus féinmharaithe. | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | |
| **1.9** Cinntiú go bhfuil cothroime rochtana ar sheirbhísí sláinte intinne do leanaí agus do dhéagóirí i gcás gach linbh, go háirithe iad siúd atá idir 16 agus 17 mbliana. | | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **1.10** Cláir chothaithe shláinte intinne a mheascadh le hidirghabhálacha a thugann aghaidh ar chinntithigh agus ar fhadhbanna sóisialta níos leithne mar chuid de chur chuige ilghníomhaireachta, go háirithe i limistéir ina bhfuil ardleibhéil díothachta agus bloghadh socheacnamaíoch le sonrú. | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | ✓ | |
| **1.11** Straitéis Náisiúnta Sláinte Ghnéis a chomhlánú agus a chur i bhfeidhm mar chreatlach straitéiseach do shláinte agus do leas gnéis an daonra, ag cinntiú rochtana ag daoine óga ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí atá oiriúnach dá n-aois faoi chaidrimh agus faoin tsláinte ghnéis. | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **1.12** An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisiciúla a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm, tacú le lánchur i bhfeidhm Chlár Oideachais Fhisiciúil na scoileanna agus Tionscnamh Brataí na Scoileanna Gníomhacha a spreagadh. | | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.13** Grúpaí nach bhfuil so-inrochtana a chumasú le teacht a bheith acu ar sheirbhísí trí sheirbhísí sláinte a chur ar fáil (seirbhísí sláinte intinne san áireamh) i dtimpeallachtaí atá inrochtana, cuimsitheach agus cairdiúil do dhaoine óga. | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | **✓** | | ✓ | | | |
| **1.14** Rochtain níos mó a chumasú ar spóirt, ar ealaíona agus ar spóirt do gach leanbh agus do gach duine óg, lena n-áirítear trí éascú comhoibrithe idir eagraíochtaí spóirt, óige, ealaíon agus cultúrtha agus scoileanna agus réamhscoileanna le taithí oideachasúil gach duine a shaibhriú. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | | | ✓ | |
| **1.15** Leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt spásanna súgartha agus caitheamh aimsire do leanaí agus do dhaoine óga araon, ó chlóis súgartha (le haghaidh aoisraon éagsúil) go caifealanna do dhaoine óga, lárionaid spóirt agus só, agus nuair is féidir sin na spásanna seo a shíondíonú. | **✓** | | ✓ | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | |
| **Toradh 2 Ag baint Amach Lánphoitéinseal san fhoghlaim agus san fhorbairt** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.1** Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do gach leanbh idir aois 0-6 bliana, ag clúdach gach gné de thaithí na leanaí sna luathbhlianta agus a gcuimsiú i seirbhísí cúraim agus oideachais na Luathbhlianta, chomh maith le breithniú a dhéanamh faoi phríomhcheisteanna a théann i bhfeidhm ar earnáil na Luathbhlianta, ceisteanna inbhuanaitheachta eacnamaíche san áireamh. | **✓** | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.2** Na naisc a threisiú idir ranganna réamhscolaíochta agus ranganna naíonáin ag an mbunleibhéal, cur i bhfeidhm Aistear agus Síolta san áireamh. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |
| **2.3** Litearthacht mhothúchánach na leanaí a thógáil sa réamhscoil agus sa bhunscoil mar chroíbhunsraith don ghnóthachtáil oideachasúil. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.4** Straitéisí a chur i bhfeidhm le feabhas a chur ar rannpháirtíocht scoile agus cásanna cur ar fionraí agus díbeartha agus luathfhágála scoile a laghdú trí na tuismitheoirí a dhéanamh rannpháirteach sa scolaíocht, treisiú na n-aistrithe, cothú stíleanna éagsúla foghlama le buachaillí a dhéanamh níos rannpháirtí, agus cothú timpeallachtaí scoile atá cuimsitheach, mar a mbíonn bláth ar gach dalta, beag beann ar a gcúlra sóisialta nó eitneach, nó beag beann ar mhíchumas. | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |
| **2.5** An Straitéis um Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol a chur i bhfeidhm. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.6** Leanúint ar aghaidh de bheith ag cur i bhfeidhm an Chreatlach nua don tSraith Shóisearach atá struchtúrtha thart ar thacar príomhphrionsabal agus ráiteas foghlama a chuirfidh ar chumas na ndaltaí príomhscileanna a fhorbairt, leithéidí cumarsáid éifeachtach, oibriú comhoibritheach, smaointeoireacht neamhspleách, réiteach fadhbanna agus scileanna anailíseacha. | | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.7** Leanúint ar aghaidh de bheith ag forbairt agus ag cur curaclam i bhfeidhm sa chóras oideachais agus tacú le tionscnaimh i suíomhanna lasmuigh den scoil, le heolas agus le scileanna a theagasc do leanaí i dtaca le bainistiú eolais, teicneolaíochtaí nua, códú agus litearthacht dhigiteach. | ✓ | **✔** | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | |
| **2.8** Dul i ngleic le steiréitíopáil inscne i dtaca le roghanna ábhair agus roghnú méadaithe na n-ábhar ETIM a chothú i measc na mban óga, ar scoil agus san ardoideachas araon. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.9** Cur chuige scoile iomláine a chur i bhfeidhm i dtaca le sláinte agus leas le fócas cultúrtha a chur ar an leas mar bhonn don fhoghlaim éifeachtach, ag treisiú comhoibrithe idir na hearnálacha oideachais, sláinte, óige agus sóisialta le tacaí ildhisciplíneacha a sholáthar nuair a eascraíonn fadhbanna. | ✓ | ✓ | **✔** | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **2.10** Cinntiú go ndéantar caitheamh cothrom agus comhionannas a leabú i bPróiseas Forbartha Pleanála na Scoile Iomláine, mar shampla, sa mhisean agus san éiteas, i gcuraclam, cúram agus bainistiú na ndaltaí agus eagraíocht na foirne, agus forbairt na foirne. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.11** Tacú le comhpháirtíochtaí, straitéisí agus tionscnaimh reatha, agus iad a nascadh, ar aidhm leo feabhas a chur ar chumas cinnteoireachta na leanaí agus na ndaoine óga trí threisiú a féinmheasa, a n-athléimneachta, freagraí ar bhrú sóisialta agus idirphearsanta, sláinte agus litearthacht mheáin chumarsáide (litearthacht mheán sóisialta san áireamh). | ✓ | **✔** | ✓ | | | | | | ✓ | | | | | ✓ | | | | ✓ | |
| **2.12** Tacú le cleachtóirí Luathbhlianta, múinteoirí agus oideachasóirí* trí sholáthar forbartha gairmiúla leanúnaí, bunú líonraí foghlama comhaosach agus forbairt gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnachta a bhaineann úsáid as teicneolaíocht nua go héifeachtach. | ✓ | **✔** | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | |
| **2.13** Leanúint ar aghaidh de bheith ag leathnú sholáthar na scoileanna il-sainchreidmheach cibé áit a bhfuil éileamh ann ó thuismitheoirí dá leithéid. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.14** Tógáil ar chórais bhailithe shonraí ar ann dóibh cheana agus, ag úsáid aitheantas na seirbhíse poiblí, bailiú sonraí agus eolais a threisiú faoi dhaltaí bunscoile agus iarbhunscoile le dul i bhfeidhm ar chinnteoireacht sa todhchaí. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.15** Timpeallachtaí foghlama d'ardchaighdeán a chinntiú do chách trí mheán Chlár Tógála na Scoileanna agus rochtain fheabhsaithe ar theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.16** Breithniú a dhéanamh ar mholtaí athbhreithniú Chlár DEIS agus é a úsáid mar ardán do na tionscnaimh nua le torthaí níos fearr a sheachadadh do dhaltaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste. | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa · Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) · Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.17** Deiseanna a sholáthar do lucht luathfhágála na scoile le bheith rannpháirteach i mbreisoideachas agus i mbreisoiliúint laistigh de chreatlach na seirbhísí óige agus leasa oideachasúil, Boird Oideachais agus Oiliúna agus SOLAS. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **2.18** Tógáil ar na socruithe trasghearrthacha atá i bhfeidhm idir an RS, ROS, agus RLGÓ le feabhas a chur ar chomhoibriú ar fud na dtrí earnáil i dtaca le ceisteanna míchumais leanaí. | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | ✓ | |
| **2.19** I gcomhthéacs Straitéis na Luathbhlianta, plean a fhorbairt do chuimsiú leanaí le míchumas i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha agus Luathbhlianta. | **✓** | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | |
| **2.20** Leanúint orainn de bheith ag soláthar rochtain thráthúil ar thacaí oideachasúla agus teiripeacha do leanaí a aithnítear mar leanaí le sainriachtanais. | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **2.21** Plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, á threorú ag comhairle pholasaí CNOS, faoi conas is féidir gnéithe de ODSRO (Oideachas do Dhaoine le Sainriachtanais Oideachais) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear beartú tosaíochta maidir le rochtain ar phlean oideachais aonair agus cur i bhfeidhm mholtaí Ghrúpa Oibre CNOS faoi mhúnla nua leithdháilte acmhainne do scoileanna. | | **✓** | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | |
| **2.22** Bearta cuimsitheachta sóisialta a threisiú agus iarrachtaí a athspreagadh le feabhas a chur ar thorthaí oideachasúla i measc na ndreamanna seo a leanas chomh maith lena gcomhtháthú: an Lucht Siúil, leanaí Romacha agus leanaí imirceacha agus daoine óga, agus gach duine le sainriachtanais, daltaí tréitheacha san áireamh, ag aithint ról feabhsaithe don oideachas Luathbhlianta maidir le díriú ar na grúpaí seo. | ✓ | **✓** | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **2.23** Cinntiú go mbíonn oideachas d'ardchaighdeán ar fáil do gach leanbh agus gach duine óg atá faoi choinneáil nó i suíomhanna ospidéil agus faoisimh, agus go bhfuil tacaí breise ar fáil ag leanaí sna córais chúraim agus choinneála le cabhrú leo bearnaí a shárú ina gcuid scolaíochta. | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Toradh 3: Sábháilte agus cosanta ón dochar** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.1** Foghlaim ó imscrúduithe agus ó athbhreithnithe faoin gcosaint leanaí *, moltaí ábhartha a chur i bhfeidhm agus polasaithe agus dlíthe a chur in oiriúint ar bhonn leanúnach le cinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha chosanta leanaí. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.2** Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an Acht um Chúram Leanaí 1991. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.3** Gabháil sonraí a threisiú le feabhas a chur ar ár n-eolas faoi agus tuiscint ar an mí-úsáid agus ar thaithí na leanaí i dtaca leis an gCóras Cúirte trí fhorbairt an Chórais Náisiúnta Fhaisnéise Cúraim Leanaí agus an Tionscadail um Thuairisciú Dhlí an Chúraim Leanaí. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.4** Feabhas a chur ar nádúr na n-imeachtaí Cúirte, ag laghdú na hiarmhairte diúltaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar leanaí trí mheán athchóiriú na gCúirteanna agus laghdú a nádúir sháraíochta trí thabhairt isteach cleachtais Chúirte atá cairdiúil do leanaí agus trí spreagadh níos mó úsáide eadrána. | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.5** Beartú tosaíochta a dhéanamh i dtaca le seirbhísí sláinte, oideachais agus teiripeacha do leanaí faoi chúram. | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | **✔** | | | | |
| **3.6** Treoir náisiúnta Leanaí ar dTús a chur i bhfeidhm ina hiomláine, lena n-áirítear stádas reachtúil a bhronnadh ar eilimintí di, cur i bhfeidhm pleananna earnála agus na hoiliúna gaolmhaire agus cinntiú go gcomhlíontar riachtanais ghrinnfhiosrúcháin. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **3.7** An Bille Inimirce, Cónaithe agus Cosanta a thabhairt isteach agus a achtú, Bille a thabharfaidh aghaidh ar bhealach cuimsitheach ar idirghníomhú na leanaí imirceacha leis an gcóras inimirceach, agus ar chóir go ndéanfadh sé soláthar do chóras cinnte cosanta níos tapúla agus níos éifeachtaí a ghiorróidh an tréimhse a chaitheann teaghlaigh agus go háirithe leanaí sa chóras Soláthair Dhírigh. | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.8** Tacú le hiarrachtaí le nochtadh na leanaí d'ábhar nach bhfuil aoisoiriúnach a theorannú (lena n-áirítear ábhar a bhfuil nádúr gnéis nó foréigin ag baint leis, cearrbhachas ar líne, srl) ar an Idirlíon, trí mheán fón cliste san áireamh. | | | | ✓ | | | | | **✔** | | | | | | | | | | |
| **3.9** Leanúint de bheith ag cothú an chleachtais is fearr i measc miondíoltóirí, na meán cumarsáide agus an tionscail siamsaíochta agus é i gceist cur isteach ar ghnéasú agus ar thráchtálú na luathóige; nuair is cuí sin, reachtaíocht a thabhairt isteach agus/nó rialú le cleachtais mhíchuí a rialú nó a shrianú. | **✔** | | | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | |
| **3.10** Cosaint éifeachtach agus thráthúil a sholáthar chomh maith le seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí teiripeacha d'íobartaigh drochíde agus coiriúlachta. | **✔** | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **3.11** Cinntiú go bhfaigheann déantóirí drochíde, iad siúd atá faoi bhun 18 san áireamh, tacaíocht éifeachtach theiripeach agus é mar aidhm acu atitimeachas a laghdú. | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | **✔** | | | ✓ | |
| **3.12** Reachtaíocht chomhdhlúite agus athchóirithe faoi fhoréigean teaghlaigh a thabhairt isteach le haghaidh a thabhairt ar gach gné den fhoréigean teaghlaigh, de bhagairtí foréigin agus den imeaglú ar bhealach a sholáthraíonn cosaint do gach íobartach. | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.13** Tacú le gach iarracht, iarrachtaí AE agus iarrachtaí idirnáisiúnta san áireamh, le dul i ngleic le drochíde ghnéis, dúshaothrú agus gáinneáil leanaí i ngach comhthéacs, lena n-áirítear tacaíocht do chóras scagtha ar líne i dtaca le blocáil ábhar drochíde líne ar líne agus bearta a dhíríonn ar laghdú drochíde agus dhúshaothrú leanaí agus daoine óga trí mheán an striapachais agus an dúshaothraithe shaothair. | ✓ | | | **✔** | | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | ✓ | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| Ceangaltais (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.14** Cinniú go mbíonn creatlach dhlí agus pholasaí chuí i bhfeidhm i dtaca le híobartaigh gáinneála ar leanaí iad, ag leagan síos cearta agus teidlíochtaí na leanaí a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear forálacha faoi chúrsaí cúraim, lóistín agus cumhdaigh. | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.15** Meicníochtaí cuí a bheith i bhfeidhm le haithint gach íobartaigh linbh a chinntiú a ndearnadh gáinneáil air nó uirthi. Tá i gceist lena leithéid de mheicníochtaí gníomhaireachtaí/comhlachtaí, cleachtóirí sláinte agus oibrithe sóisialta inniúla reachtúla agus neamhreachtúla. | ✓ | | ✓ | **✔** | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | ✓ | | |
| **3.16** Freagra seirbhíse comhtháite agus cuimsitheach a thabhairt ar easpa dídine i measc leanaí faoi 18 mbliana, atá ar shiúl ón mbaile (is amhlaidh do gach leanbh faoi chúram) de réir chinneadh agus mholtaí Athbhreithniú Chur i bhFeidhm na Straitéise faoi Easpa Dídine na nDaoine Óga. | **✔** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | ✓ | ✓ | | ✓ | | |
| **3.17** Gnéithe den dlí teaghlaigh a athchóiriú, an dlí faoi chaomhnóireacht san áireamh, le struchtúr dlíthiúil a chruthú le buntacú le suíomhanna éagsúla tuistithe agus le soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar faoi chearta agus dualgais na dtuismitheoirí i bhfoirmeacha éagsúla teaghlaigh. | | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.18** Creatlach Náisiúnta don Fhrithbhulaíocht a fhorbairt, a thógann cur chuige ar fud an phobail i dtaca le dul i ngleic leis an mbulaíocht, ón luathóige go dtí an aosacht. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **3.19** Leanúint de bheith ag cothú an chleachtais is fearr ag soláthróirí meán sóisialta i dtaca le rialuithe príobháideachais agus meicníochtaí tuairiscithe don mhí-úsáid/don bhulaíocht le leanaí a chosaint níos fearr ar líne. | | | | ✓ | | | | | **✔** | | | | | | | | | | |
| **3.20** Dul i ngleic leis an gcoiriúlacht óige agus leanaí agus daoine óga a athstiúradh ón gcoiriúlacht agus ó iompar frithshóisialta trí bheith i dteagmháil le daoine óga sa phobal agus trí mheán idirghabhálacha eile a bhfuil sé léirithe go bhfuil siad éifeachtach, agus é i gceist patrúin iompair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha an chiontaithe óige a athrú. Raon comhsheasmhach pionós pobail agus coiriúil a úsáid leis an gciontú a laghdú. | ✓ | | | **✔** | | | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ | |
| **3.21** Áis nua Náisiúnta Choinneála Leanaí a thógáil agus a oscailt agus deireadh a chur leis an gcleachtas seo, bheith ag cur buachaillí 17 mbliana in áiseanna príosúin d'aosaigh. Athchóirithe na Scoileanna Coinneála Leanaí a thabhairt chun críche, monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí do leanaí faoi choinneáil agus tar éis a gcoinneála, agus cinntiú go mbíonn córas láidir neamhspleách iniúchta, gearán agus imscrúdaithe ag feidhmiú laistigh de na Scoileanna Coinneála Leanaí. | **✔** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.22** Rochtain shásúil ag leanaí ar thuismitheoir atá sa phríosún a chinntiú, agus sin i suíomh atá cairdiúil do leanaí. | | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.23** Ionchorpróidh gach straitéis náisiúnta feasachta poiblí faoin tsábháilteacht agus faoi chosc timpistí agus gortuithe, lena n-áirítear sábháilteacht bhóthair, uisce agus fheirme, leanaí agus daoine óga, agus díreoidh siad orthu. | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **3.24** Bearta cuí a dhéanamh le daoine óga a chosaint ó rioscaí a bhaineann leis an gcearrbhachas. | | | | ✔ | | | | ✓ | ✓ | | ✓ | | | | | ✓ | | | |
| **Toradh 4: Slándáil agus deis eacnamaíocha** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **4.1** Glacadh le cur chuige iltoiseach maidir le dul i ngleic leis an mbochtanas leanaí, ag tógáil ar chur chuige an timthriaill saoil sa Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta don Chuimsitheacht Shóisialta, 2007-2016 le tionchar ó Mholadh an Choimisiúin Eorpaigh faoi 'Infheistiú i Leanaí: Timthriall an Mhíbhuntáiste a bhriseadh, mar chuid den Phacáiste Infheistíocha Sóisialta'. | ✓ | ✓ | ✓ | | ✔ | | ✓ | | | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **4.2** Sprioc náisiúnta sóisialta leanbhshonrach a shocrú le breis is 70,000 leanbh a thabhairt amach as an mbochtanas leanúnach faoi 2020, sin laghdú de dhá thrian ar a laghad i dtaca le leibhéal 2011. Cuimseoidh an sprioc seo laghdú an ráta bhochtanais leanúnaigh níos airde do theaghlaigh le leanaí i gcomparáid le teaghlaigh gan leanaí (8.8% i gcomparáid le 4.2%) agus do leanaí i gcomparáid le haosaigh (9.3% i gcomparáid le 6%). | ✓ | ✓ | ✓ | | ✔ | | | | | | | | | ✓ | ✓ | | | | |
| **4.3** Dearadh optamach a chinneadh do thacaí ioncaim leanaí agus teaghlaigh lena gcuid éifeachtachta agus éifeachtúlachta a uasmhéadú i dtaca le bochtanas leanaí a laghdú, ag cur feabhais ar dhreasachtaí fostaíochta. | | | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | |
| **4.4** Athchóiriú a dhéanamh ar Scéim Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, sa tslí go mbíonn teacht ag tuismitheoirí aonair ar raon tacaí agus seirbhísí atá deartha le conairí a sholáthar dóibh i dtreo na hoibre, agus ag aithint a gcuid freagrachtaí cúraim. | | | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | |
| **4.5** Athchóiriú a dhéanamh ar thionscnaimh ghníomhachaithe mhargaidh shaothair sa tslí go gcothaíonn siad go gníomhach dul chun cinn chuig an margadh saothair. | | | | | ✔ | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **4.6** Constaicí don fhostaíocht a bhaint trí mhéadú inacmhainne an chúraim leanaí d'ardchaighdeán agus inrochtana chomh maith le seirbhísí iarscoile, ag comhlíonadh spriocanna cúraim leanaí an AE agus ag spreagadh socruithe solúbtha oibre. | ✔ | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | |
| **4.7** An tionscadal píolótach Infheistíochta Iarmhairte Sóisialta a chur chun cinn do theaghlaigh gan dídean le leanaí i réigiún Bhaile Átha Cliath agus breithniú a dhéanamh faoina chur i bhfeidhm go náisiúnta mar chuid de chur i bhfeidhm cur chuige le deireadh a chur leis an easpa dídine do gach teaghlach gan dídean le leanaí, cur chuige a bhfuil cúrsaí tithíochta chun tosaigh ann. | | | | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.8** Cosaint agus leas leanaí a chothú do gach leanbh sa chóras tearmainn. | ✓ | | | **✓** | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |
| **4.9** An Straitéis Náisiúnta d'imeascadh an Lucht Siúil/ Daoine Romacha a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, le béim ar leith ar lóistín don lucht siúl agus ar rannpháirtíocht na ndaoine Romacha san oideachas. | ✓ | ✓ | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **4.10** Pobail a fhorbairt atá cairdiúil do leanaí agus do dhaoine óga ar an tslí seo: glacann an Rialtas Áitiúil le polasaithe agus le cuspóirí cuí i bPleananna Forbartha Contae/Cathrach, a dtacaítear leo tuilleadh ag ullmhú agus ag eisiúint Treoirlínte Náisiúnta um Pleanáil do Phobail atá cairdiúil le Leanaí. | | | | | | **✓** | | | | | ✓ | | | | | ✓ | | | |
| **4.11** Gairmoideachas agus gairmoiliúint a chothú trí mheán na mBord Oideachais agus Oiliúna, ag spreagadh fhorbairt scielanna fiontraíochta i measc daoine óga, ag cothú fhorbairt chlár intéirneachta in-scoile agus ag treisiú na nasc idir gnólachtaí áitiúla, scoileanna agus eagraíochtaí óige. | ✓ | **✓** | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **4.12** Plean gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le tacú leis an bhfostaíocht óige, Ráthaíocht d'Aos Óg an AE san áireamh, agus ag cur san áireamh forbairt na Straitéise Cuimsithí Fostaíochta do Dhaoine le Míchumais agus an tslí a dtéann sin i bhfeidhm ar dhaoine óga faoi bhun 25 bliana. | ✓ | ✓ | | | **✓** | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | |
| **4.13** Tarraingt ar bhuanna agus ar réim na seirbhísí oibre óige agus na gcomhlachtaí forbartha áitiúla agus iad ag obair le gníomhaireachtaí poiblí agus le fostóirí le hoiliúint, fostaíocht agus fiontraíocht na ndaoine óga a chothú. | **✓** | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **4.14** Tacú le daoine óga agus iad ag tógáil gnólachtaí agus slí bheatha sa gheilleagar tuaithe, i réimsí den chineál seo: feirmeoireacht, iascaireacht, foraoiseacht, bia, fáilteachas agus turasóireacht. | | | | | | ✓ | | ✓ | | | ✓ | **✓** | | | | | | | |
| **Toradh 5: Ceangailte, ardmheas orthu agus iad ag cur lena ndomhan** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.1** Tacú le heagraíochtaí óige le deiseanna sábháilte, tacúla agus forbartha a sholáthar do dhaoine óga, agus le faisnéis agus tacaíocht ar cháilíocht dhearbhaithe a sholáthar a thugann freagra ar riachtanais na ndaoine óga, ar líne agus laistigh den phobal, maidir le ceisteanna sláinte intinne, mí-úsáide substaintí, caidrimh, sláinte ghnéis, oideachas agus fostaíocht. | **✓** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.2** Saoránacht ghníomhach na ndaoine óga a chothú agus a aithint chomh maith lena rannpháirtíocht i bpróisis dhaonlathacha, rannpháirtíocht sa ghníomhaíochas agus sa nuálaíocht shóisialta agus timpeallachta, san obair dheonach agus san fhiontraíocht shóisialta, lena n-áirítear cothú chlárú na vótálaithe i dtoghcháin ag gach vótálaí atá incháilithe le déanaí. | **✓** | | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa | Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) | Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.3** Cinntiú go gcuirtear san áireamh na tuairimí a chuirtear i láthair ag leanaí agus ag daoine óga i bhfóraim rannpháirtíochta agus i gcomhairliúchán ag an bpróiseas foirmeálta polaitiúil agus cinnteoireachta, agus go soláthraítear aiseolas do na daoine óga mar mhalairt air sin. | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.4** Reifreann a eagrú roimh dheireadh 2015 faoi thogra leis an mBunreacht a leasú leis an aois vótála a laghdú go 16.. | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | |
| **5.5** Straitéis Náisiúnta faoi Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus teagasc na saoránaíochta agus na gceart daonna a dhoimhniú agus a threisiú. | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.6** Leatrom agus éadulaingt de gach cineál a laghdú a bhíonn mar thaithí ag grúpaí imeallaithe (.i. an Lucht Siúil, daoine Romacha, imircigh agus iarrthóirí tearmainn, leanaí agus daoine óga le míchumas; iad siúd atá faoi chúram agus faoi choinneáil; daoine óga LADT; agus iad siúd ar ó mhionlaigh eitneacha nó creidimh iad). | ✓ | ✓ | ✓ | ✔ | ✓ | | | | | | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | |
| **5.7** Cinntiú go gcothaíonn éiteas, polasaithe agus cleachtais na n-institiúidí Rialtais agus na seirbhísí Státmhaoinithe (scoileanna san áireamh), go gcothaíonn siad ionramháil chomhionann agus idirchultúrachas, agus go mbíonn bearta acu le cosaint a fháil in aghaidh gach cineáil leatroim agus an leatrom céanna a réiteach. | | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **5.8** Cinntiú go gcomhlíonann dlíthe, polasaithe agus cleachtas na hÉireann prionsabail agus forálacha Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus a chuid Prótacal Roghnach, Coinbhinsiún atá daingnithe ag Éirinn, agus forálacha an Choinbhinsiúin a scaipeadh níos forleithne i measc aosach agus leanaí. | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | ✓ |
| **5.9** Soláthar a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga do rochtain ar réiteach má sháraítear a gcuid ceart agus eolas a chothú faoi Oifig Ombudsman na Leanaí agus faoin mBinse Comhionannais. | ✔ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.10** An dlí a shoiléiriú maidir le ceart linbh agus duine óig fáil amach faoina (h)ionannas (m.sh. cén áit ar uchtaíodh nó ar rugadh é nó í) trí úsáid Theicneolaíochtaí an Atáirgthe Chuidithe agus meicníochtaí a chur i bhfeidhm le faisnéis a bhailiú agus a choinneáil atá riachtanach le cur ar chumas linbh a gceart a chleachtadh ar ionannas agus rochtain teaghlaigh rialta a éascú do leanaí faoi chúram. | ✓ | | | ✔ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.11** Na prionsabail a chur i bnhfeidhm a bhuntacaíonn le forálacha 31ú Leasú Bhunreacht na Leanaí trí mheán an athchóirithe reachtaíochta, tacaíocht do staidéir bhreithiúnacha agus oiliúint agus forbairt fhoirne. | ✔ | | | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | | | |

Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa · Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta) · Baineann go sonrach le daoine óga

| **Ceangaltais** (léiríonn tic i **gcló trom** an phríomhRoinn nó an phríomhGhníomhaireacht Rialtais) | RLGÓ | ROS | RS | RDCC | RCS | RCPRÁ | RCPA | RPFN | RCFAN | RA | RITS | RTBM | REOG | FSS | Tusla | Rialtas Áit. | AGS | Eile | Gach ceann |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.12** Athchóiriú a spreagadh i limistéar an cheartais i leith an aosa óig trí chur i bhfeidhm *Dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige– Plean Gníomhaíochta um Cheartas i Leith an Aosa Óig, 2014-2018*, ag díriú ar athstiúradh agus ar athshlánú, lena n-áirítear úsáid níos mó idirghabhálacha pobalbhunaithe, ag cothú tionscnamh le plé le daoine óga a dhéanann cion, ag soláthar timpeallacht shábháilte agus shlán do dhaoine óga faoi choinneáil agus ag tacú lena n-athchomhtháthú luath sa phobal. | **✔** | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.13** Bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga le cabhrú leo cur lena bpobal agus lena sábháilteacht fein, ag cinntiú caidreamh dearfach idir an nGarda Síochána agus leanaí agus daoine. | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | |
| **Cur i bhFeidhm *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile*** | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **1.** Struchtúir chuntasachta a chuíchóiriú do leanaí agus do dhaoine óga, ag cruthú: (a) Cuibhreannas Polasaí Leanaí agus Daoine Óga, le foghrúpa (Grúpa na nUrraí) a cheanglóidh le struchtúir chuntasachta eile tras-Rialtais ar bhealach straitéiseach agus comhoibritheach (m.sh. Éire Shláintiúil) (b) An Chomhairle Chomhairleach, le dhá philéar – ceann do na Luathbhlianta agus ceann do Leanaí agus don Óige. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| **2.** Cinntiú go n-éistear le glór na leanaí agus na ndaoine óga sna meicníochtaí cuntasachta trí nasc a dhéanamh le struchtúir Dháil na nÓg. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **3.** Cur i bhfeidhm agus monatóireacht ag leibhéal an chontae a chinntiú trí mheán Choistí Sheirbhísí na Leanaí (CSL), a nascfar go foirmeálta leis na Coistí nua Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) atá á mbunú i ngach limistéar Údaráis Áitiúil faoi thionscnamh de chuid na Roinne Timpeallachta, Pobail agus Rialtais Áitiúil. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | |
| **4.** Foireann Chur i bhFeidhm a bhunú laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige le tacú le forbairt Cuibhreannais Pholasaí agus Grúpa Urraithe láidir. Spreagfaidh an Fhoireann Chur i bhFeidhm an chuntasacht agus seachadadh comhordaithe agus comhoibrithe tras-Rialtais le torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Cuimseoidh baill na Foirne Cur i bhFeidhm meascán scileanna agus tarraingeofar ar chabhair agus ar chruthaíocht na ndaoine óga. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **5.** Plean cumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile* agus a chuid straitéisí tacaíochta, ag úsáid struchtúr náisiúnta agus áitiúil mar bhealaí le haghaidh cumarsáide. | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |



Baineann le hábhar le gach aoisghrúpa   Baineann go sonrach le leanaí faoi 6 bliana (Luathbhlianta)   Baineann go sonrach le daoine óga

# AGUISÍN 7: IARNÓTAÍ


1 POS (2011) *Seo í Éire: Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011: Cuid 1.* Baile Átha Cliath: POS. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/

2 Roinn Sláinte agus Leanaí (2008) *SLÁN 2007: Suirbhé ar Stíl Mhaireachtála, Cur Chuigí agus Cothú.* Baile Átha Cliath: Roinn Sláinte agus Leanaí. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/slan07_report.html

3 Roinn Sláinte (2005) *Tuarascáil an Tascfhórsa Náisiúnta um Murtall: Murtall – Na dúshláin pholasaí.* Baile Átha Cliath: Roinn Sláinte agus Leanaí. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/report_taskforce_on_obesity.html

4 Safe Food (2012) *The cost of overweight and obesity on the island of Ireland.* Corcaigh: Safefood. Ar fáil ag: http://www.safefood.eu/

5 O'Shea, E. agus Kennelly, B. (2008) *The Economics of Mental Healthcare in Ireland.* Gaillimh: Lárionad na hÉireann don tSeaneolaíocht Shóisialta agus an Roinn Eacnamaíochta, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Ar fáil ag: http://www.mhcirl.ie/documents/publications/The_Economics_of_Mental_Health_Care_in_Ireland%202008.pdf

6 NEF (2009) *Backing the Future: Why investing in children is good for us all.* Londain: New Economics Foundation. Ar fáil ag: http://www.actionforchildren.org.uk/media/94361/action_for_children_backing_the_future.pdf

7 Ag Fás Aníos in Éirinn (2012) Príomhchinneadh Uimh. 2: Grúpa na Leanaí ag Trí Bliana Déag. *Physical Activity and Obesity among 13-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/Conference_2012/GUI_KF_A4_2_obesity.pdf

8 Suirbhé Thionscadal Scoileanna na hEorpa faoin Alcól agus faoi Dhrugaí (ESPAD) 2011. Ar fáil ag: www.espad.org.

9 Headstrong (2013) *Conceptual and Empirical Underpinnings of Community-based Early Intervention and Prevention in Youth Mental Health.* Baile Átha Cliath: Headstrong, An Lárionad Náisiúnta do Shláinte Intinne na nDaoine Óga. Ar fáil ag: http://www.headstrong.ie/sites/default/files/Early%20Intervention%20and%20Prevention%20in%20Youth%20Mental%20Health%20(updated%2023-7-13).pdf

10 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Projections of Demand for Full time Third Level Education, 2013-2027.* BÁC: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Statistical-Reports/Projections-of-demand-for-full-time-Third-Level-Education-2013-2027.pdf

11 Roinn an Taoisigh (2014) *Strategy for Growth: A Medium-Term Economic Strategy, 2014-2020.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. http://mtes2020.finance.gov.ie/

12 An Roinn Sláinte (2013) *Éire Sláintiúil – Creat le Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, 2013-2025.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/HealthyIrelandBrochureWA2.pdf?direct=1

13 POS (2011) *Seo í Éire: Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011: Cuid 1.* BÁC: An Phríomhoifig Staidrimh. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/

14 An Coimisiún Eorpach (2013) *European Social Statistics – 2013 edition.* Lucsamburg: Oifig Fhoilseacháin an Aontais Eorpaigh.

15 Ag Fás Aníos in Éirinn (2013) Príomhchinneadh Uimh. 2: Grúpa na Naíonán ag Cúig Bliana. *Socio-Emotional Wellbeing of Five-Year-Olds.* Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5-year_KFs/GUI_KF_2_Socio.pdf

16 Kelly, C., Gavin, A., Molcho, M. agus Nic Gabhainn, S. (2012) *The Irish Health Behaviour in School-aged Children (HBSC) Study 2010.* BÁC: An Roinn Sláinte; Williams, J., Greene, S., Doyle, E., Harris, E., Layte, R., McCoy, S. agus Thornton, M. (2011) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children. The lives of 9 year olds.* BÁC: Foilseacháin Rialtais.

17 Center on the Developing Child ag Ollscoil Harvard (2007) *A Science-based Framework for Early Childhood Policy: Using Evidence to Improve Outcomes in Learning, Behavior, and Health for Vulnerable Children.* Cambridge, MA: Ollscoil Harvard. Ar fáil ag: http://www.developingchild.harvard.edu

18 Heckman, J.J. (2006) *The Economics of Investing in Children,* Faisnéisiú Polasaí Uimh. 1. BÁC: Institiúid Geary, Coláiste na hOllscoile, BÁC. Ar fáil ag: http://www.ucd.ie/geary/static/publications/policybriefings/geary_report1.pdf

19 ECFE (2013) 'How do Early Childhood Education and Care (ECEC) policies, systems and quality vary across OECD countries?', *Education Indicators in Focus, No. 11.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/edu/EDIF11.pdf

20 Tuarascáil PISA 2012 (ECFE, 2013, lch. 12).

21 ECFE (2012) *Investing in high-quality early childhood education and care.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/edu/school/48980282.pdf

22 Brown, N.A. (2001) *Promoting adolescent livelihoods.* Páipéar pléite a ullmhaíodh do Chlár Daoine Óga an Chomhlathais agus CÉINAL. Ar fáil ag: http://www.unicef.org/spanish/adolescence/files/promoting_ado_livelihoods.pdf

23 Masten, A. (2001) 'Ordinary Magic: Resilience Processes in Development', *American Psychologist*, Iml. 56, Uimh. 3, lgh. 227-38. Ar fáil ag: http://homepages.uwp.edu/crooker/745-resile/articles/Masten-2001.pdf

[24] Masten, A. (2010) 'Ordinary Magic: Lessons from Research on Resilience in Human Development', *Education Canada*, Iml. 49, Uimh. 3, lgh. 28-32. Ar fáil ag: http://www.cea-ace.ca/sites/cea-ace.ca/files/EdCan-2009-v49-n3-Masten.pdf

[25] An Roinn Sláinte [UK] (2013) UK Chief Medical Officer's Annual Report 2012: *'Our Children Deserve Better: Prevention Pays'*. Ar fáil ag: https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/255237/2901304_CMO_complete_low_res_accessible.pdf

[26] ECFE (2012) *Investing in high-quality early childhood education and care.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/edu/school/48980282.pdf

[27] Reynolds, A.J., Temple, J.A., Robertson, D.L. agus Mann, E.A. (2002) 'Age 21 cost-benefit analysis of the Title I Chicago child-parent centers', *Educational Evaluation and Policy Analysis*, Iml. 24, Uimh. 4, lgh. 267-303.

[28] ECFE (2013) 'How do Early Childhood Education and Care (ECEC) policies, systems and quality vary across OECD countries?', *Education Indicators in Focus, No. 11.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/edu/EDIF11.pdf. Deimhnithe ag tuarascáil is déanaí PISA (ECFE, 2013).

[29] ECFE (2012) *Investing in high-quality early childhood education and care.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/edu/school/48980282.pdf

[30] NEF (2009) *Backing the Future: Why investing in children is good for us all.* Londain: New Economics Foundation. Ar fáil ag: http://www.actionforchildren.org.uk/media/94361/action_for_children_backing_the_future.pdf

[31] Muntz, R., Hutchings, J., Edwards, R.T., Hounsome, B. agus Ó Céilleachair, A. (2004) 'Economic evaluation of treatments for children with severe behavioural problems', *Journal of Mental Health Policy and Economics*, Iml. 7, Uimh. 4, lgh. 177-89.

[32] Indecon (2012) *Economic Value of Youth Work.* BÁC: Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann. Ar fáil ag: http://www.youth.ie/sites/youth.ie/files/Economic_Beneifit_Youthwork_2012.pdf

[33] NESF (2005) *Early Childhood Care and Education: Report 31.* BÁC: An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta. Ar fáil ag: http://files.nesc.ie/nesf_archive/nesf_reports/NESF_31.pdf

[34] Headstrong (2013) *Cost analysis of the Jigsaw Programme.* BÁC: Headstrong, An Lárionad Náisiúnta do Shláinte Intinne na nDaoine Óga.

[35] Safe Food (2012) *The cost of overweight and obesity on the island of Ireland.* Corcaigh: Safefood. Ar fáil ag: http://www.safefood.eu/SafeFood/media/SafeFoodLibrary/Documents/Publications/Research%20Reports/Final-Exec-Summary-The-Economic-Cost-of-Obesity.pdf

[36] An Roinn Sláinte (2013) *Éire Sláintiúil – Creat le Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, 2013-2025.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/HealthyIrelandBrochureWA2.pdf?direct=1

[37] Byrne, S. (2010) *Costs to society of problem alcohol use in Ireland.* BÁC: FSS. Ar fáil ag: http://www.hse.ie/eng/services/Publications/topics/alcohol/Costs%20to%20Society%20of%20Problem%20Alcohol%20Use%20in%20Ireland.pdf

[38] Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil (2013) *Facts and Figures.* Ar fáil ag: http://www.iprt.ie/prison-facts-2

[39] Rannán na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

[40] Scott, S., Knapp, M., Henderson, J. agus Maughan, B. (2001) 'Financial cost of social exclusion: Follow-up study of anti-social children into adulthood', *BMJ: British Medical Journal*, Iml. 323, Uimh. 7306, lgh. 1-5.

[41] An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000) *Ár Leanaí – A Saol: An Straitéis Náisiúnta Leanaí, 2000-2010.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/childstrat_report.pdf?direct=1

[42] An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí (2011) *Ten years on: Did the National Children's Strategy deliver on its promises?* BÁC: An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí. Ar fáil ag: http://www.childrensrights.ie/resources/ten-years-did-national-children%E2%80%99s-strategy-deliver-its-promises

[43] Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (1989). Ar fáil ag: http://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx. Príomhphrionsabail de chuid CNACL ná go mbaineann gach ceart de chuid an Choinbhinsiúin le gach leanbh gan aon eisceacht agus go bhfuil sé de dhualgas ar an Stát na leanaí a chosaint ón leatrom (Alt 2); ba chóir go gcuirfeadh gach gníomh a bhaineann leis an leanbh go hiomlán san áireamh a leas is fearr (Alt 3); tá ceart bunúsach ag an leanbh ar an mbeatha agus tá dualgas ar an Stát cinntiú oiread agus is féidir marthanas agus forbairt an linbh (Alt 6); agus go bhfuil ceart ag leanaí tuairim a chur in iúl agus go gcuirfí an tuairim sin san áireamh i dtaca le haon cheist a théann i bhfeidhm orthu, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta (Alt 12).

[44] Wilson, P. (2004) Coiste na NA um Chearta an Linbh, Lá Pléite: *Implementing Child Rights in Early Childhood,* 17 Meán Fómhair 2004. Ar fáil ag: http://www2.ohchr.org/english/bodies/crc/docs/discussion/earlychildhood.pdf.

[45] Sylva, K., Melhuish, E., Sammons, P., Siraj-Blatchford, I. agus Taggart, B. (2004) *The Effective Provision of Pre-school Education (EPPE) Project: Final Report. A longitudinal study funded by the DfES 1997-2004.* Londain: Institute of Education, University of London; Department for Education and Skills; Sure Start. Ar fáil ag: http://www.tla.ac.uk/site/SiteAssets/RfT2/06RE025%20Effective%20provision%20of%20pre-school%20education.pdf

[46] Allen, G. (2011) *Early Intervention: The Next Steps.* Londain: HM Government. Ar fáil ag: http://dera.ioe.ac.uk/14161/1/graham%20allens%20review%20of%20early%20intervention.pdf

[47] ESRC (2012) *Parenting style influences child development and social mobility, Evidence briefing.* Swindon: Economic and Social Research Council. Ar fáil ag: http://www.esrc.ac.uk/_images/parenting-style-social-mobility_tcm8-20071.pdf

48 Byrne, D. agus Smyth, E. (2010) *No Way Back? The dynamics of early school leaving*. BÁC: Liffey Press (i gcomhar le ITES).

49 Sylva, K., Melhuish, E., Sammons, P., Siraj-Blatchford, I. agus Taggart, B. (2004) *The Effective Provision of Pre-school Education (EPPE) Project: Final Report. A longitudinal study* maoinithe ag DfES 1997-2004. Londain: Institute of Education, University of London. Ar fáil ag: http://www.tla.ac.uk/site/SiteAssets/RfT2/06RE025%20Effective%20provision%20of%20preschool%20education.pdf; Department for Educationand Skills; Sure Start

50 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 paragraph 25.

51 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 paragraph 25.

52 RLGÓ (2012) *Report of the Task Force on the Child and Family Support Agency*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dcya.gov.ie/documents/ChidFamilySupportAgency/TaskForceReport.pdf

53 Gníomh 2.7 ó *Éire Sláintiúil*, An Roinn Sláinte (2013).

54 O'Kane, M. (2007) *Building Bridges: The transition from pre-school to primary school for children in Ireland* (Tráchtas PhD). BÁC: Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Ar fáil ag: http://arrow.dit.ie/appadoc/13/

55 CMÉ (2008) *Discussion Paper on Transitions in Primary School*. Ar fáil ag: http://www.into.ie/ROI/Publications/TransitionsPrimarySchool.pdf

56 Petch , A. (Eag.) (2009) *Managing transitions: Support for individuals at key points of change*. Bristol: Policy Press.

57 Stein, M. agus Munro, E.R. (2008) *Young People's Transitions from Care to Adulthood, International Research and Practice*. Londain: Jessica Kingsley Publishers.

58 FSS (2011) *National Policy and Procedure Document for Leaving and Aftercare Services;* Bord Sláinte Limistéar an Tuaiscirt (2000) *Report of the Forum on Youth Homelessness*; An Roinn Sláinte agus Leanaí (2001) Youth Homelessness Strategy; Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 33.

59 Fixen *et al* (2005) faoi mar a rinneadh athfhriotal orthu sa Lárionad um Sheirbhísí Éifeachtacha (2012) *An Introductory Guide to Implementation: Terms, Concepts and Frameworks*. Ar fáil ag: www.effectiveservices.org

60 Á thacú ag *Éire Sláintiúil*, Gníomhartha 4.3-4.5.

61 Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2014-2016. Ar fáil ag: http://reformplan.per.gov.ie/

62 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 17.

63 Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2014-2016. Ar fáil ag: http://reformplan.per.gov.ie/

64 Nasctar seo le *Éire Sláintiúil*, Téama 5 – Taighde & Fianaise.

65 ECFE (2011) Doing Better for Families. Parás: ECFE. Ar fáil ag: http://www.oecd.org/social/soc/doingbetterforfamilies.htm; Richardson, D. (2013) *Social spending across the child's life cycle: International variation and its consequences*. BÁC: ITES. Láithreoireacht ar fáil ag: http://www.esri.ie/__uuid/d2e58cf9-6369-492c-8a4f-5739d3cadabe/index.xml?id=389

66 Gillen, A., Landy, F., Devaney, C. agus Dr John Canavan, J. (2013) *Child and Family Agency Commissioning Strategy*. Gaillimh: Lárionad Taighde Leanaí agus Teaghlaigh, ONÉ Gaillimh. Ar fáil ag: http://childandfamilyresearch.ie/sites/www.childandfamilyresearch.ie/files/cfa_commissioning_strategy.pdf

67 ECFE (2012) *Activity in Acute Public Hospitals in Ireland: Annual Report 2011*. BÁC:ITES. Ar fáil ag: http://www.esri.ie/__uuid/462574ea-80a8-4bb4-96ea-31bf0fdcfc2d/2011-HIPE-Annual-Report-Final.pdf

68 POS (2011) *Daonáireamh 2011*. BÁC: POS.

69 POS (2013) *Staitisticí Beatha: Achoimriú Bliantúil 2012*. BÁC: POS. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/vitalstats/2012/vstats_q42012.pdf

70 Thart ar 0.3% den daonra de dhaoine. Griffin, E., Arensman, E., Wall, A., Corcoran, P. agus Perry, I.J. (2013) *National Registry of Deliberate Self Harm: Annual Report 2012*. Corcaigh: An Fhondúireacht Náisiúnta Taighde faoin bhFéinmharú. Ar fáil ag: http://nsrf.ie/wp-content/uploads/reports/2012NRDSHExecSummaryReport.pdf

71 An Roinn Sláinte (2013) *Éire Sláintiúil – Creat le Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe, 2013-2025*; FSS (2008) Straitéis Náisiúnta Idirchultúrtha Sláinte, 2007-2012. Ar fáil ag: http://www.tusla.ie/uploads/content/Publication_Intercultural_Health_Strategy.pdf; FSS (2008) *Framework for Action on Obesity, 2008-2012*. Ar fáil ag: http://obesity.thehealthwell.info/node/52589

72 O'Shea, D. (2006) *The Obesity Challenge*. BÁC: COBÁC. Ar fáil ag: http://www.ncnm.ie/inca/publications/Obesity

73 Haase, T. agus Pratschke, J. (2011) 'Risk and Protection Factors for Substance Use among Young People: A comparative study of early school-leavers and school-attending students', *Youth Studies Ireland,* Iml. 6, Uimh. 2, lgh. 36-44.

74 Gordon, M. (2007) I*dentifying good practice in relation to the support needs of students in centres for education and training*. BÁC: Youthreach. Ar fáil ag: http://www.youthreach.ie/webwheel/reports/Reports.htm#Webwheel%20Library

75 An Roinn Sláinte (2010) *Our Geels: All Ireland Traveller Health Study*. BÁC: An Roinn Sláinte. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/aiths2010/ExecutiveSummary/AITHS2010_SUMMARY_LR_All.pdf?direct=1

76 An Roinn Sláinte (2013) *Tobacco Free Ireland: Report of the Tobacco Policy Review Group*. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/TobaccoFreeIreland.pdf?direct=1; An Roinn Sláinte (2012) Tuarascáil Ghrúpa Stiúrtha um Straitéis Náisiúnta um Mí-úsáid Substaintí, 2012. BÁC: An Roinn Sláinte. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/Steering_Group_Report_NSMS.pdf?direct=1

77 Headstrong (2013) *Conceptual and Empirical Underpinnings of Community-based Early Intervention and Prevention in Youth Mental Health*. BÁC: Headstrong, An Lárionad Náisiúnta do Shláinte Intinne na nDaoine Óga. Ar fáil ag: http://www.headstrong.ie/

78 Léirigh treochtaí i 1998-2010 i Suirbhé HBSC (2013) go bhfuil 21.6% de chailíní idir 15-17 ar réimeas bia i gcomparáid le 9.6% de bhuachaillí san aoisghrúpa céanna.

79 An Roinn Sláinte agus Leanaí (2006) *Fís don Athrú: Tuarascáil an Ghrúpa Shaineolaigh faoi Pholasaí Sláinte Meabhrach*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/vision_for_change.pdf?direct=1

80 Gordon, M. (2007) *Identifying good practice in relation to the support needs of students in centres for education and training*. BÁC: Youthreach. Ar fáil ag: http://www.youthreach.ie/webwheel/reports/Reports.htm#Webwheel%20Library

81 Dooley, B.A. agus Fitzgerald, A. (2012) *My World Survey: National Study of Youth Mental Health in Ireland*. BÁC: Headstrong agus Scoil Síceolaíochta COBÁC. Ar fáil ag: http://www.headstrong.ie/sites/default/files/My%20World%20Survey%202012%20Online.pdf

82 Sainmhíniú Sláinte Gnéis EDS, *féach* http://www.who.int/reproductivehealth/topics/sexual_health/sh_definitions/en/

83 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2013) *Ráiteas Ginearálta Uimh*. 17 faoi cheart an linbh ar scíth, só, súgradh, gníomhaíochtaí áineasa agus na healaíona (Alt 31). An Ghinéiv: CNACL.

84 Delors, J. (1998) *Education for the twenty-first century: Issues and prospects*. Páras: EOECNA.

85 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2013) *Ráiteas Ginearálta Uimh. 17 faoi cheart an linbh ar scíth, só, súgradh, gníomhaíochtaí áineasa agus na healaíona (Alt 31)*. An Ghinéiv: CNACL.

86 *Éire Sláintiúil*, Gníomh 3.4.

87 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 45.

88 Forbairt mhúnla a bhfuil Clár Náisiúnta Cliniciúil na FSS sa Phéidiatraic agus sa Nua-naíocht i gceannas orthu.

89 Is é Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh (NPHDB) an comhlacht a bhfuil freagracht reachtúil air as tógáil an ospidéil nua do leanaí.

90 An Roinn Sláinte (2012) *Tuarascáil Ghrúpa Stiúrtha um Straitéis Náisiúnta um Mí-úsáid Substaintí, 2012*. BÁC: An Roinn Sláinte. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/Steering_Group_Report_NSMS.pdf?direct=1

91 An Roinn Sláinte (2013) *Tobacco Free Ireland: Report of the Tobacco Policy Review Group*. Ar fáil ag: http://www.dohc.ie/publications/pdf/TobaccoFreeIreland.pdf?direct=1

92 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 49.

93 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 47.

94 Éire Sláintiúil, Gníomh 2.13.

95 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 53.

96 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 63.

97 An Roinn Oideachais agus Scileanna (2012) *Retention Rates of Pupils in Second-Level Schools*. Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Retention-Rates-of-Pupils-in-Second-Level-Schools-2005-and-2006-Entry-Cohorts.pdf

98 POS (2011) *Seo í Éire: Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011: Part 1*. BÁC: POS. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/

99 Allen, G. (2011). Early intervention: The next steps, an independent report to Her Majesty's government. Londain: Cabinet Office. Ar fáil ag: http://www.dwp.gov.uk/docs/early-intervention-next-steps.pdf

100 Alexander, R.J. agus Armstrong, M. (2010) *Children, their World, their Education: Final report and recommendations of the Cambridge Primary Review*. Cambridge: Taylor & Francis.

101 Williams, J., Greene, S., Doyle, E., Harris, E., Layte, R., McCoy, S. agus Thornton, M. (2011) *Growing Up in Ireland: National Longitudinal Study of Children. The lives of 9 year olds*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/1st_Report/Barcode_Growing_Up_in_Ireland_-_The_Lives_of_9-Year-Olds_Main_Report.pdf

102 Innovation Unit (2012) *Learning Futures: Increasing Meaningful Student Engagement*. Londain: Paul Hamlyn Foundation. Ar fáil ag: http://www.innovationunit.org/sites/default/files/Learning%20_Futures_Engaging_Schools.pdf

103 Ibid.

104 Morgan, M. *et al* (2013) *Social-Emotional and Personal Influences: The role of self-regulation in school achievement* (páipéar neamhfhoilsithe, ar fáil ón bpríomhúdar). BÁC: Coláiste Phádraig.

105 Freeney agus O'Connell (2012) luaite ag Morgan *et al* (2013).

106 Sirocco, Lynne-Landsman agus Boyce (2012) luaite ag Morgan *et al* (2013).

107 Cabinet Office [RA] (2009) *Getting On, Getting Ahead: A discussion paper analyzing the trends and drivers of social mobility*. Londain: Cabinet Office. Ar fáil ag: http://dera.ioe.ac.uk/8835/1/gettingon.pdf

108 Smyth, E. agus McCoy, S. (2011). *Improving Second-Level Education: Using evidence for policy development*. BÁC:ITES. Ar fáil ag: https://www.esri.ie/publications/latest_publications/view/index.xml?id=3409

109 An Roinn Oideachais agus Scileanna agus Oifig an Aire um Chomhtháthú (2010) *Straitéis Oideachais Idirchultúrtha, 2010-2015*. Ar fáil ag: http://www.pdst.ie/sites/default/files/Intercultural_education_strategy.pdf

[110] Is é atá sa litearthacht mhothúchánach ná '*the ability to understand your emotions, the ability to listen to others andempathise with their emotions, and the ability to express emotions productively*' – Steiner, C. agus Perry, P.(1979) Achieving emotional literacy: A personal program to increase your emotional intelligence. Nua-Eabhrac: Avon Books

[111] An Roinn Oideachais agus Scileanna, FSS agus An Roinn Sláinte (2013) *Wellbeing in Post-Primary Schools: Guidelines for Health Promotion & Suicide Prevention.* Ar fáil ag: http://www.nosp.ie/Well_Being_PP_Schools_Guidelines.pdf

[112] Bunaithe ar mholtaí ón Údarás Comhionannais/ón nGrúpa Forbartha Pleanála Scoile (2010) *Embedding Equality into the School Planning Development Process.* Ar fáil ag: http://www.sdpi.ie/Equality_Authority_materials/Embedding%20Equality%20in%20School%20Development%20Planning.pdf

[113] *Éire Sláintiúil*, Gníomh 3.1.

[114] Plean gníomhaíochta aire a foilsíodh mar fhreagra ar 2012 *Report of Forum on Patronage and Pluralism in Primary Schools.* Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Press-Events/Conferences/Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector/The-Forum-on-Patronage-and-Pluralism-in-the-Primary-Sector-Report-of-the-Forums-Advisory-Group.pdf

[115] Rialtas na hÉireann (2011) *Toward Recovery: Programme for a National Government, 2011-2016.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://per.gov.ie/wp-content/uploads/ProgrammeforGovernmentFinal.pdf

[116] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) *Delivering Equality of Opportunity in Schools (DEIS).* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/deis_action_plan_on_educational_inclusion.pdf

[117] Rialtas na hÉireann (2011) *Toward Recovery: Programme for a National Government, 2011-2016.* BÁC: Foilseacháin Rialtais.

[118] Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 59.

[119] Ibid.

[120] ITES (2011) *Activity in Acute Public Hospitals in Ireland, Annual Report 2011.* BÁC: ITES. Ar fáil ag: http://www.esri.ie/__uuid/462574ea-80a8-4bb4-96ea-31bf0fdcfc2d/2011-HIPE-Annual-Report-Final.pdf

[121] Comhchoiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí, Frances Fitzgerald, TD, An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, 19 Nollaig 2013.

[122] FSS (2011) *Review of Adequacy for HSE Children and Family Services 2011.* BÁC: FSS. Ar fáil ag: http://www.hse.ie/eng/services/Publications/services/Children/reviewofadequacy2011.pdf

[123] Ibid.

[124] Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig (2013) *The 2012 Annual Report of the Committee appointed to monitor the effectiveness of the Diversion Programme.* Ar fáil ag: http://www.iyjs.ie/en/IYJS/Pages/WP08000061

[125] POS (2012) *Torthaí Daonáirimh 2011. Daoine gan Dídean in Éirinn: Saintuairisc Dhaonáirimh.* BÁC: POS. Ba é miondealú fhigiúr 980 (lch. 2): 0-19 bliana ná 641;miondealú na ndaoine 20-24 bliana ná 339. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/homelesspersonsinireland/Homeless,persons,in,Ireland,A,special,Census,report.pdf

[126] Gillen, A., Tuohy, O., Morrissey, M. agus Gaynor, J., i gcomhar le Lárionad um Thaighde Leanaí agus Teaghlaigh EOECNA (2013) *Investing in Families: Supporting Parents to improve outcomes for Children. Parenting Support Strategy.* BÁC: FSS. Ar fáil ag: http://www.tusla.ie/uploads/content/Family_Support_CFA_Parenting_Support_Strategy.pdf

[127] An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2013) *The Family Relationships and Children Bill 2013* Briefing Note (November 2013). Ar fáil ag: http://www.justice.ie/en/JELR/Children%20and%20Family%20Relationships%20Bill%202013%20141113.pdf/Files/Children%20and%20Family%20Relationships%20Bill%202013%20141113.pdf

[128] An Garda Síochána (2010) *Garda Síochána Policy on the Investigation of Sexual Crime, Crimes against Children and Child Welfare.* BÁC: An Garda Síochána; HIQA (2012) National Standards for the Protection and Welfare of Children for HSE Children and Family Services. BÁC: HIQA.

[129] Grúpa Stiúrtha Bhainistiú Tionscadail Náisiúnta FSS faoin Dochar Ceilte (2013) *Addressing Hidden Harm: Bridging the gulf between substance misuse and childcare systems,* Aighneacht faoi bhráid an Aire Stáit a bhuil cúram na nDrugaí orthu, Alex White, TD (neamhfhoilsithe).

[130] Rape Crisis Network Ireland (2013) *Hearing child survivors of sexual violence – Towards a National Response.* Gaillimh: Rape Crisis Network Ireland. Ar fáil ag: http://www.rcni.ie/wp-content/uploads/Hearing-Child-Survivors-of-Sexual-Violence-2013.pdf

[131] An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Action Plan on Bullying: Report of the Anti-Bullying Working Group to the Minister for Education and Skills.* Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Action-Plan-On-Bullying-2013.pdf

[132] An tAcht um Stádas Comhionann 2000; An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2002) *Guidelines on Traveller Education in Second-Level Schools.* Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Guidelines-on-Traveller-Education-in-Second-Level-Schools.pdf; NAPD, ROS agus GLEN (2009) *Lesbian, Gay and Bi-sexual Students in Post-Primary Schools: Guidance for Principals and School Leaders.* Ar fáil ag: http://www.glen.ie/attachments/schools_guidance.pdf; OMCYA agus BeLonG To (2009) *Addressing Homophobia: Guidelines for the Youth Sector.* Ar fáil ag: http://www.belongto.org/attachments/233_Homophobic_Bullying_Guidelines_for_the_Youth_Work_Sector.pdf; An Roinn Oideachais agus Scileanna

(2013) *Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht: Tuairisc an Ghrúpa Oibre Frithbhulaíochta don Aire Oideachais agus Scileanna.* Ar fáil ag: http://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Action-Plan-On-Bullying-2013.pdf

133 An Lárionad Frithbhulaíochta, Coláiste na Tríonóide, BÁC. *Féach* www.abc.tcd.ie

134 Ceangaltais an Rialtais maidir le hathchóiriú Cúirte i réimse an dlí teaghlaigh agus maidir le níos mó úsáide eadrána – Rialtas na hÉireann (2011) *I dTreo Téarnaimh: Clár do Rialtas Náisiúnta, 2011-2016.* BÁC: Foilseacháin Rialtais.

135 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 37.

136 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 65.

137 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 37.

138 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2012) *Services for Victims of Child Trafficking.* Ar fáil ag: http://www.blueblindfold.gov.ie/website/bbf/bbfweb.nsf/page/OACN-8XVHNX1421296-en/$File/Services%20for%20Victims%20of%20Child%20Trafficking.pdf; Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 77.

139 Denyer,S., Sheehan, A. agus Bowser, A.(2013) *Youth Homelessness Strategy Review.* BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.effectiveservices.org/our-work/Youth-Homelessness-Strategy-Review

140 An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2013) The Family Relationships and Children Bill 2013 Briefing Note (November 2013).

141 Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig (2013) *Ag dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige – Plean um Ghníomhaíocht Ceartais i Leith an Aosa Óig, 2014-2018.* Ar fáil ag: http://www.iyjs.ie. Úsáid an Chláir Athstiúrtha, Ceartas Aisiríoch, Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda agus nuair is cuí sin trí mheán na gCúirteanna agus Chlár Bhainistiú Cás Coiriúlachta Óige an Gharda; An Garda Síochána (2012) *Straitéis Leanaí agus Óige, 2012-2014.*

142 Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig (2012) *The 2011 Annual Report of the Committee appointed to monitor the effectiveness of the Diversion Programme.* Léiríonn na sonraí gur fir a bhí i 75% de na hatreoruithe agus gur mná a bhí i 25% acu.

143 An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (2013) *Farm Safety Action Plan, 2013-2015.* Ar fáil ag: www.hsa.ie/

144 POS (2013) *Suirbhé ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (SILC) 2011.* BÁC: POS. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/silc/2011/silc_2011.pdf

145 Ibid.

146 Ibid.

147 Ibid.

148 RLGO (2012) *Staid Leanaí an Náisiúin: Éire 2012.* BÁC: Foilseacháin Rialtais.

149 An Roinn Coimirce Sóisialta (2014) *Pathways to Work. Youth Guarantee Implementation Plan.* Ar fáil ag: https://www.welfare.ie/en/downloads/Youth-Guarantee-Implementation-Plan.pdf

150 Ibid.

151 Ibid.

152 ECFE (2013) 'Getting youth on the job track'. In: ECFE (2013) *Economic Surveys: Ireland 2013.* Páras: ECFE. Ar fáil ag: http://www.keepeek.com/Digital-Asset-Management/oecd/economics/oecd-economic-surveys-ireland-2013_eco_surveys-irl-2013-en#page1

153 An Roinn Coimirce Sóisialta, (PQ) meastachán, bunaithe ar mhicreashonraí ó *Shuirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil* sna ceithre ráithe go Q2 2013.

154 POS (2013) *Shuirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil, Ráithe 3.* BÁC: POS. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/labourmarket/2013/qnhs_q32013.pdf

155 An Coimisiún Eorpach (2013) *Commission Recommendation. Investing in Children: Breaking the cycle of disadvantage.* An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach. Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/justice/fundamental-rights/files/c_2013_778_en.pdf; Rialtas na hÉireann (2011) *National Reform Programme for Ireland under the Europe 2020 Strategy.* Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/justice/fundamental-rights/files/c_2013_778_en.pdf

156 Watson, D., Maître, B. agus Whelan, C. (2012) *Understanding Childhood Deprivation in Ireland.* BÁC: An Roinn Coimirce Sóisialta agus ITES; Ag Fás Aníos in Éirinn (2013) Príomhchinneadh Uimh. 4: Grúpa na Naíonán ag cúig bliana. The Family Circumstances of Five-Year-Olds. Ar fáil ag: http://www.growingup.ie/fileadmin/user_upload/documents/5year_KFs/GUI_KF_4_Financial.pdf

157 Frazer, H. agus Devlin, M. (2011) *An Assessment of Ireland's Approach to Combating Poverty and Social Exclusion among Children from European and Local Perspectives.* Má Nuad: An Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach: ONÉ, Má Nuad. Ar fáil ag: http://www.combatpoverty.ie/publications/workingpapers/2011-03_WP_AnAssessmentOfIrelandsApproachToCombatingPovertyAndSocialExclusionAmongChildrenFromEuropeanAndLocalPerspectives.pdf

158 Comhairle Chearta Daonna na NA (2011) *Report of the Independent Expert on the Question of Human Rights and Extreme Poverty : Addendum, Mission to Ireland*, 17 Bealtaine 2011, A/HRC/17/34/Add.2; Oifig an Ombudsman (2013) 'Dealing with Asylum Seekers: Why have we gone wrong?' Studies Magazine, Iml. 102, Uimh. 406. Ar fáil ag: http://www.ombudsman.gov.ie/en/News/Speeches-Articles/2013/Asylum-Seekers-Wrong.html

159 Watson, D. agus Maître, B. (2013) *Social Transfers and Poverty Alleviation in Ireland: An Analysis of the CSO Survey on Income and Living Conditions, 2004-2011*, Tuarascáil faoin gCuimsitheacht Shóisialta Uimh. 4, BÁC: An Roinn Coimirce Sóisialta agus ITES. Ar fáil ag: http://www.welfare.ie/en/downloads/20131210SocialTransfersandPovertyAlleviationReport.pdf

160 ECFE (2011) *Doing Better for Families*. Páras: ECFE.

161 An Coimisiún Eorpach (2013) *Commission Recommendation. Investing in Children: Breaking the cycle of disadvantage.* An Bhruiséil: an Coimisiún Eorpach.

162 Féach polasaithe tacaíochta freisin: An Roinn Iompair (2009) *National Cycle Policy Framework*. Ar fáil ag: http://www.smartertravel.ie/sites/default/files/uploads/0902%2002%20EnglishNS1274%20Dept.%20of%20Transport_National_Cycle_Policy_v4%5B1%5D.pdf; An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (2013) *Design Manual for Urban Roads and Streets*. Ar fáil ag: http://www.environ.ie/en/Publications/DevelopmentandHousing/Planning/FileDownLoad,32669,en.pdf

163 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2007) *Delivering Homes: Sustaining Communities*. Ar fáil ag: http://www.environ.ie/en/Publications/DevelopmentandHousing/Housing/FileDownLoad,2091,en.pdf; An Roinn Sláinte (2012) *The National Housing Strategy for People with a Disability, 2011-2013*. Ar fáil ag: http://www.environ.ie/en/Publications/DevelopmentandHousing/Housing/FileDownLoad,2091,en.pdf

164 Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (2011), 2011-2014. Ar fáil ag: http://www.dttas.ie/sites/default/files/node/add/content-publication/statement%20of%20strategy%202011-2014.pdf

165 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 57.

166 Ag Cruinniú Mullaigh Barcelona i 2002, leag an Chomhairle Eorpach síos na spriocanna de bheith ag soláthar cúram leanaí faoi 2010 dá laghad 90% de leanaí idir 3 bliana agus an scoilaois éigeantach, agus do ar a laghad 33% de leanaí níos lú ná 3 bliana d'aois.

167 Indecon (2012) *Economic Value of Youth Work*. BÁC: Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann. Ar fáil ag: http://www.youth.ie/sites/youth.ie/files/Economic_Beneifit_Youthwork_2012.pdf

168 Dooley, B. agus Fitzgerald, A. (2013) *Sexual orientation, risk and protective factors: Data from the My World Survey*, Páipéar ag 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta na gCumann Sláinte Intinne do Dhaoine Óga; Dooley, B. agus Fitzgerald, A. (2013) *My World Survey*. BÁC: Headstrong, An Lárionad Náisiúnta do Shláinte Intinne na nDaoine Óga. Ar fáil ag: https://www.headstrong.ie/sites/default/files/My%20World%20Survey%202012%20Online.pdf

169 POS (2011) *Daonáireamh 2011*; Lárionad Lucht Siúil Pavee Point (2010) *Profile of the Traveller Family For Family Resource Centres.*

170 POS (2012) Staitisticí Beatha don Chéad Ráithe 2012, lch. 4. Curtha san áireamh le nádúr athraithe an 'teaghlaigh' a léiriú.

171 Rialtas na hÉireann (2011) *Toward Recovery: Programme for a National Government, 2011-2016*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://per.gov.ie/wp-content/uploads/ProgrammeforGovernmentFinal.pdf.

172 OOL (2007) *The Big Ballot*. BÁC: Oifig Ombudsman na Leanaí.

173 CÉINAL (2012) *Progress for Children. A Report Card on Adolescents*. Nua-Eabhrac: United Nations Publications.

174 RLGÓ (2011) Ráiteas Straitéise, 2011-2014. BÁC: RLGÓ. Ar fáil ag: http://www.dcya.gov.ie/documents/StatementofStrategy2011_2014.pdf

175 Rialtas na hÉireann (2011) *Toward Recovery: Programme for a National Government, 2011-2016*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://per.gov.ie/wp-content/uploads/ProgrammeforGovernmentFinal.pdf.

176 Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig (2013) *Ag dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige – Plean um Ghníomhaíocht Ceartais i Leith an Aosa Óig, 2014-2018*. Ar fáil ag: http://www.iyjs.ie; sonraí PULSE an Gharda Síochána.

177 An cuar aoise/coiriúlachta 2011, faoi mar a luaitear ag Seirbhís na hÉireann um Cheartas i Leith an Aosa Óig (2013) *Ag dul i nGleic leis an gCoiriúlacht Óige – Plean um Ghníomhaíocht Ceartais i Leith an Aosa Óig, 2014-2018*.

178 Freagra an Rialtais ar an gCoinbhinsiú Bunreachtúil, Díospóireachtaí Dála(2013).

179 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 19 agus 83.

180 OMCYA (2009) *Report of the Commission to Inquire into Child Abuse: Implementation Plan*. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: http://www.dcya.gov.ie/documents/publications/implementation_plan_from_ryan_commission_report.pdf

181 Coiste na NA um Chearta an Linbh (2006) *Concluding Observations: Ireland* CRC/C/IRL/CO/2 para. 73.

182 An Garda Síochána (2012) Children and Youth Strategy, 2012-2014. Ar fáil ag: http://www.garda.ie/Documents/User/AGS%20Children%20&%20Youth%20Strategy%202012-2014.pdf

183 Hanafin, S. agus Brooks, A-M. (2005) *The Development of a National Set of Child Wellbeing Indicators*, Oifig Náisiúnta na Leanaí. BÁC: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: www.dcya.ie

# CREATLACH NA DTORTHAÍ DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

## FÍS

Is í an fhís atá againn ná go mbeadh Éire ar cheann de na tíortha beaga is fearr le fás aníos agus le clann a thógáil agus mar a dtugtar meas ar, mar a gcosnaítear agus mar a gcomhlíontar cearta gach linbh agus gach duine óig; mar a gcluintear a nguth agus mar a dtacaítear leo lena lánphoitéinseal a bhaint amach anois is sa todhchaí.

## TORTHAÍ NÁISIÚNTA

- Gníomhach agus sláintiúil, leas fisiciúil agus intinne
- Ag baint amach lánphoitéinseal i réimsí na foghlama agus na forbartha
- Sábháilte & cosanta ón dochar
- Slándáil & deis eacnamaíoch
- Ceangailte, ardmheas orthu & ag cur lena ndomhan

## AIDHMEANNA:

*Baineann na rudaí seo a leanas le leanaí agus le daoine óga ...*

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 Sláintiúil go fisiciúil agus ag déanamh roghanna sláintiúla dearfacha | 2.1 Ag foghlaim agus ag forbairt ón mbreith | 3.1 Timpeallacht shlán, sheasmhach, ghrámhar bhaile | 4.1 Cosanta ón mbochtanas agus ón gcuimsitheacht shóisialta | 5.1 Tuiscint ar a n-aitheantas féin, saor ó leatrom |
| 1.2 Sláinte mhaith intinne | 2.2 Leas sóisialta agus mothúchánach | 3.2 Slán ón drochíde, ón neamart agus ón dúshaothrú | 4.2 Ag maireachtáil i bpobail inbhuanaithe atá cairdiúil do leanaí/do dhaoine óga | 5.2 Cuid de líonraí dearfacha cairde, teaghlaigh agus pobail |
| 1.3 Cur chuige dearfach agus measúil i leith caidreamh agus sláinte gnéis | 2.3 Páirteach san fhoghlaim | 3.3 Cosanta ón mbulaíocht agus ón leatrom | 4.3 Deiseanna don oideachas agus don oiliúint leanúnach | 5.3 Rannpháirteach go sibhialta, comhfhiosach go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de |
| 1.4 Ag baint suilt as súgradh, áineas, spóirt, ealaíona, cultúr agus an nádúr | 2.4 Ag déanamh gnóthachtála san oideachas | 3.4 Sábháilte ón gcoiriúlacht agus ón iompar frithshóisialta | 4.4 Conairí i dtreo na rannpháirtíochta eacnamaíche agus na maireachtála neamhspleáiche | 5.4 Feasach faoi chearta, freagrach agus meas ar an dlí |

**Bíonn glór agus tionchar ag Leanaí & ag Daoine Óga i ngach socrú a théann i bhfeidhm orthu**

BAILE ÁTHA CLIATH
FOILSITHE AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR

Le ceannach ó
FHOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2
[Teil: 01 647 6834 or 1890 213434; Facs: 01 647 6843]
nó ó aon díoltóir leabhar

Praghas: €5.00

ISBN 978-1-4064-2821-6

9 781406 428216

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

Designed by Penhouse Design www.penhouse.ie